European Commission

# TREOIR DON CHÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH

## Glao 2026

*I gcás neamhréireachta idir leaganacha teanga, tabharfar tús áite don téacs Béarla.*

EUROPEAN SOLIDARITY CORPS

Leagan 1 / 2026

**AN COIMISIÚN EORPACH**

An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr

Stiúrthóireacht B — An Óige, Oideachas agus Erasmus+

Aonad B.3 — An Óige agus Dlúthpháirtíocht na nOibrithe Deonacha

©An tAontas Eorpach, 2026

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Is le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39) a rialaítear beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

# AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH

Treoirleabhar 2026

# CLÁR

**RÉAMHRÁ** ....... **3**
**CUID A - EOLAS GINEARÁLTA FAOIN gCÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH** ....... **4**
Cén comhthéacs beartais atá ann? ....... 5
Cad iad cuspóirí, tosaíochtaí agus saintréithe tábhachtacha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh? ....... 7
Cad iad na Gníomhaíochtaí agus na bearta cáilíochta agus tacaíochta? ....... 14
Cén buiséad atá ann? ....... 16
Cé a chuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun feidhme? ....... 17
Cé na comhlachtaí eile ag a bhfuil baint le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh? ....... 19
Cé a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach? ....... 23
**CUID B – RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE ÓGA I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA** ....... **26**
**LIPÉAD CÁILÍOCHTA LE hAGHAIDH OBAIR DHEONACH** ....... **28**
Cad é an Lipéad Cáilíochta? ....... 28
Cad iad na cineálacha éagsúla Lipéid Cáilíochta atá ann? ....... 28
Cén chaoi a n-oibríonn sé? ....... 28
Cad iad na Prionsabail agus na Caighdeáin Cháilíochta? ....... 29
Cad é an Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí? ....... 32
Cé na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an Iarratas ar Lipéad Cáilíochta? ....... 33
Cé na bearta monatóireachta, tuairiscithe agus dearbhaithe cáilíochta atá ann? ....... 36
**TIONSCADAIL OIBRE DEONAÍ** ....... **38**
Cad iad Tionscadail Oibre Deonaí? ....... 38
Cé na gníomhaíochtaí ar féidir tacú leo faoin nGníomhaíocht seo? ....... 38
Conas Tionscadal Oibre Deonaí a bhunú? ....... 40
Cé na critéir incháilitheachta le haghaidh gníomhaíochtaí oibre deonaí? ....... 43
Cad iad na costais incháilithe agus na rialacha maoiniúcháin is infheidhme? ....... 46
Cad iad na costais aonaid in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí? ....... 50
Conas a fhaightear maoiniú? ....... 51
**FOIRNE OIBRE DEONAÍ I RÉIMSÍ ARDTOSAÍOCHTA** ....... **53**
Cad iad Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta? ....... 53
Cad iad tosaíochtaí ghlao 2026 le haghaidh na Gníomhaíochta seo? ....... 53
Cé na cuspóirí atá acu? ....... 54
Cé na gníomhaíochtaí ar féidir tacú leo faoin nGníomhaíocht seo? ....... 54
Conas tionscadal a bhunú? ....... 56
Cé na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail? ....... 58
Cad iad na costais incháilithe agus na rialacha maoiniúcháin is infheidhme? ....... 61
**TIONSCADAIL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA** ....... **62**
Cad is Tionscadal Dlúthpháirtíochta ann? ....... 62
Cé na cuspóirí atá acu? ....... 62
Conas Tionscadal Dlúthpháirtíochta a bhunú? ....... 63
Cé na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail? ....... 65
Cad iad na costais incháilithe agus na rialacha maoiniúcháin is infheidhme? ....... 67
Cad é an costas aonaid in aghaidh an lae oibre? ....... 68
**CUID C – RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE ÓGA I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA A BHAINEANN LEIS AN gCABHAIR DHAONNÚIL** ....... **69**
**LIPÉAD CÁILÍOCHTA LE hAGHAIDH OBAIR DHEONACH SA CHABHAIR DHAONNÚIL** ....... **71**
Cad é an Lipéad Cáilíochta? ....... 71
Cad iad na cineálacha éagsúla Lipéid Cáilíochta atá ann? ....... 71
Cén chaoi a n-oibríonn sé? ....... 71
Cad iad na Caighdeáin Cháilíochta? ....... 72
Cé na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an Lipéad Cáilíochta? ....... 75

Bearta monatóireachta, tuairiscithe agus dearbhaithe cáilíochta ........ 79
**OBAIR DHEONACH A DHÉANAMH FAOIN gCÓR SAORÁLACH EORPACH UM CHABHAIR DHAONNÚIL (OBAIR DHEONACH SA CHABHAIR DHAONNÚIL) ........ 80**
Cad atá i gceist le hobair dheonach chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla? ........ 80
Cé na cuspóirí atá acu? ........ 80
Cé na gníomhaíochtaí ar féidir tacú leo? ........ 80
Conas tionscadal a bhunú? ........ 82
Cé na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail? ........ 85
Cad iad na costais incháilithe agus na rialacha maoiniúcháin is infheidhme? ........ 89
**CUID D – BEARTA CÁILÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA ........ 91**
**TACAÍOCHT DON FHOGHLAIM ........ 93**
Oiliúint Ghinearálta ar Líne ........ 93
Tacaíocht foghlama teanga ........ 94
Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta ........ 94
Meantóireacht ........ 104
Aitheantas do thorthaí foghlama ........ 105
**ÁRACHAS ........ 106**
**TAIRSEACH AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH ........ 109**
**CÁRTA ÓIGE AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH ........ 111**
**BEARTA TACAÍOCHTA EILE ........ 111**
Deimhniú rannpháirtíochta ........ 111
Comhaontuithe ........ 112
Víosaí agus ceadanna cónaithe ........ 112
**CUID E – EOLAS d'IARRATASÓIRÍ ........ 113**
**CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH? ........ 113**
Céim 1: Cláraigh an eagraíocht ........ 114
Céim 2: Comhlíontacht an tionscadail le critéir an chláir a sheiceáil ........ 115
Céim 3: Na coinníollacha airgeadais a sheiceáil ........ 126
Céim 4: An fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a chur isteach ........ 131
**CÉARD A THARLAÍONN TAR ÉIS AN tIARRATAS A CHUR ISTEACH? ........ 134**
An nós imeachta meastóireachta ........ 134
Cinneadh críochnaitheach ........ 134
Fógra maidir le Torthaí ........ 135
**CÉARD A THARLAÍONN NUAIR A FHORMHEASTAR AN tIARRATAS? ........ 136**
Comhaontú deontais ........ 136
Méid an deontais ........ 136
Próisis íocaíochta ........ 137
Sprioc-amanna saolré tionscadail táscacha agus módúlachtaí íocaíochta ........ 139
FORÁLACHA TÁBHACHTACHA EILE ........ 141
**IARSCRÍBHINN I – GLUAIS TÉARMAÍ ........ 147**
**IARSCRÍBHINN II – RANNPHÁIRTÍOCHTAÍ IOLRACHA ........ 156**
**IARSCRÍBHINN III – SONRAÍ TEAGMHÁLA ........ 159**

# RÉAMHRÁ

Uirlis atá sa Treoir le haghaidh aon duine ar mian leis eolas cuimsitheach a fháil ar a bhfuil i gceist leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach (ar a dtugtar an 'Cór' nó an 'Clár' freisin). Tá an doiciméad seo dírithe go príomha ar eagraíochtaí, institiúidí, comhlachtaí atá toilteanach gníomhaíochtaí a eagrú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus daoine óga ar mian leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dtacaíonn an Cór leo.

Tá na rialacha agus na coinníollacha maidir le deontas a fháil ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach sonraithe sa Treoir seo agus, dá réir sin, tá stádas dlíthiúil aige maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin agus le dámhachtain na ndeontas.

## STRUCHTÚR NA TREORACH DON CHÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH

Tá cúig phríomhchuid sa Treoir:

- Tá forbhreathnú ginearálta i g**Cuid A** ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a raon feidhme agus a struchtúr. Tá eolas ann ar a chuspóirí, a thosaíochtaí agus a phríomhghnéithe; tíortha incháilithe; struchtúir cur chun feidhme agus an buiséad foriomlán atá ar fáil.
- Tá eolas i g**Cuid B** ar Ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a dtacaítear leo faoin snáithe 'Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta'.
- Tá eolas i g**Cuid C** ar Ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a dtacaítear leo faoin snáithe 'Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil'.
- Soláthraítear eolas i g**Cuid D** ar cháilíocht agus ar bhearta tacaíochta a thairgtear d'eagraíochtaí rannpháirteacha agus do rannpháirtithe le linn ullmhú agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus tionscadal agus le linn na mbeart leantach a dhéantar ina leith[1]
- Tá eolas i g**Cuid E** maidir le próisis chun iarratas a dhéanamh ar dheontais agus chun tionscadail a roghnú, chomh maith leis na forálacha airgeadais agus riaracháin a bhaineann le dámhachtain deontais ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach[2].

Tá na hIarscríbhinní seo a leanas sa Treoir seo freisin:

- **Iarscríbhinn I**: Gluais téarmaí
- **Iarscríbhinn II**: Rannpháirtíochtaí Iolracha
- **Iarscríbhinn III**: Sonraí teagmhála

Tá Treoir 2026 don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ina dhlúthchuid de Ghlao ar Thograí 2026 (dá ngairtear an 'Glao' anseo feasta) agus leagtar amach ann na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht agus maoiniú le haghaidh an Ghlao. Dá réir sin, tá sé bunaithe ar fhorálacha Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (dá ngairtear 'an rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach' anseo feasta)[3] agus ar fhorálacha Chlár Oibre Bliantúil 2026 an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Tá Gníomhaíochtaí a chuimsítear sa Ghlao faoi réir modhnuithe trí cheartúchán a fhoilsítear. Iarrtar ar iarratasóirí féideartha féachaint go rialta ar Thairseach Eorpach na hÓige[4] agus ar Chlár Oibre Bliantúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus ar na leasuithe a rinneadh air. Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (dá ngairtear 'Rialachán Airgeadais an Aontais'[5] anseo feasta). Ina theannta sin, tá cur chun feidhme an Ghlao faoi réir na leithreasuithe dá bhforáiltear sa dréachtbhuiséad a bheith ar fáil tar éis d'Údarás Buiséadach an Aontais an buiséad a ghlacadh le haghaidh na bliana nó mar a fhoráiltear i gcóras na ndódhéaguithe sealadacha.

[1] Tabhair faoi deara nach bhfuil an chuid seo ábhartha ach amháin le haghaidh na nGníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an treoir seo.
[2] Féach an fonóta roimhe seo.
[3] https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/888/oj/ga
[4] https://youth.europa.eu/solidarity_ga
[5] http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj

# CUID A - EOLAS GINEARÁLTA FAOIN gCÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH

## POINTE IONTRÁLA AONAIR LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, luach comhroinnte a bhraitear go tréan i ngach gné de shochaí na hEorpa. Tá an dlúthpháirtíocht ar an tsaintréith is tábhachtaí dá bhfuil sa tionscadal Eorpach agus is aisti a thagann an aontacht is gá chun déileáil le géarchéimeanna atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí tríd an bhfód morálta a sheasamh. Tá an dlúthpháirtíocht ina treoir rialaithe ag daoine óga na hEorpa maidir leis na mianta atá acu maidir le hAontas níos fearr.

Bíonn deiseanna inrochtana de dhíth ar dhaoine óga le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, a chabhródh leo a ngealltanas maidir le leas pobal a chur in iúl agus, san am céanna, taithí, scileanna agus inniúlachtaí úsáideacha a shealbhú maidir lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, chultúrtha, shibhialta agus ghairmiúil, rud a chuirfidh feabhas ar a n-infhostaitheacht.

Déanann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach daoine óga a thabhairt le chéile chun sochaí níos cuimsithí a thógáil, rud a thacaíonn le daoine leochaileacha agus a fhreagraíonn do dhúshláin shochaíocha agus dhaonnúla. Cuireann sé eispéireas spreagúil cumasúcháin ar fáil do dhaoine óga ar mian leo cabhrú, foghlaim agus forbairt, agus is pointe teagmhála aonair atá ann le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta den sórt sin ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.

Cuireann an Clár deiseanna níos mó agus deiseanna níos fearr ar fáil lena gcumhdaítear raon leathan réimsí, mar shampla, imeascadh imirceach, dúshláin chomhshaoil, cosc a chur ar thubaistí nádúrtha, oideachas agus gníomhaíochtaí óige, caomhnú na hoidhreachta cultúrtha, cabhair dhaonnúil. Ina theannta sin, tacaíonn an Clár le páirtithe náisiúnta agus áitiúla ina gcuid iarrachtaí chun déileáil le dúshláin agus géarchéimeanna éagsúla sa tsochaí.

Ach a raon feidhme a leathnú chun gníomhaíochtaí oibre deonaí lena dtacaítear le hoibríochtaí cabhrach daonnúla a chumhdach, soláthraíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach cabhair éigeandála bunaithe ar riachtanais agus cabhraíonn sé chun cabhair, faoiseamh agus cosaint a chur ar fáil áit a bhfuil géarghá leo. Ar an gcaoi sin, cabhraíonn sé chun dul i ngleic le riachtanais shochaíocha san Eoraip nach bhfuil freastal déanta orthu agus, ina theannta sin, le dúshláin dhaonnúla i dtríú tíortha.

Tacaíonn gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le cuspóirí Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige, 2019–2027[6], ina spreagtar daoine óga le bheith ina saoránaigh ghníomhacha, ina ngníomhaithe ar son na dlúthpháirtíochta agus an athraithe dhearfaigh le haghaidh pobail ar fud na hEorpa, bunaithe ar luachanna an Aontais Eorpaigh agus ar fhéiniúlacht Eorpach. Rannchuidíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun cuspóirí Mhisin Fís Eorpach a chomhlíonadh, lena dtéitear i ngleic le cuid de na dúshláin is mó roimh an tsochaí: feabhas a chur ar shaol na ndaoine a bhfuil ailse orthu, dul in oiriúint don athrú aeráide, ár n-aigéan agus ár n-uiscí a athchóiriú, sláinte ithreach a athchóiriú, agus maireachtáil i gcathracha aeráidneodracha cliste.

6 https://youth.europa.eu/strategy_ga

## CUR LEIS AN TAITHÍ ATÁ ANN CHEANA, AG FÉACHAINT CHUN TOSAIGH

Cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le héachtaí ó bhreis is 25 bliana de chláir Eorpacha i réimse na hóige agus na dlúthpháirtíochta, go háirithe le rath na Seirbhíse Deonaí Eorpaí, leis an tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, agus leis an leagan roimhe seo den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach idir 2018 agus 2020.

# CÉN COMHTHÉACS BEARTAIS ATÁ ANN?

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, luach comhroinnte a bhraitear go tréan i ngach gné de shochaí na hEorpa. Tá an dlúthpháirtíocht ar an tsaintréith is tábhachtaí dá bhfuil sa tionscadal Eorpach agus is aisti a thagann an aontacht is gá chun déileáil le géarchéimeanna atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí. Tá an dlúthpháirtíocht ina treoir rialaithe ag daoine óga na hEorpa maidir leis na mianta atá acu i ndáil le hAontas níos fearr.

Tá gá ag daoine óga le deiseanna atá inrochtana go héasca chun gur féidir leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, trínar féidir leo cabhrú le pobail agus, san am céanna, taithí, scileanna agus inniúlachtaí úsáideacha a shealbhú ar mhaithe lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht, ar a rannpháirtíocht sa tsochaí, ar a rannpháirtíocht sa tsochaí agus ar a gcuimsiú sóisialta.

## STRAITÉIS ÓIGE AN AONTAIS EORPAIGH

Is í Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh an creat le haghaidh comhair maidir le beartas óige an Aontais 2019–2027[7] faoina mbainfear lántairbhe as féidearthachtaí an bheartais óige. Is é is aidhm do chomhar an Aontais maidir leis an óige dul i ngleic le dúshláin atá le sárú ag daoine óga ar fud an Aontais faoi láthair agus le dúshláin a bheidh le sárú acu amach anseo, agus soláthraítear leis creat cuspóirí, prionsabal, tosaíochtaí, príomhréimsí, agus bearta um chomhar i dtaca le beartas don aos óg le haghaidh na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir.

Gné thábhachtach de Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh is ea na 11 Sprioc Eorpacha don Óige[8], a forbraíodh i gcomhthéacs idirphlé an Aontais maidir leis an óige trí chur chuige rannpháirtíochta lenar bhain cinnteoirí, daoine óga agus taighdeoirí. Tá fís le haghaidh na hEorpa sna Spriocanna sin don Óige lena gcuirtear ar a gcumas do dhaoine óga lán a n-acmhainneachta a bhaint amach. Sainaithnítear leo réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus tarraingítear aird ar dhúshláin ar gá dul i ngleic leo. I measc rudaí eile, éilítear sna Spriocanna Óige sochaithe, spás agus rannpháirtíocht chuimsitheach do chách agus fostaíocht ar ardchaighdeán do gach duine óg. Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, ba cheart rannchuidiú leis an bhfís sin a fhíorú le haghaidh daoine óga trí leas a bhaint as ionstraimí beartais ar leibhéal an Aontais i dteannta gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil arna ndéanamh ag gach páirtí leasmhar.

Tá Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh bunaithe ar trí phríomhréimse gníomhaíochta:

- RANNPHÁIRTÍOCHT
- CEANGAL
- CUMHACHTÚ

Faoin RANNPHÁIRTÍOCHT, is é is aidhm do Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht daoine óga a chinntiú ar bhealach atá suntasach, sibhialta, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil. Leis an Straitéis cothaítear rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus rannpháirtíocht saoránach agus is é is aidhm di a chinntiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Faoi CONNECT, tá Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh mar bhonn taca faoi dheiseanna le haghaidh daoine óga chun taithí phearsanta a fháil ar mhalartuithe, ar chomhar agus ar an ngníomhaíocht shibhialta sa

[7] IO COM 269, 22.5.2018, Straitéis Óige nua an Aontais, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX:52018DC0269
[8] https://youth.europa.eu/strategy_ga

chomhthéacs Eorpach.

Faoi CUMHACHTÚ, is é is aidhm don Straitéis tacú le gach cineál oibre don óige mar spreagadh chun daoine óga ar fud na hEorpa a chumhachtú.

## Creat beartais an Aontais maidir le hobair dheonach

Faoi láthair, is le Moladh 2022 ón gComhairle maidir le soghluaisteacht oibrithe deonacha óga ar fud an Aontais Eorpaigh a leagtar amach an creat beartais maidir le hobair dheonach[9]. Is é is aidhm don Mholadh sin deireadh a chur le constaicí ar an obair dheonach san Eoraip trí fheasacht a mhúscailt, cur leis an acmhainn maidir le deiseanna oibre deonaí a thairiscint, bacainní ar an rannpháirtíocht a laghdú go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus aitheantas níos fearr a thabhairt do na scileanna a fhoghlaimítear.

Is é an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil a threoróidh gníomhaíochtaí oibre deonaí na cabhrach daonnúla den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach[10], agus déanfar sáriarracht leo rannchuidiú le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht chabhair dhaonnúil an Aontais, i gcomhréir le prionsabail na Dea-Dheontóireachta Daonnúla[11]. Déanfar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine a chur chun cinn.

## Oidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige

Is é ceann de thosaíochtaí trasnaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh tacú le rannpháirtíocht sa saol daonlathach, luachanna comhchoiteanna a chur chun cinn agus saoránacht ghníomhach a chothú. Ba phríomhfhócas é sin de chuid Bhliain Eorpach na hÓige 2022, bliain a raibh sé d'aidhm aici cuidiú le daoine óga a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus rannpháirteacha. Chun cur leis na gnóthachain agus rannchuidiú le hoidhreacht fhadtéarmach[12] Bhliain Eorpach na hÓige 2022, leanfaidh an Clár de dhaoine óga a chumhachtú agus iad a spreagadh chun bheith rannpháirteach sa saol daonlathach in 2026.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcreat beartais, féach Clár Oibre Bliantúil 2026[13] an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

---

9 IO C 157/1, 11.4.2022, Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteacht oibrithe deonacha óga ar fud an Aontais Eorpaigh, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2022.157.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2022%3A157%3AFULL

10 IO C 25/01, 30.1.2008, An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2008.025.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2008%3A025%3ATOC

11 https://ec.europa.eu/echo/partnerships/relations/ghd_en

12 IO COM 1, 10.1.2024,Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM:2024:1:FIN

13 https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/reference-documents-resources_ga

# CAD IAD CUSPÓIRÍ, TOSAÍOCHTAÍ AGUS SAINTRÉITHE TÁBHACHTACHA AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH?

## CUSPÓIRÍ

### CUSPÓIR GINEARÁLTA

Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí a fheabhsú i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá inrochtana agus ar ardcháilíocht, an obair dheonach go príomha, mar mhodh chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht, daonlathas, féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú san Aontas agus níos faide i gcéin, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus dúshláin dhaonnúla ar an láthair, agus béim ar leith á leagan ar an bhforbairt inbhuanaithe, an cuimsiú sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

### CUSPÓIR SONRACH

Is é cuspóir sonrach an Chláir deiseanna atá inrochtana go héasca a sholáthar do dhaoine óga, daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu san áireamh, chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a mbíonn athruithe dearfacha ar an tsochaí san Aontas agus níos faide i gcéin mar thoradh orthu, agus a dhéanann bailíochtú inniúlachtaí a fheabhsú, a aithint agus a thairiscint san am céanna, agus a rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú freisin.

## TOSAÍOCHTAÍ BEARTAIS

## TOSAÍOCHTAÍ TRASNAÍ

### AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Féachann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an gcuimsiú sóisialta, an chaoinfhulaingt, cearta an duine, agus an luach a bhaineann le difríochtaí agus éagsúlacht de gach cineál a chur chun cinn, agus rochtain chothrom ar dheiseanna a thabhairt do gach duine óg ina ngníomhaíochtaí uile.

Soláthraíonn an Cór formáidí inrochtana solúbtha gníomhaíochtaí, tacaíocht airgeadais bhreise, chomh maith le raon beart tacaíochta (mar shampla oiliúint ghinearálta agus teanga, árachas, tacaíocht roimh ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus ina ndiaidh, cúnamh riaracháin) chun rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a spreagadh agus chun freastal níos fearr ar na riachtanais shonracha atá acu. Agus na tionscadail agus gníomhaíochtaí dá gcuid á ndearadh acu, ba cheart cur chuige cuimsitheach a bheith ag eagraíochtaí agus ba cheart dóibh leas a bhaint as na sásraí atá ar fáil chun raon leathan rannpháirtithe a mhealladh.

Ina theannta sin, ba cheart don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar cheist an chuimsithe agus na héagsúlachta ar bhonn níos leithne sa tsochaí.

Chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, forbraíodh **Creat um bearta maidir le cuimsiú**[14], chomh maith le **Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú**[15], chun tacú le heagraíochtaí chun gur fearr is féidir leo freastal ar bhreis rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag spriocghrúpaí éagsúla.

Daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, is daoine óga iad atá faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine óga eile mar bíonn ceann amháin nó níos mó de thosca eisiaimh nó de bhacainní le sárú acu. Ní liosta uileghabhálach é an liosta de bhacainní a mhínítear go soiléir thíos agus is le tagairt a sholáthar agus gníomh á dhéanamh a ceapadh é d'fhonn cur le hinrochtaineacht grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus le for-rochtain dóibh:

---

[14] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún — creat beart um chuimsiú de chuid chlár Erasmus+ agus chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh 2021–27: https://erasmus-plus.ec.europa.eu/document/commission-decision-framework-inclusion-2021-27

[15] Treoirlínte cur chun feidhme — Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh: https://erasmus-plus.ec.europa.eu/document/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity-strategy

- **Míchumais**: Áirítear orthu sin laguithe fisiceacha, meabhracha, intleachta nó céadfacha lena bhféadfar bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach duine sa tsochaí ar comhchéim le daoine eile, nuair a bhíonn ar an duine sin dul i ngleic le bacainní éagsúla san am céanna[16].
- **Fadhbanna sláinte**: D'fhéadfadh bacainní a bheith ann de thoradh fadhbanna sláinte agus lena n-áirítear géarbhreoiteacht, galair ainsealacha, nó aon riocht meabhairshláinte nó sláinte fisicí a fhágann nach féidir a bheith rannpháirteach sa chlár.
- **Bacainní atá nasctha le córais oideachais agus oiliúna**: D'fhéadfadh sé go mbeadh bacainní roimh dhaoine aonair atá ag streachailt le dul chun cinn a dhéanamh i gcórais oideachais agus oiliúna ar chúiseanna éagsúla agus roimh luathfhágálaithe scoile, roimh dhaoine nach bhfuil oideachas, fostaíocht ná oiliúint á fháil ná á fáil acu agus roimh dhaoine fásta nach bhfuil mórán scileanna acu. D'ainneoin go bhféadfadh ról a bheith ag fachtóirí eile, agus cé go bhféadfadh na deacrachtaí oideachais sin a bheith bainteach le cúinsí pearsanta, eascraíonn siad den chuid is mó as córais oideachais lena gcruthaítear teorainneacha struchtúracha agus/nó nach gcuirtear riachtanais áirithe an duine san áireamh go hiomlán leo. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh bacainní rannpháirtíochta ar dhaoine aonair nuair is deacair, de dheasca struchtúr na gcuraclam, tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama nó oiliúna ar an gcoigríoch mar chuid dá staidéar.
- **Difríochtaí cultúrtha**: Cé go bhféadfadh daoine ó aon chúlra féachaint ar dhifríochtaí cultúrtha mar bhacainní, d'fhéadfadh na difríochtaí cultúrtha sin difear ar leith a dhéanamh do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu. D'fhéadfadh na difríochtaí sin a bheith ina mbacainní suntasacha ar an bhfoghlaim go ginearálta, agus go háirithe do dhaoine a bhfuil cúlra imircigh nó dídeanaí acu, agus na daoine seo a leanas san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh siúd amháin – imircigh nuathagtha, daoine ar de mhionlach náisiúnta nó eitneach iad, úsáideoirí teanga comharthaíochta, daoine ag a bhfuil deacrachtaí maidir le hoiriúnú teanga agus cuimsiú cultúrtha. Má fhaightear blaiseadh de theangacha iasachta agus de dhifríochtaí cultúrtha le linn páirt a ghlacadh in aon chineál gníomhaíochtaí cláir, d'fhéadfaí cur as do dhaoine áirithe agus, ar bhealach, teorainn a chur ar thairbhí a rannpháirtíochta. De dheasca na ndifríochtaí cultúrtha sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí cosc fiú amháin ar rannpháirtithe féideartha iarratas a dhéanamh ar thacaíocht trí na cláir, rud a bheadh ina bhacainn iontrála ar fad.
- **Bacainní sóisialta**: D'fhéadfadh deacrachtaí oiriúnaithe shóisialta, mar shampla, inniúlachtaí sóisialta teoranta, iompraíochtaí ardriosca nó frithshóisialta, ciontóirí nó iarchiontóirí, úsáideoirí drugaí nó alcóil nó iarúsáideoirí drugaí nó alcóil, nó an t-imeallú sóisialta a bheith ina mbacainn. D'fhéadfadh bacainní sóisialta eile eascairt as cúinsí teaghlaigh - mar shampla, duine atá ar an gcéad duine sa teaghlach le hardoideachas a fháil nó tuismitheoir (go háirithe tuismitheoir aonair), cúramóir, saothraí nó dílleachta, nó duine atá i ndiaidh seal a chaitheamh ag maireachtáil faoi chúram institiúideach nó atá ina chónaí faoi láthair faoi chúram institiúideach.
- **Bacainní eacnamaíocha**: D'fhéadfadh míbhuntáiste eacnamaíoch a bheith ina bhacainn, mar shampla, caighdeán maireachtála íseal, ioncam íseal, foghlaimeoirí nach mór dóibh a bheith ag oibriú chun iad féin a bheathú, spleáchas ar an gcóras leasa shóisialaigh, dífhostaíocht fhadtéarmach, cásanna forbhásacha nó an bhochtaineacht, easpa dídine, fiachas nó fadhbanna airgeadais. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh deacrachtaí eile as inaistritheacht theoranta seirbhísí (go háirithe tacaíocht do dhaoine ag a bhfuil níos lú deiseanna) nach mór a bheith 'soghluaiste' mar aon leis na rannpháirtithe agus iad ag dul i bhfad ar shiúl nó, go mór mór, ar an gcoigríoch.
- **Bacainní atá nasctha leis an idirdhealú**: Is féidir bacainní a bheith ann de dheasca idirdhealú a bhaineann le hinscne, le haois, le tionscnamh eitneach, le reiligiún, le creidimh, le treoshuíomh gnéasach, le míchumas, nó le fachtóirí trasnacha (meascán de dhá cheann nó roinnt de na cineálacha idirdhealaithe atá luaite).
- **Bacainní geografacha**: Dá mbeadh cónaí ar dhuine i gceantair thuaithe nó iargúlta, mar shampla, ar oileáin bheaga nó i réigiúin fhorimeallacha/sna réigiúin is forimeallaí, i mbruachbhailte uirbeacha, i gceantair nach bhfuil chomh seirbhísithe sin (iompar poiblí teoranta, gan mórán áiseanna) nó i gceantair lagfhorbartha, d'fhéadfadh sin a bheith ina bhacainn.

### AN INBHUANAITHEACHT COMHSHAOIL AGUS SPRIOCANNA AERÁIDE

Is féidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach rannchuidiú ar bhealach bríoch le tiomantas an Choimisiúin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Chun rannchuidiú leis an g**Comhaontú Glas don Eoraip**[17], tá sé d'aidhm ag an gClár cleachtais ghlasa a chomhtháthú i ngach tionscadal agus gníomhaíocht, agus iompraíocht fhreagrach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha. Dá bhrí sin, ba cheart cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bheith ag eagraíochtaí agus ag rannpháirtithe agus a ngníomhaíochtaí á ndearadh agus á gcur chun feidhme acu. Spreagtar go mór gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le tionscnaimh eile de chuid an Aontais atá ann cheana i réimse na hinbhuanaitheachta comhshaoil (mar shampla, an Bauhaus Eorpach Nua).

Tacaíonn an Clár freisin le tionscadail agus gníomhaíochtaí a théann i ngleic leis na dúshláin shochaíocha a

[16] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin topaic sin, féach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas: https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities.html

[17] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga

bhaineann le spriocanna i leith chosaint an chomhshaoil, na hinbhuanaitheachta agus na haeráide. Is féidir le tionscadail den sórt sin dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla, a bhfuil d'aidhm acu, mar shampla, an caipiteal nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú nó feasacht a mhúscailt ar an inbhuanaitheacht comhshaoil agus athruithe iompraíochta a chumasú maidir le sainroghanna daoine aonair, próisis tomhaltais, agus stíleanna maireachtála. Tacaíonn an clár le tionscnaimh a bhfuil sé d'aidhm acu éifeachtaí díobhálacha teagmhas adhaimsire agus tubaistí nádúrtha a chosc agus a mhaolú nó a dheisiú, mar aon le gníomhaíochtaí lena dtacaítear le pobal a ndéantar difear dóibh tar éis teagmhais adhaimsire nó tubaistí nádúrtha den sórt sin.

### An Claochlú Digiteach

Cuirtear i dtábhacht i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh gur gá don Eoraip a bheith chun tosaigh sa chlaochlú digiteach[18]. Is féidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chion féin a dhéanamh trí thacú le muintir na hEorpa, gan beann ar a n-inscne, a n-aois ná a gcúlra, maireachtáil agus rath a bheith orthu sa ré dhigiteach trí thionscadail agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna digiteacha, an litearthacht dhigiteach a chothú agus/nó tuiscint a fhorbairt ar rioscaí agus ar dheiseanna na teicneolaíochta digití.

Ina theannta sin, déanann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach úsáid comhpháirteanna fíorúla agus digiteacha, uirlisí eolais, cumarsáide agus teicneolaíochta mar shampla, a chur chun cinn i ngach tionscadal agus gníomhaíocht.

### Rannpháirtíocht sa saol daonlathach, luachanna comhchoiteanna agus rannpháirtíocht saoránach

Déanann an Cór rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis dhaonlathacha agus sa saol poiblí a chur chun cinn. Tá obair dheonach i gcroílár an chláir, agus déantar daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú le bheith gníomhach sa tsochaí agus tugtar aghaidh ann ar na treochtaí uile-Eorpacha a bhaineann le rannpháirtíocht theoranta daoine óga sa saol daonlathach agus ar na leibhéil ísle eolais agus feasachta maidir le hábhair Eorpacha ag a bhfuil tionchar ar shaol gach saoránaigh Eorpaigh.

Leis na gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo, ba cheart gach iarracht a dhéanamh freisin chun aitheantas an Aontais a neartú ( go háirithe a mhéid a bhaineann le luachanna comhchoiteanna an Aontais agus prionsabail na haontachta agus na héagsúlachta, chomh maith le hoidhreacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil na dtíortha rannpháirteacha) agus rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis dhaonlathacha lena n-áirítear toghcháin Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus trí rannpháirtíocht i dtionscnaimh eile de chuid an Aontais, ardáin atá bunaithe ar rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht shibhialta.

Tá an Straitéis Rannpháirtíocht na nÓg[19] deartha chun creat coiteann a sholáthar agus chun tacú le húsáid an Chóir chun rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach a chothú. Is é is aidhm don Straitéis cáilíocht rannpháirtíocht na hóige sa Chór a fheabhsú agus comhlánaíonn sí príomhdhoiciméid Bheartas Óige an Aontais, mar shampla, Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, na Spriocanna Eorpacha don Óige[20] agus Oidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022. Gabhann an tSraith Uirlisí um Rannpháirtíocht na hÓige[21] leis an Straitéis agus is é is aidhm di, i dtéarmaí praiticiúla, rannpháirtíocht daoine óga i ngach ceann de ghníomhaíochtaí an Chóir a fheabhsú, trí eolas, moltaí, uirlisí agus treoraíocht phraiticiúil a roinnt.

## Tosaíochtaí bliantúla

Ina theannta sin, is iad seo a leanas na **tosaíochtaí beartais bliantúla sonracha** a bheidh ann in 2026 le haghaidh na gníomhaíochta, Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta:

- Cultúr ullmhachta a fheabhsú ar fud na sochaí ina hiomláine agus faoiseamh a chur ar fáil do dhaoine atá ag teitheadh ó choinbhleachtaí armtha agus d'íospartaigh eile tubaistí ó ghuaiseacha nádúrtha agus ó rioscaí arb é an duine is cúis leo;
- Torthaí agus eispéiris foghlama dhearfacha a chothú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu;

18 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/shaping-europe-digital-future_ga
19 Straitéis Rannpháirtíocht na n-Óg: https://participationpool.eu/resource-category/youth-participation/youth-participation-strategy/
20 Spriocanna Eorpacha don Óige: https://youth.europa.eu/strategy/european-youth-goals_en
21 Sraith Straitéisí um Rannpháirtíocht na n-Óg: https://participationpool.eu/toolkit/

- Cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú;

Féach an roinn 'Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta' chun sonraí breise a fháil.

## Tosaíochtaí gníomhaíochta breise

Lasmuigh de leibhéal na dtosaíochtaí trasnaí agus bliantúla, ar fud a ghníomhaíochtaí uile, tacóidh gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh go láidir le gníomhaíocht sna réimsí seo a leanas:

### Oidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige

Is é ceann de thosaíochtaí trasnaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh tacú le rannpháirtíocht sa saol daonlathach, luachanna comhchoiteanna a chur chun cinn agus saoránacht ghníomhach a chothú. Bhí sé sin ina phríomhfhócas i mBliain Eorpach na hÓige 2022, arbh é ab aidhm di cabhrú le daoine óga a bheith ina saoránaigh ghníomhacha rannpháirteacha, go háirithe iad siúd lena mbaineann an óige atá i mbaol an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe agus iad siúd atá ina gcónaí i réigiúin iargúlta nó sna réigiúin is forimeallaí san Aontas, lena n-áirítear na Tíortha agus Críocha Thar Lear (TCTLanna).

### Sláinte agus folláine a chur chun cinn

Tá sé d'aidhm ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cosc, le cur chun cinn agus le tacaíocht i réimse na sláinte, i gcomhréir le HealthyLifeStyle4All, agus fócas speisialta ar thacú le grúpaí daonra atá leochaileach nó faoi mhíbhuntáiste. Féadfar oibrithe deonacha a shlógadh timpeall ar mhórdhúshláin sláinte, go háirithe maidir le meabhairshláinte, chomh maith le tosaíochtaí beartais amhail cosc agus cúram na hailse.

### Nuálaíocht

Déanann an Cór a dhícheall freisin breisluach a chur leis trí rabhartaí nua nuálaíochta a chur chun cinn agus tacú leo trí dhaoine óga agus eagraíochtaí a spreagadh chun cur le feasacht agus réitigh nuálacha ar réimse leathan dúshlán sochaíoch, mar shampla i gcomhthéacs éiceachórais nuálaíochta tuaithe (dídhaonrú óige tuaithe, córais fuinnimh inbhuanaithe, cur chun cinn na sláinte agus cosc galar, etc.).

### Cultúr na hullmhachta a fheabhsú

Tá sé d'aidhm ag an gCór tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le feabhsú chultúr na hullmhachta a chur chun cinn agus tacú leis, agus le rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga ann a chumasú. Is féidir leis an gCór cuidiú le daoine iad féin a chur in oiriúint d'athruithe agus do rioscaí sa tsochaí, mar shampla, maidir le sláinte, slándáil, geilleagar nó aon bhagairt eile atá ag teacht chun cinn. Is féidir leis é sin a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta pobalbhunaithe a chur chun feidhme.

### Cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú

Tá sé d'aidhm ag an gCór tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn agus tacú leo. Is féidir leis tacú le forbairt scileanna arb é is aidhm dóibh tuiscint ar an gcothroime idirghlúine a bhaint amach agus a chinntiú go n-urramófar leasanna na nglúnta uile sa tsochaí, mar aon le ceapadh beartas. Is féidir leis dlúthpháirtíocht i measc na nglúnta éagsúla a fheabhsú agus a chur chun cinn freisin, trí idirphlé agus aistriú eolais agus taithí a chothú, agus trí thacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar idirdhealú aoise agus neamhionannais a chomhrac.

### Misin Fís Eorpach

Tá an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ag cruthú sineirgí le Misin Fís Eorpach in 2023–27, cibé áit ar féidir le gníomhaíochtaí oibre deonaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh rannchuidiú le huaillmhianta na Misean maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, athchóiriú na n-aigéan agus uiscí, athchóiriú sláinte ithreach, cathracha aeráidneodracha cliste a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar shaol daoine a bhfuil ailse orthu.

## SAINTRÉITHE TÁBHACHTACHA

I gcomhréir le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, is fiú aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas.

### LUACHANNA AN AONTAIS A URRAMÚ

A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, agus dá bhrí sin, tairbhithe an chláir, na rannpháirtithe agus na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gclár, ní mór luachanna an Aontais a urramú maidir le dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, agus cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad san áireamh, i gcomhréir go hiomlán leis na luachanna agus na cearta a chomhdaítear i gConarthaí an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

I gcomhréir leis na comhaontuithe deontais, féadfar deontas an tairbhí a fhoirceannadh nó a laghdú mura n-urramaítear na forálacha sin.

### OBAIR DHEONACH I gCOMHTHÉACS AN CHÓIR

Tá an obair dheonach ar cheann de na comharthaí is mó a léiríonn dlúthpháirtíocht, agus tugann sí deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shainaitheanta laistigh de phobail áitiúla agus lena rannchuidítear le dúshláin shochaíocha thábhachtacha ar an láthair a shárú.

Ina theannta sin, cuireann an obair dheonach ar a gcumas do dhaoine óga taithí, scileanna agus inniúlachtaí úsáideacha a shealbhú maidir lena bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, chultúrtha, shibhialta agus ghairmiúil, rud a chuirfidh feabhas ar a n-infhostaitheacht agus ar a saoránacht ghníomhach. Gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin obair dheonach, taithí shaibhir atá iontu i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, rud a chuireann feabhas ar inniúlachtaí daoine óga.

### FOGHLAIM SHEACHFHOIRMIÚIL AGUS NEAMHFHOIRMIÚIL

Tagraíonn foghlaim sheachfhoirmiúil don fhoghlaim a dhéantar lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil trí ghníomhaíochtaí foghlama agus tá tacaíocht foghlama de shaghas éigin i gceist leis. Bíonn cur chuige rannpháirteach bunaithe ar an bhfoghlaimeoir i gceist; bíonn foghlaimeoirí ag gabháil don fhoghlaim sheachfhoirmiúil go deonach agus dá bhrí sin tá sé nasctha go dlúth le riachtanais, mianta agus réimsí spéise daoine óga.

Tagraíonn oideachas neamhfhoirmiúil don fhoghlaim i ngníomhaíochtaí saoil laethúla, san obair, in éineacht le piaraí etc. Foghlaim trí ghníomhaíocht a bhíonn i gceist léi go minic. San earnáil óige, tá ról tábhachtach ag oideachas neamhfhoirmiúil, mar shampla, i bplé piarghrúpa, i ngníomhaíochtaí deonacha agus i staideanna éagsúla eile.

Leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil cumasaítear do dhaoine óga inniúlachtaí fíor-riachtanacha a fháil lena rannchuidítear lena bhforbairt phearsanta agus shochoideachasúil agus lena gcothaítear a rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí, rud a chuireann feabhas ar a n-ionchais fostaíochta,– i measc nithe eile–. Tá acmhainneacht mhór ag eispéiris foghlama den sórt sin freisin chun an ghnóthachtáil san oideachas foirmiúil agus san oiliúint fhoirmiúil a fheabhsú agus chun dul i ngleic le daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna nó daoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus chun dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta.

Tá gníomhaíochtaí foghlama laistigh de réimse na hóige ceaptha tionchar suntasach dearfach a bheith acu ar dhaoine óga agus ar na heagraíochtaí atá páirteach, ar na pobail ina reáchtáiltear na gníomhaíochtaí sin, ar réimse na hóige féin agus ar na hearnálacha eacnamaíocha agus sochaíocha de chuid na hEorpa i gcoitinne.

### AITHINT AGUS BAILÍOCHTÚ TORTHAÍ FOGHLAMA

Chun tionchar ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, saoránachta agus ghairmiúil na rannpháirtithe a chinntiú, ní mór na hinniúlachtaí ar cuspóirí foghlama na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta iad a shainaithint agus a dhoiciméadú go cuí.

Chuige sin, ba cheart úsáid ionstraimí éifeachtacha ar leibhéal an Aontas agus ar an leibhéal náisiúnta le

haghaidh aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, amhail Youthpass agus Europass a spreagadh, de réir mar is iomchuí. Féach cuid D den Treoir seo chun tuilleadh eolais a fháil.

### BREISLUACH EORPACH

Ní mór don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach tacú leis na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta lena ngabhann breisluach Eorpach soiléir, mar shampla, de bhua na rudaí seo a leanas:

- na saintréithe trasnáisiúnta a bhaineann leo, go háirithe i dtaca le soghluaisteacht foghlama agus comhar;
- an cumas atá acu cláir agus beartais eile a chomhlánú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;
- an ghné Eorpach maidir leis na hábhair, na haidhmeanna, na cuir chuige, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus gnéithe eile de na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sin;
- cur chuige maidir le daoine óga ó chúlraí éagsúla a bheith rannpháirteach;
- an méid a rannchuidíonn siad le huirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais a úsáid go héifeachtach.

### AN GHNÉ IDIRNÁISIÚNTA

Tá gné láidir idirnáisiúnta ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach (is é sin, comhar le tríú tíortha agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, trí rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí). Trína raon feidhme geografach leathnaithe, rannchuidíonn an Cór le hiarrachtaí an Aontais chun tacú leis an acmhainneacht agus leis an teacht aniar, agus chun iad sin a neartú, i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Is féidir leis feidhmiú mar uirlis chumhachtach chun naisc a chothú idir sochaithe éagsúla agus chun naisc a chothú idir daoine atá ar aon intinn ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

I gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, féadfaidh eintitis dhlítheanacha ó thríú tíortha eile nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith incháilithe do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 7 den Rialachán (gníomhaíochtaí líonraithe, bearta cáilíochta agus tacaíochta agus obair dheonach faoin snáithe 'rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta') i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ar mhaithe le leas an Aontais. I measc an ghrúpa iarratasóirí sin, i gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2021–2027, conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2020 maidir leis an Óige i mbun gníomhaíochta seachtraí agus an Plean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais 2022–2027, tabharfar aird ar leith ar thíortha is iarrthóirí, ar thíortha Comhpháirtíochta an Oirthir agus ar thíortha na mBalcán Thiar, chomh maith le tíortha eile a bhfuil comhaontuithe comhlachais nó comhair ag an Aontas leo. Is chun leas straitéiseach an Aontais é an comhar leis na tíortha sin toisc go gcothaíonn sé nasc an ghrúpa iarratasóirí sin le hiarratasóirí na mBallstát den Aontas.

Tá rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcomhréir go hiomlán le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2021–2027 ina n-iarrtar 'nasc a chothú idir daoine óga san Aontas agus i dtíortha is iarrthóirí, Comhpháirtíocht an Oirthir agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar, chomh maith le tríú tíortha eile a bhfuil comhaontuithe comhlachais nó comhair ag an Aontas leo.' 'Is sócmhainn ríthábhachtach iad naisc, caidreamh agus malartú taithí don dlúthpháirtíocht agus d'fhorbairt an Aontais Eorpaigh amach anseo. Is trí chineálacha éagsúla soghluaisteachta is fearr a chothaítear an nasc sin.'

Ina theannta sin, sna conclúidí ón gComhairle an 5 Meitheamh 2020 maidir leis an Óige sa ghníomhaíocht sheachtrach, cuirtear i bhfios go láidir rannchuidiú na nglúnta óg le sochaithe níos láidre, níos dlisteanaí, níos síochánta agus níos daonlathaí a thógáil. Rannchuidíonn an clár le rannpháirtíocht fhóinteach na ndaoine óga uile a chur chun cinn, agus, dá bhrí sin, le malartuithe agus idirphlé idir daoine óga ón Aontas agus ó thíortha comhpháirtíochta a neartú, lena n-áirítear Comhpháirtíocht an Oirthir, na Balcáin Thiar agus Comharsanacht an Deiscirt.

Leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais 2022–2027, tacaítear leis sin a thuilleadh. Go sonrach, luaitear sa Phlean Gníomhaíochta don Óige go ndéanfaidh an tAontas teagmhálacha idir daoine óga a chur chun cinn a thuilleadh trí na tionscnaimh atá ann cheana amhail an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, rud a spreagfaidh rannpháirtíocht daoine óga san obair dheonach agus sa dlúthpháirtíocht. Tacaíonn an Clár freisin leis an straitéis Global Gateway, straitéis ar mhaithe le hEoraip níos Láidre sa Domhan a chur i gcrích. Tá an comhar i ngníomhaíochtaí oibre deonaí tiontaithe de réir a chéile ina ionstraim thábhachtach chun beartais sheachtracha an Aontais a chur chun feidhme, bunaithe ar luachanna, muinín agus neamhspleáchas na hEorpa. Faoi Bheartas an Aontais um Méadú, tá sé d'aidhm ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach córais sheachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla oideachais agus oibre deonaí na

dtíortha aontacha, na dtíortha is iarrthóirí agus na dtíortha is iarrthóirí féideartha a neartú agus rannchuidiú leis an bpróiseas chun a reachtaíocht a ailíniú chun caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh.

Féadfaidh rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár páirt a ghlacadh i dTionscadail Oibre Deonaí agus i bhFoirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta. Mar sin féin, d'fhéadfadh rannpháirtíocht rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár[22] a bheith teoranta, ós rud é nach bhféadfaidh tairbhithe deontais ach suas le 25 % den deontas tionscadail a úsáid chun rannpháirtithe ó na tíortha sin a rannpháirtiú[23].

Déantar gníomhaíochtaí i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i gcás nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta nó neamh-idirnáisiúnta leanúnach ar siúl iontu faoi láthair, faoi réir leas cuí-réasúnaithe an Aontais mar a mhínítear faoi gach ceann de na gníomhaíochtaí cláir lena mbaineann.

Ar bhonn bearta sriantacha nó treoirlínte a glacadh ar leibhéal an Aontais, roinnt eagraíochtaí agus daoine aonair ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, fochuideachtaí na n-eagraíochtaí agus na n-eintiteas sin atá i seilbh na ndaoine aonair sin ó thríú tíortha san áireamh, ní fhéadfar a mheas go bhfuil siad incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí uile chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh nó i gcuid díobh.

### ILTEANGACHAS

Tá an t-ilteangachas ar cheann de bhunchlocha an tionscadail Eorpaigh agus is cumhachtach an tsiombail é de mhian an Aontais a bheith aontaithe san éagsúlacht. Is mór an ról atá ag teangacha iasachta i measc na scileanna a bheidh ina gcabhair le daoine a ullmhú ar bhealach níos fearr don mhargadh saothair agus le lántairbhe a bhaint as na deiseanna atá ar fáil. Tá sprioc leagtha síos ag an Aontas gur cheart an deis a bheith ag gach saoránach, ó aois bheag, dhá theanga iasachta ar a laghad a fhoghlaim.

Cé go gcumhdaítear cur chun cinn na foghlama teanga agus tacaíocht léi faoi thionscnaimh AE eile go príomha, léiríodh go bhfuil an easpa inniúlachtaí teanga ar cheann de na bacainní is mó ar ghníomhaíochtaí trasteorann Eorpach trí chéile, mar shampla, iad siúd a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo. Chun cabhrú leis an mbacainn sin a shárú, soláthraítear tacaíocht teanga i gcomhthéacs an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Féach cuid D den Treoir seo chun tuilleadh eolais a fháil.

### COSAINT, SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT NA RANNPHÁIRTITHE

Cosaint, sláinte agus sábháilteacht na rannpháirtithe a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí lena dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, is príomhghnéithe den chlár iad. Ba cheart an deis a bheith ag gach duine atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach lántairbhe a bhaint as na féidearthachtaí le haghaidh forbairt agus foghlaim phearsanta agus ghairmiúil a chuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar fáil. Ba cheart an méid sin a dhearbhú i dtimpeallacht shlán ina n-urramaítear agus ina gcosnaítear cearta gach duine, a iomláine fhisiceach agus mhothúchánach, a shláinte mheabhrach agus a dhea-bhail.

Chuige sin, ní mór do gach eagraíocht atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach próisis agus socruithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm, agus aisdúichiú i gcás géarchéim slándála gan choinne san áireamh, chun sábháilteacht, cosaint agus neamh-idirdhealú na rannpháirtithe a chur chun cinn agus a ráthú ina ngníomhaíochtaí. Ba cheart bearta den sórt sin a oiriúnú bunaithe ar riachtanais na rannpháirtithe. I ndáil leis sin, ní mór gach oibrí deonach a árachú in aghaidh na rioscaí a bhaineann lena rannpháirtíocht. Déantar foráil maidir le polasaí árachais sonrach le haghaidh oibrithe deonacha trasteorann. Féach cuid D den Treoir seo chun tuilleadh eolais a fháil.

Más infheidhme, moltar go láidir go mbeadh Cárta Eorpach um Árachas Sláinte ag rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta a bhíonn ar siúl i mBallstáit den Aontas nó i roinnt tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár. Is cárta saor in aisce é sin lena dtugtar rochtain ar chúram sláinte, a bhfuil tábhacht leighis ag baint leis agus arb é an stát a sholáthraíonn é, le linn fanacht sealadach in aon cheann de 27 dtír an Aontais, san Íoslainn, i Lichtinstéin agus san Iorua, faoi na coinníollacha céanna agus ar an gcostas céanna (saor i dtíortha áirithe) le daoine faoi árachas sa tír sin. Tá tuilleadh eolais faoin gcárta agus faoi conas é a fháil

[22] I bhfianaise an chirt láithrigh chun cosaint shealadach a fháil atá deonaithe do náisiúnaigh na hÚcráine faoin Treoir um Chosaint Shealadach (Treoir 2001/55/CE ón gComhairle), díolmhófar oibrithe deonacha ar náisiúnaigh de chuid na hÚcráine iad (bídís ina gcónaí go dleathach san Aontas nó san Úcráin) ón teorainn 25 %. Chun an teorannú a chur i bhfeidhm, áireofar iad mar rannpháirtithe a thagann ó Bhallstát den Aontas Eorpach. Beidh feidhm ag an díolúine go dtí an 4 Márta 2027 ar a laghad (nó níos faide, má chuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach thar an dáta sin).

[23] I gcás tionscadail de cheathrar oibrithe deonacha nó níos lú, féadfar an teorainn 25 % a shárú chun rannpháirtíocht oibrí deonach amháin ó thríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár a cheadú.

le fáil ag https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=559&langId=ga.

### TIONSCADAIL CHUMARSÁIDE AGUS A dTORTHAÍ CHUN AN TIONCHAR A UASMHÉADÚ

Tá sé thar a bheith tábhachtach cumarsáid a dhéanamh maidir le tionscadail agus a dtorthaí chun a chinntiú go n-imreofar tionchar ar leibhéil éagsúla. Ceanglaítear ar iarratasóirí pleanáil a dhéanamh maidir lena ngníomhaíochtaí cumarsáide a bheidh dírithe ar eolas a chomhroinnt faoina dtionscadal agus faoina dtorthaí le linn shaolré an tionscadail agus ina dhiaidh sin. Déanfar meastóireacht ar iarratais tionscadail bunaithe ar chritéir ábhartha chun a chinntiú go gcumhdófar na gnéithe sin. Ba cheart leibhéal agus déine na ngníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe a bheith i gcomhréir le cuspóirí, raon feidhme agus spriocanna ghníomhaíochtaí éagsúla an Chóir. Ní mór do thairbhithe mhaoiniú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh cloí leis na **treoirlínte maidir le cumarsáid do thairbhithe tionscadail**[24] arna n-ullmhú ag an gCoimisiún Eorpach; agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar rath a ngníomhaíochtaí cumarsáide, go cáilíochtúil agus go cainníochtúil araon.

Mar a shonraítear sna treoirlínte maidir le cumarsáid, ní mór do thairbhithe tacaíocht an Aontais Eorpaigh a aithint go soiléir i ngach gníomhaíocht agus táirge cumarsáide agus scaipthe, cuir i gcás, imeachtaí, suíomhanna gréasáin, ábhar físe agus foilseacháin. Go sonrach, ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh suaitheantas an Aontais Eorpaigh[25] san áireamh i ngach ábhar cumarsáide agus go gcomhlánaíonn siad na forálacha a leagtar amach sa chomhaontú deontais. Féadfar deontas an tairbhí a laghdú mura n-urramaítear na forálacha sin.

## CAD IAD NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS NA BEARTA CÁILÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA?

Chun a chuspóirí a bhaint amach, cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun feidhme ceithre Ghníomhaíocht atá leagtha amach in dhá shnáithe:

- Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta:
  - Tionscadail Oibre Deonaí;
  - Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta;
  - Tionscadail Dlúthpháirtíochta.
- Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil ('Obair dheonach a dhéanamh faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil'):
  - Tionscadail Oibre Deonaí sa Chabhair Dhaonnúil.

De bhreis air sin, tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le sraith gníomhaíochtaí agus beart atá dírithe ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ardcháilíochta a sholáthar.

- Bearta cáilíochta agus tacaíochta
  - gníomhaíochtaí líonraithe do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach;
  - bearta iomchuí chun ceanglais imréitigh a sholáthar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme;
  - bearta arna nglacadh roimh na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, lena linn nó ina ndiaidh, arb é is aidhm dóibh cáilíocht agus inrochtaineacht na hoibre deonaí a chinntiú, agus oiliúint ar líne agus as líne san áireamh, arna cur in oiriúint, i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht dlúthpháirtíochta atá i gceist agus dá comhthéacs, tacaíocht teanga, árachas, agus árachas timpiste agus breoiteachta san áireamh; tuilleadh úsáide a bhaint as Youthpass, ar rud é a dhéanann na hinniúlachtaí a shealbhaíonn na

[24] Conas do thionscadal a chur in iúl: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/429c34ff-7231-11ec-9136-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-248841143

[25] Is féidir teacht ar threoir maidir le conas sainaitheantas físeach an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid, agus suaitheantas an Aontais Eorpaigh san áireamh, ag: https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/reference-documents-resources_ga https://ec.europa.eu/info/resources-partners/european-commission-visual-identity_ga#documents agus https://commission.europa.eu/document/download/3192a0ef-6bda-4e1a-81ca-65ade2ffad73_en?filename=eu-emblem-rules_ga.pdf

rannpháirtithe le linn na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a shainaithint agus a dhoiciméadú, fothú acmhainneachta, agus tacaíocht riaracháin le haghaidh eagraíochtaí rannpháirteacha;

- Lipéad Cáilíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun;
- gníomhaíochtaí Lárionaid Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun tacú le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Chláir, agus chun cáilíocht an chur chun feidhme sin a ardú, agus chun bailíochtú a dtorthaí a fheabhsú;
- Tairseach de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh atá inrochtana agus seirbhísí ábhartha eile ar líne, chomh maith le córais tacaíochta TF agus uirlisí gréasánbhunaithe a bhfuil gá leo, a bhunú, a chothabháil agus a nuashonrú.

# CÉN BUISÉAD ATÁ ANN?

Tá imchlúdach airgeadais táscach foriomlán EUR 1,009 billiún de Bhuiséad an Aontais ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach le haghaidh na tréimhse 2021–2027. Is é an tÚdarás Buiséadach a ghlacann an buiséad bliantúil. Is féidir na céimeanna éagsúla a bhaineann le glacadh bhuiséad an Aontais a leanúint ag: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/eu-budget/how-it-works/annual-lifecycle/figures-2014-2020_ga

In 2023 agus 2024, fuair an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ranníocaíocht airgeadais[26] ón gclár Fís Eorpach freisin chun sineirgí le Misin Fís Eorpach a mhéadú.

Féach Clár Oibre Bliantúil 2026 an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun eolas a fháil ar an mbuiséad atá ar fáil de réir gníomhaíochta, ar an líon tionscadal atá beartaithe, chomh maith le meándeontais tháscacha:

(https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/reference-documents-resources_ga).

[26] EUR 16,53 milliún a bhí sa ranníocaíocht sin in 2023 agus EUR 12,71 milliún in 2024.

# CÉ A CHUIREANN AN CÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH CHUN FEIDHME?

## AN COIMISIÚN EORPACH

Is é an Coimisiún Eorpach atá freagrach sa deireadh as an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a reáchtáil. Bainistíonn sé an buiséad agus déanann sé tosaíochtaí, spriocanna agus critéir a leagan síos go leanúnach le haghaidh an Chláir. Thairis sin, treoraíonn sé cur chun feidhme ginearálta, obair leantach agus meastóireacht an Chláir ar an leibhéal Eorpach agus déanann sé monatóireacht air sin. Ina theannta sin, is ar an gCoimisiún Eorpach atá an fhreagrach fhoriomlán as maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar na struchtúir atá i gceannas ar an gClár a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

## AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)

Ar an leibhéal Eorpach, is í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Chóir faoi bhainistíocht dhíreach. I dteannta an eolais atá sa Treoir seo, déantar doiciméid agus foirmeacha iarratais ábhartha an Ghlao le haghaidh na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo agus atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin a fhoilsiú ar Thairseach an Aontais um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana[27].

Tá an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin i gceannas ar shaolré iomlán na dtionscadal faoin gClár a bhainistiú, idir an clár a chur chun cinn, meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar dheontais, monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail, agus na tionscadail agus torthaí an Chláir a scaipeadh. Is í atá freagrach as glaonna sonracha ar thograí a sheoladh freisin i ndáil le gníomhaíochtaí áirithe de chuid an chláir nach gcumhdaítear leis an treoir seo.

Tá an Coimisiún Eorpach, go háirithe tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, freagrach as an méid seo a leanas freisin:

- staidéir a dhéanamh sna réimsí a dtacaítear leo leis an gClár;
- taighde agus gníomhaíochtaí fianaisebhunaithe a dhéanamh tríd an Líonra um Fhaisnéis Oideachais sa Chomhphobal Eorpach (Eurydice);
- feabhas a chur ar infheictheacht agus ar thionchar sistéamach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trí thorthaí an Chláir a scaipeadh agus a shaothrú;
- bainistiú agus maoiniú conarthach na gcomhlachtaí agus na líonraí a dtacaítear leo leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chinntiú;
- glaonna ar thairiscintí a bhainistiú chun seirbhísí a sholáthar faoi chuimsiú an Chóir.

## GNÍOMHAIREACHTAÍ NÁISIÚNTA

Is le bainistíocht indíreach a chuirtear an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun feidhme den chuid is mó[28], rud a chiallaíonn go bhfágann an Coimisiún Eorpach cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid faoi Ghníomhaireachtaí Náisiúnta. Is é an bunús atá taobh thiar den chur chuige sin go mbeidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chomh gar agus is féidir dá thairbhithe agus go rachaidh sé in oiriúint d'éagsúlacht gach tíre. Chun na críche sin, ceaptar aon Ghníomhaireacht Náisiúnta amháin nó níos mó i ngach Ballstát den Aontas Eorpach agus i ngach tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár. Déanann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta sin an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur chun cinn agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus is iad an nasc idir an Coimisiún Eorpach agus eagraíochtaí rannpháirteacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Is iad seo a leanas na cúraimí atá orthu:

- eolas iomchuí a sholáthar maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach;

[27] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home
[28] Airteagal 62(1)(c) de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh Uimh. 2024/2509, http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj

- próiseas roghnúcháin cothrom trédhearcach a riar le haghaidh na n-iarratas tionscadail atá le maoiniú ina dtír;
- monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina dtír;
- tacaíocht a sholáthar d'iarratasóirí tionscadail agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha le linn shaolré an tionscadail;
- dul i gcomhar go héifeachtach le líonra na nGníomhaireachtaí Náisiúnta uile agus leis an gCoimisiún Eorpach;
- infheictheacht an Chóir a chinntiú;
- scaipeadh agus saothrú na dtorthaí a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta mar struchtúir idirmheánacha le haghaidh fhorbairt beartais agus chur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta a dhéanamh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár;
- tionscadail agus gníomhaíochtaí a dhéanamh lasmuigh de na cúraimí a bhaineann le bainistíocht shaolré an tionscadail, lena dtacaítear le cur chun feidhme cáilíochtúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus/nó lena spreagtar forbairtí beartais, mar shampla, Gníomhaíochtaí Líonraithe;
- rannchuidiú leis na naisc agus na sineirgí idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus beartas óige an Aontais;
- na deiseanna chun an óige a spreagadh le bheith rannpháirteach a thuilleadh i ngníomhaíochtaí Mhisin Fís Eorpach a chur chun cinn agus a chur in iúl do pháirtithe leasmhara;
- cur chuige tacúil a sholáthar do nuatheachtaithe agus do spriocghrúpaí faoi mhíbhuntáiste chun na bacainní roimh rannpháirtíocht iomlán a bhaint;
- comhar a lorg le comhlachtaí seachtracha agus le hÚdaráis Náisiúnta chun tionchar an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a mhéadú ina dtír agus san Aontas Eorpach.

Is é is aidhm do chur chuige tacúil na nGníomhaireachtaí Náisiúnta na hiarratasóirí agus na tairbhithe féideartha a threorú trí gach céim, ón gcéad phointe teagmhála leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, le linn an phróisis iarratais agus go dtí cur chun feidhme an tionscadail agus an mheastóireacht chríochnaitheach. Tá an prionsabal sin bunaithe ar an dearcadh gur gá tacú le spriocghrúpaí, chun comhionannas deiseanna a ráthú do chách, trí chórais chomhairliúcháin, chomhairleoireachta, mhonatóireachta, agus chóitseála arna gcur in oiriúint dá riachtanais.

# CÉ NA COMHLACHTAÍ EILE AG A BHFUIL BAINT LE CUR CHUN FEIDHME AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH?

Cé is moite den Choimisiún Eorpach, den Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, agus de Ghníomhaireachtaí Náisiúnta, soláthraíonn na comhlachtaí seo a leanas saineolas comhlántach do chur chun feidhme an Chóir.

## LÁRIONAID ACMHAINNÍ

Tá na Lárionaid Acmhainní ina gcuid de na bearta cáilíochta agus tacaíochta a luaitear sa Rialachán lena mbunaítear an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Is cúraimí breise iad sin atá le déanamh ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta ainmnithe chun tacú le forbairt, cur chun feidhme agus cáilíocht gníomhaíochtaí faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Tairbhíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach den líonra seanbhunaithe Lárionad Acmhainní faoin gclár Erasmus+ agus Lárionad Acmhainní tiomnaithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

## LÁRIONAID ACMHAINNÍ SALTO

Is struchtúir iad Lárionaid Acmhainní SALTO[29] a dtacaítear leo den chuid is mó tríd an gClár Erasmus+ agus trí Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar cháilíocht tionscadal i réimse na hóige agus an oideachais. Trína mbéim théamach (rannpháirtíocht & eolas, cuimsiú & éagsúlacht, oiliúint & comhar, claochlú digiteach agus aistriú glas) nó gheografach (Oirthear na hEorpa agus réigiún Chugais, an Mheánmhuir Theas, na Balcáin Thiar), soláthraíonn siad acmhainní, eolas agus oiliúint i réimsí sonracha le haghaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus páirtithe eile agus cothaíonn siad aithint na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Soláthraíonn Lárionaid Acmhainní SALTO tacaíocht freisin agus forbraíonn siad cúrsaí oiliúna, uirlisí agus acmhainní le haghaidh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ar an gcaoi sin, téann a dtaithí agus a n-eolas chun tairbhe do pháirtithe leasmhara an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag: www.salto-youth.net.

### CUIMSIÚ AGUS ÉAGSÚLACHT SALTO

Is é is misean don Lárionad Acmhainní SALTO sin cáilíocht agus tionchar thionscadail an Chóir Dlúthpháirtíochta a fheabhsú, d'fhonn an clár a dhéanamh níos cuimsithí agus níos éagsúlaí.

Go sonrach, gníomhaíonn an SALTO sin mar mhol eolais atá bunaithe ar fhianaise agus mar bhróicéir neamhchlaonta bunaithe ar a shaineolas agus ar a thaithí ar bhainistíocht clár i réimse an chuimsithe agus na héagsúlachta. Ciallaíonn sé sin go mbítear ag cur go leanúnach leis an eolas agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an chláir sa réimse téamach seo, agus an t-eolas agus na ceachtanna sin á ndíriú ar na comhthéacsanna forbartha cláir i gcomhar leis an líonra Gníomhaireachta Náisiúnta agus leis an gCoimisiún trí ardáin iomchuí. Thairis sin, tacaíonn an SALTO seo leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta chun an clár a chur chun feidhme ar bhealach a chuireann i ngníomh na cinntí beartais ábhartha (mar shampla, conclúidí/réitigh na Comhairle), torthaí gníomhaíochtaí foghlama frithpháirteacha, agus cinntí maidir leis an tosaíocht chuimsithe agus éagsúlachta.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí SALTO maidir le Cuimsiú agus Éagsúlacht:

- Cáilíocht agus tionchar thionscadail agus ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a mhéadú lena ndírítear ar an tosaíocht chuimsithe agus éagsúlachta;
- cuidiú le cur chun feidhme, monatóireacht agus bearta leantacha na tosaíochta cuimsithe agus éagsúlachta san oideachas agus san oiliúint mar a shainítear i gclár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;
- príomhról a ghlacadh chun na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a threorú maidir le hanailís agus meastóireacht tionchair a dhéanamh ar thionscadail lena ndírítear ar thosaíocht an chuimsithe agus na héagsúlachta san oideachas, san oiliúint agus san óige.

### SALTO MAIDIR LEIS AN AISTRIÚ GLAS AGUS AN FHORBAIRT INBHUANAITHE

[29] Seasann SALTO do 'Thacaíocht do Dheiseanna Ardfhoghlama agus Oiliúna'.

Tá an SALTO sin ag tacú le cur chun feidhme na tosaíochta maidir le cosaint an chomhshaoil, inbhuanaitheacht, agus comhrac i gcoinne an athraithe aeráide i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an gComhshocrú Aeráide, lena rannchuidítear go díreach le ceann amháin de na 11 Sprioc Eorpacha don Óige (Eoraip Ghlas Inbhuanaithe) a áirítear i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh. Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí **SALTO maidir leis an aistriú glas agus an fhorbairt inbhuanaithe**:

- Cáilíocht agus tionchar thionscadail agus ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta a mhéadú, lena ndírítear ar inbhuanaitheacht agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide;
- Cuidiú le barr feabhais a chur ar chur chun feidhme, monatóireacht agus bearta leantacha na tosaíochta maidir le cosaint an chomhshaoil, inbhuanaitheacht agus comhrac i gcoinne an athraithe aeráide, mar a shainítear i gClár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;
- Ról lárnach a imirt i dtreorú na nGníomhaireachtaí Náisiúnta maidir le hanailís agus meastóireacht tionchair ar thionscadail lena ndírítear ar thosaíocht an chláir maidir le cosaint comhshaoil, inbhuanaitheacht agus comhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

**SALTO DIGITEACH**

Cumhdaíonn Lárionad Acmhainní Digiteacha SALTO príomhdhoiciméid bheartais le haghaidh óige, tacaíonn sé le cur chun feidhme na tosaíochta trasnaí digití sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus é d'aidhm aige cáilíocht agus cuimsiú na ngnéithe digiteacha i réimse na hóige a fheabhsú go leanúnach. Gníomhaíonn Lárionad Acmhainní Digiteacha SALTO mar mhol eolais fianaisebhunaithe i réimse an oideachais agus na hoiliúna digití agus na hóige, agus eolas i réimse a shainordaithe a dhíriú ar an gclár agus ar bheartais a fhorbairt chomh maith. Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí SALTO Digiteach:

- Cáilíocht agus tionchar thionscadail agus ghníomhaíochtaí an chláir a mhéadú, lena ndírítear ar na tosaíochtaí digiteacha;
- Cuidiú le cur chun feidhme, monatóireacht agus bearta leantacha na tosaíochta óige mar a shainítear i gClár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;
- Ról lárnach a imirt maidir leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a threorú chun na tosaíochtaí digiteacha a chur chun feidhme go rathúil chomh maith le hanailís agus meastóireacht tionchair a dhéanamh ar thionscadail lena ndírítear ar thosaíochtaí digiteacha an chláir, rud a chuireann le forbairt beartais agus fóraim páirtithe leasmhara agus go háirithe leis an Mol Eorpach maidir leis an Oideachas Digiteach.

**RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS EOLAS SALTO**

Le Lárionad Acmhainní SALTO um Rannpháirtíocht agus Eolas, tacaítear le rannpháirtíocht ghníomhach eolasach sa saol daonlathach agus sa rannpháirteachas saoránach, faoi threoir luachanna Eorpacha sa chlár tríd síos. Cuimsítear an méid seo a leanas ina chuid oibre:

- Treoraíocht a fhorbairt le haghaidh iarratasóirí agus tairbhithe, go háirithe chun rannpháirtíocht daoine óga i gcinnteoireacht dhaonlathach agus rannpháirtíocht na hóige sa saol sibhialta agus sóisialta a chothú trí obair dheonach nó trí ról a ghlacadh in eagraíochtaí óige;
- treoraíocht agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh gach Gníomhaireachta Náisiúnta maidir le straitéisí úrscothacha chun freastal ar líon níos airde daoine óga, cáilíocht agus tionchar na ngníomhaíochtaí eolais a mhéadú, chomh maith leis an gcuimsitheacht agus an inbhuanaitheacht a bhaineann leo agus inaistritheacht torthaí tionscadail.
- Stór na nAcmhainní Rannpháirtíochta[30] a choinneáil ar bun, ar mol eolais é do na daoine uile ar spéis leo an rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú, lena gcuirtear cineálacha éagsúla ábhar foghlama, sonraí, inspioráide, uirlisí praiticiúla agus nuachta reatha ar fáil faoin rannpháirtíocht dhaonlathach agus topaicí gaolmhara.

**OILIÚINT AGUS COMHAR SALTO**

Díríonn an Lárionad Acmhainní SALTO maidir le hOiliúint agus Comhar ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha agus nuálacha a fhorbairt chun an cur chuige cáilíochta foriomlán a chinntiú i leith straitéisí agus gníomhaíochtaí oiliúna agus foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint ar fud na hEorpa, mar shampla tríd an méid a leanas:

- Próisis, gníomhaíochtaí agus uirlisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh de Straitéis Youthpass le haghaidh aitheantas agus bailíochtú gníomhaíochta foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a thacú agus a chur chun cinn;

30 https://participationpool.eu/

- Cáilíocht tionscadal óige a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna, uirlisí agus foilseacháin phraiticiúla agus treoraíocht;
- Ardán a chur ar fáil leis chun tacú le Gníomhaíochtaí Líonraithe i réimse na hóige;
- Bainistiú shuíomh gréasáin líonra SALTO agus na n-uirlisí gaolmhara a chomhordú;
- Tacaíocht a sholáthar do bhaill foirne Gníomhaireachtaí Náisiúnta ina gcuid oibre le Gníomhaíochtaí Líonraithe, le Youthpass, agus trí rannchuidiú leis an gcreat um Bainistíocht Eolais agus Oiliúint Foirne.

**LÁRIONAID ACMHAINNÍ RÉIGIÚNACHA SALTO**

Leis na trí SALTO réigiúnacha: SALTO **OIRDHEISCEART NA hEORPA**, SALTO **OIRTHEAR NA hEORPA** agus SALTO **EUROMED**, déanann siad comhar straitéiseach agus nuálach a chothú idir páirtithe leasmhara ó Bhallstáit an Aontais agus ó thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár agus o thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár in Erasmus+ agus sa Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, agus déanann siad an méid seo a leanas:

- Cainníocht, cáilíocht agus tionchar tionscadal agus comhpháirtíochtaí a mhéadú a thuilleadh;
- An Lipéad Cáilíochta a dhámhachtain agus monatóireacht a dhéanamh air sna tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár;
- An Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta a dhéanamh sna tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár;
- Tacú leis an obair óige agus forbairt na mbeartas óige i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár sna Balcáin Thiar, i gComhpháirtíocht an Oirthir agus sa Rúis agus sa Mheánmhuir Theas, faoi seach.

## LÁRIONAD ACMHAINNÍ AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH

Is é is aidhm do Lárionad Acmhainní an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh cabhrú leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta, na heagraíochtaí rannpháirteacha agus na daoine óga atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun cur le cáilíocht chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na ngníomhartha dlúthpháirtíochta. Cuimsítear lena chuid oibre:

- Cúrsaí oiliúna, cuairteanna staidéir, fóraim, comhar agus gníomhaíochtaí forbartha comhpháirtíochta a eagrú;
- Forbairt agus doiciméadú a dhéanamh ar mhodhanna agus uirlisí oiliúna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo;
- Foilseacháin agus treoraíocht phraiticiúil a eisiúint faoin mbealach a bhféadfadh dlúthpháirtíocht, mar luach Eorpach, tionchar a imirt ar phobail áitiúla agus ar phobail níos mó agus a bhféadfadh sí a bheith ina huirlis chun dul i ngleic le géarchéimeanna atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo;
- Fianaise a bhailiú agus faireachán agus anailís a dhéanamh ar an dea-chleachtas agus ar bhacainní le linn an chur chun feidhme;
- Rannchuidiú leis na naisc agus na sineirgí idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus beartas óige an Aontais; tacú leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta i bhforbairt agus i gcur chun feidhme gníomhaireachtaí líonraithe;
- Gníomhú mar phointe lárnach tacaíochta chun Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus SALTOnna a thabhairt le chéile chun machnamh a dhéanamh agus feabhas a chur ar ghnéithe áirithe a bhaineann le cur chun feidhme an Chóir;
- Rannchuidiú le líonra pobal laistigh de chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fhorbairt, agus eagraíochtaí, meantóirí, oiliúnóirí TEC etc. san áireamh.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag: https://www.salto-youth.net/rc/solidarity/

## LÍONRA EURODESK

Tacaítear le líonra Eurodesk tríd an gClár Erasmus+ agus tairgeann sé seirbhísí eolais do dhaoine óga, agus dóibh siúd a oibríonn leo maidir le deiseanna Eorpacha i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige, agus rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí Eorpacha.

Tá Eurodesk suite i ngach tír rannpháirteach den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus déantar é a chomhordú ar an leibhéal Eorpach le hOifig Eurodesk na Bruiséile, agus ina theannta sin, tairgeann líonra Eurodesk seirbhísí freagartha fiosrúcháin, eolas ar mhaoiniú, imeachtaí agus foilseacháin. Rannchuidíonn sé le beocht a chur i dTairseach Eorpach na hÓige freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Eurodesk, téigh chuig: http://www.eurodesk.eu.

## TAIRSEACH EORPACH NA hÓIGE

Le Tairseach Eorpach na hÓige tairgtear eolas agus deiseanna Eorpacha agus náisiúnta a bheadh ina n-ábhair spéise do dhaoine óga atá ina gcónaí, atá ag foghlaim agus atá ag oibriú san Eoraip. Soláthraítear eolas in 28 dteanga léi.

Chun teacht ar Thairseach Eorpach na hÓige, téigh chuig: https://youth.europa.eu.

Tá Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhtháite i dTairseach Eorpach na hÓige agus is féidir í a rochtain tríd an roghchlár **Tionscnaimh an Aontais**.

# CÉ A FHÉADFAIDH A BHEITH RANNPHÁIRTEACH SA CHÓR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH?

Daoine óga atá i spriocphobal an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Cé is moite de Thionscadail Dlúthpháirtíochta ar féidir le daoine óga iarratas a dhéanamh orthu go díreach, bíonn daoine óga rannpháirteach sa Chór trí eagraíochtaí, institiúidí nó comhlachtaí poiblí nó príobháideacha a mbíonn gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta á n-eagrú acu. Mar sin, tá baint ag an dá pháirtí seo a leanas le coinníollacha rochtana an Chóir: na 'rannpháirtithe' (daoine óga atá rannpháirteach sa Chór) agus na 'heagraíochtaí'. I gcás na rannpháirtithe agus na n-eagraíochtaí rannpháirteacha araon, braitheann na coinníollacha rannpháirtíochta ar an tír ina bhfuil siad bunaithe go dlíthiúil agus ar an nGníomhaíocht lena mbaineann. Sonraítear na coinníollacha sin i gCuid B agus C den Treoir seo, faoi gach Gníomhaíocht shonrach.

## RANNPHÁIRTHITHE

Léiríonn daoine óga a dtoilteanas chun páirt a ghlacadh sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach trí chlárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Is féidir le daoine óga clárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus iad 17 mbliana d'aois, ach ní mór do rannpháirtithe a bheith 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 30 bliain d'aois ar dháta tosaithe na gníomhaíochta. I gcás rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil, is é 35 bliana d'aois an uasteorainn aoise ag tús na gníomhaíochta.

## EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA

Eagraíochtaí rannpháirteacha a dhéanann tionscadail den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chur isteach agus a chur chun feidhme den chuid is mó. Eagraíochtaí atá rannpháirteach i dtionscadail an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ní mór dóibh a bheith bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

## TÍORTHA INCHÁILITHE[31]

Is féidir le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár páirt iomlán a ghlacadh i nGníomhaíochtaí go léir an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ina theannta sin, tá Gníomhaíochtaí áirithe oscailte le haghaidh rannpháirtíocht tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Féach na Gníomhaíochtaí i gCuid B agus i gCuid C den Treoir seo le haghaidh na gcoinníollacha sonracha.

[31] Is féidir le heintitis ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus le daoine atá ina gcónaí iontu go dleathach páirt iomlán a ghlacadh i ngach Gníomhaíocht den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán, is féidir na tríú tíortha seo a leanas nach bhfuil san Aontas a chomhlachú leis an gclár faoi réir comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin: comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) atá ina gcomhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (EEA); stáit aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, is féidir le heintitis ó thríú tíortha eile agus le daoine a bhfuil cónaí orthu iontu a bheith incháilithe i ndáil le Gníomhaíochtaí áirithe i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus atá chun leas an Aontais.

## BALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH AGUS TRÍÚ TÍORTHA ATÁ COMHLACHAITHE LEIS AN gCLÁR

| Ballstáit an Aontais Eorpaigh (AE)[i] | | | |
|---|---|---|---|
| an Bheilg | an Ghréig | an Liotuáin | an Phortaingéil |
| an Bhulgáir | an Spáinn | Lucsamburg | an Rómáin |
| an tSeicia | an Fhrainc | an Ungáir | an tSlóivéin |
| an Danmhairg | an Chróit | Málta | an tSlóvaic |
| an Ghearmáin | an Iodáil | an Ísiltír | an Fhionlainn |
| an Eastóin | an Chipir | an Ostair | an tSualainn |
| Éire | an Laitvia | an Pholainn | |

| Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár[ii] | | | |
|---|---|---|---|
| an Íoslainn | Lichtinstéin | an Mhacadóin Thuaidh | an Tuirc |

## TRÍÚ TÍORTHA NACH BHFUIL COMHLACHAITHE LEIS AN gCLÁR

| Tíortha CSTE |
|---|
| an Iorua |

| Tríú tíortha atá dtíortha comharsanacha de chuid an Aontais | | | |
|---|---|---|---|
| **Na Balcáin Thiar (Réigiún 1)** | **Comharsanacht an Oirthir (Réigiún 2)** | **Tíortha i nDeisceart na Meánmhara (Réigiún 3)** | **Cónaidhm na Rúise (Réigiún 4)** |
| an Albáin<br>an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin<br>an Chosaiv[iii]<br>Montainéagró<br>an tSeirbia | an Airméin<br>an Asarbaiseáin<br>an Bhealarúis[iv]<br>an tSeoirsia[v]<br>an Mholdóiv<br>Críoch na hÚcráine mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta | an Ailgéir<br>an Éigipt<br>Iosrael[vi]<br>an Iordáin<br>an Liobáin<br>an Libia<br>Maracó<br>an Phalaistín[vii]<br>an tSiria<br>an Túinéis | Críoch na Rúise[viii] mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta |

| Tíortha óstacha le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil |
|---|
| Tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil agus nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta ná neamh-idirnáisiúnta leanúnach ar siúl iontu: ról óstaigh le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil |

i De réir Airteagal 33.3 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle maidir le Comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach, cinnteoidh an tAontas go mbeidh daoine aonair agus eagraíochtaí ó thíortha agus críocha thar lear nó chucusan incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar 'stádas mar Bhallstát den Aontas Eorpach nó mar thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár', faoi réir rialacha an Chláir agus na socruithe is infheidhme maidir leis an mBallstát lena bhfuil na tíortha agus críocha thar lear sin nasctha. Tá liosta de na tíortha agus críocha thar lear le fáil ag: https://international-partnerships.ec.europa.eu/countries/overseas-countries-and-territories_en.

ii Faoi réir shíniú na gComhaontuithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin.

iii Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

iv I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 agus i bhfianaise na bainte a bhí ag an mBealarúis le fogha míleata na Rúise faoin Úcráin, a aithníodh i gConclúidí na Comhairle Eorpaí i mí Feabhra 2022, chuir an tAontas stop leis an idirphlé le hionadaithe comhlachtaí poiblí agus fiontar faoi úinéireacht stáit sa Bhealarúis. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar chúrsaí féadfar machnamh a dhéanamh air sin arís. Idir an dá linn, leanann an tAontas de bheith i dteagmháil le gníomhairí neamhstáit, áitiúla agus réigiúnacha agus, a mhéid is féidir, chuir sé dlús faoin tacaíocht dóibh, lena n-áirítear faoi chuimsiú an chláir seo de réir mar is iomchuí. Ar chúiseanna slándála, cé gur féidir soghluaisteacht daoine óga Rúiseacha a cheadú, ní cheadaítear aon ghluaiseacht do Chónaidhm na Rúise.

v I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 agus mar fhreagairt ar fhorbairtí polaitiúla sa tSeoirsia, rinne an tAontas athmheas maidir le cúnamh airgeadais a théann chun tairbhe údaráis na Seoirsia go díreach. Agus Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh á chur san áireamh, ní mheastar gur chun leas an Aontais é cúnamh airgeadais díreach ón gClar chuig údaráis na Seoirsia — údaráis ba cheart a thuiscint mar an rialtas láir, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí agus fiontair faoi úinéireacht stáit. Dá bhrí sin, níl údaráis na Seoirsia incháilithe faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí faoin treoir seo.

vi Beidh feidhm leis na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i bhfógra Uimh. 2013/C-205/05 (IO AE C-205 an 19/7/2013, lgh. 9–11) ón gCoimisiún maidir le gach gníomhaíocht a chuirtear chun feidhme tríd an Treoirleabhar seo, lena n-áirítear maidir le tríú páirtithe a fhaigheann tacaíocht airgeadais i gcásanna ina mbaineann an ghníomhaíocht ábhartha le tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe ó thairbhithe deontais i gcomhréir le hAirteagal 207 de Rialachán Airgeadais an Aontais.

vii Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an tsaincheist sin.

viii Féach Airteagal 5 l de Rialachán (AE) 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine:

1. Beidh toirmeasc ar thacaíocht a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais nó aon sochar eile faoi chlár agus faoi chonarthaí náisiúnta an Aontais, Euratom nó na mBallstát de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle:

a) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;

b) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas: e) malartuithe soghluaisteachta do dhaoine aonair agus teagmhálaithe duine le duine.

Ar chúiseanna slándála, cé gur féidir soghluaisteacht daoine óga Rúiseacha a cheadú, ní cheadaítear aon ghluaiseacht do Chónaidhm na Rúise.

# CUID B – RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE ÓGA I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA

Sa chuid seo, gheobhaidh léitheoirí an t-eolas seo a leanas maidir leis na Gníomhaíochtaí agus na gníomhartha faoin snáithe seo a chuimsítear leis an Treoir don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach:

- tuairisc ar a gcuspóirí agus ar dtionchar measta;
- tuairisc ar na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo;
- táblaí ina gcuirtear i láthair na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thograí;
- eolas breise ar ghnéithe cáilíochta gníomhaíochtaí;
- tuairisc ar na rialacha maoiniúcháin.

Sula gcuirtear iarratas isteach, moltar do na hiarratasóirí léamh tríd an roinn uile maidir leis an nGníomhaíocht faoinar mian leo iarratas a chur isteach.

## CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A dTACAÍTEAR LEO?

D’fhéadfaí tacú leis na Gníomhaíochtaí seo a leanas agus cuimsítear iad sa roinn seo:

- Tionscadail Oibre Deonaí;
- Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta;
- Tionscadail Dlúthpháirtíochta;
- Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil.

Cuimsítear freisin sa roinn seo an t-eolas agus na critéir ábhartha go léir le haghaidh an Lipéid Cáilíochta, ar réamhriachtanas é chun páirt a ghlacadh i dTionscadail Oibre Deonaí agus i bhFoirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta.

I gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, leis na gníomhaíochtaí thuas a dtacaítear leo faoin gClár, meastar go mbeidh tionchar dearfach fadmharthanach acu ar na rannpháirtithe agus ar na heagraíochtaí rannpháirteacha lena mbaineann, agus ar na pobail ina mbíonn na gníomhaíochtaí sin ar siúl.

A mhéid a bhaineann le rannpháirtithe, tá sé d’aidhm ag na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, chomh maith le haon ghníomhaíocht eile lena dtacaítear a bhaineann leo (mar shampla, bearta cáilíochta agus tacaíochta), na príomhthorthaí seo a sholáthar:

- scileanna agus inniúlachtaí feabhsaithe le haghaidh forbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, shibhialta, chultúrtha agus ghairmiúil;
- rannpháirtíocht níos gníomhaí sa saol daonlathach agus sa tsochaí trí chéile;
- infhostaitheacht fheabhsaithe agus aistriú isteach i margadh an tsaothair;
- braistint tionscnaíochta agus fiontraíochta mhéadaithe;
- méadú ar an bhféinchumasú agus ar an bhféinmheas;

- inniúlachtaí teanga iasachta feabhsaithe;
- feasacht idirchultúrtha fheabhsaithe;
- feasacht níos mó ar an tionscadal Eorpach agus ar luachanna coiteanna an Aontais;
- spreagadh níos mó le haghaidh rannpháirtíocht bhreise i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta.

Meastar go dtiocfaidh na torthaí seo a leanas ar eagraíochtaí rannpháirteacha as gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dtacaítear leo:

- inniúlacht mhéadaithe chun oibriú ar leibhéal an Aontais/ar an leibhéal idirnáisiúnta;
- bealach nuálach agus feabhsaithe chun feidhmiú i leith a spriocghrúpaí;
- tuiscint níos mó ar an éagsúlacht agus freagrúlacht níos mó ina leith (éagsúlacht shóisialta, theangeolaíoch, chultúrtha, inscne agus eitneach, míchumais etc.);
- timpeallacht atá níos nua-aimseartha, dinimiciúla, tiomanta agus gairmiúla laistigh de na heagraíochtaí.

A mhéid a bhaineann le pobail ina gcuirtear chun feidhme na gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dtacaítear leo, tá coinne leis na torthaí seo a leanas:

- cumas níos mó dul i ngleic le dúshláin shochaíocha;
- tuiscint níos mó ar an éagsúlacht agus freagrúlacht níos mó ina leith (éagsúlacht shóisialta, theangeolaíoch, chultúrtha, inscne agus eitneach, míchumais etc.);

San fhadtéarma, meastar go mbeidh tionchar dearfach ag éifeacht na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a dtacaítear leo trí chéile ar líon mór páirtithe leasmhara i mBallstáit an Aontais agus i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár.

# Lipéad Cáilíochta le hAghaidh Obair Dheonach

## Cad é an Lipéad Cáilíochta?

Próiseas atá sa Lipéad Cáilíochta lena ndeimhnítear go bhfuil sé ar a cumas ag eagraíocht agus go bhfuil sí toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ardcháilíochta a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail, cuspóirí agus caighdeáin cháilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Is dámhachtain neamhbhuiséadach é Lipéad Cáilíochta a ghnóthú, agus is réamhriachtanas d'eagraíocht é chun páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht a dtacaíonn an Cór léi. Cé nach gcuireann sé rochtain uathoibríoch ar mhaoiniú ar fáil, déanann sé an próiseas iarratais ar dheontas a shimpliú ina chéimeanna ar leithligh agus ar an gcaoi sin éascaítear rochtain níos éasca ar mhaoiniú d'iarratasóirí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu.

## Cad iad na cineálacha éagsúla Lipéid Cáilíochta atá ann?

Is ann do thrí chineál Lipéid Cáilíochta, ag brath ar an ról nó na róil is mian leis an eagraíocht a ghlacadh sa phróiseas:

- **Ról óstaigh** – cumhdaítear an raon iomlán gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtí a óstáil, agus forbairt cláir de ghníomhaíochtaí an duine óig agus treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt don rannpháirtí i gcaitheamh na gcéimeanna go léir de réir mar is iomchuí san áireamh;
- **Ról tacaíochta** – cuimsítear tacú le rannpháirtithe, iad a ullmhú agus/nó oiliúint a chur orthu roimh dóibh imeacht, idirghabháil idir iad agus na hósteagraíochtaí agus/nó tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe ar fhilleadh abhaile ón ngníomhaíocht dóibh;
- **Ról ceannaire** — le haghaidh eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar dheontais, agus a dhéanann tionscadail oibre deonaí a bhainistiú agus a chomhordú. Ní féidir an ról seo a dhámhachtain go neamhspleách, ní mór Lipéad Cáilíochta a bheith ag eagraíochtaí i ndáil le hóstáil/tacaíocht chun gníomhú i gcáil an cheannaire. Tá eolas breise ar na ceanneagraíochtaí le fáil sa roinn 'Cad é an Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí?' thíos.

## Cén chaoi a n-oibríonn sé?

Braitheann na riachtanais chun an Lipéad Cáilíochta a bhaint amach ar an gcineál Lipéid Cáilíochta a iarrtar.

Dámhtar an lipéad cáilíochta tar éis próiseas roghnúcháin atá idir chóir agus trédhearcach a dhéanann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta, agus tá trí phríomhchéim leis: iarratas ar an Lipéad Cáilíochta a chur isteach, measúnú agus dámhachtain.

Féadfar iarratais ar an Lipéad Cáilíochta a chur isteach ar bhonn leanúnach (is é sin ag am ar bith). Cuirfidh na heagraíochtaí foirmeacha iarratais isteach trí na codanna a líonadh isteach atá ábhartha do na róil is mian leo a ghlacadh leis an Lipéad Cáilíochta.

Déanann an Ghníomhaireacht Náisiúnta measúnú ar na hiarratais in aghaidh critéir incháilitheachta, critéir roghnúcháin, eisiaimh agus dámhachtana (féach Cuid E den Treoir seo chun tuilleadh eolais a fháil ar an gcritéar deiridh sin). Tá dámhachtain an Lipéid Cáilíochta neamhbhuiséadach.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cuairteanna monatóireachta agus seiceálacha foirmiúla nó gníomhaíochtaí eile a eagrú chun measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta is iarratasóir urramú na gcaighdeán cáilíochta is gá, agus tacaíocht a sholáthar. Féadfaidh seiceálacha foirmiúla a bheith i bhfoirm

seiceálacha deisce nó cuairteanna ar an eagraíocht. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta cúnamh a iarraidh ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta eile nó ó shaineolaithe seachtracha i dtíortha eile chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais agus chun iad a sheiceáil.

Dámhtar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh fhad iomlán na clárthréimhse, faoi réir chomhlíonadh leanúnach na riachtanas. Mura dtarraingeofar siar é, beidh an Lipéad Cáilíochta bailí go dtí deireadh na gníomhaíochta deiridh ina bhfuil an eagraíocht páirteach mar chomhpháirtí, a chuirtear chun feidhme trí dheontas de chuid na clárthréimhse atá ann faoi láthair. Déanfaidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta monatóireacht ar an gcomhlíontacht agus féadfaidh siad athmheasúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh.

Eagraíochtaí nach bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí acu, is féidir leo gníomhú mar chomhpháirtithe i dtionscadail ach ní féidir leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú.

Chun go mbeidh sé níos éasca teacht ar chomhpháirtithe, foilsítear próifíl gach eagraíochta ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta ar bhunachar d'eagraíochtaí[32] ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta.

Nuair a dhámhfar Lipéad Cáilíochta ar eagraíochtaí, beidh fáil acu ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus tugtar cuireadh dóibh gníomhaíochtaí oibre deonaí a fhoilsiú a bhfuil rannpháirtithe á lorg acu lena n-aghaidh. Ní mór d'eagraíochtaí úsáid a bhaint as bunachar sonraí Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun rannpháirtithe féideartha a chuardach. Foilsítear an t-eolas sa bhunachar sonraí faoi mar a scríobhtar í ar an bhfoirm iarratais ar an Lipéad Cáilíochta.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ RÉAMHSHAINITHE AGUS SUÍOMHANNA

Eagraíocht a dhéanann iarratas ar an Lipéad Cáilíochta ag a bhfuil ról óstaigh, ní mór di gníomhaíochtaí réamhshainithe a dhearbhú, is é sin gníomhaíochtaí caighdeánacha ina bhfuil oibrithe deonacha páirteach mar aon le sraith cúraimí a dhéanfaidh siad san eagraíocht.

Eagraíochtaí a chuireann isteach ar ról óstaigh, féadfaidh siad suíomhanna a dhearbhú freisin agus iarratas á dhéanamh acu ar Lipéad Cáilíochta. Is é is suíomh ann áit a reáchtáiltear na gníomhaíochtaí le haghaidh líon sonrach oibrithe deonacha. Ní mór suíomh a bheith faoi fhreagracht dhlíthiúil agus bhainistíochta na heagraíochta óstaí. Mar réamhshocrú, meastar príomhsheoladh na hósteagraíochta mar an chéad suíomh ach féadfaidh eagraíochtaí oibrithe deonacha a dhearbhú agus a óstáil i mbreis is aon suíomh amháin. Féadfaidh eagraíochtaí gníomhaíocht a eagrú le haghaidh oibrithe deonacha a n-óstáiltear iad i suíomhanna éagsúla, ar choinníoll nach sáraítear an acmhainneacht óstála i dtéarmaí an líon oibrithe deonacha. Maidir le hoiriúnacht na suíomhanna chun freastal ar ghníomhaíochtaí oibre deonaí, ba cheart í a léiriú san iarratas ar an Lipéad Cáilíochta. Déanfaidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta measúnú ar gach suíomh a dhearbhaítear in aghaidh na gcritéar dámhachtana. Ní mór do na suíomhanna go léir a bheith sa tír chéanna ina bhfuil an ósteagraíocht bunaithe.

Na gníomhaíochtaí réamhshainithe ina mbeidh na hoibrithe deonacha páirteach, i dtéarmaí cúraimí atá le déanamh, ní mór iad a shainiú le haghaidh gach suímh freisin.

## CAD IAD NA PRIONSABAIL AGUS NA CAIGHDEÁIN CHÁILÍOCHTA?

Ráthaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach gníomhaíochtaí oibre deonaí ardcháilíochta, trí phróiseas an Lipéid Cáilíochta. Bunaítear na gníomhaíochtaí ar chomhthuiscint ar phríomhphrionsabail agus ar phríomhchaighdeáin, mar shampla:

- **Na caighdeáin eiticiúla is airde.** Ní mór gníomhaíochtaí oibre deonaí a eagrú ag cur san áireamh luachanna agus prionsabail eiticiúla an Aontais a leagtar béim orthu in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i ndlí eile is infheidhme de chuid an Aontais, an dlí idirnáisiúnta agus an dlí náisiúnta (lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679).
- **Deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealú**. Roghnófar oibrithe deonacha ar bhealach cóir, trédhearcach agus oibiachtúil, gan beann ar inscne, bunadh eitneach, creideamh, gnéaschlaonadh, tuairimí polaitiúla nó

32 https://youth.europa.eu/volunteering/organisations_en

míchumas. Ní bheidh gá le haon cháilíocht, leibhéal oideachais, taithí shonrach nó eolas ar theanga. D'fhéadfaí próifíl níos sonraí den oibrí deonach a dhréachtú dá mbeadh údar leis de réir nádúr chúraimí na gníomhaíochta nó de réir chomhthéacs an tionscadail. Ní mór an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí a bheith **saor in aisce** don oibrí deonach. Leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart go n-urramófar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

- **Ionadú poist a sheachaint**. Ní chuirfear gníomhaíochtaí oibre deonaí in ionad cúrsaí oiliúna ná poist, ionas go seachnófar aon éifeacht dhíobhálach ar fhostaíocht íoctha atá ann faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith ann. Le rannpháirtíocht oibrithe deonacha, ba cheart go gcomhlánófar obair na mball foirne ar íocaíocht. Níor cheart iad a chur in ionad ball foirne ar íocaíocht ná níor cheart go mbainfí an bonn d'íocaíocht nó de choinníollacha seirbhíse na mball foirne leo.
- **Gníomhaíochtaí díobhálacha a sheachaint**. Ní mór slándáil agus sábháilteacht na rannpháirtithe, na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na spriocghrúpaí a chinntiú. Ba cheart ceanglais iomchuí imréitigh do rannpháirtithe a oibríonn le grúpaí leochaileacha a áireamh i slándáil agus sábháilteacht den sórt sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Ba cheart gníomhaíochtaí oibre deonaí a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar thionchar imthosca gan choinne mar shampla géarchéimeanna comhshaoil, coinbhleachtaí nó paindéimí. Ba cheart leis na gníomhaíochtaí cloí leis na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint[33].
- **Soláthar gníomhaíochtaí ardcháilíochta ionchuimsitheacha a bhfuil fáil éasca orthu**. Leis na cúraimí oibre deonaí, ba cheart a chur ar a gcumas do na rannpháirtithe scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt le haghaidh a bhforbartha pearsanta, sóisialta agus sibhialta. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí oibrithe deonacha a leabú laistigh den chomhthéacs áitiúil agus idirghníomhú oibrithe deonacha leis an bpobal áitiúil agus leis an tsochaí shibhialta a éascú. Ba cheart luach agus tairbhí na hoibre deonaí leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a aithint le haghaidh oibrithe deonacha, trí thorthaí foghlama a aithint agus a dhoiciméadú, trí Youthpass más féidir.
- **Socruithe sásúla le haghaidh oiliúna agus obair dheonach**. Ní mór dálaí sábháilte cuibhiúla maireachtála agus oibre deonaí a chinntiú le haghaidh rannpháirtithe. Ní mór do na daoine óga agus na heagraíochtaí comhaontú oibre deonaí a shíniú ina dtabharfar achoimre ar chearta agus ar fhreagrachtaí an dá pháirtí agus ina gcuimseofar sraith dhea-shainithe cúraimí oibre deonaí.
- **An neamhbhrabús**. I gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais, ní bhainfidh tairbhithe aon bhrabús as na gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na deontais a dhámhtar (féach cuid E den Treoirleabhar seo chun tuilleadh sonraí a fháil). Ina theannta sin, ba cheart d'eagraíochtaí caiteachas na rannpháirtithe a eascraíonn as rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta den sórt sin a chumhdach ach níor cheart d'eagraíochtaí tuarastail ná sochar eacnamaíoch a thabhairt dóibh.

De bhreis ar na prionsabail thuas a chomhlíonadh, eagraíochtaí a chuireann gníomhaíochtaí oibre deonaí chun feidhme, ní mór dóibh an tsraith cúraimí agus freagrachtaí seo a leanas a dhéanamh.

Agus iarratas á dhéanamh acu ar Lipéad Cáilíochta, ní mór é a bheith ar a gcumas d'eagraíochtaí a n-inniúlacht a léiriú chun na cúraimí agus na freagrachtaí a dhéanamh atá ábhartha don ról ar a bhfuil iarratas á dhéanamh acu.

## CÚRAIMÍ AGUS FREAGRACHTAÍ EAGRAÍOCHTAÍ A BHFUIL LIPÉAD CÁILÍOCHTA ACU

| | |
|---|---|
| **Bainistíocht** *(Ceanneagraíocht)* | • Comhordú éifeachtach ar an tionscadal a chinntiú i gcomhar le gach eagraíocht rannpháirteach eile;<br>• A chinntiú go gcloíonn gach eagraíocht a ghlacann páirt sa tionscadal leis na prionsabail oibre deonaí agus na caighdeáin cháilíochta;<br>• Na hiarrataí ar dheontais a chur isteach agus freagracht airgeadais agus riaracháin a ghlacadh as an tionscadal go léir i leith na Gníomhaireachta Náisiúnta;<br>• Na cúraimí riaracháin go léir nó cuid de na cúraimí riaracháin atá ar eagraíocht(aí) eile atá páirteach a dhéanamh;<br>• An deontas a dháileadh idir na heagraíochtaí go léir;<br>• Monatóireacht, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh i gcomhréir le próisis an chláir; |

[33] https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/internal-security/organised-crime-and-human-trafficking/together-against-trafficking-human-beings

| | |
|---|---|
| | • Gníomhaíochtaí scaipthe agus gníomhaíochtaí eolais a dhéanamh. |
| **Roimh Gníomhaíocht** *(Ról tacaíochta)* | ▪ Iarrthóirí cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a roghnú agus a mheaitseáil nó tacú leis na hiarrthóirí cláraithe deiseanna oiriúnacha a aimsiú (is féidir leis an ósteagraíocht an cúram sin a dhéanamh freisin);<br>• A chinntiú go síníonn an t-oibrí deonach comhaontú oibre deonaí ina bhfuil gné foghlama agus oiliúna;<br>• An t-oibrí deonach a spreagadh chun clárú le haghaidh na hOiliúna Ginearálta ar Líne a chuirtear ar fáil ar ardán Acadamh an Aontais agus a bhfuil rochtain uirthi trí thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus páirt a ghlacadh san oiliúint sin;<br>▪ A chinntiú go dtugtar tacaíocht don oibrí deonach chun ullmhú teanga a dhéanamh (más infheidhme, tacaíocht chun an Tacaíocht Teanga ar Líne agus an measúnú arna soláthar ag an gCoimisiún a dhéanamh);<br>▪ Ullmhúchán sásúil a sholáthar don oibrí deonach roimh imeacht dó, de réir riachtanais an duine agus i gcomhréir leis an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta (is féidir leis an ósteagraíocht an cúram sin a dhéanamh i gcásanna sonracha);<br>• Rannpháirtíocht an oibrí dheonaigh sa seisiún oiliúna réamhimeachta a chinntiú, más rud é gurb í an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó SALTO a eagraíonn an seisiún sin;<br>• A chinntiú go bhfuil an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte ag an oibrí deonach agus go gcumhdaítear é faoin bplean árachais éigeantaigh dá bhforálann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach (más infheidhme);<br>• A chinntiú go bhfaigheann an t-oibrí deonach Pacáiste Eolais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>• Fanacht i dteagmháil leis an oibrí deonach agus leis an ósteagraíocht ar feadh na gníomhaíochta. |
| **I rith na gníomhaíochta** *(Ról an óstaigh)* | *Foghlaim, meantóireacht agus tacaíocht*<br>▪ A chinntiú go bhfreastalaíonn an t-oibrí deonach ar an Timthriall iomlán Oiliúna agus Meastóireachta (más infheidhme);<br>▪ A chinntiú go mbaineann an t-oibrí deonach úsáid chuí as an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, agus nach n-úsáideann sé an scéim árachais ach amháin nuair is gá de réir na n-imthosca (más infheidhme);<br>▪ An deis a thabhairt don oibrí deonach sraith dhea-shainithe cúraimí a dhéanamh, lenar féidir cuid de smaointe, cruthaitheacht agus taithí an oibrí dheonaigh a chomhtháthú;<br>▪ Deiseanna soiléire foghlama a shainaithint le haghaidh an oibrí dheonaigh agus in éineacht leis;<br>▪ Tacaíocht, maoirseacht agus treoraíocht a bhaineann leis an gcúram a sholáthar don oibrí deonach;<br>▪ Tacaíocht a sholáthar do na hoibrithe deonacha chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus a dtorthaí foghlama a shainaithint agus a thaifeadadh, trí uirlisí bailíochtaithe an Aontais, go háirithe Youthpass nó Europass, nó uirlisí náisiúnta (is féidir leis an eagraíocht tacaíochta an cúram sin a dhéanamh freisin);<br>▪ Tacú leis na hoibrithe deonacha a thugann faoi chúrsaí teanga, más gá;<br>▪ Meantóir a shainaithint atá freagrach as na rudaí seo a leanas a sholáthar do na hoibrithe deonacha:<br>– tacaíocht chun féinmhachnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim<br>– tacaíocht phearsanta<br>▪ Teagmháil le rannpháirtithe eile an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a spreagadh aon uair is féidir;<br>▪ Deiseanna a sholáthar le haghaidh imeascadh sa phobal áitiúil, bualadh le daoine eile, etc. |

| | |
|---|---|
| | *Dálaí maireachtála agus oibre*<br>• Lóistín oiriúnach agus béilí sláintiúla (nó liúntas bia) a sholáthar don oibrí deonach, i rith na laethanta saoire san áireamh;<br>• A chinntiú go mbíonn modhanna iompair áitiúil ar fáil don oibrí deonach;<br>• An liúntas atá dlite don oibrí deonach a thabhairt dó gach seachtain nó mí. |
| **Tar éis na gníomhaíochta**<br>*(Ról tacaíochta)* | • Tacaíocht a sholáthar le haghaidh athimeascadh an oibrí dheonaigh sa phobal baile;<br>• An deis a thabhairt don oibrí deonach eispéiris agus torthaí foghlama a mhalartú agus a chomhroinnt;<br>• Rannpháirtíocht an oibrí dheonaigh i scaipeadh agus i saothrú na dtorthaí a spreagadh;<br>• Treoraíocht a thabhairt maidir leis an mbreisoideachas, oiliúint nó deiseanna fostaíochta;<br>• Rannpháirtíocht an oibrí dheonaigh a chinntiú in imeacht bliantúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. |

# CAD É AN LIPÉAD CÁILÍOCHTA LE HAGHAIDH CEANNEAGRAÍOCHTAÍ?

Tá Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí ina réamhchoinníoll chun cur isteach ar chistí chun Tionscadail Oibre Deonaí a chur chun feidhme. Iarratasóirí rathúla ar Lipéad Cáilíochta den sórt sin, gheobhaidh siad rochtain shimplithe ar mhaoiniú le haghaidh Tionscadail Oibre Deonaí, mar a thuairiscítear sa roinn ‘Tionscadail’, san fhoroinn ‘Conas maoiniú a fháil’ den Treoir seo, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil agus measúnuithe feidhmíochta.

Iarratasóirí a iarrann ról an cheannaire, ceanglófar orthu a gcuspóirí agus a spriocanna fadtéarmacha, na tairbhí a bhfuil coinne leo, chomh maith lena gcur chuige i leith na bainistíochta tionscadal a leagan síos san fhoirm iarratais. Chun pleanáil réalaíoch a chinntiú, is féidir tréimhse suas le 2 bhliain ar a laghad a chumhdach leis an bplean gníomhaíochta a chuirtear isteach mar chuid den iarratas, agus féadfar é a thabhairt cothrom le dáta é go tréimhsiúil.

Iarratais ar Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí, déanfar iad a mheasúnú in aghaidh critéir incháilitheachta, roghnúcháin, eisiaimh agus dámhachtana. Déanfar measúnú freisin ar an roinn ábhartha den fhoirm iarratais in aghaidh sraith fhorlíontach critéar dámhachtana.

Chun go ndámhfaí Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí, ní mór próisis agus bearta iomchuí agus éifeachtacha a bheith i bhfeidhm ag an iarratasóir chun gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ardcháilíochta a chomhordú agus a chur chun feidhme mar a bheartaítear. Níl rannpháirtíocht roimhe seo sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach ná in Erasmus+ (2014–2020) ina cheanglas le hiarratas a chur isteach.

Braitheann dámhachtain Lipéid Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí ar a bheith rathúil san iarratas ar Lipéad Cáilíochta le haghaidh ról an óstaigh agus/nó an róil tacaíochta (eagraíochtaí comhpháirtíochta).

Eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta i ndáil le hóstáil/tacaíocht acu, is féidir leo cur isteach ar Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíocht am ar bith le linn na clárthréimhse.

# CÉ NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN IARRATAS AR LIPÉAD CÁILÍOCHTA?

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

| | |
|---|---|
| Iarratasóirí incháilithe | Lipéad Cáilíochta — aon eintiteas poiblí nó príobháideach, cibé acu neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár nó le haon eagraíocht idirnáisiúnta.<br>Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí — aon eintiteas poiblí nó príobháideach, cibé acu neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár ar feadh 1 bhliain ar a laghad nó le haon eagraíocht idirnáisiúnta.<br>Ba cheart an t-iarratas ar Lipéad Cáilíochta tagairt don eagraíocht iomlán amháin agus a ranna agus/nó brainsí san áireamh[34]. Níl grúpaí daoine óga incháilithe. |
| Fad bhailíocht an Lipéid Cáilíochta | Tá gach cineál Lipéid Cáilíochta bailí ar feadh fhad iomlán na clárthréimhse 2021–2027, faoi réir monatóireacht ar chomhlíonadh agus athmheasúnuithe tréimhsiúla a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta.<br>Ag deireadh chlárthréimhse 2021–2027, beidh an Lipéad Cáilíochta bailí go dtí deireadh na gníomhaíochta deiridh ina bhfuil an eagraíocht páirteach. Beidh an Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí bailí go dtí deireadh an chomhaontaithe deontais deiridh a shínigh an eagraíocht is tairbhí. |
| Cathain is féidir iarratas a dhéanamh? | Féadfar iarratais a chur isteach ar bhonn leanúnach.<br>Más mian le ceanneagraíochtaí iarratas ar dheontas a chur isteach sa chéad bhabhta de bhliain ina n-eisiatar glao, ní mór dóibh a n-iarratas ar Lipéad Cáilíochta do cheannaire a chur isteach faoin 29 Deireadh Fómhair sa bhliain roimhe sin. |
| Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh? | Ba cheart iarratais a chur isteach chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta sa tír ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe[35] i gcás eagraíochtaí atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár.<br>Eagraíochtaí idirnáisiúnta nach bhfuil bunaithe i mBallstát den Aontas ná i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, féadfaidh siad iarratas a chur chuig aon Ghníomhaireacht Náisiúnta.<br>Ba cheart iarratais a chur chuig an SALTO ábhartha i gcás eagraíochtaí atá bunaithe i dtríú tír agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár:<br>▪ SALTO Oirdheisceart na hEorpa le haghaidh eagraíochtaí atá bunaithe i dtíortha sna Balcáin Thiar;<br>▪ SALTO Oirthear na hEorpa agus réigiún Chugais le haghaidh eagraíochtaí atá bunaithe i dtíortha na Comhpháirtíochta Thoir, i gcríoch na Rúise mar a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta, agus san Iorua;<br>▪ SALTO EuroMed le haghaidh eagraíochtaí atá bunaithe i réigiún na Meánmhara Theas. |

[34] Ní féidir le ranna laistigh d'eagraíocht iarratas a dhéanamh ar Lipéid Cháilíochta ar leithligh. Bronntar Lipéid Cháilíochta ar leibhéal eagraíochta (eintiteas dlítheanach amháin = Lipéad Cáilíochta amháin).

[35] Tabhair faoi deara go gcuireann eagraíochtaí faoi mhaoirseacht údarás áitiúil i dtír eile iarratas isteach chuig Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre maoirseachta.

| | |
|---|---|
| Critéir Eisiaimh | Ní mór dearbhú ar onóir atá sínithe ag an ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais ar an teimpléad atá ar fáil. |

## CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN [MAIDIR LEIS AN LIPÉAD CÁILÍOCHTA LE hAGHAIDH CEANNEAGRAÍOCHTAÍ AMHÁIN]

### ACMHAINN OIBRÍOCHTÚIL

Tá dámhachtain Lipéid Cáilíochta faoi réir measúnú dearfach ar acmhainneacht na heagraíochta chun na cúraimí agus na freagrachtaí ábhartha a dhéanamh. Ní mór acmhainn ghairmiúil agus oibríochtúil shásúil a bheith ag an gceanneagraíocht chun an plean gníomhaíochta beartaithe a dhéanamh.

Fíorófar an acmhainn oibríochtúil bunaithe ar an iarratas (agus eolas maidir le rannpháirtíocht an iarratasóra sa chlár Erasmus+ agus/nó sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach san áireamh) agus ar na doiciméid a cuireadh isteach sa Chóras Clárúcháin Eagraíochta. Iarratasóirí nach soláthraíonn an t-eolas a iarrtar san fhoirm iarratais, féadfar iad a dhiúltú ar an mbonn sin. Coimeádann an Ghníomhaireacht Náisiúnta de cheart aici féin doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh chun an t-eolas san iarratas a fhíorú.

### ACMHAINN AIRGEADAIS

Eagraíochtaí a chuireann isteach ar an lipéad le haghaidh ceanneagraíochtaí, ní mór foinsí cobhsaí oiriúnacha maoiniúcháin a bheith acu chun a ngnáthghníomhaíochtaí a choinneáil ar bun agus an plean gníomhaíochta beartaithe á chur chun feidhme. Mar sin féin, ní sheiceálfar an acmhainneacht airgeadais mar chuid den phróiseas roghnúchán le haghaidh an Lipéid Cáilíochta. Seiceálfar í nuair a dhéanfaidh eagraíochtaí ag a bhfuil an Lipéad Cáilíochta iarratas ar dheontas. Tá tuilleadh eolais i gCuid E den Treoir seo.

## CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Caithfidh bronnadh Lipéad Cáilíochta cloí leis na prionsabail agus na caighdeáin cháilíochta atá luaite thuas. Úsáidfear na critéir dhámhachtana seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar iarratais. Baineann critéir áirithe go sonrach leis an ról ar a bhfuil iarratas á dhéanamh.

| | |
|---|---|
| Ábharthacht | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ tá údair spreagtha na heagraíochta le haghaidh rannpháirtíocht sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach áititheach agus tugtar míniú soiléir orthu;<br>▪ tugann cuspóirí agus gnáthghníomhaíochtaí na heagraíochta aghaidh ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus baineann gné láidir dlúthpháirtíochta leo.<br>▪ tá an togra ábhartha chun comhluachanna an Aontais a urramú agus a chur chun cinn, cuir i gcás, urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, chomh maith le troid in aghaidh aon sórt idirdhealaithe. |
| Cáilíocht na mbeart | A mhéid a urramaíonn an eagraíocht caighdeáin cháilíochta an chláir tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>▪ rannpháirtithe a roghnú agus/nó a dhéanamh páirteach i ngníomhaíochtaí trí phróiseas trédhearcach cóir;<br>▪ socruithe praiticiúla agus lóistíochtúla oiriúnacha a chinntiú;<br>▪ tacaíocht oiriúnach a chinntiú le haghaidh rannpháirtithe roimh an ngníomhaíocht, lena linn agus ina diaidh, mar is cuí; |

| | |
|---|---|
| | ▪ a chinntiú go gcomhlíonann na rannpháirtithe ceanglais imréitigh ábhartha, agus go ndéanann siad ullmhúchán sonrach, go háirithe maidir le rannpháirtithe a bheidh ag obair le grúpaí leochaileacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme;<br>▪ tacaíocht phearsanta oiriúnach a chinntiú le haghaidh rannpháirtithe;<br>▪ gné láidir foghlama a chinntiú le haghaidh rannpháirtithe, agus aithint agus bailíochtú torthaí foghlama a chinntiú;<br>▪ sábháilteacht agus cosaint na rannpháirtithe agus spriocghrúpaí a ráthú, i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le gníomhaíochtaí dochracha a sheachaint;<br>▪ ionadú poist, gnáthchúraimí agus cúraimí lena mbaineann tionchar foghlama íseal a sheachaint;<br>▪ gníomhaíochtaí ardcháilíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme lena bhfreagraítear do riachtanais shochaíocha nach bhfuil freastal déanta orthu agus a rachaidh chun tairbhe rannpháirtithe, pobal agus spriocghrúpaí;<br>▪ teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, tacú leo agus iad a dhéanamh páirteach. |
| Inniúlacht Eagraíochtúil | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ léirigh an eagraíocht an cumas agus an tiomantas chun acmhainní iomchuí a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistiú i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta is infheidhme;<br>▪ mhol an eagraíocht céimeanna iomchuí chun leanúnachas gníomhaíochtaí a chinntiú i gcás ina dtarlaíonn athruithe eagraíochtúla;<br>▪ léiríonn an eagraíocht go bhfuil cur chuige maith aici maidir le comhpháirtithe a shainaithint agus oibriú leo. |

### CRITÉIR DHÁMHACHTANA BHREISE LE hAGHAIDH CEANNEAGRAÍOCHTAÍ AMHÁIN

Ní mór 60 pointe ar a laghad a bhaint amach leis na tograí. Thairis sin, ní mór ar a laghad leath na bpointí uasta a bhaint amach i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh critéir dhámhachtana a luaitear thíos.

| | |
|---|---|
| Cur chuige straitéiseach<br>(50 pointe ar a mhéad) | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ ceapann an t-iarratasóir creat fadtéarmach áititheach chun cuspóirí dea-shainithe a bhaint amach, agus tá garspriocanna soiléire agus bearta coigeartaithe ann;<br>▪ rachaidh na cuspóirí sonraithe i ngleic le riachtanais shochaíocha thábhachtacha agus tá siad ábhartha do chuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ tá na gníomhaíochtaí beartaithe oiriúnach chun dul i ngleic leis na riachtanais agus na cuspóirí a sainaithníodh;<br>▪ tá na spriocanna a mholtar réalaíoch agus uaillmhianach a ndóthain i dtaca leis na cuspóirí agus an acmhainneacht;<br>▪ tá tairbhí soiléire ag baint leis na gníomhaíochtaí beartaithe le haghaidh na rannpháirtithe, na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na spriocghrúpaí, agus tá tionchar féideartha níos leithne acu (mar shampla ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta); léirítear breisluach Eorpach leis na gníomhaíochtaí agus leis na cuspóirí a bheartaítear;<br>▪ tá sé d'aidhm ag an iarratasóir gníomhaíochtaí inrochtana cuimsitheacha a dhearadh agus/nó tacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar cheist an chuimsithe agus na héagsúlachta ar bhonn níos leithne sa tsochaí;<br>▪ tá sé d'aidhm ag an iarratasóir an inbhuanaitheacht comhshaoil agus an fhreagracht a chur chun cinn, agus tá sé beartaithe aige cleachtais inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chuimsiú sna gníomhaíochtaí;<br>▪ tá sé beartaithe ag an iarratasóir úsáid a bhaint as uirlisí agus modhanna digiteacha chun cur le gníomhaíochtaí agus chun iad a fheabhsú. |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht agus comhordú tionscadal<br><br>(50 pointe ar a mhéad) | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ cinntíonn an eagraíocht bainistíocht tionscadal ardcháilíochta, cumarsáid cheart agus bearta comhordaithe cearta le comhpháirtithe san áireamh;<br>▪ na bearta a dhíríonn ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh d'eagraíochtaí rannpháirteacha, tá siad iomchuí agus baineann cáilíocht ard leo;<br>▪ na bearta chun monatóireacht agus meastachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí, tá siad iomchuí agus ar ardchaighdeán. |

# CÉ NA BEARTA MONATÓIREACHTA, TUAIRISCITHE AGUS DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA ATÁ ANN?

## FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ

Déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta nó ionaid ábhartha SALTO athmheasúnú agus monatóireacht go tréimhsiúil ar an Lipéad Cáilíochta (ceannaireacht, óstáil, tacaíocht) uair amháin ar a laghad le linn na clárthréimhse (go dtí an 31 Nollaig 2027) le haghaidh eagraíochtaí atá bunaithe i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta/SALTO suirbhé a eisiúint, monatóireacht deisce a dhéanamh, sonraí ó thuarascálacha deiridh agus ó thuarascálacha rannpháirtithe a úsáid, cuairteanna monatóireachta a eagrú, seiceálacha foirmiúla nó tuarascálacha ar dhul chun cinn a iarraidh agus a mheasúnú nó cuairt mhonatóireachta struchtúrtha a dhéanamh etc. chun léargas a fháil ar fheidhmíocht eagraíochtaí, measúnú a dhéanamh ar urramú na gcaighdeán cáilíochta comhaontaithe, agus tacaíocht a sholáthar. Níl tuarascáil ar dhul chun cinn éigeantach ach amháin do cheanneagraíochtaí, agus i gcás róil óstaigh agus tacaíochta, tá an tuarascáil ar dhul chun cinn roghnach, agus féadfar modhanna agus foinsí monatóireachta eile a úsáid. Féadfaidh cuairt mhonatóireachta struchtúrtha ar áitreabh na heagraíochta teacht in ionad tuarascálacha/páirteanna tuairiscithe: Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le ról óstaigh, tacaíochta agus/nó ról an cheannaire agus/nó nuashonrú ar Shuíomhanna/Gníomhaíochtaí caighdeánacha. Déanfaidh saineolaí amháin ar a laghad (inmheánach nó seachtrach) measúnú ar an tuarascáil ar dhul chun cinn (nó cuairt mhonatóireachta struchtúrtha).

Féadfaidh seiceálacha foirmiúla a bheith i bhfoirm seiceálacha deisce nó cuairteanna ar an eagraíocht agus ar aon áitreabh eile ina reáchtáiltear nó inar reáchtáladh gníomhaíochtaí. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta/SALTO cúnamh a iarraidh ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta nó ó shaineolaithe seachtracha i dtíortha eile chun gníomhaíochtaí a reáchtáiltear iontu a sheiceáil agus monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin.

Eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu, ní mór dóibh fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht Náisiúnta/SALTO faoi aon athrú ina n-eagraíocht ar cheart a bheith léirithe ina Lipéad Cáilíochta. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta/SALTO athmheasúnú a dhéanamh ar cé acu a leanann nó nach leanann an eagraíocht sin de chloí leis na coinníollacha faoinar bronnadh an Lipéad Cáilíochta.

## CEANGLAIS BHREISE AGUS OIBLEAGÁIDÍ LE hAGHAIDH NA LIPÉAD CÁILÍOCHTA LE hAGHAIDH CEANNEAGRAÍOCHTA

Aon uair amháin ar a laghad le linn bhailíocht a Lipéid Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí, beidh ar eagraíochtaí tuarascáil ar dhul chun cinn a chur isteach agus an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta chun a gcuspóirí a bhaint amach;
- Tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil siad ag cinntiú go bhfuil na caighdeáin cháilíochta á gcomhlíonadh;
- A bplean gníomhaíochta a thabhairt chun dáta.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta a chinneadh tuarascáil ar dhul chun cinn a iarraidh maidir leis na gnéithe éagsúla (Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le Ról an cheannaire, maidir le Ról óstaigh, maidir le Ról tacaíochta,

Nuashonrú ar Shuíomh/Gníomhaíochtaí caighdeánacha, Nuashonrú ar an bplean gníomhaíochta) ag an am céanna, nó ar leithligh.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta a chinneadh cuairt mhonatóireachta struchtúrtha ar áitreabh na heagraíochta a chur in ionad na dtuarascálacha/na gcodanna tuairiscithe seo a leanas: Tuarascáil ar dhul chun cinn (maidir le ról óstaigh, tacaíochta agus/nó an cheannaire) agus/nó nuashonrú ar Shuíomhanna/Gníomhaíochtaí caighdeánacha.

Bunaithe ar fheidhmíocht na heagraíochta creidiúnaithe de réir thorthaí tuairiscithe, monatóireacht agus seiceálacha dearbhaithe cáilíochta, nó de bharr athruithe suntasacha san eagraíocht, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta líon agus sceideal na dtuarascálacha ar dhul chun cinn a athrú.

Eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfar a Lipéad Cáilíochta agus a bplean gníomhaíochta a thabhairt chun dáta agus a athmheasúnú. Is féidir é sin a dhéanamh gach 2 bhliain ar feadh ré a Lipéid Cáilíochta. Iarrataí ar athruithe riaracháin nach ndéanann difear do na pleananna gníomhaíochta agus nach gá measúnú cáilíochta ina leith, is féidir iad sin a chur isteach ag am ar bith.

## BEARTA LEIGHIS

I gcás eagraíochtaí a meastar go bhfuil ardriosca leo nó nach gcloíonn le treoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta Náisiúnta, eagraíochtaí ag a bhfuil feidhmíocht an-íseal de thoradh ar thuairisciú, mhonatóireacht agus sheiceálacha dearbhaithe cáilíochta, nó eagraíochtaí a sháraíonn rialacha an Chláir arís agus arís eile (i ngníomhaíocht eile san áireamh), féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta na bearta feabhais seo a leanas a dhéanamh:

- **Breathnóireacht**. Má chuirtear eagraíocht faoi bhreathnú, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta teorainn a chur leis an leibhéal maoiniúcháin ar féidir le heagraíocht ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí iarratas a dhéanamh air. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar bhearta breathnóireachta d'eagraíochtaí a bhfuil ról óstach agus/nó tacaíochta acu teorainn a chur leis an líon oibrithe deonacha atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí. Eagraíochtaí a fuair Lipéad Cáilíochta den chéad uair, féadfar iad a chur faoi bhreathnú má shainaithnítear riosca cur chun feidhme ar chaighdeán íseal le linn na seiceála ar acmhainn oibríochtúil.
- **Fionraí**. Má chuirtear ar fionraí iad, ní bheidh sé ar a gcumas d'eagraíochtaí a thuilleadh páirt a ghlacadh sa chlár go dtí go mbeidh bearta déanta acu agus go mbeidh feabhas ar a bhfeidhmíocht. Eagraíochtaí atá ar fionraí a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí, ní féidir leo cur isteach ar mhaoiniú a thuilleadh. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta deireadh a chur le roinnt dá gcomhaontuithe deontais leanúnacha nó iad uile freisin.

Leanfar den tréimhse bhreathnóireachta nó fionraíochta go dtí go gcinnfidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais cháilíochta a leagtar amach sa Ghlao sin comhlíonta athuair, agus go dtí go mbeidh aghaidh tugtha athuair ag an eagraíocht ar an riosca ísealfheidhmíochta.

Eagraíochtaí atá faoi fhionraí nó faoi bhreathnú, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar Lipéad Cáilíochta nua.

## FOIRCEANNADH

I gcás tearcfheidhmíocht thromchúiseach, mainneachtana treoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta Náisiúnta a chomhlíonadh nó sáruithe leanúnacha ar rialacha an Chláir, féadfar an Lipéad Cáilíochta a tharraingt siar. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta aird chuí ar gach cás neamhchomhlíontachta agus meabhróidh sí don eagraíocht i bhfad roimh ré chun dóthain ama a thabhairt le bearta feabhais a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta deireadh a chur le Lipéad Cáilíochta má scoireann an eagraíocht de bheith ann nó, i gcás ceanneagraíochtaí, tar éis tréimhse 3 bliana comhleanúnacha ar a laghad nach ndéantar aon iarraidh ar dheontas lena linn.

# TIONSCADAIL OIBRE DEONAÍ

## CAD IAD TIONSCADAIL OIBRE DEONAÍ?

Tugann Tionscadail Oibre Deonaí[36] deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta lena rannchuidítear le hobair laethúil eagraíochtaí rannpháirteacha chun leas deiridh na bpobal ina ndéantar na gníomhaíochtaí.

Gníomhaíocht neamhíoctha lánaimseartha[37] atá san obair dheonach, a mhaireann suas le 12 mhí. Déantar an cineál sin gníomhaíochta dlúthpháirtíochta trí eagraíochtaí rannpháirteacha a thugann an deis do dhaoine óga raon leathan gníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha.

Ní mór an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí a bheith **saor in aisce** don oibrí deonach.

Tá raon feidhme leathan ag Tionscadail Oibre Deonaí, lena gcumhdaítear raon leathan réimsí, amhail cosaint an chomhshaoil, maolú ar an athrú aeráide, cuimsiú sóisialta níos fearr, lánpháirtiú dídeanaithe, tacaíocht do ghrúpaí leochaileacha, forbairt scileanna digiteacha, rannpháirtíocht shibhialta, cearta an duine, srl.

Is féidir obair dheonach a dhéanamh i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í (trasteorann) nó i dtír chónaithe an rannpháirtí (intíre)[38].

## CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR FÉIDIR TACÚ LEO FAOIN NGNÍOMHAÍOCHT SEO?

Tacaítear leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

### OBAIR DHEONACH AONAIR

Gníomhaíocht dlúthpháirtíochta a mhaireann idir 2 sheachtain agus 12 mhí atá i gceist leis an **Obair Dheonach Aonair**. Tugann an cineál sin gníomhaíochta dlúthpháirtíochta deis do dhaoine óga rannchuidiú le hobair laethúil eagraíochtaí i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta chun leas deiridh na bpobal ina ndéantar na gníomhaíochtaí.

Is féidir gníomhaíochtaí oibre deonaí aonair a dhéanamh:

- **Ar bhonn trasteorann**, is é sin, gníomhaíochtaí a dhéantar i dtír atá éagsúil le tír chónaithe an rannpháirtí nó na rannpháirtithe; nó
- **In-tíre,** is é sin, gníomhaíochtaí a dhéantar i dtír chónaithe an rannpháirtí nó na rannpháirtithe. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a spreagadh agus a éascú; mar sin féin, tá siad ar oscailt do na rannpháirtithe uile.

[36] Déantar príomhbhuiséad na Gníomhaíochta seo a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta ina bhfuil eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó Bhallstáit an Aontais agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár páirteach. Mar sin féin, ní fhéadfaidh tairbhithe deontais ach suas le 25 % den deontas tionscadail a úsáid chun rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá i gcomharsanacht an Aontais a rannpháirtiú (féach an roinn 'Tíortha incháilithe' i gCuid A den Treoir seo).
I bhfianaise an chirt láithrigh chun cosaint shealadach a fháil atá deonaithe do náisiúnaigh na hÚcráine faoin Treoir um Chosaint Shealadach (Treoir 2001/55/CE ón gComhairle), díolmhófar oibrithe deonacha ar náisiúnaigh de chuid na hÚcráine iad (bídís ina gcónaí go dleathach san Aontas nó san Úcráin) ón teorainn 25 %. Chun an teorannú a chur i bhfeidhm, áireofar iad mar rannpháirtithe a thagann ó Bhallstát den Aontas Eorpach. Beidh feidhm ag an díolúine go dtí an 4 Márta 2027 ar a laghad (nó níos faide, má chuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach thar an dáta sin). I gcás tionscadail de cheathrar oibrithe deonacha nó níos lú, féadfar an teorainn 25 % a shárú chun rannpháirtíocht oibrí deonach amháin ó thríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár a cheadú.

[37] 30 uair an chloig ar a laghad agus 38 n-uair an chloig ar a mhéad in aghaidh na seachtaine

[38] Féadfaidh gach gníomhaireacht náisiúnta suas le 20 % den bhuiséad deiridh a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí Oibre Deonaí (tar éis aon aistrithe buiséid) a úsáid ar ghníomhaíochtaí intíre.

**gníomhaíochtaí intíre,** ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith ag gabháil leo, comhlántacht le scéimeanna náisiúnta atá ann faoi láthair san áireamh. Tionscadail lena mbaineann gníomhaíochtaí intíre nach bhfuil breisluach Eorpach láidir leo nó nach bhfuil breisluach Eorpach ar bith leo, ní mheasfar iad a bheith ábhartha i gcomhthéacs an Chóir.

I dtéarmaí fhad na gníomhaíochta, féadfaidh obair dheonach aonair a bheith gearrthéarmach (rannpháirtíocht idir 14 agus 59 lá, gan laethanta taistil san áireamh) nó fadtéarmach (rannpháirtíocht idir 60 agus 366 lá, gan laethanta taistil san áireamh).

## Foirne Oibre Deonaí

Gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta atá i **bhfoirne oibre deonaí**, ina gcuirtear ar a gcumas d'fhoirne rannpháirtithe ó dhá thír éagsúla ar a laghad obair dheonach a dhéanamh le chéile ar feadh tréimhse a mhaireann idir coicís agus 2 mhí.

Ní mór comhdhéanamh idirnáisiúnta a bheith ag na foirne oibre deonaí; ní mór don cheathrú cuid ar a laghad de na hoibrithe deonacha teacht as tír eile seachas an tír ina ndéantar an ghníomhaíocht. Samplaí:

- Eagraíocht atá bunaithe go dlíthiúil i dtír A, cuireann sí iarratas ar dheontas isteach le haghaidh gníomhaíocht oibre deonaí i dtír B lena mbainfidh 20 rannpháirtí. Sa chás sin, ní mór do 5 rannpháirtí ar a laghad teacht as tíortha eile seachas tír B (tír A, C, D etc.).
- Eagraíocht atá bunaithe go dlíthiúil i dtír A, cuireann sí iarratas ar dheontas isteach le haghaidh gníomhaíocht oibre deonaí i dtír B lena mbainfidh 20 rannpháirtí. Sa chás sin, ní mór 5 rannpháirtí ar a laghad teacht as tír A toisc gur gá an nasc le Gníomhaireacht Náisiúnta an iarratasóra a chaomhnú (féach na critéir incháilitheachta ar leathanach46). Is féidir le hoibrithe deonacha ó thíortha eile páirt a ghlacadh freisin (tír B, C, D etc.).

I bhfoirne oibre deonaí, déanfaidh oibrithe deonacha ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach cúraimí le haghaidh tionscadail ar feadh tréimhse ghairid (i rith laethanta saoire, ar bhriseadh idir tréimhsí staidéir, san aistriú idir an t-oideachas agus an obair etc. go hiondúil, ach ag amanna eile freisin). D'ainneoin a bhfaid níos lú, beidh na gníomhaíochtaí sin luachmhar le haghaidh na ndaoine aonair agus le haghaidh na bpobal ina ndéantar an obair dheonach araon.

Samplaí den obair luachmhar is féidir a dhéanamh fiú thar thréimhse ghearr ama, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha a ndearna tubaiste nádúrtha nó tubaiste de dhéantús an duine damáiste di, agus freastal ar speicis atá i mbaol a ndíothaithe; gníomhaíochtaí oideachais a eagrú i gcampaí dídeanaithe, etc.

Is féidir le foirne Oibre Deonaí cur go mór le cuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Ar na buntáistí a bhaineann leis an gcineál sonrach sin gníomhaíochtaí grúpa i gcomparáid le gníomhaíochtaí caighdeánacha oibre deonaí a dhéanann duine aonair, cuimsítear:

- Beidh an ghníomhaíocht ar siúl ag oibrithe deonacha i ngrúpa. D'fhéadfadh sé sin spreagadh a thabhairt do dhaoine óga nach mothaíonn ullamh tabhairt faoi eispéiris dhúshlánacha ina n-aonar. Ní mhairfidh an ghníomhaíocht chomh fada céanna ach an oiread. D'fhéadfadh sé sin rannpháirtíocht a chothú i measc daoine óga nach féidir leo gealltanas a thabhairt le haghaidh tréimhse fhada mar bíonn siad ag staidéar nó ag obair, ach ar mhaith leo cabhrú leis an bpobal;
- Dá bhrí sin, bíonn foirne oibre deonaí an-oiriúnach do dhaoine atá ag tabhairt faoi obair dheonach den chéad uair. Is bealach isteach iad le haghaidh gníomhaíochtaí fadtéarmacha dá bhrí sin, agus is féidir leo daoine a spreagadh chun tús a chur lena dtionscadal dlúthpháirtíochta féin.

Thairis sin, is féidir an cineál gníomhaíochta seo a leanas a mhaoiniú freisin:

- **Cuairteanna ullmhúcháin** ar ionad na ngníomhaíochtaí oibre deonaí roimh thús na ngníomhaíochtaí. Is é is aidhm do na cuairteanna ullmhúcháin gníomhaíochtaí ardcháilíochta a chinntiú trí shocruithe riaracháin a éascú agus a ullmhú, an t-iontaobhas agus an tuiscint a chothú agus comhpháirtíocht láidir a chur ar bun idir na heagraíochtaí agus na daoine óga atá páirteach. Reáchtálfar na cuairteanna le haghaidh gníomhaíochtaí lena mbaineann daoine

óga ar lú na deiseanna atá acu nó i gcás inar gá an chuairt chun gníomhaíocht lena mbaineann gné chuimsithe láidir a chur chun feidhme. Rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus a bheidh páirteach sna gníomhaíochtaí oibre deonaí atá beartaithe, is féidir leo a bheith páirteach sa chuairt chun cabhrú lena n-ullmhúchán agus chun go mbeidh siad páirteach i ndearadh na gníomhaíochta, ionas go gcuirtear a gcuid riachtanas san áireamh ón tús. Is féidir na cuairteanna ullmhúcháin a dhéanamh ar líne freisin. Mar sin féin, ní thabharfar maoiniú ach i leith na gcuairteanna ullmhúcháin fisiceacha.

# CONAS TIONSCADAL OIBRE DEONAÍ A BHUNÚ?

Ceithre chéim atá i dTionscadal Oibre Deonaí: pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme agus obair leantach. Ní mór d’eagraíochtaí rannpháirteacha agus do dhaoine óga atá páirteach sna gníomhaíochtaí ról gníomhach a ghlacadh sna céimeanna sin uile, rud a chuirfidh feabhas ar a n-eispéireas foghlama.

- Pleanáil (cuir i gcás torthaí foghlama agus formáidí na gníomhaíochta a shainiú, an clár oibre a fhorbairt, na gníomhaíochtaí a sceidealú);
- Céim an ullmhúcháin, agus socruithe praiticiúla, roghnú rannpháirtithe, comhaontuithe a bhunú le comhpháirtithe agus rannpháirtithe, ullmhúchán saincheaptha teanga/idirchultúrtha agus ullmhúchán ó thaobh na gcúraimí de bunaithe ar riachtanais na rannpháirtithe roimh imeacht san áireamh;
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Céim oibre leantaí, agus an mheastóireacht ar na gníomhaíochtaí, eisiúint an deimhnithe rannpháirtíochta, tacaíocht le rannpháirtithe tar éis a bhfillte san áireamh, chomh maith le meastóireacht ar thorthaí na ngníomhaíochtaí, agus na torthaí a scaipeadh agus a úsáid.

Aon eagraíocht rannpháirteach amháin nó roinnt eagraíochtaí rannpháirteacha a chuireann chun feidhme formhór na ngníomhaíochtaí den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Ní mór Lipéad Cáilíochta bailí a bheith ag gach eagraíocht rannpháirteach atá páirteach i ngníomhaíocht oibre deonaí. Na heagraíochtaí atá páirteach, glacann siad an ról de ‘thacú’ le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus leis na hoibrithe deonacha agus/nó de na hoibrithe deonacha a ‘óstáil’:

- Cumhdaítear le **ról an óstaigh** an raon iomlán gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta a óstáil, agus clár a fhorbairt de ghníomhaíochtaí an duine óig agus treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt don rannpháirtí i gcaitheamh na gcéimeanna go léir de réir mar is iomchuí san áireamh (is féidir le heagraíocht tacaíochta atá páirteach sa tionscadal céanna cuid de na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh).
- Cuimsítear leis **an ról tacaíochta** tacú le rannpháirtithe, iad a ullmhú agus/nó oiliúint a chur orthu roimh dóibh imeacht, idirghabháil idir iad agus na hósteagraíochtaí agus/nó tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe ar fhilleadh abhaile óna gcuid gníomhaíochtaí dóibh chomh maith le bainistíocht agus comhordú tionscadail.

I gcás nach bhfuil ach aon eagraíocht amháin rannpháirteach (gníomhaíochtaí nó foirne oibre deonaí intíre), ní mór don eagraíocht a chinntiú go ndéantar gach céim agus go gcomhlíontar na cúraimí agus na freagrachtaí thuas. I ngach cás, moltar go láidir go mbeadh eagraíocht tacaíochta páirteach i ngníomhaíochtaí lena mbaineann daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

Ina theannta sin, ní mór **Lipéad Cáilíochta bailí le haghaidh ceanneagraíochtaí** a bheith ag eagraíochtaí a chuireann isteach ar dheontas. Féach an roinn ‘Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach i nGníomhaíochtaí Dlúthpháirtíochta’ chun tuilleadh eolais a fháil ar an Lipéad Cáilíochta.

## ROGHNÚ NA RANNPHÁIRTITHE

Daoine óga ar mian leo páirt a ghlacadh sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní mór dóibh clárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh https://youth.europa.eu/solidarity. Daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, d’fhéadfaidís tacaíocht a fháil ó eagraíochtaí chun céim an chlárúcháin a chur i gcrích. Áit chruinnithe atá i dTairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do dhaoine óga agus d’eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta agus atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme. Ní mór d’eagraíochtaí na rannpháirtithe a roghnú ón mbunachar sonraí de dhaoine óga cláraithe.

### Bearta cáilíochta agus tacaíochta

Foráiltear sraith beart agus seirbhísí, mar shampla, oiliúint, tacaíocht foghlama teanga, sainaithint agus taifeadadh na n-inniúlachtaí a shealbhaítear, agus árachas, chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí oibre deonaí agus gné láidir foghlama a chinntiú le haghaidh na rannpháirtithe. Tá cuid de na bearta sin roghnach, agus d'fhéadfaí iad a úsáid ag brath ar spéis agus ar riachtanais na rannpháirtithe, agus tá cuid de na bearta éigeantach. Ba cheart é a bheith ina aidhm ag eagraíochtaí úsáid na hOiliúna Ginearálta ar Líne a chur chun cinn mar chuid d'eispéireas foghlama na n-oibrithe deonacha. Tá eolas mionsonraithe ar na bearta sin le fáil i gCuid D den Treoir seo.

## Tosaíochtaí

### An cuimsiú agus an éagsúlacht

Féachann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an gcomhionannas deiseanna, an rochtain, an cuimsiú, agus an chothroime a chur chun cinn. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcthaí agus riachtanais rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh.

Ina theannta sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag Tionscadail Oibre Deonaí tacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar cheist an chuimsithe agus na héagsúlachta ar bhonn níos leithne sa tsochaí.

Chun tacú le **cuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu**, tá fáil ar bhearta tacaíochta agus ar mhaoiniú breise lena gcuirtear ar a gcumas d'eagraíochtaí rannpháirteacha freastal níos fearr ar riachtanais daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

Chun tairbhiú de mhaoiniú breise, beidh ar iarratasóirí tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a mbeidh daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine eile rannpháirteach sna gníomhaíochtaí, is é sin is lú na deiseanna atá acu i gcomparáid le daoine óga eile sa tír/sa cheantar/san aoisghrúpa/sa chás céanna. Sa chiall sin, ní thagraíonn 'rannpháirteach' do spriocghrúpa lena bhféadfadh an eagraíocht is iarratasóir a bheith ag obair. Ciallaíonn sé rannpháirtíocht daoine óga a éascú trí ghníomhaíochtaí an tionscadail a dhearadh ar bhealach cuimsitheach inrochtana, ar daoine óga iad ar lú na deiseanna atá acu. Dá bhrí sin, is gá bearta sonracha for-rochtana agus tacaíochta lena

### Cosaint an chomhshaoil, an fhorbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide

Le gníomhaíochtaí oibre deonaí, ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart é a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaol, mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú amhail ábhair in-athúsáidte nó éiceabhácha a roghnú, tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe.

Ba cheart tacú freisin le tionscadail agus gníomhaíochtaí a théann i ngleic leis na dúshláin shochaíocha a bhaineann le spriocanna i leith chosaint an chomhshaoil, na hinbhuanaitheachta agus na haeráide, go sonrach i gcás ina rannchuidíonn chun cuspóirí Mhisin ábhartha Fís Eorpach a chomhlíonadh. Is féidir le tionscadail den sórt sin dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla, a bhfuil d'aidhm acu, mar shampla, an caipiteal nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú nó feasacht a mhúscailt ar an inbhuanaitheacht comhshaoil agus athruithe iompraíochta a chumasú maidir le sainroghanna daoine aonair, próisis tomhaltais, agus stíleanna maireachtála. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag tionscnaimh oibre deonaí freisin éifeachtaí díobhálacha teagmhas adhaimsire agus tubaistí nádúrtha a chosc agus a mhaolú nó a dheisiú, mar aon le gníomhaíochtaí lena dtacaítear le pobal dá ndéantar difear tar éis teagmhais adhaimsire nó tubaistí nádúrtha den sórt sin.

### CLAOCHLÚ DIGITEACH

Is féidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chion féin a dhéanamh trí thacú le muintir na hEorpa, gan beann ar a n-inscne, a n-aois ná a gcúlra, maireachtáil agus rath a bheith orthu sa ré dhigiteach. Ba cheart tacú freisin leis na tionscadail agus gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi scileanna digiteacha, an litearthacht dhigiteach a chothú agus/nó tuiscint a fhorbairt ar rioscaí agus ar dheiseanna na teicneolaíochta digití. Ag brath ar dhearadh agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí, féadfar forbairt inniúlachtaí agus feasacht ar shaincheisteanna digiteacha, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí oibre deonaí laistigh de chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Spreagtar eagraíochtaí rannpháirteacha chun úsáid a bhaint as uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun a ngníomhaíochtaí a chomhlánú agus luach breise a chur leo, feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirtíochta, tacú le scaipeadh breise na dtorthaí, nó tacaíocht le haghaidh na tógála pobail. Ba cheart na hardáin 'Oiliúint Ghinearálta ar Líne' agus 'Acadamh an Aontais' a úsáid freisin (féach cuid D le haghaidh eolas breise ar na huirlisí sin).

D'fhéadfadh eagraíochtaí féachaint freisin ar chomhar fíorúil idir oibrithe deonacha, agus idir oibrithe deonacha agus eagraíochtaí rannpháirteacha, a chur leis roimh na gníomhaíochtaí, lena linn, agus ina ndiaidh. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí ar líne rannchuidiú leis an tairseach rannpháirtíochta a ísliú le haghaidh daoine óga ar lú na deiseanna atá acu nó le tionchar foriomlán na dtionscadal a neartú. D'fhéadfaí cur le cáilíocht an tionscadail freisin ach gníomhaíochtaí oibre deonaí a chumasc le comhpháirteanna fíorúla eile.

### RANNPHÁIRTÍOCHT SA SAOL DAONLATHACH

Ba cheart Tionscadail Oibre Deonaí rannpháirtíocht daoine óga i bpróisis dhaonlathacha agus sa saol poiblí a chur chun cinn. Tá obair dheonach i gcroílár chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, agus déantar daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú le bheith gníomhach sa tsochaí agus tugtar aghaidh ann ar na treochtaí uile-Eorpacha a bhaineann le rannpháirtíocht theoranta daoine óga sa saol daonlathach agus ar na leibhéil ísle eolais agus feasachta maidir le hábhair Eorpacha ag a bhfuil tionchar ar shaol gach saoránaigh Eorpaigh.

Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach.

Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil inter alia ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht shaoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

## CÉ NA CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA LE HAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRE DEONAÍ?

Tá liosta anseo thíos de na critéir incháilitheachta le haghaidh na ngníomhaíochtaí oibre deonaí a chuirtear chun feidhme faoi Thionscadail Oibre Deonaí:

| | | |
|---|---|---|
| **Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe** | Aon eintiteas poiblí nó príobháideach, cibé acu neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár nó le haon eagraíocht idirnáisiúnta.<br>Ní mór Lipéad Cáilíochta bailí maidir le hobair dheonach[39] a bheith ag eagraíochtaí rannpháirteacha tráth tosaithe na ngníomhaíochtaí ar a dhéanaí agus i rith thréimhse chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ina hiomláine[40]. | |
| **An líon eagraíochtaí rannpháirteacha** | Obair Dheonach Aonair | Ní mór do dhá eagraíocht ar a laghad a bheith rannpháirteach le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann: aon ósteagraíocht amháin agus aon eagraíocht tacaíochta amháin de chuid na tíre ina bhfuil an rannpháirtí ina chónaí go dlíthiúil.<br>Is gá aon ósteagraíocht amháin ar a laghad le haghaidh gníomhaíochtaí intíre. |
| | Foirne Oibre Deonaí | Is gá aon eagraíocht amháin ar a laghad – ósteagraíocht nó eagraíocht tacaíochta. |
| **Fad** | Obair Dheonach Aonair | Idir 2 sheachtain agus 12 mhí, gan am taistil san áireamh. |
| | Foirne Oibre Deonaí | Idir 2 sheachtain agus 2 mhí[41], , gan am taistil san áireamh. |
| **Ionad na ngníomhaíochtaí[42]** | Obair Dheonach Aonair | Ní mór gníomhaíochtaí a dhéanamh in ósteagraíocht nó i gceann dá suíomhanna. Oibrí deonach ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ó thríú tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, ní mór dó an ghníomhaíocht a dhéanamh i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár, nó i dtríú tír agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Oibrí deonach ó thír nach bhfuil san Aontas agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, ní mór dó an ghníomhaíocht a dhéanamh i mBallstát den |
| | Foirne Oibre Deonaí | Ní mór na gníomhaíochtaí a dhéanamh i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. |
| | Cuairteanna Ullmhúcháin | Ní mór Cuairteanna Ullmhúcháin a dhéanamh ag ionad na gníomhaíochta oibre deonaí. |

39 Níl Lipéad Cáilíochta bailí le haghaidh obair dheonach 'faoi fhionraí'.
40 Eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta a rachaidh in éag le linn na ngníomhaíochtaí, ba cheart dóibh cur isteach ar Lipéad Cáilíochta nua in am trátha chun incháilitheacht na ngníomhaíochtaí a chinntiú.
41 Suas go dtí 59 lá, gan laethanta taistil san áireamh.
42 Ní féidir gníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhealarúis ná ar chríoch na Rúise mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta.

| | | |
|---|---|---|
| **Rannpháirtithe incháilithe** | Obair Dheonach Aonair<br>agus<br>Foirne Oibre Deonaí | Daoine óga idir 18 mbliana agus 30 bliain d'aois[43] atá ina gcónaí go dlíthiúil i mBallstát den Aontas Eorpach, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár[44] agus a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.<br><br>Le gach tionscadal féadfar suas le 25 % den deontas a chaitheamh chun rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a rannpháirtiú.[45]. I gcás tionscadail de cheathrar oibrithe deonacha nó níos lú, féadfar an teorainn 25 % a shárú chun rannpháirtíocht oibrí deonach amháin ó thríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a cheadú.<br><br>Is féidir le hoibrí deonach páirt a ghlacadh iontu seo a leanas:<br>- aon ghníomhaíocht oibre deonaí trasteorann aonair a mhaireann níos faide ná 2 mhí. Ní cheadaítear an dara gníomhaíocht oibre deonaí trasteorann aonair atá níos faide ná 2 mhí ach amháin má fhormheasann an Ghníomhaireacht Náisiúnta í, do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu nó i gcásanna eile a bhfuil údar cuí leo.<br>- roinnt gníomhaíochtaí oibre deonaí trasteorann aonair a mhaireann ar feadh suas le 2 mhí[46];<br>- roinnt gníomhaíochtaí foirne oibre deonaí;<br>- roinnt gníomhaíochtaí oibre deonaí intíre.<br><br>Níor cheart tréimhse níos faide ná 12 mhí a bheith sa tréimhse ama iomlán a chaith duine óg i ngníomhaíochtaí oibre deonaí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus níor cheart forluí a bheith i gceist leis na gníomhaíochtaí a dhéantar. Cuirfear na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoi obair dheonach Erasmus+ nó faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach san áireamh sa tréimhse iomlán 12 mhí atá ceadaithe. |
| | Cuairteanna Ullmhúcháin | Ionadaithe na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a ghlacann páirt sa ghníomhaíocht oibre deonaí, duine nó daoine tionlacain san áireamh más infheidhme. |
| **Líon na rannpháirtithe** | Foirne Oibre Deonaí | Ar a laghad 5 rannpháirtí in aghaidh na gníomhaíochta oibre deonaí foirne ó 2 thír éagsúla ar a laghad a bhfuil tír amháin díobh ina Ballstát den Aontas Eorpach nó ar tríú tír í nach bhfuil san Aontas atá comhlachaithe leis an gClár. Ba cheart an cheathrú cuid ar a laghad de na hoibrithe deonacha a bheith ina gcónaí go dlíthiúil i dtír eile seachas an tír ina ndéantar an ghníomhaíocht. |

[43] Ní mór do rannpháirtithe a bheith 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 30 bliain d'aois ar dháta tosaithe na gníomhaíochta.
[44] Le gach tionscadal féadfar suas le 25 % den deontas a chaitheamh chun rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a rannpháirtiú.
[45] I bhfianaise an chirt láithrigh chun cosaint shealadach a fháil atá deonaithe do náisiúnaigh na hÚcráine faoin Treoir um Chosaint Shealadach (Treoir 2001/55/CE ón gComhairle), díolmhófar oibrithe deonacha ar náisiúnaigh de chuid na hÚcráine iad (bídís ina gcónaí go dleathach san Aontas nó san Úcráin) ón teorainn 25 % sin. Chun an teorannú a chur i bhfeidhm, áireofar iad mar rannpháirtithe a thagann ó Bhallstát den Aontas Eorpach. Beidh feidhm ag an díolúine go dtí an 4 Márta 2027 ar a laghad (nó níos faide, má chuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach thar an dáta sin).
[46] Suas go dtí 59 lá, gan laethanta taistil san áireamh.

| | |
|---|---|
| **Critéir eile** | Chun nasc soiléir a choinneáil ar bun leis an tír ina bhfuil an Ghníomhaireacht Náisiúnta bunaithe, ní mór ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:<br>▪ ní mór d'ionad na gníomhaireachta (obair dheonach aonair nó foirne) a bheith i dtír na Gníomhaireachta Náisiúnta ar faoina bráid a chuirtear an t-iarratas;<br>▪ nó<br>▪ ní mór don rannpháirtí i ngníomhaireacht oibre deonaí aonair a bheith ó thír na Gníomhaireachta Náisiúnta ar faoina bráid a chuirtear an t-iarratas. I gcás foirne oibre deonaí, ní mór do rannpháirtí nó rannpháirtithe ó thír na Gníomhaireachta Náisiúnta ar faoina bráid a chuirtear an t-iarratas a bheith páirteach. |

## CAD IAD NA COSTAIS INCHÁILITHE AGUS NA RIALACHA MAOINIÚCHÁIN IS INFHEIDHME?

| Costais incháilithe | | Sásra maoiniúcháin | Méid | I gcás taisteal 'glas' | Riail maidir le leithdháileadh |
|---|---|---|---|---|---|
| Taisteal | Ranníocaíocht a dhéanamh le costais taistil na rannpháirtithe, óna n-áit bhunaidh chuig ionad na gníomhaíochta agus ar ais.<br>Faoi bhun 500 KM, taistealóidh na rannpháirtithe, mar riail ghinearálta, le modh iompair atá íseal ar astaíochtaí.<br>Os cionn 500 km, moltar go láidir do na rannpháirtithe meascán de mhóid iompair dhifriúla a úsáid chun go mbeidh an taisteal níos inbhuanaithe acu. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | I gcás achar taistil idir 10 agus 99 KM: EUR 28 in aghaidh an rannpháirtí | **56** EUR | Bunaithe ar an achar taistil in aghaidh an rannpháirtí, daoine tionlacain san áireamh. Ní mór achair taistil a ríomh trí úsáid a bhaint as an áireamháin achair lena dtacaíonn an Coimisiún Eorpach[47].<br>Ní mór don iarratasóir achar taistil aontreo a léiriú chun méid an deontais ón Aontas a ríomh lena dtacófar leis an turas fillte[48]. |
| | | | I gcás achair taistil idir 100 agus 499 KM: EUR 211 in aghaidh an rannpháirtí | **285** EUR | |
| | | | I gcás achair taistil idir 500 agus 1 999 KM: EUR 309 in aghaidh an rannpháirtí | **417** EUR | |
| | | | I gcás achair taistil idir 2 000 agus 2 999 KM: EUR 395 in aghaidh an rannpháirtí | **535** EUR | |
| | | | I gcás achair taistil idir 3 000 agus 3 999 KM: EUR 580 in aghaidh an rannpháirtí | **785** EUR | |
| | | | I gcás achair taistil idir 4 000 agus 7 999 KM: EUR 1188 in aghaidh an rannpháirtí | 1 188 EUR | |

47 https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/reference-documents-resources_ga

48 https://erasmus-plus.ec.europa.eu/resources-and-tools/distance-calculator Mar shampla, má bhíonn duine ó Mhaidrid (na Spáinne) ag glacadh páirt i ngníomhaíocht atá á reáchtáil sa Róimh (an Iodáil), déanfaidh an t-iarratasóir a) an t-achar ó Mhaidrid go dtí an Róimh a ríomh (1365,28 KM); b) an banda achair taistil is infheidhme a roghnú (is é sin, idir 500 agus 1 999 KM) agus (c) an deontas ón Aontas a ríomh lena soláthrófar ranníocaíocht le costais taistil an rannpháirtí ó Mhaidrid go dtí an Róimh agus ar ais (EUR 309).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | I gcás achair thaistil 8 000 KM nó os a chionn: EUR 1735 in aghaidh an rannpháirtí | 1 735 EUR | |

| Costais incháilithe | | Sásra maoiniúcháin | Méid | Riail maidir le leithdháileadh |
|---|---|---|---|---|
| Costais bhainistíochta | Costais bhainistíochta (mar shampla pleanáil, maoiniú, comhordú agus cumarsáid idir comhpháirtithe, costais riaracháin).<br><br>Cumhdaíonn costais bhainistíochta na costais arna dtabhú ag an bpríomheagraíocht, ag an eagraíocht tacaíochta agus ag an ósteagraíocht. Tiocfaidh na heagraíochtaí rannpháirteacha ar chomhaontú maidir leis an deontas a fuarthas a roinnt. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **EUR 238** in aghaidh an rannpháirtí in obair dheonach aonair<br><br>**EUR 125** in aghaidh an rannpháirtí i bhfoirne oibre deonaí | Bunaithe ar líon na rannpháirtithe, agus gan daoine tionlacain san áireamh. |
| Tacaíocht Eagraíochtúil | Costais a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí oibre deonaí a chur chun feidhme (mar shampla, ullmhúchán, monatóireacht, tacaíocht do na rannpháirtithe, doiciméadú agus sainaithint torthaí foghlama) agus costais a bhaineann le cothabháil na rannpháirtithe (mar shampla, cónaí, lóistín agus taisteal áitiúil). | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | A1 in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí | Bunaithe ar an tír óstach agus ar fhad na gníomhaíochta in aghaidh an rannpháirtí, daoine tionlacain san áireamh; (más gá), 1 lá taistil amháin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil amháin tar éis na gníomhaíochta, agus suas le 4 lá bhreise san áireamh le haghaidh rannpháirtithe a fhaigheann deontas taistil ghlais. |
| Tacaíocht don Chuimsiú | Ranníocaíocht le costais a bhaineann le gníomhaireachtaí oibre deonaí a eagrú lena mbaineann rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus costais a thabhaíonn eagraíochtaí a bhaineann le meantóireacht threisithe, i.e. an t-ullmhú, cur chun feidhme agus bearta leantacha maidir le gníomhaíochtaí saincheaptha chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | A2 in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí ar lú na deiseanna atá aige | Bunaithe ar an tír óstach agus ar fhad na gníomhaíochta in aghaidh an rannpháirtí ar lú na deiseanna atá aige, gan compánaigh san áireamh; (más gá), 1 lá taistil amháin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil amháin tar éis na gníomhaíochta, agus suas le 4 lá bhreise san áireamh le haghaidh rannpháirtithe a fhaigheann deontas taistil ghlais.<br><br>Coinníollach: ní bhaineann sé ach le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, agus leo sin amháin. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Airgead Póca | Ranníocaíocht le speansais phearsanta bhreise le haghaidh rannpháirtithe. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | A3 in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí | Bunaithe ar an tír óstach agus ar fhad na gníomhaíochta in aghaidh an rannpháirtí, gan daoine tionlacain san áireamh; (más gá), 1 lá taistil amháin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil amháin tar éis na gníomhaíochta, agus suas le 4 lá bhreise san áireamh le haghaidh rannpháirtithe a fhaigheann deontas taistil ghlais. |
| Tacaíocht teanga | Costais a bhaineann leis an tacaíocht a thairgtear do rannpháirtithe – sula n-imíonn siad nó i rith na gníomhaíochta – chun feabhas a chur ar a n-eolas ar an teanga a bheidh in úsáid acu chun a gcúraimí oibre deonaí a dhéanamh. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **EUR 150** in aghaidh an rannpháirtí | Coinníollach:<br>Ní bhaineann sé ach le gníomhaíochtaí a mhaireann 60 lá nó níos mó.<br>Le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann – Ní bhaineann sé ach le teangacha agus/nó leibhéil nach gcuirtear ar fáil faoin Tacaíocht Teanga ar Líne. |
| Cuairt ullmhúcháin | Costais atá nasctha le cur chun feidhme na cuairte ullmhúcháin fisiciúla lena n-áirítear costais taistil agus chothaithe. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **609 EUR** in aghaidh an rannpháirtí in aghaidh na cuairte ullmhúcháin | Ar bhonn an lín rannpháirtithe, lena n-áirítear daoine tionlacain. Féadfar 2 rannpháirtí ar a mhéad in aghaidh na heagraíochta rannpháirtí a mhaoiniú in aghaidh na gníomhaíochta deonaí, ar choinníoll gur duine óg ar lú na deiseanna atá aige é duine amháin díobh a ghlacfaidh páirt sa ghníomhaíocht oibre deonaí. |
| Costais eisceachtúla | Costais chun ráthaíocht airgeadais a thabhairt, má iarrann an Ghníomhaireacht Náisiúnta sin.<br>Costais víosaí agus costais i dtaca le víosaí, ceadanna cónaithe, vacsaínithe, deimhnithe leighis, costais maidir le riachtanais imréitigh.<br>Costais a bhaineann le hárachas pearsanta le haghaidh gníomhaíochtaí intíre.<br>Costais taistil chostasacha le haghaidh rannpháirtithe (mar shampla ó na réigiúin is forimeallaí agus chucu), úsáid a bhaint as córacha iompair níos glaine lena ngabhann astaíochtaí carbóin níos ísle a bhfuil costais taistil chostasacha | Fíorchostais | Costais maidir le ráthaíocht airgeadais: 80 % de na costais incháilithe<br>Costais taistil chostasacha: 80 % de na costais incháilithe<br>Costais eile: 100 % de na costais incháilithe | Coinníollach:<br>Ní mór údar a bheith leis an iarraidh ar thacaíocht airgeadais le haghaidh costais eisceachtúla agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta an iarraidh a fhormheas.<br>Le haghaidh costais eisceachtúla a bhaineann le hárachas, ní bhaineann sé ach le rannpháirtithe intíre a bhfuil árachas pearsanta príobháideach de dhíth orthu chun an cumhdach céanna leis an gcumhdach árachais le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann a bhaint amach.<br>Le haghaidh costais eisceachtúla i ndáil le taisteal |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ina dtoradh orthu san áireamh.<br><br>Costais a thabhaíonn eagraíochtaí chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ar comhchéim le daoine eile a bhaineann le meantóireacht threisithe, is é sin ullmhú, cur chun feidhme agus bearta leantacha maidir le gníomhaíochtaí saincheaptha.<br><br>Ranníocaíocht le costais a bhaineann le gníomhaíochtaí oibre deonaí a eagrú ina bhfuil rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu agus le costais a thabhaíonn eagraíochtaí chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ar théarmaí atá comhionann le téarmaí daoine eile i ndáil le coigeartuithe réasúnta nó infheistíocht i sócmhainní fisiceacha. Féadfaidh na costais a bhaineann le daoine tionlacain a bheith incháilithe freisin. | | | costasach, ní mór d'iarratasóirí a shuí nach gcumhdaítear 70 % ar a laghad de chostais taistil na rannpháirtithe leis na rialacha caighdeánacha maidir le maoiniú (bunaithe ar chostas aonaid in aghaidh banda achair taistil). Má dhámhtar iad, cuirtear na costais eisceachtúla le haghaidh taisteal costasach in ionad an deontais taistil chaighdeánaigh.<br><br>I gcás costais eisceachtúla chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, mar shampla, meantóireacht threisithe, gníomhaíochtaí saincheaptha, ranníocaíocht le costais a bhaineann le gníomhaíochtaí oibre deonaí a eagrú, coigeartuithe réasúnta nó infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha, costais le haghaidh daoine tionlacain etc., ní mór d'iarratasóirí údar a thabhairt nach gcumhdaíonn na rialacha caighdeánacha cistiúcháin (costas aonaid 'tacaíocht cuimsithe' in aghaidh an lae in aghaidh an rannpháirtí) 80 % ar a laghad de na costais a thabhaítear.<br><br>I gcás ina ndéantar iad a dhámhachtain, cuirfear na costais eisceachtúla chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu in ionad an deontais um thacaíocht chuimsiúcháin. |

# CAD IAD NA COSTAIS AONAID IN AGHAIDH AN LAE IN AGHAIDH AN RANNPHÁIRTÍ?

| | Tacaíocht Eagraíochtúil – Costais Gníomhaíochtaí (EUR in aghaidh an lae) | Tacaíocht don Chuimsiú (EUR in aghaidh an lae) | Airgead Póca (EUR in aghaidh an lae) |
|---|---|---|---|
| | A1 | A2 | A3 |
| an Ostair | 35 | 12 | 7 |
| an Bheilg | 36 | 12 | 6 |
| an Bhulgáir | 30 | 10 | 7 |
| an Chróit | 40 | 13 | 10 |
| an Chipir | 30 | 9 | 7 |
| an tSeicia | 24 | 8 | 7 |
| an Danmhairg | 55 | 19 | 12 |
| an Eastóin | 25 | 8 | 5 |
| an Fhionlainn | 36 | 12 | 7 |
| an Fhrainc | 28 | 9 | 8 |
| an Ghearmáin | 33 | 12 | 7 |
| an Ghréig | 30 | 9 | 7 |
| an Ungáir | 24 | 8 | 7 |
| Éire | 52 | 18 | 11 |
| an Iodáil | 28 | 9 | 6 |
| an Laitvia | 25 | 8 | 5 |
| an Liotuáin | 26 | 8 | 6 |
| Lucsamburg | 37 | 13 | 7 |
| Málta | 29 | 11 | 6 |
| an Ísiltír | 36 | 13 | 7 |
| an Pholainn | 25 | 8 | 6 |
| an Phortaingéil | 27 | 9 | 6 |
| an Rómáin | 23 | 8 | 4 |
| an tSlóvaic | 24 | 8 | 6 |
| an tSlóivéin | 26 | 8 | 5 |
| an Spáinn | 25 | 8 | 6 |
| an tSualainn | 35 | 12 | 7 |
| Poblacht na Macadóine Thuaidh | 20 | 6 | 4 |
| an Íoslainn | 36 | 12 | 8 |
| Lichtinstéin | 34 | 11 | 8 |
| an Tuirc | 24 | 8 | 6 |
| an Iorua | 36 | 12 | 8 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Tríú tír atá ina tír comharsanach de chuid an Aontais** | 29 | 9 | 6 |

# CONAS A FHAIGHTEAR MAOINIÚ?

Ní féidir ach le heagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí[49] cur isteach ar mhaoiniú faoi Thionscadail Oibre Deonaí.

Bunaítear na hiarratais ar dheontais ar na gníomhaíochtaí a formheasadh roimh ré, i rith an phróisis meastóireachta chun an Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí a fháil. Léigh an roinn ábhartha chun tuilleadh sonraí a fháil ar conas an Lipéad Cáilíochta a fháil. Mar sin, ní gá tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh an phróisis shimplithe seo ar dheontas. Ina ionad sin, dírítear sna hiarratais ar mheastachán a dhéanamh ar líon, cineál agus fad na ngníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme, ar an líon rannpháirtithe agus ar chion na ndaoine óga ar lú na deiseanna atá acu atá rannpháirteach agus na tosaíochtaí beartais agus réimsí téamacha a dtugtar aghaidh orthu.

Na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme, ní mór dóibh cloí leis na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos le haghaidh gach cineáil gníomhaíochta sna ranna ábhartha den Treoir seo.

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA AGUS EOLAS MAIDIR LE HIARRATAIS

| | |
|---|---|
| **Iarratasóirí incháilithe** | Eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta bailí le haghaidh ceanneagraíochtaí ag an sprioc-am le haghaidh iarratas ar dheontas. |
| **Gníomhaíochtaí incháilithe** | ▪ Gníomhaíochtaí Oibre Deonaí Aonair<br>▪ Gníomhaíochtaí Foirne Oibre Deonaí<br>Is féidir na gníomhaíochtaí tacaíochta seo a leanas a chur chun feidhme freisin:<br>▪ Cuairteanna ullmhúcháin<br>Sainítear critéir tuairisce agus incháilitheachta le haghaidh gach ceann de na gníomhaíochtaí thuas, sna foranna seo a leanas: 'Cé na gníomhaíochtaí ar féidir tacú leo faoin nGníomhaíocht seo?', 'Cé na critéir incháilitheachta le haghaidh gníomhaíochtaí oibre deonaí?'. |
| **Fad na dtionscadal** | Suas le 24 mhí |
| **Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?** | Faoi bhráid Ghníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil an eagraíocht is iarratasóir bunaithe[50]. |
| **Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?** | Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas:<br>▪ An 18 Feabhra ar 12:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna;<br>▪ (Babhta roghnach) an 1 Deireadh Fómhair ar 12:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin.<br>Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta dhá bhabhta roghnacha a eagrú ach an dá sprioc-am a shocrú mar atá thuas nó díreach an chéad sprioc-am amháin. Foilseofar an t-eolas sin ar shuíomh na Gníomhaireachta Náisiúnta. |

49 Féach an roinn ábhartha maidir le Lipéad Cáilíochta ar leathanach 37 chun tuilleadh eolais a fháil.

50 Go heisceachtúil, ní mór d'eagraíochtaí idirnáisiúnta iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Náisiúnta a bhronn a Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí.

| | |
|---|---|
| **An líon iarratas** | Ní fhéadfaidh eagraíocht iarratas a dhéanamh ach aon uair amháin in aghaidh an bhabhta.<br><br>I gcás an dara babhta roghnúcháin, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta a chinneadh gur dámhadh deontais do na heagraíochtaí le haghaidh tionscadail oibre deonaí sa chéad bhabhta iarratas ar dheontas agus nach bhfuil siad incháilithe don dara babhta den ghlao céanna ar thograí. Tugtar cuireadh d'iarratasóirí féachaint ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta chun eolas níos beaichte a fháil. |
| **Conas a dhéantar iarratas?** | Féach cuid E den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh. |
| **Critéir maidir le heisiamh** | Ní mór dearbhú ar onóir ón ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais ar an teimpléad atá ar fáil. |

## CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Féach cuid E sa treoir, céimeanna 2 agus 3.

## LEITHDHÁILEADH AN BHUISÉID

Sa phróiseas simplithe seo chun iarratas a dhéanamh, ní dhéantar measúnú cáilíochtúil ar na hiarratais agus dá bhrí sin ní chuirtear aon chritéar dámhachtana i bhfeidhm. Beidh an méid deontais a dhámhtar ag brath ar roinnt gnéithe:

- an buiséad iomlán atá ar fáil lena leithdháileadh;
- na gníomhaíochtaí a iarradh;
- an deontas íosta agus uasta;
- scór iarratas an Lipéid Cáilíochta le haghaidh na ceanneagraíochta;
- feidhmíocht an iarratasóra (scór na tuarascála ar dhul chun cinn, ionsú buiséid agus scór na tuarascála críochnaithí den Tionscadal Oibre Deonaí is deireanaí a cuireadh i gcrích, má tá sé ar fáil);
- tosaíochtaí beartais agus réimsí téamacha ar a dtugtar aghaidh leis na gníomhaíochtaí ar a bhfuil iarratas á dhéanamh;
- cion na ndaoine óga ar lú iad na deiseanna atá acu atá rannpháirteach.

Rialacha mionsonraithe maidir le deontas bunúsach agus uasta, scóráil na gcritéar leithdháilte, ualú gach critéir, an modh leithdháilte agus, an buiséad atá ar fáil le haghaidh Tionscadail Oibre Deonaí, foilseoidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta iad roimh sprioc-am an ghlao.

# FOIRNE OIBRE DEONAÍ I RÉIMSÍ ARDTOSAÍOCHTA

## CAD IAD FOIRNE OIBRE DEONAÍ I RÉIMSÍ ARDTOSAÍOCHTA?

Is tionscadail ardtionchair ar mórscála iad Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta[51] lena dtacaítear le gníomhaíochtaí oibre deonaí arna ndéanamh ag daoine óga ó dhá thír éagsúla ar a laghad a thagann le chéile chun dlúthpháirtíocht a léiriú trí idirghabhálacha gearrthéarmacha a chur chun feidhme ina dtugtar aghaidh ar dhúshláin Eorpacha i réimsí beartais a shainítear gach bliain ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## CAD IAD TOSAÍOCHTAÍ GHLAO 2026 LE HAGHAIDH NA GNÍOMHAÍOCHTA SEO?

### CULTÚR ULLMHACHTA A FHEABHSÚ AR FUD NA SOCHAÍ INA HIOMLÁINE AGUS FAOISEAMH A CHUR AR FÁIL DO DHAOINE ATÁ AG TEITHEADH Ó CHOINBHLEACHTAÍ ARMTHA AGUS D'ÍOSPARTAIGH EILE TUBAISTE Ó GHUAISEACHA NÁDÚRTHA AGUS Ó RIOSCAÍ ARB É AN DUINE IS CÚIS LEO

Is féidir leis an gCór rannchuidiú le cultúr ullmhachta a fhorbairt a fhéadfaidh cabhrú le daoine ar fud na sochaí ina hiomláine, agus aird ar leith á tabhairt ar na grúpaí is leochailí, oiriúnú d'athrú agus rioscaí amhail iad siúd a bhaineann leis an tsláinte, leis an tslándáil, leis an ngeilleagar nó le haon bhagairt eile atá ag teacht chun sinn. Féadfaidh an Cór luach mór a chruthú freisin trí rannchuidiú leis an soláthar faoisimh agus cúnaimh dóibh siúd ar cuireadh isteach ar a saol, a slí bheatha agus a bpobal mar thoradh ar thubaistí ó ghuaiseacha nádúrtha agus rioscaí de dhéantús an duine, coinbhleachtaí armtha ina measc. Mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar an líon mór daoine easáitithe a tháinig isteach san Aontas dá bharr, chomh maith le teagmhais adhaimsire a bheith ag tarlú go minic (mar shampla, tuilte agus tinte foraoise) agus teagmhais sheismeacha mórscála i dtíortha áirithe, is soiléire arís a thábhachtaí atá an dlúthpháirtíocht i measc daoine aonair agus pobal, laistigh de theorainneacha nó thar theorainneacha. Tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as acmhainneacht an Chóir chun gníomhaíochtaí pobalbhunaithe a chur chun feidhme lena gcothaítear ionbhá agus dlúthpháirtíocht leanúnach i measc daoine óga agus lena n-éascaítear malartú agus comhar idir daoine ó chúlraí éagsúla freisin.

### TORTHAÍ AGUS EISPÉIRIS FOGHLAMA DHEARFACHA A CHOTHÚ DO DHAOINE ÓGA AR LÚ NA DEISEANNA ATÁ ACU

Féadfaidh an Cór luach nach beag a sholáthar trí chúnamh a thabhairt do leanaí agus daoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, atá faoi mhíchumas, nó ó ghrúpaí leochaileacha eile, chun éachtaí foghlama cuí a bhaint amach, rud a cuimsíonn a scileanna bunúsacha a fheabhsú. Is féidir é sin a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí áineasa agus oideachais a eagrú do leanaí agus do dhaoine óga, agus trí mheantóireacht a chuireann leis an bhfoghlaim fhoirmiúil. Ba cheart do na hoibrithe deonacha tacú le daoine óga agus le leanaí a scileanna litearthachta, uimhearthachta, eolaíochta, digiteacha agus saoránachta a neartú chun borradh a chur faoina gcruthaitheacht, faoina nuálaíocht agus faoina smaointeoireacht chriticiúil. Le Bliain Eorpach na hÓige agus le Bliain Eorpach na Scileanna, cothaíodh na hiarrachtaí chun freastal ar gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd ar lú na deiseanna atá acu. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas'[52],

[51] Déantar príomhbhuiséad na Gníomhaíochta seo a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta ina bhfuil eagraíochtaí agus rannpháirtithe ó Bhallstáit an Aontais agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár páirteach. Mar sin féin, ní fhéadfaidh tairbhithe deontais ach suas le 25 % den deontas tionscadail a úsáid chun rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár atá i gcomharsanacht an Aontais a rannpháirtiú (féach an roinn 'Tíortha incháilithe' i gCuid A den Treoir seo).

[52] COM (2022) 198 - https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2022:198:FIN

cuirtear i bhfios go láidir go gcuidíonn straitéis an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh maidir le cuimsiú agus éagsúlacht le daoine óga ó na réigiúin sin páirt a ghlacadh sa chlár. Cuirtear i dtábhacht i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bunscileanna[53] go gcumasóidh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach timpeallachtaí tacúla chun bunscileanna a fhorbairt.

### COTHROIME AGUS DLÚTHPHÁIRTÍOCHT IDIRGHLÚINE A FHEABHSÚ

Is féidir luach mór a chur ar fáil leis an ngníomhaíocht seo trí ghníomhaíochtaí a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú. Is féidir leis tacú le forbairt scileanna arb é is aidhm dóibh tuiscint ar an gcothroime idirghlúine a bhaint amach agus a chinntiú go n-urramófar leasanna na nglúnta uile sa tsochaí, mar aon le ceapadh beartas. Is féidir leis dlúthpháirtíocht i measc na nglúnta éagsúla a fheabhsú agus a chur chun cinn freisin, trí idirphlé agus aistriú eolais agus taithí a chothú, agus trí thacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar idirdhealú aoise agus neamhionannais a chomhrac. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí ghníomhaíochtaí pobalbhunaithe a chur chun feidhme lena gcothaítear comhbhá, cultúr an chomhair agus na dlúthpháirtíochta i measc daoine ó ghlúnta agus ó chúlraí éagsúla.

## CÉ NA CUSPÓIRÍ ATÁ ACU?

Beidh sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí ag Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha atá sainithe go soiléir agus nach bhfuiltear ag freastal orthu sa réimse 'cultúr ullmhachta a fheabhsú agus faoiseamh a chur ar fáil do dhaoine atá ag teitheadh ó choinbhleachtaí armtha agus d'íospartaigh eile tubaistí ó ghuaiseacha nádúrtha agus ó rioscaí arb é an duine is cúis leo' agus/nó 'eispéiris agus torthaí dearfacha foghlama a chothú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu' agus 'cothroime idirghlúine a fheabhsú'; an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn ar fud na dtíortha rannpháirteacha; cur ar a gcumas do na daoine óga scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú atá úsáideach le haghaidh a bhforbartha pearsanta, oideachasúla, sóisialta agus gairmiúla;
- tairbhí nithiúla a sholáthar do na pobail ina ndéantar na gníomhaíochtaí;
- teagmháil dhíreach a chinntiú idir an rannpháirtí agus tairbhithe na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an dlúthpháirtíocht, le cur ar a gcumas ag an rannpháirtí scileanna a shealbhú atá úsáideach le haghaidh a bhforbartha oideachasúla agus sóisialta;
- teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, dídeanaithe, lucht iarrtha tearmainn agus imircigh san áireamh;
- an éagsúlacht agus an t-idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh a chur chun cinn – chomh maith le luachanna an Aontais de dhínit an duine, saoirse, comhionannas agus meas ar chearta an duine, na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad san áireamh – mar aon le tionscadail lena gcuirtear feabhas ar an litearthacht sna meáin, ar an smaointeoireacht chriticiúil agus ar an acmhainn tionscnaíochta i measc daoine óga;
- inniúlachtaí agus raon feidhme idirnáisiúnta eagraíochtaí rannpháirteacha a threisiú;
- Borradh a chur faoin dlúthpháirtíocht idir aoisghrúpaí éagsúla, tuiscint a mhéadú agus neamhionannais a chomhrac;
- feasacht agus tuiscint oibrithe deonacha óga a mhúscailt ar chultúir agus ar thíortha eile, rud a thugann an deis dóibh líonraí teagmhálaithe idirnáisiúnta a chruthú, páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus tuiscint ar shaoránacht agus ar fhéiniúlacht Eorpach a fhorbairt.

## CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ AR FÉIDIR TACÚ LEO FAOIN NGNÍOMHAÍOCHT SEO?

Tacaítear leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

[53] COM (2025) 88 - https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2025:88:FIN

## FOIRNE OIBRE DEONAÍ

Is éard is **Foirne Oibre Deonaí** ann gníomhaíochtaí lánaimseartha[54] nach n-íoctar, lenar cheart grúpaí de 5 rannpháirtí ar a laghad a thabhairt le chéile chun obair dheonach a dhéanamh le chéile ar feadh tréimhse a mhaireann idir 2 sheachtain agus 2 mhí (suas le 59 lá, gan laethanta taistil san áireamh). Comhdhéanamh idirnáisiúnta is ceart a bheith ag an bhfoireann (rannpháirtithe ó dhá thír éagsúla ar a laghad san áireamh). Ba cheart an cheathrú cuid ar a laghad de na baill foirne teacht ó thíortha incháilithe atá éagsúil leis an tír ina ndéantar an ghníomhaíocht. Ní féidir le daoine óga a bheith rannpháirteach ach in aon ghníomhaíocht amháin ag an am. I bhfoirne oibre deonaí, déanann oibrithe deonacha ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach cúraimí le haghaidh tionscadail ar feadh tréimhse ghairid (i rith laethanta saoire, ar bhriseadh idir tréimhsí staidéir, san aistriú idir an t-oideachas agus an obair etc. go hiondúil, ach ag amanna eile freisin). Ba cheart i bprionsabal go mbeadh sé d'aidhm ag aon tionscadal amháin foirne oibre deonaí a eagrú le haghaidh 40 rannpháirtí ar a laghad nó níos mó. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí oibre deonaí réimse ardtosaíochta amháin nó níos mó a chumhdach.

Ar shamplaí den obair luachmhar is féidir le foirne oibre deonaí a chur i gcrích faoin nGníomhaíocht seo, cuimsítear:

Bíonn baint ag oibrithe deonacha le gníomhaíochtaí oibre deonaí chun gníomhaíochtaí áineasa agus oideachais a eagrú do leanaí, dídeanaithe i bpobail áitiúla a imeascadh agus malartú cultúrtha eatarthu a chur chun cinn, dídeanaithe a chur i mbun seirbhísí a sholáthar don phobal agus do na daonraí is leochailí, e.g. spásanna glasa a athghiniúint, bia nár úsáideadh a athshlánú agus a athdháileadh, ábhair a athchúrsáil.

I bhFoirne Oibre Deonaí, beidh an ghníomhaíocht ar siúl ag oibrithe deonacha i ngrúpa. D'fhéadfadh sé sin spreagadh a thabhairt do dhaoine óga nach mothaíonn ullamh tabhairt faoi eispéiris dhúshlánacha ina n-aonar. Ní mhairfidh an ghníomhaíocht chomh fada céanna. D'fhéadfadh sé sin rannpháirtíocht a chothú i measc daoine óga nach féidir leo gealltanas a thabhairt le haghaidh tréimhse fhada mar bíonn siad ag staidéar nó ag obair, ach ar mhaith leo cabhrú leis an bpobal.

Déanann an méid thuas **formáid chuimsitheach** de na Foirne Oibre Deonaí, formáid atá an-oiriúnach do daoine atá ag tabhairt faoi obair dheonach den chéad uair agus do rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu. Is bealach isteach iad le haghaidh gníomhaíochtaí fadtéarmacha dá bhrí sin, agus is féidir leo freisin daoine a spreagadh chun tús a chur lena dtionscadal dlúthpháirtíochta féin.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHLÁNTACHA

- Is gníomhaíochtaí tánaisteacha ábhartha iad gníomhaíochtaí comhlántacha a ndeartar iad chun luach a chur leis an tionscadal agus chun cur le torthaí an tionscadail, chomh maith lena thionchar a neartú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus/nó Eorpach. Tá sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí comhlántacha sin feasacht a mhúscailt ar an obair dheonach le haghaidh daoine óga agus pobal, chomh maith le sainaithint na scileanna agus na n-inniúlachtaí arna sealbhú ag na hoibrithe deonacha a neartú. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin feabhas a chur ar inniúlacht eagraíochtaí na hearnála dlúthpháirtíochta dul i ngleic le dúshláin choiteanna Eorpacha agus ar a gcumais chun tionscadail oibre deonaí a fhorbairt.

D'fhéadfadh ceardlanna, comhdhálacha, seimineáir, cúrsaí oiliúna, scáthfhoghlaim, cóitseáil, malartú dea-chleachtas srl. a bheith san áireamh le gníomhaíochtaí comhlántacha. Maidir leis na gníomhaíochtaí comhlántacha sin inar gá oibrí deonach nó oibrithe deonacha a bheith i láthair, ba cheart iad sin a dhéanamh laistigh de thráthchlár na gníomhaíochta oibre deonaí.

## CUAIRTEANNA ULLMHÚCHÁIN

Is é atá i gceist le cuairteanna ullmhúcháin cuairteanna ar ionad na ngníomhaíochtaí oibre deonaí roimh thús na ngníomhaíochtaí. Ba cheart a chinntiú leo ardcháilíocht gníomhaíochtaí lena mbaineann daoine óga ar lú na deiseanna atá acu nó i gcás inar gá an chuairt chun gníomhaíocht lena mbaineann gné chuimsithe láidir a chur chun feidhme. Is féidir díriú sa chuairt ar shocruithe riaracháin a éascú agus a ullmhú, an t-iontaobhas agus an tuiscint a chothú agus comhpháirtíocht láidir a bhunú idir na heagraíochtaí agus na daoine atá páirteach. Daoine

[54] 30 uair an chloig ar a laghad agus 38 n-uair an chloig ar a mhéad in aghaidh na seachtaine

óga ar lú na deiseanna atá acu agus a bheidh páirteach sna gníomhaíochtaí atá beartaithe, is féidir leo a bheith páirteach sa chuairt chun cabhrú lena n-ullmhúchán agus chun go mbeidh siad páirteach i ndearadh na gníomhaíochta, ionas go gcuirfear a gcuid riachtanas san áireamh ón tús.

# CONAS TIONSCADAL A BHUNÚ?

Trí eagraíocht incháilithe ar a laghad ó dhá Bhallstát éagsúla den Aontas nó tríú tír ar a laghad atá comhlachaithe leis an gClár a chuireann tionscadal chun feidhme, agus beidh na céimeanna seo a leanas i gceist le tionscadal go hiondúil:

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, forbairt cláir oibre, sceideal gníomhaíochtaí a shainiú etc.);
- Ullmhú (socruithe praiticiúla, roghnú rannpháirtithe, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus rannpháirtithe, rannpháirtithe a ullmhú ó thaobh teanga/gnéithe idirchultúrtha/cúraimí de roimh imeacht);
- Cur chun feidhme gníomhaíochtaí (tacaíocht agus treoraíocht do rannpháirtithe i rith na ngníomhaíochtaí san áireamh);
- Obair leantach (meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, bearta leantacha maidir le rannpháirtithe, eisiúint an deimhnithe rannpháirtíochta, chomh maith le scaipeadh agus úsáid thorthaí an tionscadail).

Cur chun feidhme gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trasteorann le haghaidh grúpaí oibrithe deonacha atá ag croílár tionscadail. Dá bhrí sin, ní mór a áireamh le tionscadal aon ghníomhaíocht foirne oibre deonaí amháin ar a laghad agus ba cheart dó, i bprionsabal, obair dheonach a thairiscint le haghaidh 40 duine ar a laghad.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí comhlántacha a bheith san áireamh leis an tionscadal freisin. Thairis sin, spreagtar eagraíochtaí chun cuairteanna ullmhúcháin a eagrú chun ardcháilíocht a chinntiú i gcás gníomhaíochtaí lena mbaineann daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

Ní mór na critéir incháilitheachta a leagtar síos anseo thíos a chomhlíonadh.

## ROGHNÚ NA RANNPHÁIRTITHE

Daoine óga ar mian leo páirt a ghlacadh sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní mór dóibh clárú ag https://europa.eu/youth/solidarity_en. Daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, d'fhéadfaidís tacaíocht a fháil ó eagraíochtaí chun céim an chlárúcháin a chur i gcrích. Áit chruinnithe atá i dTairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do na daoine óga agus do na heagraíochtaí sin ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta agus atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirtithe atá cláraithe sa Tairseach a roghnú in PASS[55].

## BEARTA CÁILÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA

Foráiltear sraith beart agus seirbhísí, mar shampla, oiliúint, tacaíocht foghlama teanga, sainaithint agus taifeadadh na n-inniúlachtaí a shealbhaítear, agus árachas, chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí oibre deonaí agus gné láidir foghlama a chinntiú le haghaidh na rannpháirtithe. Tá cuid de na bearta sin roghnach, agus d'fhéadfaí iad a úsáid ag brath ar spéis agus ar riachtanais na rannpháirtithe, agus tá cuid de na bearta éigeantach. Ba cheart é a bheith ina aidhm ag eagraíochtaí úsáid na hOiliúna Ginearálta ar Líne agus na Tacaíochta Teanga ar Líne a chur chun cinn mar chuid d'eispéireas foghlama na n-oibrithe deonacha. Tá eolas mionsonraithe ar na bearta sin le fáil i gCuid D den Treoir seo.

## TOSAÍOCHTAÍ BEARTAIS

### AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Féachann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an gcomhionannas deiseanna, an rochtain, an cuimsiú, agus an chothroime a chur chun cinn. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcthaí agus riachtanais daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh.

[55] Córas Riaracháin agus Tacaíochta maidir le Socrúchán (PASS), a bhfuil rochtain air trí Thairseach Eorpach na hÓige

Chun tacú le **cuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu**, tá fáil ar bhearta tacaíochta agus ar mhaoiniú breise lena gcuirtear ar a gcumas d'eagraíochtaí rannpháirteacha freastal níos fearr ar riachtanais daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

Chun tairbhiú de mhaoiniú breise, beidh ar iarratasóirí tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a mbeidh daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine eile rannpháirteach sna gníomhaíochtaí, is é sin is lú na deiseanna atá acu i gcomparáid le daoine óga eile sa tír/sa cheantar/san aoisghrúpa/sa chás céanna. Sa chiall sin, ní thagraíonn 'rannpháirteach' do spriocghrúpa lena bhféadfadh an eagraíocht is iarratasóir a bheith ag obair. Ciallaíonn sé rannpháirtíocht daoine óga a éascú trí ghníomhaíochtaí an tionscadail a dhearadh ar bhealach cuimsitheach inrochtana, ar daoine óga iad ar lú na deiseanna atá acu. Dá bhrí sin, is gá bearta sonracha for-rochtana agus tacaíochta lena chinntiú gur féidir le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ar comhchéim le daoine eile.

### Cosaint an chomhshaoil, an fhorbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide

Le gníomhaíochtaí oibre deonaí, ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart gníomhaíochtaí oibre deonaí a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaol, mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú mar shampla tríd dhramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid.

### Claochlú digiteach

Spreagtar eagraíochtaí rannpháirteacha chun úsáid a bhaint as uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun a ngníomhaíochtaí a chomhlánú agus luach breise a chur leo, feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirtíochta, tacú le scaipeadh breise na dtorthaí, nó tacaíocht le haghaidh na tógála pobail. Ba cheart **Oiliúint Ghinearálta ar Líne** agus **Tacaíocht Teanga ar Líne** a úsáid freisin (féach cuid D le haghaidh eolas breise ar na huirlisí sin).

D'fhéadfadh eagraíochtaí féachaint freisin ar chomhar fíorúil idir oibrithe deonacha, agus idir oibrithe deonacha agus eagraíochtaí rannpháirteacha, a chur leis roimh na gníomhaíochtaí, lena linn, agus ina ndiaidh. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí ar líne rannchuidiú leis an tairseach rannpháirtíochta a ísliú le haghaidh daoine óga ar lú na deiseanna atá acu nó le tionchar foriomlán na dtionscadal a neartú. D'fhéadfaí cur le cáilíocht an tionscadail freisin ach gníomhaíochtaí oibre deonaí a chumasc le comhpháirteanna fíorúla eile.

### Rannpháirtíocht sa saol daonlathach

Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach. Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht shaoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

# CÉ NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL?

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr (EACEA) a roghnaíonn agus a bhainistíonn na tionscadail.

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéar seo a leanas: inghlacthacht, incháilitheacht, eisiamh, roghnú agus dámhachtain (féach cuid E le haghaidh na gcritéar inghlacthachta, roghnúcháin agus eisiaimh).

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA AGUS EOLAS MAIDIR LE hIARRATAIS

| | |
|---|---|
| **Eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe** | Aon eintiteas poiblí nó príobháideach, cibé acu neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár nó le haon eagraíocht idirnáisiúnta.<br><br>Ní mór Lipéad Cáilíochta[56] bailí le haghaidh obair dheonach a bheith ag eagraíochtaí rannpháirteacha (ról tacaíochta nó ról óstaigh) ar an spriocdháta le haghaidh iarratas agus feadh thréimhse iomlán an tionscadail[57]. Ní mór Lipéad Cáilíochta Ról an Óstaigh a bheith ag ósteagraíochtaí a fhaigheann oibrithe deonacha.<br><br>Ní féidir leis an eagraíocht chéanna ach iarratas amháin a chur isteach mar chomhordaitheoir faoin sprioc-am in aghaidh an réigiúin laistigh den ghlao céanna. |
| **Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh?** | Ní mór do chuibhreannas ina bhfuil trí eagraíocht rannpháirteacha incháilithe ar a laghad ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta bailí maidir le hobair dheonach ó dhá Bhallstát éagsúla den Aontas Eorpach nó dhá thríú tír atá comhlachaithe leis an gClár ar a laghad tograí a chur isteach.<br><br>Ní fhéadfaidh ach eagraíocht rannpháirteach incháilithe, ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta, atá bunaithe i gceann de Bhallstáit an Aontais nó i dtríú tír amháin atá comhlachaithe leis an gClár iarratas ar mhaoiniú a chur isteach thar ceann an chuibhreannais. |
| **Rannpháirtithe incháilithe** | Daoine óga idir 18 mbliana agus 30 bliain d'aois[58] atá ina gcónaí go dlíthiúil i mBallstát den Aontas Eorpach, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.<br><br>Le gach tionscadal féadfar suas le 25 % den deontas a chaitheamh chun rannpháirtithe ó thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a rannpháirtiú.[59]. |
| **Réimsí tosaíochta** | Ní mór na tionscadail a bheith i gcomhréir le réimsí ardtosaíochta an Aontais (cultúr ullmhachta a fheabhsú sa tsochaí trí chéile agus faoiseamh a chur ar fáil do dhaoine atá ag teitheadh ó choinbhleachtaí armtha agus d'íospartaigh eile tubaistí ó ghuaiseacha nádúrtha agus ó rioscaí arb é an duine is cúis leo agus/nó eispéiris agus torthaí dearfacha foghlama a chothú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus/nó cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú). Ní mór gníomhaíochtaí oibre deonaí aghaidh a thabhairt ar cheann amháin de na réimsí ardtosaíochta ar a laghad. |

56 Níl Lipéad Cáilíochta bailí le haghaidh obair dheonach 'faoi fhionraí'

57 Eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta a rachaidh in éag le linn na ngníomhaíochtaí, ba cheart dóibh cur isteach ar Lipéad Cáilíochta nua in am trátha chun incháilitheacht na ngníomhaíochtaí a chinntiú.

58 Ní mór do rannpháirtithe a bheith 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 30 bliain d'aois ar dháta tosaithe na gníomhaíochta oibre deonaí.

59 I bhfianaise an chirt láithrigh chun cosaint shealadach a fháil atá deonaithe do náisiúnaigh na hÚcráine faoin Treoir um Chosaint Shealadach (Treoir 2001/55/CE ón gComhairle), díolmhófar oibrithe deonacha ar náisiúnaigh de chuid na hÚcráine iad (bídís ina gcónaí go dleathach san Aontas nó san Úcráin) ón teorainn 25 % sin. Chun an teorannú a chur i bhfeidhm, áireofar iad mar rannpháirtithe a thagann ó Bhallstát den Aontas Eorpach. Beidh feidhm ag an díolúine go dtí an 4 Márta 2027 ar a laghad (nó níos faide, má chuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach thar an dáta sin).

| | |
|---|---|
| **Ionad na ngníomhaíochtaí** | Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil i dtír aon cheann amháin de na heagraíochtaí is iarratasóirí ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, a bhaineann le cuspóirí an ghlao. |
| **Líon na ngníomhaíochtaí** | Ní mór aon ghníomhaíocht foirne oibre deonaí amháin ar a laghad a chur chun feidhme. |
| **Fad an tionscadail** | tréimhse 12, 24 nó 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis).<br>Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóirí an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire. |
| **Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?** | Chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairsí Maoiniúcháin agus Tairiscintí (féach cuid E). |
| **Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?** | Ní mór tograí a chur isteach faoi 17.00 (am na Bruiséile) an 3 Márta 2026 trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairsí Maoiniúcháin agus Tairiscintí (féach cuid E). |
| **Critéir maidir le heisiamh** | Ní mór Dearbhú ar onóir atá sínithe ag an ionadaí dlíthiúil a sholáthar leis an iarratas. |

## Critéir Dhámhachtana

Ní mór do thograí an líon pointí seo a leanas a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh maoiniú iad:

a) 60 pointe ar a laghad;

b) leath na bpointí uasta ar a laghad i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh na gcritéar dámhachtana a luaitear thíos.

I gcásanna *ex aequo*, tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh ‘Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar’ agus ansin ‘Cáilíocht na bainistíochta tionscadal’ agus ansin ‘Cáilíocht dhearadh an tionscadail’.

| | |
|---|---|
| **Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar**<br>(30 pointe ar a mhéad) | ▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus an réimse ardtosaíochta a leagtar amach le haghaidh na Gníomhaíochta seo;<br>▪ A mhéid a bhaineann an togra leis na gníomhaíochtaí ábhartha agus a mhéid a chuimsítear na gníomhaíochtaí ábhartha sa togra agus an tionscadal á bhunú;<br>▪ A mhéid a rachaidh an togra i ngleic le riachtanais shochaíocha thábhachtacha a shainítear go soiléir;<br>▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le riachtanais agus cuspóirí rannpháirtithe aonair agus eagraíochtaí rannpháirteacha;<br>▪ A mhéid atá daoine óga ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach mar rannpháirtithe sa tionscadal;<br>▪ A mhéid a sholáthróidh an tionscadal tairbhí do na pobail ina ndéantar na gníomhaíochtaí;<br>▪ Tionchar féideartha an tionscadail ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus/nó Eorpacha;<br>▪ A mhéid a sholáthraítear breisluach Eorpach leis an tionscadal;<br>▪ A mhéid atá an togra ábhartha chun comhluachanna an Aontais a urramú agus a chur chun cinn, cuir i gcás, urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, chomh maith le troid in aghaidh aon sórt idirdhealaithe. |
| **Cáilíocht dhearadh an tionscadail**<br>(40 pointe ar a | ▪ An chomhsheasmhacht idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail a bheartaítear;<br>▪ Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime den tionscadal (ullmhú na rannpháirtithe, cur chun feidhme gníomhaíochtaí, bearta leantacha agus tacaíocht a sholáthraítear ar |

| | |
|---|---|
| mhéad) | fhilleadh na rannpháirtithe);<br>▪ Cáilíocht na mbeart a bheartaítear chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus chun go mbeidh siad rannpháirteach;<br>▪ Cáilíocht na socruithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú chomh maith le húsáid chomhleanúnach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha;<br>▪ A iomchuí atá na bearta chun oibrithe deonacha a roghnú agus/nó chun go mbeidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí;<br>▪ Cáilíocht na modhanna foghlama seachfhoirmiúla agus na mbeart a bheartaítear chun cur ar a gcumas do na rannpháirtithe scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú atá luachmhar le haghaidh a bhforbartha pearsanta, oideachasúla, sóisialta, sibhialta agus cultúrtha;<br>▪ Luach breise na ngníomhaíochtaí comhlántacha le haghaidh chuspóirí an tionscadail agus thionchar an tionscadail. |
| **Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail**<br>(30 pointe ar a mhéad) | ▪ Cáilíocht na socruithe praiticiúla agus na módúlachtaí bainistíochta agus tacaíochta;<br>▪ Cáilíocht an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, agus, ina theannta sin, le geallsealbhóirí ábhartha eile;<br>▪ Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail agus chun na torthaí a scaipeadh. |

## CAD IAD NA COSTAIS INCHÁILITHE AGUS NA RIALACHA MAOINIÚCHÁIN IS INFHEIDHME?

Is é **EUR 400 000** an deontas uasta ón Aontas Eorpach in aghaidh an tionscadail.

| Costais incháilithe | | Sásra maoiniúcháin | Méid | Riail maidir le leithdháileadh |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht d'oibrithe deonacha | Ranníocaíocht le costais taistil agus costais eisceachtúla, mar shampla, costais víosa agus vacsaínithe, árachas pearsanta le haghaidh gníomhaíochtaí intíre, ceadanna cónaithe, deimhnithe leighis agus ranníocaíocht le caiteachas pearsanta breise na n-oibrithe deonacha (airgead póca). | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **26 EUR** in aghaidh an lae in aghaidh an oibrí dheonaigh | Bunaithe ar fhad ghníomhaíocht na foirne oibre deonaí, (1 lá taistil amháin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil amháin i ndiaidh na gníomhaíochta, más gá, san áireamh) in aghaidh an oibrí dheonaigh, agus daoine tionlacain san áireamh. |
| Tacaíocht Eagraíochtúil | Ranníocaíocht le costais bhainistíochta (mar shampla pleanáil, maoiniú, comhordú agus cumarsáid idir na comhpháirtithe, costais riaracháin) agus le costais a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí oibre deonaí a chur chun feidhme (mar shampla ullmhúchán, monatóireacht, tacaíocht do na rannpháirtithe, bailíochtú torthaí foghlama) agus costais a bhaineann le cothabháil na rannpháirtithe (mar shampla cónaí, lóistín agus taisteal áitiúil).<br><br>Ranníocaíocht le costais chomhlántacha na gníomhaíochta.<br><br>Ranníocaíocht le costais eile, mar shampla, ráthaíocht airgeadais. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **43 EUR** in aghaidh an lae in aghaidh an oibrí dheonaigh | Bunaithe ar fhad ghníomhaíocht na foirne oibre deonaí, (1 lá taistil amháin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil amháin i ndiaidh na gníomhaíochta, más gá, san áireamh) in aghaidh an oibrí dheonaigh, agus daoine tionlacain san áireamh. |
| Tacaíocht chuimsiúcháin | Rannchuidiú le costais a thabhaíonn eagraíochtaí chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ar comhchéim le daoine eile, mar shampla coigeartuithe réasúnacha nó infheistíocht i sócmhainní fisiceacha, meantóireacht threisithe, cuairteanna ullmhúcháin. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | EUR 25 in aghaidh an lae in aghaidh an oibrí dheonaigh ar lú na deiseanna atá aige | Bunaithe ar fhad na gníomhaíochta, (1 lá taistil amháin roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil amháin i ndiaidh na gníomhaíochta, más gá, san áireamh) in aghaidh an oibrí dheonaigh ar lú na deiseanna atá aige, gan daoine tionlacain san áireamh. |

# TIONSCADAIL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA

## CAD IS TIONSCADAL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA ANN?

Gníomhaíocht dlúthpháirtíochta neamhbhrabúis is ea **Tionscadal Dlúthpháirtíochta** a ndéanann na daoine óga féin é a thionscnamh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar feadh tréimhse idir 2 mhí agus 12 mhí. Tugtar an deis do ghrúpa de chúigear óga ar a laghad dlúthpháirtíocht a léiriú trí fhreagracht a ghlacadh agus gabháil orthu féin athrú dearfach a bhaint amach ina bpobal féin. Ba cheart topaic atá aitheanta go soiléir a bheith ag an tionscadal ar mian leis na daoine óga féachaint air le chéile agus ar gá é a aistriú i ngníomhaíochtaí laethúla praiticiúla an tionscadail agus ina mbeidh baill an ghrúpa go léir páirteach. Ba cheart do Thionscadail Dlúthpháirtíochta dul i ngleic le dúshláin thábhachtacha sna pobail, agus iad siúd a sainaithníodh go comhpháirteach i réigiúin na teorann san áireamh i gcás inarb ábhartha, agus ba cheart breisluach Eorpach a bheith ag baint leo freisin. Is eispéireas foghlama seachfhoirmiúla tábhachtach é rannpháirtíocht i dTionscadal Dlúthpháirtíochta trínar féidir le daoine óga borradh a chur faoina bhforbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta agus shibhialta.

Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist le Tionscadal Dlúthpháirtíochta de ghnáth:

- Pleanáil;
- Ullmhú;
- Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí;
- Obair leantach (agus meastóireacht ar na gníomhaíochtaí agus comhroinnt thorthaí an tionscadail san áireamh).

## CÉ NA CUSPÓIRÍ ATÁ ACU?

Ba cheart do Thionscadal Dlúthpháirtíochta tagairt go soiléir do chuspóirí agus do **phrionsabail an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh,** go háirithe i dtaca leis an dlúthpháirtíocht. Soláthraítear leis an gcomhluach sin an aontacht is gá chun dul i ngleic le dúshláin na sochaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, ar dúshláin iad a bhfuil Eorpaigh óga toilteanach cabhrú dul i ngleic leo trína ndlúthpháirtíocht a chur in iúl sa chleachtas. D'fhéadfadh Tionscadal Dlúthpháirtíochta dul i ngleic le daoine óga atá i gcásanna a fhágann gur deacra a gcuimsiú sa tsochaí. D'fhéadfadh sé a bheith d'aidhm aige freisin rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga a chumasú i gcothú chultúr na hullmhachta. Ba cheart Tionscadal Dlúthpháirtíochta freisin féachaint ar chleachtais inbhuanaithe sna gníomhaíochtaí beartaithe, ar cleachtais iad atá neamhdhíobhálach don chomhshaol .

Ba cheart do na daoine óga seasamh chun tosaigh chun freagairt do na saincheisteanna agus na dúshláin a bhaineann leo, agus is é sin an fáth ar cheart Tionscadal Dlúthpháirtíochta a cheangal go díreach leis an b**pobal áitiúil** ina maireann siad, cé gur féidir le roinnt tionscadal dul i ngleic le saincheisteanna réigiúnacha, nó fiú náisiúnta, freisin. D'fhéadfadh Tionscadail Dlúthpháirtíochta áirithe dul i ngleic le dúshláin choitianta a sainaithníodh go comhpháirteach i réigiúin na teorann freisin. Ba cheart do Thionscadal Dlúthpháirtíochta difear a dhéanamh don phobal áitiúil trí dhul i ngleic le saincheisteanna áitiúla, díriú ar ghrúpa sonrach nó deiseanna áitiúla a fhorbairt (go háirithe i bpobail atá lonnaithe i gceantair thuaithe, iargúlta, imeallaithe nó trasteorann) agus freisin trí ról a thabhairt do pháirtithe éagsúla agus trí chomhpháirtíochtaí nua a fhorbairt. Dá bhrí sin, is féidir le pobail tairbhiú de Thionscadal Dlúthpháirtíochta ach spriocanna coiteanna a leagan amach agus dul i gcomhar le chéile chun iad a bhaint amach.

Mar aon le dul i ngleic leis na dúshláin áitiúla, ba cheart **breisluach Eorpach** a léiriú le Tionscadal Dlúthpháirtíochta freisin trí dhul i ngleic le tosaíochtaí a shainaithnítear ar leibhéal Eorpach. Ba cheart Tionscadal Dlúthpháirtíochta saincheisteanna coiteanna laistigh den tsochaí Eorpach a léiriú, mar shampla, náisiúnaigh ó thríú thíortha a lánpháirtiú, an t-athrú aeráide nó rannpháirtíocht dhaonlathach ghníomhach. Is féidir an

breisluach Eorpach a léiriú trí aon ghné de Thionscadal Dlúthpháirtíochta ag a bhfuil ceangal le saincheisteanna, luachanna agus tosaíochtaí Eorpacha. Déanfar na tosaíochtaí Eorpacha a chur chun cinn freisin trí thorthaí an tionscadail a chomhroinnt. I gcás tionscadail trasteorann, ba cheart é a bheith soiléir cé na dúshláin choiteanna atá i bpáirt ag na pobail áitiúla atá thar an teorainn agus gar di agus cén chaoi a bhféadfadh Tionscadal Dlúthpháirtíochta tairbhí a bhaint amach le haghaidh na réigiún sin trí dhul i ngleic leis na dúshláin sin[60].

Is **eispéireas foghlama seachfhoirmiúla** tábhachtach do dhaoine óga a bheidh i rannpháirtíocht i dtionscadal dlúthpháirtíochta freisin. Ba cheart don rannpháirtíocht acmhainn tionscnaíochta, saoránacht ghníomhach Eorpach agus fiontraíocht a chothú. Go háirithe, na daoine óga a bhainistíonn an tionscadal, d'fhéadfaidís coincheap na fiontraíochta sóisialta a shú isteach sa chleachtas ach táirgí nó seirbhísí nua a chruthú a théann chun tairbhe an phobail áitiúil nó na sochaí trí chéile agus a théann i ngleic le dúshláin shochaíocha thábhachtacha. Ach a smaointe féin a chur i ngníomh, aghaidh a thabhairt ar chásanna gan choinne agus réitigh a aimsiú orthu, agus triail a bhaint as bearta nuálacha cruthaitheacha, foghlaimeoidh daoine óga scileanna nua agus forbróidh siad a n-inniúlachtaí, léireoidh siad a gcruthaitheacht féin, agus glacfaidh siad freagracht as a ngníomhaíocht. Cuirfidh siad borradh faoina bhféinmhuinín, a neamhspleáchas agus a spreagadh chun foghlama. D'fhéadfadh rannpháirtíocht i mbainistíocht agus i gcur chun feidhme Tionscadail Dlúthpháirtíochta a bheith ar an gcéad chéim i dtreo na féinfhostaíochta nó eagraíochtaí a bhunú sna hearnálacha dlúthpháirtíochta, neamhbhrabúis nó óige.

## CONAS TIONSCADAL DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA A BHUNÚ?

Daoine óga ar mian leo grúpa a bhunú chun Tionscadal Dlúthpháirtíochta a eagrú, ní mór dóibh clárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Níl aon teorainn uasta ar an líon ball sa ghrúpa. Déanfar na gníomhaíochtaí i dtír chónaithe an iarratasóra, rud a éascaíonn go háirithe rannpháirtíocht daoine óga a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu gabháil do ghníomhaíochtaí trasnáisiúnta.

Cinnfidh an grúpa go neamhspleách ar na modhanna oibre agus ar an gcaoi a mbainisteofar an tionscadal. Beidh ról ag duine de bhaill an ghrúpa mar ionadaí dlíthiúil a chuirfidh an t-iarratas isteach (mura ndéanann eagraíocht an t-iarratas thar ceann an ghrúpa). Socróidh an grúpa an leithdháileadh cúraimí agus freagrachtaí, cinnteoidh sé comhordú agus cumarsáid éifeachtúil idir a bhaill, agus saineoidh sé an méid ama a chaitear i mbun na gcúraimí i dtaca le spriocanna an tionscadail. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag modhanna oibre gach aon bhall den ghrúpa a chuimsiú trí chéimeanna éagsúla an tionscadail agus na ngníomhaíochtaí (ullmhú, cur chun feidhme, agus comhroinnt torthaí). Ba cheart na céimeanna a struchtúrú go soiléir le cabhair ó amchlár an tionscadail.

Grúpa daoine óga a phleanálann Tionscadal Dlúthpháirtíochta, is féidir leo tacaíocht a lorg ó **eagraíocht** (aon chomhlacht poiblí nó príobháideach). Féadfaidh eagraíocht iarratas a dhéanamh ar dheontas faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar a son. Ba cheart ról riaracháin a bheith ag an eagraíocht, chun tacú leis an ngrúpa i gcúraimí riaracháin agus airgeadais le linn shaolré an tionscadail. Mar sin féin, féadfaidh sé tacaíocht agus treoraíocht a thairiscint freisin chun torthaí foghlama a shainaithint agus a thaifeadadh.

Féadfaidh **cóitseálaithe** tacú le daoine óga atá i mbun Tionscadal Dlúthpháirtíochta. Is duine acmhainne é cóitseálaí a bhféadfadh taithí a bheith aige ar obair don óige chun grúpa daoine óga a thionlacan agus tacú lena rannpháirtíocht trí chéimeanna éagsúla an tionscadail. Fanfaidh an cóitseálaí lasmuigh den Tionscadal Dlúthpháirtíochta, mar sin ní bheidh sé ina bhall den ghrúpa agus, más gá, féadfaidh sé teacht ó eagraíocht a dhéanann iarratas thar ceann an ghrúpa. Cumhachtaíonn an cóitseálaí an grúpa daoine óga sna réimsí agus sna topaicí sin ina bhfuil tacaíocht de dhíth orthu, chun an tionscadal a chur chun feidhme go rathúil iad féin, agus bíonn róil éagsúla aige bunaithe ar riachtanais an ghrúpa. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí sheisiúin thráthrialta cóitseála i rith thréimhse an tionscadail, seisiúin oiliúna ar leith ar thopaicí sonracha, nó meascán den dá rud. Is féidir leis an gcóitseálaí comhairle a thabhairt ar phróiseas foghlama ar ardchaighdeán agus cabhrú le torthaí foghlama a shainaithint agus a thaifeadadh ag deireadh an tionscadail. Is féidir leis an ngrúpa daoine óga úsáid a bhaint as tacaíocht aon chóitseálaí amháin nó roinnt cóitseálaithe, ag brath ar a riachtanais. Mar phrionsabal, oibríonn an cóitseálaí leis an ngrúpa daoine óga a dhéanann an t-iarratas, seachas le spriocghrúpa(í) an tionscadail.

Mar shampla, d'fhéadfadh an cóitseálaí cabhrú le hamhras, ceisteanna, achrann sa ghrúpa; d'fhéadfadh sé a bheith ina oiliúnóir chun ceardlann a dhéanamh ar an mbainistíocht tionscadal; d'fhéadfadh sé scileanna áirithe

[60] Ceadaítear solúbthacht áirithe sa sainmhíniú ar réigiúin trasteorann agus is féidir réigiúin a bhfuil farraige eatarthu a chuimsiú, fad is a shainaithnítear go soiléir na dúshláin choiteanna a rachaidh tionscadal i ngleic leo.

atá ag teastáil le haghaidh an tionscadail a mhúineadh don ghrúpa; d'fhéadfadh sé tacú leis an bpróiseas foghlama agus monatóireacht a dhéanamh air.

Trí chéimeanna éagsúla an tionscadail, ba cheart don ghrúpa machnamh a dhéanamh ar an **bpróiseas foghlama** ar a bhfaigheann siad taithí agus ar a fuair siad taithí. Ba cheart na spriocanna foghlama a phlé in éineacht le haidhmeanna ginearálta an tionscadail le linn chéim phleanála an tionscadail. Spreagtar machnamh tráthrialta agus an tionscadal á chur chun feidhme, agus ba cheart don ghrúpa féachaint ar bhearta i dtreo dheireadh an tionscadail chun na torthaí foghlama a dhéanamh infheicthe. Moltar úsáid a bhaint as Youthpass agus as machnamh ar an bpróiseas foghlama lena mbaineann chun na torthaí foghlama sin a shainaithint agus a bhailíochtú.

Ba cheart don ghrúpa machnamh a dhéanamh le chéile ar bhearta a bhfuil sé d'aidhm acu cur le hinfheictheacht an tionscadail agus infheictheacht an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh trí chéile. Ba cheart don ghrúpa machnamh a dhéanamh freisin ar **bhearta leantacha**. Ciallaíonn sé sin gur cheart an tionscadal a shuí laistigh de pheirspictíocht níos fadtéarmaí agus a phleanáil le go leanfaidh éifeachtaí an tionscadail i gcónaí nuair a bheidh deireadh leis. Chun an tionscadal agus a thorthaí a dhéanamh níos inbhuanaithe, tá coinne leis go ndéanfaidh an grúpa meastóireacht chríochnaitheach. Dá bhrí sin, ba cheart a bheith in ann a mheasúnú cé acu ar baineadh amach nó nár baineadh amach cuspóirí an tionscadail; gur comhlíonadh ionchas an ghrúpa agus meastóireacht a dhéanamh ar an rath foriomlán. Ba cheart don ghrúpa féachaint ar bhealaí chun torthaí an tionscadail a chomhroinnt agus machnamh a dhéanamh ar cé leis ar cheart dóibh na torthaí a chomhroinnt.

## TOSAÍOCHTAÍ

### AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Féachann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an gcomhionannas deiseanna, an rochtain, an cuimsiú, agus an chothroime a chur chun cinn. Daoine óga a bhfuil Tionscadail Dlúthpháirtíochta á gcur chun feidhme acu, ba cheart dóibh gníomhaíochtaí inrochtana cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart riachtanais rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh. Tá maoiniú speisialta le haghaidh rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu le fáil le haghaidh bhaill an ghrúpa agus an spriocghrúpa araon.

### COSAINT AN CHOMHSHAOIL, AN FHORBAIRT INBHUANAITHE AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

Le Tionscadail Dlúthpháirtíochta, ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc rannpháirtithe, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí a laghdú nó a chúiteamh. Ba cheart Tionscadail Dlúthpháirtíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaol, mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú mar shampla tríd an dramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid.

### CLAOCHLÚ DIGITEACH

Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le húsáid uirlisí digiteacha agus modhanna foghlama digiteacha a chuimsiú i dTionscadail Dlúthpháirtíochta. Spreagtar grúpaí daoine óga a bhfuil Tionscadail Dlúthpháirtíochta á gcur chun feidhme acu úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus modhanna foghlama digiteacha chun cur leis na gníomhaíochtaí fisiciúla agus le cáilíocht an tionscadail.

### RANNPHÁIRTÍOCHT SA SAOL DAONLATHACH

Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le gné rannpháirtíochta a chuimsiú i dTionscadail Dlúthpháirtíochta, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach.

# CÉ NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL?

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA AGUS EOLAS MAIDIR LE hIARRATAIS

| | |
|---|---|
| Cé a chuireann an tionscadal chun feidhme? | Grúpa de 5 daoine óga ar a laghad idir 18 mbliana agus 30 bliain d'aois[61] agus atá ina gcónaí go dlíthiúil sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár agus a chláraigh ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Níl aon teorainn uasta ar an líon ball sa ghrúpa. |
| Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh? | An grúpa a chuirfidh an tionscadal chun feidhme. Glacfaidh duine de na daoine óga sa ghrúpa an ról mar ionadaí dlíthiúil agus glacann sé freagracht as an iarratas a chur isteach.<br><br>Aon chomhlacht poiblí nó príobháideach, atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, thar ceann an ghrúpa a chuirfidh an tionscadal chun feidhme. |
| Ionad na dtionscadal | Ba cheart an tionscadal a reáchtáil i dtír an iarratasóra.<br><br>I gcásanna ina dtugann an tionscadal aghaidh ar dhúshláin trasteorann, is féidir gníomhaíochtaí an tionscadail a reáchtáil freisin i réigiúin trasteorann de Bhallstáit an Aontais, tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár agus tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bhfuil teorainn idir iad agus tír an iarratasóra[62]. |
| Fad na dtionscadal | Ó 2 mhí go 12 mhí. |
| Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh? | Le Gníomhaireacht Náisiúnta na tíre ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir go dlíthiúil. |
| Cathain is féidir iarratas a dhéanamh? | Ní mór d'iarratasóirí a n-iarratas ar dheontas a chur isteach faoi na dátaí seo a leanas:<br>▪ An 18 Feabhra ar 12:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Meitheamh agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna;<br>▪ (Babhta roghnach) An 7 Bealtaine ar 12:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tús idir an 1 Lúnasa agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna;<br>▪ An 1 Deireadh Fómhair ar 12:00 (meán lae am na Bruiséile) le haghaidh tionscadail dar tosach idir an 1 Eanáir agus an 31 Bealtaine an bhliain ina dhiaidh sin.<br><br>Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta trí bhabhta roghnacha a eagrú ach trí sprioc-am a shocrú mar atá thuas nó díreach an chéad sprioc-am (an 18 Feabhra) agus an sprioc-am deiridh (an 1 Deireadh Fómhair) agus iad sin amháin.<br><br>Foilseofar an t-eolas sin ar shuíomh gach Gníomhaireachta Náisiúnta. |
| Conas a dhéantar iarratas? | Féach cuid E den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh. |
| Critéir maidir le heisiamh | Ní mór Dearbhú ar onóir atá sínithe ag an ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais ar an teimpléad atá ar fáil. |

## CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Féach cuid E sa treoir, céimeanna 2 agus 3.

61 Ní mór do rannpháirtithe a bheith 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 30 bliain d'aois ar dháta tosaithe an tionscadail.

62 Ní féidir gníomhaíochtaí tionscadail a dhéanamh sa Bhealarúis ná ar chríoch na Rúise mar a aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta.

## CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Ní mór do thograí 60 pointe ar a laghad a bhaint amach chun go gcuirfear san áireamh le haghaidh maoiniúcháin iad. Thairis sin, ní mór ar a laghad leath na bpointí uasta a bhaint amach i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh critéir dhámhachtana a luaitear thíos.

I gcásanna *ex aequo*, tabharfar tosaíocht do na scóir is airde le haghaidh 'Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar' agus ansin 'Cáilíocht na bainistíochta tionscadal' agus ansin 'Cáilíocht dhearadh an tionscadail'.

| | |
|---|---|
| **Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar**<br><br>*(40 pointe ar a mhéad)* | ▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ A mhéid a chuirtear prionsabail an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh san áireamh sa tionscadal;<br>▪ A mhéid a sholáthraítear breisluach Eorpach leis an tionscadal trí dhul i ngleic le topaicí ábhartha<br>▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le riachtanais bhaill an ghrúpa;<br>▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le riachtanais spriocghrúpa (más ann dó) agus pobal áitiúil;<br>▪ Tionchar féideartha an tionscadail ar bhaill an ghrúpa, agus a scileanna pearsanta agus fiontraíochta agus a rannpháirtíocht shóisialta á gcur san áireamh;<br>▪ An tionchar féideartha ar an spriocghrúpa (más ann dó) agus ar phobail áitiúla.<br>▪ A mhéid atá an togra ábhartha chun comhluachanna an Aontais a urramú agus a chur chun cinn, cuir i gcás, urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, chomh maith le troid in aghaidh aon sórt idirdhealaithe. |
| **Cáilíocht dhearadh an tionscadail**<br><br>*(40 pointe ar a mhéad)* | ▪ An chomhsheasmhacht idir cuspóirí an tionscadail agus gníomhaíochtaí a bheartaítear;<br>▪ A mhéid a dhéanann daoine óga an tionscadal a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme;<br>▪ A mhéid a chuireann comhdhéanamh an ghrúpa ar a chumas dó cuspóirí an tionscadail a bhaint amach;<br>▪ Rannpháirtíocht bhaill an ghrúpa ag céimeanna éagsúla an tionscadail;<br>Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht gach céime den tionscadal (pleanáil, ullmhú, cur chun feidhme, meastóireacht, agus comhroinnt torthaí);<br>▪ A mhéid a dhéantar machnamh agus taifeadadh ar an bpróiseas foghlama agus na torthaí foghlama sa tionscadal, go háirithe trí Youthpass;<br>▪ A mhéid a chuimsítear cleachtais inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus gníomhaíochtaí inrochtana cuimsitheacha sa tionscadal, agus a mhéid a bhaintear úsáid as uirlisí agus modhanna digiteacha chun cur le gníomhaíochtaí agus chun iad a fheabhsú. |
| **Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail**<br><br>*(20 pointe ar a mhéad)* | ▪ Na socruithe praiticiúla, an bhainistíocht, an comhar agus an chumarsáid idir baill an ghrúpa;<br>▪ Na bearta chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail;<br>▪ Na bearta chun an tionscadal a dhéanamh infheicthe do dhaoine eile nach bhfuil páirteach ann;<br>▪ Na bearta chun torthaí an tionscadail a chomhroinnt. |

## CAD IAD NA COSTAIS INCHÁILITHE AGUS NA RIALACHA MAOINIÚCHÁIN IS INFHEIDHME?

| Costais incháilithe | | Sásra maoiniúcháin | Méid | Riail maidir le leithdháileadh |
|---|---|---|---|---|
| Costais bainistíochta tionscadal | Costais atá nasctha le bainistíocht agus cur chun feidhme an tionscadail (mar shampla ullmhú agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí, meastóireacht, scaipeadh agus gníomhaíochtaí leantacha). | Ranníocaíocht bunaithe ar chostas aonaid | **EUR 630** in aghaidh na míosa | Bunaithe ar fhad an Tionscadail Dlúthpháirtíochta. |
| Costais chóitseála | Costais atá nasctha le rannpháirtíocht cóitseálaí sa tionscadal. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostas aonaid | B1 in aghaidh an lae oibre.<br>Ar a mhéad 12 lá. | Bunaithe ar thír an iarratasóra agus ar na laethanta oibre.<br>Braitheann an sainmhíniú ar lá oibre ar reachtaíocht náisiúnta thír an iarratasóra.<br>Coinníollach:<br>San fhoirm iarratais ní mór údar a thabhairt leis an iarraidh ar thacaíocht airgeadais chun costais chóitseála a chumhdach.<br>Níl fad na cóitseála nasctha le fad an tionscadail. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Costais eisceachtúla | Costais chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu (baill an ghrúpa a chuireann an tionscadal chun feidhme).<br><br>Costais chun tacú le rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu agus ar spriocghrúpa den tionscadal iad. | Fíorchostais | 100 % de na costais incháilithe | Coinníollach:<br><br>San fhoirm iarratais, ní mór údar agus spreagadh a thabhairt leis an iarraidh nó leis na hiarrataí ar thacaíocht airgeadais chun costais eisceachtúla a chumhdach, agus ní mór don Ghníomhaireacht Náisiúnta an iarraidh nó na hiarrataí a fhormheas.<br><br>Maidir leis an iarraidh ar thacaíocht airgeadais chun costais eisceachtúla a chumhdach le haghaidh daoine ar lú na deiseanna atá acu agus ar spriocghrúpa den tionscadal iad, níor cheart iad a bheith os cionn EUR 7 000 in aghaidh an tionscadail. |

## CAD É AN COSTAS AONAID IN AGHAIDH AN LAE OIBRE?

| | **Costais Chóitseála (EUR in aghaidh an lae)** |
|---|---|
| | **B1** |
| **An Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, Lichtinstéin, Lucsamburg, an Ísiltír, an tSualainn** | 255 |
| **An Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Laitvia, Málta, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn** | 227 |
| **An Bhulgáir, an Chróit, an Ungáir, an Liotuáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Pholainn, an Rómáin, an Tuirc** | 137 |

# CUID C – RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE ÓGA I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA A BHAINEANN LEIS AN gCABHAIR DHAONNÚIL

Sa chuid seo, gheobhaidh léitheoirí eolas ábhartha agus critéir maidir leis an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, chomh maith le heolas agus critéir maidir le rannpháirtíocht sa Chór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil (Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil).

Go háirithe, soláthraítear an t-eolas seo a leanas sa chaibidil seo:

- tuairisc ar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil;
- tuairisc ar na cuspóirí, ar an tionchar a mheastar a bheidh ann, agus ar na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil;
- táblaí ina gcuirtear i láthair na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar iarratais tionscadail;
- eolas breise ar ghnéithe cáilíochta gníomhaíochtaí;
- tuairisc ar na rialacha maoiniúcháin.

Moltar do na hiarratasóirí an roinn uile a léamh go cúramach roimh iarratas a chur isteach.

## CÉ NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ A dTACAÍTEAR LEO?

Faoin snáithe seo, tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an obair dheonach i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil.

I bhfianaise an mhéadaithe shuntasaigh ar na riachtanais dhomhanda dhaonnúla agus d'fhonn feabhas a chur ar chur chun cinn na dlúthpháirtíochta agus infheictheacht na cabhrach daonnúla i measc shaoránaigh an Aontais, is gá an dlúthpháirtíocht a fhorbairt idir na Ballstáit agus le tríú tíortha atá thíos le tubaistí de dhéantús an duine nó tubaistí nádúrtha. Is bealach tábhachtach chun dlúthpháirtíocht a chur in iúl é cuidiú le cúnamh a thabhairt do dhaoine agus do phobail lasmuigh den Aontas a bhfuil cabhair dhaonnúil ag teastáil uathu, bunaithe ar bhunphrionsabail na neodrachta, na daonnachta, an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta.

Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, tá sé d'aidhm acu rannchuidiú le cabhair dhaonnúil bunaithe ar riachtanais a sholáthar, a bhfuil d'aidhm acu beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil, agus rannchuidiú le hacmhainneacht agus teacht aniar pobal atá leochaileach nó buailte le tubaiste a neartú. Leis na tionscadail oibre deonaí sa chabhair dhaonnúil a mhaoinítear faoin snáithe seo, tabharfar an deis do dhaoine óga idir 18 agus 35 bliana d'aois páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oibre deonaí, a bhfuil d'aidhm acu tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla. Le gníomhaíochtaí den sórt sin, soláthraítear deis do dhaoine óga cúraimí is gá a dhéanamh chun tacú leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an ósteagraíocht.

Chun sábháilteacht daoine óga a chinntiú, ní féidir obair dheonach faoin snáithe seo a dhéanamh ach amháin sna tíortha sin:

- ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil; agus
- nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta ná neamh-idirnáisiúnta ar siúl iontu[63].

[63] Airteagal 10(2) IO L 202, 8.6.2021, Rialachán (AE) 2021/888 an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2021.202.01.0032.01.ENG

# Lipéad Cáilíochta le hAghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil

## Cad é an Lipéad Cáilíochta?

Deimhníonn an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil go bhfuil sé ar a cumas ag eagraíocht gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ardcháilíochta a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail, cuspóirí agus riachtanais na gníomhaíochta 'an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil'. Tá an Lipéad Cáilíochta seo a fháil ina réamhchoinníoll le haghaidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla.

## Cad iad na cineálacha éagsúla Lipéid Cáilíochta atá ann?

Agus iarratas á dhéanamh acu ar Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, is féidir le heagraíochtaí is iarratasóir ceann amháin de na róil seo a leanas a roghnú:

- **Ról tacaíochta** – cuimsítear tacú le rannpháirtithe, iad a ullmhú agus/nó oiliúint a chur orthu roimh dóibh imeacht, idirghabháil idir iad agus na hósteagraíochtaí agus/nó tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe ar fhilleadh abhaile ón ngníomhaíocht dóibh. Leis an ról tacaíochta, tá an eagraíocht i dteideal iarratais ar thionscadail a chur isteach agus comhpháirtíochtaí a chomhordú le haghaidh Tionscadail Oibre Deonaí sa Chabhair Dhaonnúil;
- **Ról an óstaigh** – cumhdaítear an raon iomlán gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta a óstáil, agus forbairt cláir de ghníomhaíochtaí an duine óig agus treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt don rannpháirtí i gcaitheamh na gcéimeanna go léir de réir mar is iomchuí san áireamh.

## Cén chaoi a n-oibríonn sé?

Dámhtar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil tar éis próiseas roghnúcháin lena ngabhann trí phríomhchéim: iarratas a chur isteach, measúnú agus dámhachtain.

Féadfar iarratais ar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil a chur isteach ar bhonn leanúnach (is é sin ag am ar bith) le linn na clárthréimhse, **chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, atá ar an aon chomhlacht cur chun feidhme amháin le haghaidh na gníomhaíochtaí sin**. Déanfar meastóireacht ar na hiarratais ag eatraimh shocraithe, de réir tráthchlár bliantúil atá ailínithe le tráthchlár an ghlao ar thionscadail faoi Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil.

Déanfar measúnú ar na hiarratais in aghaidh critéir inghlacthachta, incháilitheachta, roghnúcháin, eisiaimh agus dámhachtana (féach Cuid E den Treoir seo chun tuilleadh eolais a fháil ar na critéir inghlacthachta, roghnúcháin agus eisiaimh). Dámhfar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil ar eagraíochtaí rathúla. An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin a dhámhfaidh an Lipéad Cáilíochta seo agus monatóireacht ar an gcomhlíontacht agus féadfaidh sí athmheasúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh. Beidh an Lipéad Cáilíochta bailí ar feadh na clárthréimhse go léir go dtí deireadh na gníomhaíochta deiridh ina bhfuil an eagraíocht páirteach.

Chun go mbeidh sé níos éasca teacht ar chomhpháirtithe agus cuibhreannais tionscadail a bhunú, foilsítear próifíl gach eagraíochta ag a bhfuil an Lipéad Cáilíochta seo ar bhunachar sonraí[64] d'eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Is féidir úsáid a bhaint as an uirlis cuardaigh comhpháirtithe ar an Tairseach 'Maoiniú agus Deiseanna Tairisceana'[65] chun comhpháirtithe féideartha a

64 https://youth.europa.eu/volunteering/organisations_en
65 https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/how-to-participate/partner-search

shainaithint.

### IARRATAS A DHÉANAMH AR LIPÉAD CÁILÍOCHTA THAR CEANN EAGRAÍOCHTAÍ TACAÍOCHTA NÓ ÓSTEAGRAÍOCHTAÍ

Eagraíocht a dhéanann iarratas ar Lipéad Cáilíochta i ról tacaíochta nó i ról óstaigh, is féidir léi iarratas a dhéanamh freisin ar ról an óstaigh thar ceann a brainsí atá lonnaithe sna réigiúin sin de thríú tíortha ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí cabhrach daonnúla agus nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta ná neamh-idirnáisiúnta leanúnacha iontu, agus ag a bhfuil an phearsantacht dhlítheanach chéanna.

Dearadh an próiseas seo chun cabhrú le heagraíochtaí níos mó a bhfuil roinnt brainsí acu, agus iad lonnaithe i dtíortha éagsúla san áireamh.

Tá an eagraíocht is iarratasóir cuntasach as cáilíocht agus as sábháilteacht na ngníomhaíochtaí a thairgeann an ósteagraíocht nó na hósteagraíochtaí a bhfuil iarratas á dhéanamh aici thar a ceann nó a gceann.

## CAD IAD NA CAIGHDEÁIN CHÁILÍOCHTA?

Ráthaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach gníomhaíochtaí oibre deonaí ardcháilíochta, trí phróiseas an Lipéid Cáilíochta. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha cloí leis na prionsabail agus na caighdeáin seo a leanas:

- **Deiseanna comhionanna agus neamh-idirdhealú**. Roghnófar oibrithe deonacha ar bhealach cóir, trédhearcach agus oibiachtúil, gan beann ar inscne, bunadh eitneach, creideamh, gnéaschlaonadh, tuairimí polaitiúla nó míchumas. Ní bheidh gá le haon cháilíocht, leibhéal oideachais, taithí shonrach nó eolas ar theanga. Chun an cuimsiú a chur chun cinn, ní mór don rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí a bheith saor in aisce don oibrí deonach. Leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart go n-urramófar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.
- **Ionadú poist a sheachaint**. Ní chuirfear gníomhaíochtaí oibre deonaí in ionad cúrsaí oiliúna ná poist, ionas go seachnófar aon éifeacht dhíobhálach ar fhostaíocht íoctha atá ann faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith ann. Le rannpháirtíocht oibrithe deonacha, ba cheart go gcomhlánófar obair na mball foirne ar íocaíocht. Níor cheart iad a chur in ionad ball foirne ar íocaíocht ná níor cheart go mbainfí an bonn d'íocaíocht nó de choinníollacha seirbhíse na mball foirne leo.
- **Gníomhaíochtaí díobhálacha a sheachaint**. Ní mór slándáil agus sábháilteacht na ndaoine óga, na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na spriocghrúpaí a chinntiú. Ba cheart ceanglais iomchuí imréitigh d'oibrithe deonacha a oibríonn le grúpaí leochaileacha a áireamh i slándáil agus sábháilteacht den sórt sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Ba cheart gníomhaíochtaí oibre deonaí a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar thionchar imthosca gan choinne mar shampla géarchéimeanna comhshaoil, coinbhleachtaí nó paindéimí. Ba cheart leis na gníomhaíochtaí cloí leis na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint[66].
- **Soláthar gníomhaíochtaí ardcháilíochta ionchuimsitheacha a bhfuil fáil éasca orthu**. Leis na cúraimí oibre deonaí, ba cheart a chur ar a gcumas do dhaoine óga scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt le haghaidh a bhforbartha pearsanta, sóisialta agus sibhialta. Tabharfar aird ar leith ar acmhainn na n-ósteagraíochtaí i dtríú tíortha agus ar an ngá atá le gníomhaíochtaí na n-oibrithe deonacha a dhaingniú sa chomhthéacs áitiúil agus le hidirghníomhaíocht na n-oibrithe deonacha le gníomhaithe áitiúla daonnúla, leis an bpobal óstála agus leis an tsochaí shibhialta a éascú. Ba cheart luach agus tairbhí na hoibre deonaí leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a aithint le haghaidh oibrithe deonacha, trí thorthaí foghlama a aithint agus a dhoiciméadú, trí Youthpass más féidir.
- **Socruithe sásúla le haghaidh oiliúna, oibre agus obair dheonach**. Ní mór dálaí sábháilte cuibhiúla maireachtála agus oibre a chinntiú le haghaidh oibrithe deonacha. Ní mór do na daoine óga agus na heagraíochtaí comhaontú oibre deonaí a shíniú ina dtabharfar achoimre ar chearta agus ar fhreagrachtaí an dá pháirtí agus ina gcuimseofar sraith dhea-shainithe cúraimí oibre deonaí.
- **'Neamhbhrabús'**. I gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais, ní bhainfidh tairbhithe aon bhrabús as na gníomhaíochtaí a chistítear leis na deontais a dhámhtar. Ina theannta sin, ba cheart don obair dheonach caiteachas na rannpháirtithe a eascraíonn as rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta den sórt sin a chumhdach ach níor cheart don obair dheonach tuarastail ná sochar eacnamaíoch a thabhairt dóibh.

[66] https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/internal-security/organised-crime-and-human-trafficking/together-against-trafficking-human-beings_en

## Cúraimí agus freagrachtaí eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil acu

De bhreis ar na prionsabail thuas a chomhlíonadh, eagraíochtaí a dhéanann tionscadail oibre deonaí sa chabhair dhaonnúil a chur chun feidhme, ní mór dóibh cúraimí agus freagrachtaí sonracha a dhéanamh chun gníomhaíochtaí ardcháilíochta a chinntiú. Agus iarratas á dhéanamh acu ar Lipéad Cáilíochta, ní mór é a bheith ar a gcumas d'eagraíochtaí a n-inniúlacht a léiriú chun na cúraimí a dhéanamh agus na freagrachtaí a ghlacadh atá ábhartha don ról ar a bhfuil iarratas á dhéanamh acu, mar a thugtar achoimre orthu sna riachtanais thíos. Ní liosta cuimsitheach é agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh trasnaíl éigin a bheith ann sa tsraith cúraimí agus freagrachtaí idir na hósteagraíochtaí agus na heagraíochtaí tacaíochta, gan dochar do cháilíocht fhoriomlán na gníomhaíochta.

### Eagraíochtaí a chuireann isteach ar ról tacaíochta

| | |
|---|---|
| **Bainistíocht** | ▪ Comhlíontacht leis an Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chinntiú, go háirithe na hairteagail agus na haithrisí ina dtagraítear don Obair Dheonach a dhéanamh faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil<br>▪ Maidir leis na comhordaitheoirí: Comhordú éifeachtach a chinntiú i gcomhar le gach eagraíocht rannpháirteach eile;<br>▪ Measúnú riosca/próisis slándála/plean aslonnaithe a ullmhú;<br>▪ Monatóireacht, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh i gcomhréir le próisis an chláir;<br>▪ Gníomhaíochtaí scaipthe agus gníomhaíochtaí eolais a dhéanamh. |
| **Roimh an ngníomhaíocht** | ▪ An próiseas roghnúcháin a chinntiú i gcomhréir leis na prionsabail maidir le trédhearcacht agus cóir chomhionann;<br>▪ Daoine óga oilte a roghnú ó Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ A chinntiú go síníonn an t-oibrí deonach comhaontú oibre deonaí[67]<br>▪ A chinntiú go dtugtar tacaíocht don oibrí deonach chun ullmhú teanga a dhéanamh (más infheidhme, tacaíocht chun an Tacaíocht Teanga ar Líne agus an measúnú arna soláthar ag an gCoimisiún a dhéanamh);<br>▪ Riachtanais foghlama a shainaithint agus cuspóirí foghlama a leagan amach;<br>▪ Ullmhúchán sásúil a sholáthar don oibrí deonach sula n-imíonn sé, de réir riachtanais an duine agus arna chur in oiriúint do shainiúlachtaí an tionscadail, na gníomhaíochtaí agus na tíre óstaí, agus i gcomhréir leis an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta;<br>▪ Tacaíocht a sholáthar don oibrí deonach chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus a dtorthaí foghlama a shainaithint agus a thaifeadadh, trí uirlisí bailíochtaithe an Aontais, go háirithe Youthpass, Europass, nó uirlisí náisiúnta;<br>▪ An t-oibrí deonach a spreagadh chun tabhairt faoin Oiliúint Ghinearálta ar Líne a thairgtear ar Acadamh an Aontais agus atá inrochtana trí Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ A chinntiú go gcomhlíonann an oibrí deonach ceanglais imréitigh ábhartha, agus go ndéanann sé ullmhúchán sonrach, go háirithe i gcás oibrithe deonacha atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí le grúpaí leochaileacha i gcomhréir le dlí náisiúnta is infheidhme na tíre óstaí;<br>▪ Rannpháirtíocht an oibrí dheonaigh sa seisiún oiliúna réamhimeachta a chinntiú, agus an seisiún eolais san áireamh;<br>▪ A chinntiú go ndéantar measúnú leighis réamhimeachta ar an oibrí deonach;<br>▪ A chinntiú go gcumhdaítear an t-oibrí deonach faoin bplean árachais éigeantaigh dá bhforálann an Cór; |

[67] Féach an roinn 'bearta tacaíochta eile – comhaontú le rannpháirtithe'

| | |
|---|---|
| | ▪ A chinntiú go dtuigeann an t-oibrí deonach téarmaí agus coinníollacha na scéime árachais;<br>▪ A chinntiú go bhfuil ag an oibrí deonach na víosaí/an cead cónaithe is gá nó aon doiciméad eile is gá le haghaidh gníomhaíochtaí oibre deonaí i dtír na hósteagraíochta;<br>▪ Socruithe taistil a dhéanamh nó a éascú chuig an tír nó ón tír ina ndéantar an ghníomhaíocht oibre deonaí;<br>▪ Na bearta is gá a dhéanamh chun sábháilteacht agus slándáil an oibrí dheonaigh a chinntiú;<br>▪ Teagmhálaí tacaíochta a ainmniú le haghaidh an oibrí dheonaigh agus fanacht i dteagmháil leis an oibrí deonach agus leis an ósteagraíocht ar feadh na gníomhaíochta;<br>▪ Tacú leis an oibrí deonach socrú isteach agus aistriú;<br>▪ An tacaíocht bhreise is gá a sholáthar don oibrí deonach agus don ósteagraíocht, go háirithe i gcás ina bhfuil an oibrí deonach óg agus ina bhfuil níos lú deiseanna aige; |
| **I rith na gníomhaíochta** | ▪ Maidir leis na comhordaitheoirí: Comhordú a dhéanamh leis na hósteagraíochtaí le cinntiú go bhfuil an tionscadal ag dul ar aghaidh mar a bheartaítear;<br>▪ Páirt a ghlacadh sa mheastóireacht mheántéarma agus sna hathbhreithnithe deiridh;<br>▪ Tacaíocht riaracháin a sholáthar i gcás easaontú idir an ósteagraíocht agus an t-oibrí deonach. |
| **Tar éis na gníomhaíochta** | ▪ A chinntiú go soláthraítear scrúdú leighis agus síceolaíoch ar an oibrí deonach;<br>▪ Tacaíocht a sholáthar chun cabhrú le hath-imeascadh an oibrí dheonaigh sa phobal baile;<br>▪ An deis a thabhairt don oibrí deonach eispéiris agus torthaí foghlama a mhalartú agus a chomhroinnt;<br>▪ Rannpháirtíocht an oibrí dheonaigh i scaipeadh agus i saothrú na dtorthaí a spreagadh;<br>▪ Treoraíocht a thabhairt maidir leis an mbreisoideachas, oiliúint nó deiseanna fostaíochta;<br>▪ Rannpháirtíocht an oibrí dheonaigh a chinntiú in imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. |

## EAGRAÍOCHTAÍ A CHUIREANN ISTEACH AR RÓL ÓSTAIGH

| | |
|---|---|
| **Bainistíocht** | ▪ Comhlíonadh an Rialacháin maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chinntiú, go háirithe na hairteagail agus an aithris ina dtagraítear don Obair Dheonach a dhéanamh faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. |
| **Roimh an ngníomhaíocht** | ▪ Oibriú i gcomhar, faoi mar is gá, leis an gcomhordaitheoir agus leis an eagraíocht tacaíochta chun an ghníomhaíocht a ullmhú agus, go háirithe, chun na hoibrithe deonacha a ullmhú le haghaidh a ngníomhaíochtaí oibre deonaí. |
| **I rith na gníomhaíochta** | *Foghlaim, meantóireacht agus tacaíocht*<br>▪ A chinntiú go bhfreastalaíonn an t-oibrí deonach ar oiliúint ar theacht isteach, agus seisiún eolais slándála san áireamh;<br>▪ Cur chun feidhme na meastóireachta meántéarma a chinntiú;<br>▪ A chinntiú go bhfreastalaíonn an t-oibrí deonach ar an Timthriall iomlán Oiliúna agus Meastóireachta (más infheidhme);<br>▪ An deis a thabhairt don oibrí deonach sraith dhea-shainithe cúraimí a dhéanamh, lenar féidir cuid de smaointe, cruthaitheacht agus taithí an oibrí dheonaigh a chomhtháthú;<br>▪ Deiseanna soiléire foghlama a shainaithint le haghaidh an oibrí dheonaigh agus in éineacht leis;<br>▪ Tacaíocht, maoirseacht agus treoraíocht a bhaineann leis an gcúram a sholáthar don |

| | |
|---|---|
| | oibrí deonach trí bhaill foirne a bhfuil taithí acu;<br>▪ Tacú leis na hoibrithe deonacha ina bpróiseas foghlama;<br>▪ Tacú leis na hoibrithe deonacha a thugann faoi chúrsaí teanga, más gá;<br>▪ Meantóir a shainaithint atá freagrach as na rudaí seo a leanas a sholáthar do na hoibrithe deonacha:<br>o tacaíocht chun féinmhachnamh a dhéanamh ar chur chun cinn na foghlama<br>o tacaíocht phearsanta<br>*Dálaí maireachtála agus oibre an oibrí dheonaigh*<br>▪ Tacú le víosa agus/nó cead cónaithe an oibrí dheonaigh nó le doiciméid eile atá riachtanach faoin dlí le haghaidh na gníomhaíochta oibre deonaí<br>▪ Sábháilteacht agus slándáil na rannpháirtithe a chinntiú i gcomhréir leis na próisis/leis an bplean aslonnaithe a faomhadh;<br>▪ Dálaí oiriúnacha maireachtála agus oibre a sholáthar don oibrí deonach;<br>▪ Imeascadh an oibrí dheonaigh sa phobal áitiúil agus idirghníomhaíocht leis an bpobal easaoránach a éascú;<br>▪ Cosc ar choinbhleachtaí, idirghabháil agus folláine a chinntiú, agus tacaíocht shíceolaíoch san áireamh nuair is gá;<br>▪ A chinntiú go mbíonn modhanna iompair áitiúil ar fáil don oibrí deonach;<br>▪ Rochtain ar mhodh cumarsáide a chinntiú don oibrí deonach chun teagmháil a éascú le comhpháirtithe cuibhreannais, oibrithe deonacha eile de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus garghaolta;<br>▪ Ranníocaíochtaí airgeadais comhaontaithe a sholáthar don oibrí deonach.<br>▪ An tacaíocht bhreise a bhfuil gá léi a sholáthar don oibrí deonach, go háirithe i gcás ina bhfuil an oibrí deonach óg agus ina bhfuil níos lú deiseanna aige. |
| **Tar éis na gníomhaíochta** | ▪ Athbhreithniú feidhmíochta deiridh agus faisnéisiú a sholáthar don oibrí deonach;<br>▪ Bearta leantacha agus meastóireacht ar an ngníomhaíocht a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir agus/nó leis an eagraíocht tacaíochta díreach tar éis an chríochnú na gníomhaíochta;<br>▪ Cuidiú le tionchar agus scaipeadh na gcéimeanna toraidh agus tacú le meastóireacht chríochnaitheach an tionscadail. |

# CÉ NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN LIPÉAD CÁILÍOCHTA?

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA AGUS EOLAS MAIDIR LEIS NA hIARRATAIS

| | |
|---|---|
| Iarratasóirí incháilithe | Lipéad Cáilíochta le haghaidh ról tacaíochta – eagraíochtaí idirnáisiúnta[68] agus aon eagraíocht atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár.<br>Lipéad Cáilíochta le haghaidh ról óstaigh – aon eagraíocht a oibríonn sna réigiúin sin de thríú tríú tíortha ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí cabhrach daonnúla agus nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta ná neamh-idirnáisiúnta leanúnacha iontu. |
| | Ba cheart an t-iarratas ar Lipéad Cáilíochta tagairt don eagraíocht iomlán amháin, agus a ranna |

[68] An ceanglas chun bheith bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, níl feidhm aige maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

| | |
|---|---|
| | agus/nó brainsí san áireamh[69]. Níl grúpaí daoine óga incháilithe. |
| Fad bhailíocht an Lipéid Cáilíochta | Tá an Lipéad Cáilíochta bailí ar feadh fhad iomlán na clárthréimhse 2021–2027, faoi réir monatóireacht ar chomhlíonadh agus athmheasúnuithe tréimhsiúla a dhéanfaidh EACEA.<br><br>Ag deireadh chlárthréimhse 2021–2027, beidh an Lipéad Cáilíochta bailí go dtí deireadh na gníomhaíochta deiridh ina bhfuil an eagraíocht páirteach. Beidh an Lipéad Cáilíochta le haghaidh ceanneagraíochtaí bailí go dtí deireadh an chomhaontaithe deontais deiridh a shínigh an eagraíocht is tairbhí. |
| Cathain is féidir iarratas a dhéanamh? | Féadfar iarratais a chur isteach ar bhonn leanúnach. Eagraíochtaí atá toilteanach páirt a ghlacadh i dtionscadail Oibre Deonaí sa Chabhair Dhaonnúil faoi ghlao 2026, ní mór dóibh a n-iarratas ar Lipéad Cáilíochta a bheith curtha isteach go leictreonach acu faoin 23 Meán Fómhair 2025 ag 17:00 (am na Bruiséile). Eagraíochtaí atá toilteanach a bheith rannpháirteach i dtionscadail Oibre Deonaí sa Chabhair Dhaonnúil faoi ghlao 2027, ní mór dóibh a n-iarratais ar Lipéad Cáilíochta a chur isteach go leictreonach, trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairsí Maoiniúcháin agus Tairiscintí (féach cuid E) faoin 22 Meán Fómhair 2026 ag 17:00 (am na Bruiséile). |
| Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh? | Chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairsí Maoiniúcháin agus Tairiscintí (féach cuid E). |
| Critéir Eisiaimh | Ní mór Dearbhú ar onóir atá sínithe ag an ionadaí dlíthiúil a bheith i gceangal leis an bhfoirm iarratais. |

## Critéir Dhámhachtana

Ní mór na critéir dámhachtana thíos a chomhlíonadh leis na tograí sula gcuirfear iad san áireamh chun Lipéad Cáilíochta a fháil:

Eagraíochtaí a chuireann isteach ar ról tacaíochta

| | |
|---|---|
| Ábharthacht | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ tá údair spreagtha na heagraíochta sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach áititheach agus tugtar míniú soiléir orthu<br>▪ tugann cuspóirí na heagraíochta aghaidh ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh<br>▪ tá gníomhaíochtaí agus taithí na heagraíochta ábhartha don chabhair dhaonnúil agus do réimsí comhair forbartha agus baineann gné láidir dlúthpháirtíochta leo<br>▪ léiríonn an eagraíocht tiomantas do phrionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar aon leis an bprionsabal arb é ‘gan dochar a dhéanamh’<br>▪ tá an togra ábhartha chun comhluachanna an Aontais a urramú agus a chur chun cinn, cuir i gcás, urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, chomh maith le troid in aghaidh aon sórt idirdhealaithe. |
| Cáilíocht beart | ▪ A mhéid a urramaíonn an eagraíocht caighdeáin cháilíochta an chláir tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>▪ gníomhaíochtaí a dhéanamh mar fhreagairt ar riachtanais cabhrach daonnúla agus buntáistí inláimhsithe a sholáthar do spriocghrúpaí agus do phobail áitiúla<br>▪ a chinntiú go ndéanfar slándáil, sláinte agus sábháilteacht oibrithe deonacha a ráthú, agus go dtugtar aghaidh ar bhealach cuí ar aon riosca a bhaineann leis an lóistín agus an socrúchán oibre atá beartaithe |

69 Ní féidir le ranna laistigh d’eagraíocht iarratas a dhéanamh ar Lipéid Cháilíochta ar leithligh. Bronntar Lipéid Cháilíochta ar leibhéal eagraíochta (eintiteas dlítheanach amháin = Lipéad Cáilíochta amháin).

| | |
|---|---|
| | ▪ na bearta is gá a dhéanamh chun an prionsabal de ghníomhaíochtaí díobhálacha a sheachaint a urramú<br>▪ socruithe praiticiúla agus lóistíochtúla sásúla a chinntiú<br>▪ tacaíocht meantóireachta chuí a chinntiú le haghaidh oibrithe deonacha<br>▪ tacaíocht phearsanta chuí a chinntiú le haghaidh oibrithe deonacha, agus bearta coiscthe agus maolaithe coinbhleachta agus tacaíocht shíceolaíoch san áireamh<br>▪ bearta oiriúnacha a dhéanamh chun dálaí maireachtála agus oibre deonaí iomchuí a chinntiú do na ndaoine óga<br>▪ bearta cuí a dhéanamh chun tacú le riachtanais shonracha oibrithe deonacha ar lú na deiseanna atá acu<br>▪ ionadú poist, gnáthchúraimí agus cúraimí lena mbaineann tionchar foghlama íseal a sheachaint<br>▪ inbhuanaitheacht agus freagracht chomhshaoil a chur chun cinn agus cleachtais inbhuanaithe agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chorprú i ngníomhaíochtaí<br>▪ úsáid a bhaint as uirlisí agus modhanna digiteacha chun gníomhaíochtaí a fhorlíonadh agus a fheabhsú |
| Inniúlacht Eagraíochtúil | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ léirigh an eagraíocht an cumas, an inniúlacht agus an tiomantas chun acmhainní iomchuí a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistiú i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta is infheidhme, go háirithe na caighdeáin sábháilteachta agus slándála le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil<br>▪ mhol an eagraíocht céimeanna iomchuí chun leanúnachas gníomhaíochtaí a chinntiú i gcás ina dtarlaíonn athruithe eagraíochtúla<br>▪ léiríonn an eagraíocht go bhfuil cur chuige maith aici maidir le hoibriú le comhpháirtithe<br>▪ is bearta ar ardchaighdeán iomchuí iad na bearta chun inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí beartaithe a chinntiú<br>▪ cinntíonn an eagraíocht bainistíocht tionscadail atá ar ardchaighdeán, cuir i gcás, cumarsáid cheart agus bearta comhordaithe cearta le heagraíochtaí tacaíochta eile nó le hósteagraíochtaí<br>▪ na bearta a dhíríonn ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, tá siad iomchuí agus ar ardchaighdeán<br>▪ na bearta chun monatóireacht agus meastachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí, tá siad iomchuí agus ar ardchaighdeán. |

### EAGRAÍOCHTAÍ A CHUIREANN ISTEACH AR RÓL ÓSTAIGH

| | |
|---|---|
| Ábharthacht | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ tá údair spreagtha na heagraíochta sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach áititheach agus tugtar míniú soiléir orthu<br>▪ tugann cuspóirí na heagraíochta aghaidh ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh<br>▪ tá gníomhaíochtaí agus taithí na heagraíochta ábhartha don chabhair dhaonnúil agus do réimsí comhair forbartha agus baineann gné láidir dlúthpháirtíochta leo<br>▪ léiríonn an eagraíocht tiomantas do phrionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, mar aon leis an bprionsabal arb é 'gan dochar a dhéanamh'<br>▪ tá an togra ábhartha chun comhluachanna an Aontais a urramú agus a chur chun cinn, cuir i gcás, urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht |

| | |
|---|---|
| | reachta agus urraim do chearta an duine, chomh maith le troid in aghaidh aon sórt idirdhealaithe. |
| Cáilíocht na mbeart | ▪ A mhéid a urramaíonn an eagraíocht caighdeáin cháilíochta an chláir tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>▪ gníomhaíochtaí a dhéanamh mar fhreagairt ar riachtanais cabhrach daonnúla agus buntáistí inláimhsithe a sholáthar do spriocghrúpaí agus do phobail áitiúla<br>▪ cinntítear go ndéanfar slándáil, sláinte agus sábháilteacht oibrithe deonacha a ráthú, agus go dtabharfar aghaidh ar bhealach cuí ar aon riosca a bhaineann leis an lóistín beartaithe agus an ghníomhaíocht oibre deonaí<br>▪ déantar bearta oiriúnacha chun a chinntiú go bhfuil dálaí maireachtála iomchuí agus dálaí oibre deonaí iomchuí i bhfeidhm le haghaidh na ndaoine óga<br>▪ na bearta is gá a dhéanamh chun an prionsabal de ghníomhaíochtaí díobhálacha a sheachaint a urramú<br>▪ socruithe praiticiúla agus lóistíochtúla sásúla a chinntiú<br>▪ cinntítear tacaíocht meantóireachta shásúil d'oibrithe deonacha le linn na gníomhaíochta<br>▪ tacaíocht phearsanta chuí a chinntiú le haghaidh oibrithe deonacha, agus bearta coisсthe agus maolaithe coinbhleachta agus tacaíocht shíceolaíoch san áireamh<br>▪ bearta cuí a dhéanamh chun tacú le riachtanais shonracha oibrithe deonacha ar lú na deiseanna atá acu<br>▪ ionadú poist, gnáthchúraimí agus cúraimí lena mbaineann tionchar foghlama íseal a sheachaint<br>▪ inbhuanaitheacht agus freagracht chomhshaoil a chur chun cinn agus cleachtais inbhuanaithe agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chorprú i ngníomhaíochtaí<br>▪ úsáid a bhaint as uirlisí agus modhanna digiteacha chun gníomhaíochtaí a fhorlíonadh agus a fheabhsú |
| Inniúlacht Eagraíochtúil | A mhéid atá an méid seo a leanas amhlaidh:<br>▪ léirigh an eagraíocht an cumas, an inniúlacht agus an tiomantas chun acmhainní iomchuí a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhainistiú i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta is infheidhme, go háirithe na caighdeáin sábháilteachta agus slándála le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil<br>▪ mhol an eagraíocht céimeanna iomchuí chun leanúnachas gníomhaíochtaí a chinntiú i gcás ina dtarlaíonn athruithe eagraíochtúla<br>▪ léiríonn an eagraíocht go bhfuil cur chuige maith aici maidir le hoibriú le comhpháirtithe<br>▪ cinntíonn an eagraíocht bainistíocht tionscadail atá ar ardchaighdeán, agus cumarsáid cheart agus bearta comhordaithe cearta leis an gcomhordaitheoir agus/nó leis an eagraíocht tacaíochta san áireamh<br>▪ is bearta ar ardchaighdeán iomchuí iad na bearta chun inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí beartaithe a chinntiú<br>▪ na bearta a dhíríonn ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a scaipeadh laistigh agus lasmuigh de na heagraíochtaí rannpháirteacha, tá siad iomchuí agus ar ardchaighdeán<br>▪ na bearta chun monatóireacht agus meastachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí, tá siad iomchuí agus ar ardchaighdeán. |

# BEARTA MONATÓIREACHTA, TUAIRISCITHE AGUS DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

## AN LIPÉAD CÁILÍOCHTA A ATHRÚ/NUASHONRÚ

Ní mór d'eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil acu fógra a thabhairt don chomhlacht dámhachtana faoi aon athrú ina n-eagraíocht ar cheart a bheith léirithe ina Lipéad Cáilíochta.

## FAIREACHÁN AGUS SEICEÁLACHA

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin cuairteanna monatóireachta tráthrialta nó ad hoc a dhéanamh chun fíorú go gcomhlíonann na heagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu na caighdeáin cháilíochta fós.

## FOIRCEANNADH

I gcásanna tearcfheidhmíochta tromchúisí, mainneachtana treoracha agus sprioc-amanna na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin a chomhlíonadh nó sáruithe leanúnacha rialacha an Chláir, féadfar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil a tharraingt siar. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin aird chuí ar gach cás neamhchomhlíontachta agus meabhróidh sí an eagraíocht i bhfad roimh ré chun dóthain ama a thabhairt le bearta ceartaitheacha a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Lipéad Cáilíochta a fhoirceannadh má scoireann an eagraíocht de bheith ann.

# Obair Dheonach a dhéanamh faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil (Obair dheonach sa chabhair dhaonnúil)

## Cad atá i gceist le hobair dheonach chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla?

Déantar an Obair Dheonach faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil[70] (Obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil) i dtríú tíortha ina ndéantar oibríochtaí leanúnacha maidir le cabhair dhaonnúil. Tugann an ghníomhaíocht seo deis do dhaoine óga idir 18 mbliana d'aois agus 35 bliana d'aois chun rannchuidiú leis an tsochaí trí ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha nó fadtéarmacha a dhíríonn ar dhálaí maireachtála daoine atá i ngátar. Is gníomhaíocht lánaimseartha[71] é oibriú go deonach nach ndéantar aon íocaíocht ina leith. Ní mór na tionscadail a bheith i gcomhréir le prionsabail na cabhrach daonnúla , mar atá, an daonnacht, an neodracht, an neamhchlaontacht agus an neamhspleáchas, mar aon leis an bprionsabal, 'gan dochar a dhéanamh'.

## Cé na cuspóirí atá acu?

Ba cheart do na tionscadail a mhaoinítear faoi obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. i gcás inarb ábhartha, éascófar leo an t-aistriú ón bhfreagairt dhaonnúil chuig an bhforbairt fhadtéarmach inbhuanaithe chuimsitheach
b. rannchuidiú le hinniúlacht agus athléimneacht pobal soghonta nó pobail atá buailte le tubaiste a neartú;
c. ullmhacht i gcomhair tubaistí a threisiú agus rioscaí tubaiste a laghdú;
d. fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh lena chéile;
e. ardleibhéal sábháilteachta agus slándála a chinntiú le haghaidh na n-oibrithe deonacha.

Sa bhreis air sin, chun cáilíocht na gníomhaíochta a fheabhsú agus a tionchar ar phobail áitiúla a mhéadú, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí comhlántacha a chuimsiú sna tionscadail. Ba cheart go n-éascófaí leo freisin rannpháirtíocht ghníomhach foirne áitiúla agus oibrithe deonacha ó na tíortha agus na pobail ina gcuirtear chun feidhme iad.

## Cé na gníomhaíochtaí ar féidir tacú leo?

Tacaítear leis na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil:

- Obair dheonach aonair
- Foirne oibre deonaí
- Gníomhaíochtaí comhlántacha

[70] Airteagal 2(12) agus Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (europa.eu)

[71] 30 uair an chloig ar a laghad agus 38 n-uair an chloig ar a mhéad in aghaidh na seachtaine

### Obair Dheonach Aonair

Gníomhaíocht i réimse na cabhrach daonnúla a mhaireann idir 2 mhí agus 12 mhí, gan am taistil san áireamh, atá i gceist leis an obair dheonach aonair.

Leis an gcineál oibre deonaí sin, soláthraítear deis do dhaoine óga cúraimí is gá a dhéanamh chun tacú leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an ósteagraíocht.

Bíonn gníomhaíochtaí oibre deonaí aonair ar siúl ar bhonn trasteorann, i dtír atá éagsúil le tír chónaithe an oibrí dheonaigh nó na n-oibrithe deonaí, mar a shonraítear sa roinn maidir le critéir incháilitheachta ghinearálta – 'suíomh geografach'.

Ba cheart saineolas meantóireachta tacú leis na gníomhaíochtaí oibre deonaí aonair.

### Foirne Oibre Deonaí

Is éard is foirne oibre deonaí gníomhaíochtaí a ligeann d'fhoirne ina bhfuil idir 5 agus 40 rannpháirtí a thagann ó 2 Bhallstát éagsúla de chuid an Aontais ar a laghad nó ó thríú tír atá comhlachaithe leis an gClár teacht le chéile chun obair dheonach a dhéanamh ar feadh tréimhse a mhaireann idir coicís agus 2 mhí (suas le 59 lá, gan am taistil san áireamh).

Ar bhonn trasteorann, i dtír atá éagsúil le tír chónaithe an rannpháirtí nó na rannpháirtithe, mar a shonraítear sa roinn maidir le critéir incháilitheachta ghinearálta – 'suíomh geografach'.

Déantar oibrithe deonacha a imlonnú ar feadh tréimhse ghairid chun gníomhaíocht atá sainithe go soiléir a dhéanamh, gníomhaíocht is féidir a dhéanamh laistigh de thráthchlár gairid. D'ainneoin a bhfaid ghairid, beidh na gníomhaíochtaí sin luachmhar le haghaidh na rannpháirtithe agus le haghaidh na bpobal a thairbhíonn den tseirbhís sin. D'fhéadfadh an fhormáid sin rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú mar gheall ar an bhfad gairid agus an rannpháirtíocht i gcomh-iarracht.

D'fhéadfadh saineolas meantóireachta sonrach a bheith i gceist chun tacú le gníomhaíochtaí na bhfoirne oibre deonaí agus féadfar an saineolas sin a threisiú ansin i gcásanna a bhfuil daoine óga ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach.

Áirítear na buntáistí seo a leanas ar na buntáistí a bhaineann leis an gcineál sonrach sin gníomhaíochtaí grúpaí i gcomparáid le gníomhaíochtaí oibre deonaí a dhéanann duine aonair:

- Beidh an ghníomhaíocht ar siúl ag oibrithe deonacha i ngrúpa. D'fhéadfadh sé sin spreagadh a thabhairt do dhaoine óga nach mothaíonn ullamh tabhairt faoi eispéiris dhúshlánacha ina n-aonar;
- Ní mhairfidh an ghníomhaíocht chomh fada céanna. D'fhéadfadh sé sin rannpháirtíocht a chothú i measc daoine óga nach féidir leo gealltanas a thabhairt le haghaidh tréimhse fhada mar bíonn siad ag staidéar nó ag obair, ach ar mhaith leo cabhrú leis an bpobal áitiúil.

### Gníomhaíochtaí comhlántacha

Is éard atá i ngníomhaíochtaí comhlántacha foghníomhaíochtaí a bhaineann leis na tionscadail agus a dearadh chun luach a chur leo, chun níos mó cumhachta a chur lena dtorthaí agus chun an tionchar a bhíonn acu ar an leibhéal áitiúil agus/nó réigiúnach a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí comhlántacha den sórt sin freisin feasacht a mhéadú faoin luach a bhaineann le hobair dheonach a dhéanamh agus faoin dlúthpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil, ag freastal ar an bpobal áitiúil. Maidir leis na gníomhaíochtaí comhlántacha sin inar gá oibrí deonach nó oibrithe deonacha a bheith i láthair, ba cheart iad sin a dhéanamh laistigh de thráthchlár na gníomhaíochta oibre deonaí.

Féadfaidh gníomhaíochtaí comhlántacha rannchuidiú le fothú acmhainneachta eagraíochtaí agus pobal áitiúil, ionas go mbeidh gníomhairí in ann mothú úinéireachta a chruthú ar an leibhéal áitiúil. Féadfar saineolas sonrach agus próifílí gairmiúla/a bhfuil taithí acu a fháil ar chonradh faoin gcreat seo, a bhfuil sé d'aidhm leo sin tuilleadh tacaíochta a chinntiú le haghaidh oibrithe deonacha (agus daoine ar lú na deiseanna atá acu san áireamh) agus roinnt taithí idirghlúine a éascú.

D'fhéadfadh cruinnithe, cóitseáil, comhdhálacha, scáthfhoghlaim, cúrsaí oiliúna, ceardlanna praiticiúla a mbíonn daoine óga áitiúla rannpháirteach iontu, etc. a bheith san áireamh sna gníomhaíochtaí comhlántacha.

## Conas tionscadal a bhunú?

Maidir le tionscadal a dtacaítear leis faoin snáithe seo, ba cheart gníomhaíochta oibre deonaí amháin nó níos mó ná gníomhaíocht amháin agus 15 rannpháirtí ar a laghad in aghaidh an tionscadail a bheith san áireamh leis. Féadfar na gníomhaíochtaí oibre deonaí a chomhcheangal ar bhealach solúbtha, ag brath ar chuspóirí an tionscadail, riachtanais shainaitheanta ar an leibhéal áitiúil agus riachtanais na heagraíochta rannpháirtí nó na n-eagraíochtaí rannpháirteacha agus na n-oibrithe deonacha.

Trí iarratasóir incháilithe ar a laghad ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil a chuireann an tionscadal chun feidhme, agus ní mór do dhá cheann de na hiarratasóirí sin ar a laghad teacht ó dhá thír éagsúla agus ósteagraíocht amháin ar a laghad nach bhfuil aon chleamhnú aici le heagraíocht tacaíochta eile atá rannpháirteach sa tionscadal.

Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist le tionscadal de ghnáth:

- Pleanáil (riachtanais, cuspóirí, torthaí foghlama, forbairt cláir oibre, sceideal gníomhaíochtaí a shainiú etc.);
- Ullmhú (socruithe praiticiúla, roghnú oibrithe deonacha, comhaontuithe a chur ar bun le comhpháirtithe agus rannpháirtithe, oibrithe deonacha a ullmhú ó thaobh foghlaim teanga/idirchultúrtha de agus ó thaobh na gcúraimí de roimh imeacht, cruinnithe ullmhúcháin);
- Cur chun feidhme gníomhaíochtaí oibre deonaí (agus tacaíocht agus treoraíocht d'oibrithe deonacha i rith na ngníomhaíochtaí san áireamh);
- Obair leantach (agus meastóireacht ar na gníomhaíochtaí, eisiúint an deimhnithe rannpháirtíochta san áireamh, chomh maith le scaipeadh agus saothrú torthaí an tionscadail).

Ní mór Lipéad Cáilíochta bailí le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil a bheith ag gach eagraíocht rannpháirteach atá páirteach in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil. Féach an roinn ábhartha den Treoir seo (Cuid C - Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil) chun tuilleadh eolais a fháil ar an Lipéad Cáilíochta le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil.

Cumhdóidh eagraíochtaí atá rannpháirteach in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil na róil seo a leanas:

- **Ról tacaíochta** ina dtacaítear le hoibrithe deonacha, iad a ullmhú agus/nó oiliúint a chur orthu sula n-imíonn siad (agus oiliúint saincheaptha le haghaidh daoine ar lú na deiseanna atá acu san áireamh), idirghabháil idir iad siúd agus na hósteagraíochtaí agus/nó tacaíocht a thabhairt d'oibrithe deonacha ar fhilleadh abhaile óna gcuid gníomhaíochtaí dóibh. Leis an ról tacaítear, tá an comhordaitheoir i dteideal iarratais ar thionscadail a chur isteach agus an cuibhreannas a bhainistiú.
- **Ról óstaigh**, lena gcumhdaítear an raon iomlán gníomhaíochtaí a bhaineann le hoibrí deonach a óstáil, cuir i gcás clár a fhorbairt de ghníomhaíochtaí an rannpháirtí agus treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt don oibrí deonach i gcaitheamh céimeanna go léir an tionscadail de réir mar is iomchuí (is féidir le heagraíocht tacaíochta atá

páirteach sa tionscadal céanna cuid de na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh). Ní mór socruithe sonracha le haghaidh daoine ar lú na deiseanna atá acu a chur i bhfeidhm.

Féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta comhlachaithe rannchuidiú le tionscadal chun freastal ar riachtanais shonracha, cuir i gcás, cuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a éascú. Ní gá d'eagraíochtaí comhpháirtíochta Lipéad Cáilíochta le haghaidh obair dheonach sa chabhair dhaonnúil a bheith acu, mar níl sé i gceist go ndéanfaidh siad oibrithe deonacha a óstáil ná a sheoladh, ná cistí AE a fháil.

Na socruithe agus na próisis atá beartaithe ag an ósteagraíocht chun slándáil agus sábháilteacht na n-oibrithe deonacha a chinntiú, cuir i gcás, go bhféadfaidís filleadh go sábháilte i gcás teagmhais slándála thromchúisigh, ní mór do na socruithe agus na próisis sin a bheith i bhfeidhm roimh theacht an oibrí dheonaigh ag an áit a dhéanfar an ghníomhaíocht oibre deonaí i dtríú tír.

Níl aon teorainn aoise i bhfeidhm maidir le cóitseálaithe, meantóirí agus saineolaithe atá mar chuid den 'ghné foghlama agus oiliúna' le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil mar a leagtar amach in Airteagal 10(1) den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus nach meastar a bheith ina 'rannpháirtithe' de réir Airteagal 2(3) den Rialachán sin.

## Roghnú na rannpháirtithe

Daoine óga ar mian leo páirt a ghlacadh sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní mór dóibh clárú ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[72]. Féadfaidh daoine óga ar lú iad na deiseanna a bhíonn acu tacaíocht a fháil ó eintitis iomchuí atá speisialaithe chun déileáil le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu chun céim an chlárúcháin a chur i gcrích. Áit chruinnithe atá i dTairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta agus atá toilteanach gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme. Ní mór d'eagraíochtaí rannpháirtithe a roghnú in PASS[73] atá cláraithe sa Tairseach agus ar éirigh leo na seisiúin oiliúna éigeantacha a d'eagraigh an Coimisiún a chur i gcrích.

Ní mór d'iarrthóirí féinmheasúnú agus oiliúint shonrach ar líne a dhéanamh ar Thairseach Acadamh an Aontais[74], agus scrúdú a dhéanamh ina dhiaidh sin. Bíonn an rogha sin ar fáil i rith na bliana de ghnáth – mar sin féin, is féidir an rochtain ar an timpeallacht oiliúna a dhúnadh go sealadach i gcás éileamh ró-ard. Féadfar na daoine a n-éiríonn leo pas a fháil sa scrúdú a iarraidh teacht chuig oiliúint 5 lá duine le duine, a sholáthrófar i roinnt ionad oiliúna san Eoraip. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil líon teoranta áiteanna ar fáil don oiliúint duine le duine. Nuair a bheidh an oiliúint aghaidh ar aghaidh déanta, beidh na hiarrthóirí ábalta iarratas a dhéanamh ar fholúntais a fhógraíonn tionscadail Oibre Deonaí sa Chabhair Dhaonnúil le haghaidh oibrithe deonacha aonair nó foirne oibrithe deonacha. Déanfaidh na baill tionscadail an próiseas roghnúcháin ar fad a bhainistiú agus cuirfidh siad na hiarrthóirí ar an eolas faoin toradh.

Ós rud é go bhfuil daoine óga teoranta do 12 mhí ar a mhéad de rannpháirtíocht sa Chlár, ní mór do dhaoine óga ar spéis leo páirt a ghlacadh san oiliúint le haghaidh Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil gan gníomhaíochtaí oibre deonaí AE a bheith déanta acu roimhe sin ar feadh tréimhse charntha de 6 mhí san iomlán.

## Bearta cáilíochta agus tacaíochta

Foráiltear sraith beart agus seirbhísí, cuir i gcás, oiliúint, tacaíocht foghlama teanga, árachas, sainaithint agus taifeadadh na n-inniúlachtaí a shealbhaítear, chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí oibre deonaí agus gné láidir foghlama a chinntiú do na daoine óga. Tá cuid de na bearta sin roghnach, agus d'fhéadfaí iad a úsáid ag brath ar spéis agus ar riachtanais na ndaoine óga, agus tá cuid de na bearta éigeantach. Ba cheart é a bheith ina aidhm ag eagraíochtaí úsáid na h**Oiliúna Ginearálta ar Líne** agus na **Tacaíochta Teanga ar Líne** agus an measúnú a thairgeann an Coimisiún a chur chun cinn mar chuid d'eispéireas foghlama na n-oibrithe deonacha. Tá eolas mionsonraithe ar na bearta sin le fáil i gCuid D den Treoir seo.

[72] https://youth.europa.eu/solidarity_ga
[73] Córas Riaracháin agus Tacaíochta maidir le Socrúchán (PASS) — https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/it-tool-organisation-portal_en, atá inrochtana trí Thairseach Eorpach na hÓige
[74] https://academy.europa.eu/

## Tosaíochtaí

### An Cuimsiú agus an Éagsúlacht

Féachann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leis an gcomhionannas deiseanna, an rochtain, an cuimsiú, agus an chothroime a chur chun cinn. Ba cheart d'eagraíochtaí gníomhaíochtaí inrochtana agus cuimsitheacha a dhearadh, agus ba cheart dearcthaí agus riachtanais rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu a chur san áireamh.

Chun tacú le **cuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu**, tá fáil ar bhearta tacaíochta agus ar mhaoiniú breise lena gcuirtear ar a gcumas d'eagraíochtaí rannpháirteacha freastal níos fearr ar riachtanais daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

Chun tairbhiú de mhaoiniú breise, beidh ar iarratasóirí tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a mbeidh daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le daoine eile rannpháirteach sna gníomhaíochtaí, is é sin is lú na deiseanna atá acu i gcomparáid le daoine óga eile sa tír/sa cheantar/san aoisghrúpa/sa chás céanna. Sa chiall sin, ní thagraíonn 'rannpháirteach' do spriocghrúpa lena bhféadfadh an eagraíocht is iarratasóir a bheith ag obair. Ciallaíonn sé rannpháirtíocht daoine óga a éascú trí ghníomhaíochtaí an tionscadail a dhearadh ar bhealach cuimsitheach inrochtana, ar daoine óga iad ar lú na deiseanna atá acu. Dá bhrí sin, is gá bearta sonracha for-rochtana agus tacaíochta lena chinntiú gur féidir le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ar comhchéim le daoine eile.

I gcás inarb ábhartha, ba cheart, le tionscadail, **riachtanais shonracha na mban** a chur san áireamh agus féachaint le mná agus grúpaí agus líonraí ban a spreagadh le bheith rannpháirteach.

### Cosaint an chomhshaoil, an fhorbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide

Ba cheart cleachtais ghlasa a chuimsiú i ngach gné de thionscadal. Ba cheart do na heagraíochtaí agus d'oibrithe deonacha atá páirteach cur chuige atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a ghlacadh agus na gníomhaíochtaí á ndearadh acu, rud a spreagfaidh iad chun saincheisteanna comhshaoil a phlé agus le foghlaim fúthu, rud a chuirfidh ag smaoineamh iad faoinar féidir a dhéanamh ar a leibhéal féin agus rud a chuideoidh leo cuimhneamh ar bhealaí malartacha atá níos glaise lena ngníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

Le gníomhaíochtaí oibre deonaí ba cheart iompar atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc daoine óga, agus feasacht á múscailt faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú chun lorg comhshaoil gníomhaíochtaí a laghdú nó a chúiteamh.

Ba cheart gníomhaíochtaí oibre deonaí a dhearadh agus a chur chun feidhme agus feasacht á cothú ar an gcomhshaol, mar shampla trí chleachtais inbhuanaithe a lánpháirtiú mar shampla, tríd an dramhaíl a laghdú agus tríd an athchúrsáil.

### An Claochlú Digiteach

Spreagtar eagraíochtaí rannpháirteacha chun úsáid a bhaint as uirlisí agus modhanna foghlama digiteacha chun a ngníomhaíochtaí a chomhlánú agus luach breise a chur leo, feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí comhpháirtíochta, tacú le scaipeadh breise na dtorthaí, nó tacaíocht le haghaidh na tógála pobail. Ba cheart na hardáin 'Oiliúint Ghinearálta ar Líne' agus 'Tacaíocht Teanga ar Líne' atá le fáil in Acadamh an Aontais, a úsáid freisin (féach cuid D tuilleadh eolais faoi na huirlisí sin).

D'fhéadfadh eagraíochtaí féachaint freisin ar chomhar fíorúil idir oibrithe deonacha, agus idir oibrithe deonacha agus eagraíochtaí rannpháirteacha, a chur leis roimh na gníomhaíochtaí, lena linn, agus ina ndiaidh. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí ar líne rannchuidiú leis an tairseach rannpháirtíochta a ísliú le haghaidh daoine óga ar lú na

deiseanna atá acu nó le tionchar foriomlán na dtionscadal a neartú. D'fhéadfaí cur le cáilíocht an tionscadail freisin ach gníomhaíochtaí oibre deonaí a chumasc le comhpháirteanna fíorúla eile.

### RANNPHÁIRTÍOCHT SA SAOL DAONLATHACH

Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le gach eagraíocht rannpháirteach chun cáilíocht a dtionscadal a fheabhsú trí ghné rannpháirtíochta a chuimsiú, deiseanna ábhartha a thairiscint do dhaoine óga chun gabháil do cheapadh agus do chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail, agus chun páirt a ghlacadh sa cheapadh agus sa chur chun feidhme sin, mar bhealach chun eolas a chur ar thairbhí na saoránachta gníomhaí agus na rannpháirtíochta sa saol daonlathach. Tá acmhainní chun gné rannpháirtíochta tionscadal a dtacaítear leo le fáil inter alia ar an suíomh gréasáin participationpool.eu. Ina theannta sin, spreagtar naisc le tionscnaimh agus le hardáin (eile) náisiúnta nó idirnáisiúnta nó de chuid an Aontais atá ann cheana, atá bunaithe ar an rannpháirtíocht agus ar an rannpháirtíocht shaoránach, agus spreagtar páirt a ghlacadh sna tionscnaimh agus sna hardáin den sórt sin.

## CÉ NA CRITÉIR A ÚSÁIDTEAR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR THIONSCADAIL?

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr (EACEA) a roghnaíonn agus a bhainistíonn na tionscadail.

Déanfar measúnú ar thionscadail de réir na gcritéar seo a leanas: critéir inghlacthachta, incháilitheachta, roghnúcháin, eisiaimh agus dámhachtana (féach Cuid E den Treoir seo chun eolas a fháil ar na critéir inghlacthachta, roghnúcháin agus eisiaimh).

Liostaítear na critéir incháilitheachta nach mór a urramú anseo thíos:

### CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

| | |
|---|---|
| **Iarratasóirí incháilithe** | Aon eintiteas poiblí nó príobháideach, bíodh sé neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, atá bunaithe go dlíthiúil i mBallstát den Aontas, i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár nó i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil agus nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta nó neamh-idirnáisiúnta ar siúl iontu faoi láthair[75], nó aon eagraíochtaí idirnáisiúnta[76].<br><br>Ní mór Lipéad Cáilíochta bailí le haghaidh obair dheonach sa Chabhair Dheonach a bheith ag na heagraíochtaí rannpháirteacha (ról tacaíochta agus óstaigh) ag an spriocdháta le haghaidh iarratas agus feadh thréimhse iomlán an tionscadail. Táthar ag súil go ndéanfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha incháilithe cuibhreannas.<br><br>Ní féidir leis an eagraíocht chéanna ach iarratas amháin a chur isteach mar chomhordaitheoir in aghaidh an sprioc-ama laistigh den ghlao céanna. |
| **Comhdhéanamh cuibhreannais** | Ní mór trí eagraíocht rannpháirteacha incháilithe ar a laghad ag a bhfuil Lipéad Cáilíochta bailí maidir le hObair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil a bheith i gcuibhreannas. Ba cheart dhá eagraíocht tacaíochta ó Bhallstáit éagsúla den Aontas Eorpach nó tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár a bheith i gcuibhreannas agus ósteagraíocht amháin ar a laghad ar eintiteas dlítheanach ar leithligh í agus nach bhfuil aon chleamhnú aici le heagraíocht tacaíochta eile atá rannpháirteach sa tionscadal.<br><br>Ní fhéadfaidh ach eagraíocht rannpháirteach incháilithe atá bunaithe i gceann de Bhallstáit an Aontais nó i dtríú tír amháin atá comhlachaithe leis an gClár iarratas ar mhaoiniú a chur isteach thar ceann an chuibhreannais.<br><br>Ní chuirtear eintitis chleamhnaithe san áireamh sna híoschritéir incháilitheachta le haghaidh chomhdhéanamh an chuibhreannais. |

[75] Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1475 agus Rialachán (AE) Uimh. 375/2014

[76] An ceanglas chun bheith bunaithe i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár, níl feidhm aige maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

| | |
|---|---|
| **Rannpháirtithe incháilithe** | Daoine óga idir 18 mbliana agus 35 bliana d'aois[77] atá ina gcónaí go dlíthiúil i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár agus atá cláraithe i dTairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun a suim a léiriú maidir le bheith rannpháirteach in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil. Na hiarrthóirí a dhéanann iarratas ar obair dheonach aonair, ní mór dóibh gan páirt a bheith glactha acu go fóill in obair dheonach aonair sa Chabhair Dhaonnúil de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.<br>Ní mór don rannpháirtí na seisiúin oiliúna éigeantacha a eagraíonn an Coimisiún a chur i gcrích. |
| **Ionad na ngníomhaíochtaí** | Ní mór gníomhaíochtaí a reáchtáil i dtír aon cheann amháin de na heagraíochtaí is iarratasóirí ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, a bhaineann le cuspóirí an ghlao.<br>Ní fhéadfaidh obair dheonach a dhéanamh ag eagraíochtaí rannpháirteacha i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár agus ina ndéantar gníomhaíochtaí agus oibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil agus nach bhfuil aon choinbhleacht armtha idirnáisiúnta ná neamh-idirnáisiúnta leanúnach ar siúl iontu. |
| **Fad an tionscadail** | Ba cheart tréimhse 12, 24 nó 36 mhí a bheith i gceist leis na tionscadail (is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin, le leasú, má tá údar cuí leis). Ní mór an fad a roghnú ag céim an iarratais, bunaithe ar chuspóirí an tionscadail agus ar an gcineál gníomhaíochtaí atá beartaithe le himeacht aimsire. |
| **Cén áit ar féidir iarratas a dhéanamh?** | Chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr trí Chóras Ríomhaighneachta Tairiscintí na Tairsí Maoiniúcháin agus Tairiscintí (féach cuid E). |
| **Cathain is féidir iarratas a dhéanamh?** | Ní mór tograí a chur isteach faoi 17.00 (am na Bruiséile) an 23 Aibreán 2026. |
| **Conas a dhéantar iarratas?** | Féach cuid E den Treoir seo le haghaidh sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh. |
| **Critéir maidir le heisiamh** | Ní mór Dearbhú ar onóir atá sínithe ag an ionadaí dlíthiúil a sholáthar leis an iarratas. |

## Critéir Dhámhachtana

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist le tograí ionas go gcuirfear san áireamh le haghaidh maoinithe iad:

a) 60 pointe ar a laghad a bhaint amach; agus
b) leath na bpointí uasta ar a laghad a bhaint amach i ngach ceann de na catagóirí le haghaidh na gcritéar dámhachtana a luaitear thíos.

I gcás scóir chomhionanna, tabharfar tosaíocht do na tograí a fuair na scóir is airde le haghaidh 'ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar' agus ansin do na tograí a fuair na scóir is airde le haghaidh 'Cáilíocht an dearaidh tionscadail' agus ansin do na tograí a fuair na scóir is airde le haghaidh 'Cáilíocht na bainistíochta tionscadail'.

| | |
|---|---|
| **Ábharthacht, réasúnaíocht agus tionchar**<br>(40 pointe ar a mhéad) | ▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus le cuspóirí sonracha na gníomhaíochta seo;<br>▪ A mhéid a bhaineann an togra leis na gníomhaíochtaí ábhartha agus a mhéid a chuimsítear na gníomhaíochtaí ábhartha sa togra agus an tionscadal á bhunú;<br>▪ Ábharthacht an tionscadail maidir le riachtanais agus cuspóirí na n-ósteagraíochtaí rannpháirteacha agus na spriocghrúpaí i dtríú tír;<br>▪ Ábharthacht maidir lena mhéid a thabharfar aghaidh ar riachtanais dea-shainithe dhaonnúla nó forbartha na bpobal áitiúil sa togra agus a mhéid a sholáthróidh an tionscadal tairbhí nithiúla do na pobail sin ina ndéantar na gníomhaíochtaí; |

[77] Ní mór do rannpháirtithe a bheith 18 mbliana d'aois agus faoi bhun 35 bliain d'aois ar dháta tosaithe na gníomhaíochta.

| | |
|---|---|
| | ▪ A mhéid atá an tionscadal comhsheasmhach agus comhlántach le réimsí eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, go háirithe beartas maidir le cabhair dhaonnúil, beartas maidir le comhar um fhorbairt, beartas um méadú agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta;<br>▪ A mhéid atá daoine óga ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach mar rannpháirtithe sa tionscadal;<br>▪ Cáilíocht na mbeart chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an tionscadail, a inbhuanaitheacht a ráthú agus a thorthaí a scaipeadh;<br>▪ Luach breise na ngníomhaíochtaí comhlántacha le haghaidh chuspóirí an tionscadail agus an méid a chuireann siad le fothú acmhainneachta eagraíochtaí agus pobal áitiúil.<br>▪ A mhéid atá an togra ábhartha chun comhluachanna an Aontais a urramú agus a chur chun cinn, cuir i gcás, urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, chomh maith le troid in aghaidh aon sórt idirdhealaithe. |
| **Cáilíocht dhearadh an tionscadail**<br>(40 pointe ar a mhéad) | ▪ Oiriúnacht agus cáilíocht gach céime den tionscadal: Comhsheasmhacht idir cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail a bheartaítear; naisc loighciúla idir na fadhbanna agus na riachtanais sainaitheanta agus na réitigh bheartaithe (mar shampla, loighic na hidirghabhála); indéantacht an tionscadail laistigh den tráthchlár molta;<br>▪ Soiléireacht, iomláine agus cáilíocht na gníomhaíochta, cuir i gcás céimeanna iomchuí d'ullmhú, cur chun feidhme, monatóireacht, meastóireacht agus scaipeadh;<br>▪ A iomchuí atá na bearta chun oibrithe deonacha a roghnú agus/nó chun go mbeidh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí;<br>▪ Cáilíocht na mbeart a bheartaítear chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus chun go mbeidh siad rannpháirteach;<br>▪ Cáilíocht na modhanna foghlama seachfhoirmiúla agus na mbeart a bheartaítear chun cur ar a gcumas do na hoibrithe deonacha scileanna agus inniúlachtaí a shealbhú atá luachmhar le haghaidh a bhforbartha pearsanta, oideachasúla, sóisialta, sibhialta agus cultúrtha;<br>▪ Cáilíocht na socruithe chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a aithint agus a bhailíochtú chomh maith le húsáid chomhleanúnach uirlisí trédhearcachta agus aitheantais Eorpacha;<br>▪ Cáilíocht na socruithe praiticiúla le haghaidh oibrithe deonacha (lóistíocht, socruithe taistil, dálaí maireachtála, etc.);<br>▪ Cáilíocht na bainistíochta ar obair na n-oibrithe deonacha agus na módúlachtaí tacaíochta;<br>▪ Na bearta sonracha atá i bhfeidhm chun slándáil, sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe deonacha a ráthú agus chun dul i ngleic le rioscaí ag an lóistín agus an socrúchán oibre atá beartaithe, agus an próiseas aslonnaithe san áireamh.<br>▪ A mhéid a éascaíonn an tionscadal rannpháirtíocht ghníomhach foirne áitiúla agus oibrithe deonacha ó na tíortha agus na pobail ina gcuirtear chun feidhme iad; |
| **Cáilíocht bhainistíocht an tionscadail**<br>(20 pointe ar a mhéad) | ▪ A mhéid a bhfuil meascán iomchuí d'eagraíochtaí rannpháirteacha comhlántacha ag a bhfuil na próifílí agus an taithí is gá chun gach gné den tionscadal a chur i gcrích go rathúil mar chuid den tionscadal;<br>▪ Cáilíocht an chomhair agus na cumarsáide idir na heagraíochtaí rannpháirteacha, agus, ina theannta sin, le geallsealbhóirí ábhartha eile;<br>▪ A mhéid atá na struchtúir bhainistíochta agus na sásraí cinnteoireachta eagraithe laistigh den chuibhreannas;<br>▪ Cáilíocht na modhanna agus na dtáscairí meastóireachta, na monatóireachta agus fhíorú na for-rochtana agus cumhdach na ngníomhaíochtaí agus na |

| | |
|---|---|
| | dtorthaí;<br>▪ Costéifeachtacht: tá an buiséad a bheartaítear oiriúnach do chur chun feidhme iomchuí agus tá an tionscadal deartha chun an luach is fearr ar airgead a chinntiú. |

# CAD IAD NA COSTAIS INCHÁILITHE AGUS NA RIALACHA MAOINIÚCHÁIN IS INFHEIDHME?

An deontas uasta ón Aontas in aghaidh an tionscadail: **EUR 650 000**.

| Costais incháilithe | | Sásra maoiniúcháin | Méid | Riail maidir le leithdháileadh |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht d'oibrithe deonacha | Ranníocaíocht le costais taistil agus costais eisceachtúla cuir i gcás, costais víosa agus vacsaínithe, ceadanna cónaithe, deimhnithe leighis agus ranníocaíocht le caiteachas pearsanta breise na n-oibrithe deonacha (airgead póca). | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **35 EUR** sa lá in aghaidh an oibrí dheonaigh | Bunaithe ar fhad na gníomhaíochta oibre deonaí, (agus 1 lá taistil roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta san áireamh, más gá) in aghaidh an oibrí dheonaigh, agus daoine tionlacain san áireamh. |
| Tacaíocht Eagraíochtúil | Ranníocaíocht le costais bhainistíochta (mar shampla, pleanáil, maoiniú, comhordú agus cumarsáid idir na comhpháirtithe, costais riaracháin) agus le costais a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí oibre deonaí a chur chun feidhme (mar shampla, ullmhú, monatóireacht, tacaíocht do na hoibrithe deonacha, bailíochtú torthaí foghlama) agus costais a bhaineann le cothabháil na n-oibrithe deonacha (cónaí, lóistín agus taisteal áitiúil, mar shampla).<br><br>Ranníocaíocht le costais chomhlántacha na gníomhaíochta.<br><br>Ranníocaíocht le costais eile, mar shampla, ráthaíocht airgeadais. | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **63 EUR** sa lá in aghaidh an oibrí dheonaigh | Bunaithe ar fhad na gníomhaíochta oibre deonaí, (agus 1 lá taistil roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta san áireamh, más gá) in aghaidh an oibrí dheonaigh, agus daoine tionlacain san áireamh. |
| Tacaíocht chuimsiúcháin | Rannchuidiú le costais a thabhaíonn eagraíochtaí chun tacú le rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ar comhchéim le daoine eile, mar shampla coigeartuithe réasúnacha nó infheistíocht i sócmhainní fisiceacha, meantóireacht | Ranníocaíocht bunaithe ar chostais aonaid | **25 EUR** sa lá in aghaidh an oibrí dheonaigh | Bunaithe ar fhad na gníomhaíochta, (agus 1 lá taistil roimh an ngníomhaíocht agus 1 lá taistil i ndiaidh na gníomhaíochta san áireamh, más gá) in aghaidh an oibrí dheonaigh ar lú na deiseanna atá aige, gan daoine tionlacain san áireamh. Leithdháiltear an ranníocaíocht seo |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | threisithe, cuairteanna ullmhúcháin. | | | sa bhreis ar an tacaíocht dheonach. |

# CUID D – BEARTA CÁILÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA

Sa Chuid seo, gheobhaidh na léitheoirí an t-eolas seo a leanas:

- tuairisc ar na bearta tacaíochta;
- tuairisc ar a gcuspóirí agus na daoine a bhfuil sé dírithe orthu;
- Eolas breise ar phríomhghnéithe a bhaineann le rannpháirtíocht i dtionscadal de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.
- Na bearta Cáilíochta agus Tacaíochta ar a dtugtar tuairisc sa roinn seo, níl siad ábhartha ach maidir le Gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoin Treoir seo.

Moltar do na hiarratasóirí an roinn uile a léamh go cúramach roimh iarratas a chur isteach.

## CÉ NA BEARTA A dTACAÍTEAR LEO?

Cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach raon seirbhísí cáilíochta agus tacaíochta ar fáil do rannpháirtithe agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha. Bíonn na bearta sin éagsúil ag brath ar an nGníomhaíocht agus ar an gcineál gníomhaíochta a bhfuil na rannpháirtithe agus na heagraíochtaí rannpháirteach inti.

- Tacaíocht don fhoghlaim
- Meantóireacht
- Oiliúint Ghinearálta ar Líne
- Tacaíocht Foghlama Teanga
- Oiliúint éigeantach le haghaidh oibrithe deonacha is iarrthóirí in obair dheonach sa chabhair dhaonnúil
- Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta
- Aitheantas do Thorthaí Foghlama
- Árachas
- Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh
- Cárta Óige an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh
- Bearta tacaíochta eile
- Deimhniú rannpháirtíochta
- Comhaontuithe
- Víosaí.


## CÉARD IS AIDHM DO NA BEARTA SIN?

A mhéid a bhaineann le bearta cáilíochta agus tacaíochta, tabharfar faoi chuspóirí sonracha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhlíontacht le prionsabail agus cuspóirí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chinntiú ar thaobh na n-eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha uile a fhéachann le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;
- cinntiú go mbíonn na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a thairgtear do rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina gcabhair chun freastal ar riachtanais phraiticiúla na sochaí nach bhfuil freastal déanta orthu agus chun pobail a threisiú agus go mbíonn siad ar ardchaighdeán agus bailíochtaithe mar is ceart.

# TACAÍOCHT DON FHOGHLAIM

Chun an fhoghlaim a fhaightear trí bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a threisiú, a chomhlánú agus chun tacú léi, beartaítear roinnt beart cáilíochta agus tacaíochta sonrach: an Oiliúint Ghinearálta ar Líne, tacaíocht foghlama teanga, an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta, meastóireacht agus aitheantas do thorthaí foghlama.




## OILIÚINT GHINEARÁLTA AR LÍNE

### CAD ATÁ I gCEIST LE hOILIÚINT GHINEARÁLTA AR LÍNE?

Is éard atá san Oiliúint Ghinearálta ar Líne sraith modúl oiliúna a chuirtear ar fáil ar ardán Acadamh an Aontais agus a bhfuil rochtain orthu trí thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh nó go díreach trí Acadamh an Aontais. Is ionduchtú ginearálta í Oiliúint Ghinearálta ar Líne ina bhfuil modúil éagsúla a bhaineann le rannpháirtithe agus cláraithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus le húsáideoirí leasmhara eile atá cláraithe ar Acadamh an Aontais. Áirítear ar na hábhair sin: misean an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, eitic, sláine, róil agus freagrachtaí na rannpháirtithe, luachanna Eorpacha, feasacht idirchultúrtha, oiliúint théamach, sláinte agus sábháilteacht, Cainteanna don Óige mar oidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022, etc. Is é is cuspóir don oiliúint tacú le daoine óga maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar ardchaighdeán agus rannchuidiú le pobal an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a fhorbairt. Ba cheart an oiliúint a bheith ina cuid den phróiseas foghlama seachfhoirmiúla le haghaidh rannpháirtithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bheidh rannpháirteach i dtionscadail shonracha agus le haghaidh na n-iarrthóirí atá cláraithe sa tairseach ach nár roghnaíodh go fóill, chun a n-aird a tharraingt agus a spreagadh a mhúscailt. Ar an gcaoi chéanna, tá Treoirleabhar mar chuid den Oiliúint Ghinearálta ar Líne a mheastar a bheith oiriúnach d'oibrithe óige chun an taithí a fhaightear ón Oiliúint Ghinearálta ar Líne a shaibhriú agus chun daoine óga a chumhachtú chun gníomhaíochtaí a dhéanamh as líne.

#### CÉ AIR A BHFUIL SÉ DÍRITHE?

Tá an Oiliúint Ghinearálta ar Líne ar fáil do gach duine ar ardán Acadamh an Aontais agus tá rochtain uirthi trí thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh nó trí Acadamh an Aontais.

# Tacaíocht foghlama teanga

## Cad atá i gceist leis an tacaíocht foghlama teanga?

Tá tacaíocht foghlama teanga ar fáil do rannpháirtithe a dhéanann gníomhaíocht dlúthpháirtíochta laistigh de chreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ag brath ar an nGníomhaíocht, bíonn an tacaíocht foghlama Teanga i bhfoirm deontais (150 EUR de thacaíocht teanga) nó i bhfoirm cúrsa ar líne tríd an ardán Tacaíocht Teanga ar Líne[78] (OLS). Tá OLS á óstáil ar ardán bainistíochta foghlama corparáidí an Choimisiúin Eorpaigh ar a dtugtar Acadamh an Aontais[79]. Moltar cúrsaí ar líne mar baineann buntáistí leis an ríomhfhoghlaim i leith cúrsaí teanga ó thaobh na rochtana agus na solúbthachta de. Le OLS tá rannpháirtithe in ann an t-eolas atá acu ar an teanga roghnaithe a mheasúnú, a chleachtadh agus a feabhas a chur air. Soláthrófar gnéithe éagsúla le hardán Acadamh an Aontais, cuir i gcás líonrú sóisialta chun an fhoghlaim chomhoibríoch a chumasú chomh maith le hábhar saor in aisce chun teanga a fhoghlaim. Beidh soláthar na tacaíochta teanga 150 EUR bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach idir eagraíochtaí ar cheart dóibh tacaíocht teanga iomchuí a chinntiú. Is féidir go dtairgfear cineálacha eile tacaíochta teanga chun tacú le riachtanais foghlama spriocghrúpaí ar leith. I gcás rannpháirtithe i dTionscadail Oibre Deonaí, féadfar deontas sonrach (EUR 150 de thacaíocht teanga) a chur ar fáil do thacaíocht foghlama teanga mura bhfuil an teanga nó an leibhéal riachtanach (i dteanga na soghluaisteachta) ar fáil in OLS go fóill. Sna cásanna sin, ní mór foghlaim teanga den sórt sin a bheith socraithe ag na heagraíochtaí rannpháirteacha. Ba cheart do thairbhithe na tacaíochta teanga 150 EUR rannpháirtithe a spreagadh chun tosú ag foghlaim na teanga roimh a ngníomhaíocht. Thairis sin, féadfaidh eagraíochtaí atá rannpháirteach an catagóir bhuiséid 'tacaíocht eagraíochtúil' den deontas a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais rannpháirtithe i dtéarmaí ullmhú oideolaíochta, táscbhunaithe, idirchultúrtha nó ullmhú sonrach maidir le teanga (féach an chuid 'rialacha maoiniúcháin' i gCuid B den Treoir seo).

### Cé air a bhfuil sé dírithe?

Tá rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oibre deonaí lena n-áirítear Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta agus Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil agus Tionscadail Dlúthpháirtíochta incháilithe chun tacaíocht foghlama teanga a fháil trí OLS. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh rannpháirtithe eile a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais shonrach dar luach EUR 150[80].

# Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta

## Cad atá i gceist leis an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta (TEC)?

Tá an oiliúint agus an mheastóireacht a sholáthraíonn sé d'eagraíochtaí rannpháirteacha, rannpháirtithe agus meantóirí ar cheann de phríomhghnéithe an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh; ar an gcéad dul síos, trí rannpháirtithe óga a threorú trí phróiseas foghlama seachfhoirmiúla roimh, le linn agus i ndiaidh a dtréimhse gníomhaíochta agus ar an dara dul síos, trí thacú le heagraíochtaí Lipéad Cáilíochta creat cáilíochtúil a chur ar fáil don taithí. Tá an méid seo a leanas de chuspóir ag gné oiliúna agus meastóireachta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh:

- Treoraíocht agus tacaíocht leanúnach a sholáthar do rannpháirtithe óga feadh a dtréimhse gníomhaíochta. Cuireann oiliúint agus meastóireacht den sórt sin le hoideachas agus forbairt gach duine óig agus éascaítear leo teagmháil idir rannpháirtithe óga, eagraíochtaí rannpháirteacha agus Gníomhaireachtaí Náisiúnta / SALTOnna (ionaid Tacaíochta, Ardfhoghlama agus Deiseanna Oiliúna). Cuidíonn sé freisin le coinbhleachtaí a réiteach agus rioscaí a chosc, agus foráiltear leo modh chun measúnú a dhéanamh ar thaithí na rannpháirtithe. Comhlánaíonn an timthriall oiliúna agus meastóireachta le haghaidh rannpháirtithe an tacaíocht eile a thairgeann na heagraíochtaí rannpháirteacha roimh agus le linn na tréimhse gníomhaíochta;
- An tacaíocht agus na huirlisí is gá a sholáthar d'eagraíochtaí rannpháirteacha chun tionscadail cháilíochtúla a fhorbairt agus a dhéanamh chomh maith leis an deis chun malartú agus chun líonrú le gníomhairí eile de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.
- Treoraíocht a sholáthar do mheantóirí faoi conas tacaíocht agus meantóireacht treisithe a thairiscint do na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oibre deonaí.

78 academy.europa.eu/local/euacademy/pages/course/community-overview.php?title=learn-a-new-language
79 https://academy.europa.eu/
80 Ach amháin más rud é nach féidir leis an rannpháirtí Tacaíocht Teanga ar Líne a fháil toisc nach bhfuil an teanga nó an leibhéal riachtanach ar fáil.

Is í cháilíocht an príomhchuspóir a bhaineann le hullmhú, oiliúint agus meastóireacht. I bhfianaise éagsúlacht na dtíortha, na nGníomhaireachtaí Náisiúnta, na n-eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu agus rannpháirtithe, baineann go leor solúbthachta leis an bhformáid oiliúna, cé gur cheart do na táscairí cáilíochta a bheith mar an gcéanna i ngach seisiún oiliúna.

Leagtar amach sa mhéid a leanas an íosmhéid ar cheart a chumhdach i seisiún oiliúna/meastóireachta. Tá saoirseacht ag oiliúnóirí agus eagraithe aon ghné a bhaineann go sonrach le tír áirithe nó tionscadal áirithe a chur leis má mheasann siad go bhfuil gá léi nó go mbeadh sí spéisiúil do na daoine a fhreastalaíonn ar a n-imeacht oiliúna/meastóireachta. Soiléirítear sna caighdeáin cháilíochta íosta cad a bhfuil coinne leis go mbainfear amach ag seisiún oiliúna/meastóireachta, cé acu eagraithe an imeachta, maoirseoirí an tionscadail, na meantóirí nó na rannpháirtithe féin a bhaineann an méid sin amach. An tráth céanna, maidir le hoiliúint le haghaidh na rannpháirtithe, na nGníomhaireachtaí Náisiúnta, na SALTOnna réigiúnacha agus na heagraíochtaí rannpháirteacha, ba cheart iarracht a dhéanamh, a mhéid is féidir, chun a chinntiú go bhfuil na deiseanna oiliúna/meastóireachta a thairgtear do gach rannpháirtí i gcomhréir lena riachtanais shonracha.

Féadfaidh soláthraithe oiliúna na céimeanna oiliúna/meastóireachta éagsúla a nascadh le chéile a fhad agus a sheachnaítear aon fhorluí san ábhar, agus ar an mbealach sin cuidíonn siad le próiseas foghlama leanúnach a chruthú le haghaidh na rannpháirtithe roimh, le linn agus i ndiaidh a dtréimhse gníomhaíochta.

Anuas ar an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta, faigheann rannpháirtithe comhairleoireacht agus treoraíocht leanúnach roimh, le linn agus i ndiaidh na tréimhse gníomhaíochta, agus is éard atá san oiliúint le haghaidh bainisteoirí tionscadal sraith beart, a ghabhann le rannpháirtithe agus le heagraíochtaí feadh na tréimhse atá siad ag obair leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

### CÉ DÓ AN TIMTHRIALL OILIÚNA AGUS MEASTÓIREACHTA?

- Rannpháirtithe: Tá an timthriall oiliúna agus meastóireachta le haghaidh oibrithe deonacha, agus iad siúd atá ag obair go deonach sa Chabhair Dhaonnúil san áireamh. Ní fhéadfaidh rannpháirtithe i dTionscadail Dlúthpháirtíochta a bheith rannpháirteach ach in imeachtaí bliantúla.
- Eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu, cuir i gcás le haghaidh obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil.
- Féadfaidh meantóirí tairbhiú d'aistriú eolais struchtúrtha agus de dhea-chleachtais, is féidir oiliúint a chur ar mheantóirí nua go háirithe.

## AN TIMTHRIALL OILIÚNA AGUS MEASTÓIREACHTA DO RANNPHÁIRTITHE – CONAS A OIBRÍONN SÉ?

### TÁ NA SEISIÚIN A LEANAS SA TIMTHRIALL OILIÚNA AGUS MEASTÓIREACHTA DO RANNPHÁIRTITHE:

- oiliúint shonrach d'oibrithe deonacha is iarrthóirí in obair dheonach sa chabhair dhaonnúil — arna bainistiú ag EACEA agus arna cur chun feidhme ag conraitheoir;
- oiliúint réamhimeachta do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oibre deonaí trasteorann – cinntíonn eagraíochtaí tacaíochta an oiliúint sin le haghaidh oibre deonaí aonair nó cinntíonn ósteagraíocht/eagraíocht tacaíochta an oiliúint sin d'fhoirne oibre deonaí (le haghaidh oibrithe deonacha a thagann ó thíortha seachas an tír ina dhéantar an ghníomhaíocht);
- oiliúint ar theacht isteach le haghaidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oibre deonaí a mhaireann 2 mhí ar a laghad – agus a chinntíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta (i gcás oibre deonaí i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár), SALTOnna (i gcás oibre deonaí i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár), ósteagraíochtaí nó eagraíochtaí tacaíochta (i gcás gníomhaíocht oibre deonaí aonair a mhaireann níos lú ná 2 mhí, foirne oibre deonaí agus daoine ag oibriú go deonach sa Chabhair Dhaonnúil);
- meastóireacht mheántéarma (ní bhaineann sé seo ach le gníomhaíochtaí oibre deonaí a mhaireann 6 mhí nó níos faide) – cinntíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna, nó eagraíochtaí tacaíochta agus ósteagraíochtaí (i gcás obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil) an mheastóireacht seo.

Anuas air na seisiúin thuas, tá coinne le himeacht de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh gach rannpháirtí atá rannpháirteach san Obair Dheonach, cuir i cuir i gcás obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil agus rannpháirtithe a chuireann Tionscadail Dlúthpháirtíochta chun feidhme. Tá sé de cheart agus d'oibleagáid ar oibrithe deonacha freastal ar oiliúint réamhimeachta, ar oiliúint ar theacht isteach agus ar na seisiúin mheastóireachta meántéarma agus ní mór do na heagraíochtaí rannpháirteacha a chinntiú go nglacann a rannpháirtithe páirt sa Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta, rud a mheastar a bheith mar chuid lárnach den ghníomhaíocht. I bhfianaise riachtanais éagsúla eolais idir rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí nó obair dheonach trasteorann agus intíre, féadfaidh an soláthraí oiliúna ábhar na n-oiliúna a chur in oiriúint do gach spriocghrúpa.

## Oiliúint shonrach le haghaidh oibrithe deonacha is iarrthóirí in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil

Ní mór do dhaoine óga ar mian leo a bheith rannpháirteach in Obair Dheonach sa Chabhair Daonnúil oiliúint shonrach bhreise a dhéanamh sula mbeidh siad incháilithe le bheith rannpháirteach. Ós rud é go bhfuil daoine óga teoranta do 12 mhí ar a mhéad de rannpháirtíocht sa Chlár, ní bheidh an oiliúint seo ar fáil ach amháin dóibh siúd nach raibh páirteach i ngníomhaíochtaí oibre deonaí AE roimhe seo ar feadh tréimhse charnach de 6 mhí san iomlán.

Is é is príomhaidhm don oiliúint le haghaidh oibrithe deonacha is iarrthóirí in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil oiliúint a chur ar dhaoine óga agus iad a ullmhú don obair dheonach i dtríú tíortha, ag cinntiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá acu chun cuidiú le daoine i ngátar sa bhealach is éifeachtaí. Mar shampla, tabharfar aghaidh ar bheartais sheachtracha an Aontais agus ar phrionsabail ghinearálta a bhaineann le cabhair dhaonnúil agus le cabhair forbartha san oiliúint, chomh maith le hinniúlachtaí iompraíochta sonracha a éilítear chun obair dheonach a dhéanamh i dtríú tíortha.

Déanfar an chéad chuid den oiliúint ar ardán Acadamh an Aontais agus tosófar le féinmheasúnú agus ansin déanfar oiliúint ar líne a mhairfidh 25 uair an chloig a bheag nó a mhór, agus déanfar scrúdú ann ag an deireadh. Beidh na daoine a éiríonn leo pas a fháil sa scrúdú incháilithe le páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile, oiliúint 5 lá aghaidh ar aghaidh i lárionad oiliúna tiomnaithe san Eoraip. Tá an líon áiteanna le haghaidh oiliúint aghaidh ar aghaidh teoranta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tréimhsí ina bhfuil éileamh ró-ard ar dhúnadh sealadach na rochtana ar an oiliúint ar líne agus ar an oiliúint aghaidh ar aghaidh araon.

Tar éis don iarrthóirí an oiliúint aghaidh ar aghaidh a chur i gcrích, beidh siad ar fáil ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh lena roghnú ag eagraíochtaí atá rannpháirteach i tionscadail Oibre Deonaí sa Chabhair Dhaonnúil.

Tá an oiliúint éigeantach le haghaidh gach iarrthóir ar mian leis a bheith rannpháirteach in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil. Déanann EACEA bainistíocht uirthi agus cuireann conraitheoir í chun feidhme.

## Oiliúint réamhimeachta

Ionas go mbeidh rath ar an tionscadal agus go mbeidh an taithí a fhaightear ó imeachtaí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh dearfach agus tairbheach don rannpháirtí, tá sé ríthábhachtach go n-ullmhaíonn an eagraíocht tacaíochta nó an ósteagraíocht an rannpháirtí ar bhealach sásúil roimh dó imeacht chuig an ngníomhaíocht. Níl an oiliúint sin éigeantach ach le haghaidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oibre deonaí trasteorann. Ba cheart don ullmhúchán sin tarlú 1 mhí ar a laghad sula n-imíonn an rannpháirtí agus ba cheart é a chur in oiriúint do riachtanais aonair an rannpháirtí agus do shainiúlachtaí an tionscadail, na gníomhaíochta agus na tíre óstaí. Tá an eagraíocht atá i gceannas ar an oiliúint freagrach as a chinntiú go tugtar an Pacáiste Eolais do gach rannpháirtí atá rannpháirteach sa tionscadal.

Tá sé fíor-riachtanach eolas a sholáthar ar 'Cad a d'fhéadfadh coinne a bheith agat leis ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach' (cuid den Phacáiste Eolais) — chomh maith leis an mbuneolas ar chosc coinbhleachtaí agus ar bhainistiú géarchéime. Ní mór di eolas praiticiúil agus teicniúil a sholáthar do rannpháirtithe ar ábhair, cuir i gcás árachas, víosa, airgead póca agus uaireanta oibre, etc.

Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht maidir leis an oiliúint réamhimeachta ar an eagraíocht is iarratasóir, féadfaidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta seisiún eolais réamhimeachta aon lae a eagrú chun teagmháil a bhunú le rannpháirtithe atá ag imeacht agus chun a chinntiú go mbeidh siad ullamh do na gníomhaíochtaí atá ar na bacáin leis na heagraíochtaí tacaíochta (níl feidhm ag an méid sin maidir le hoibrithe deonacha sa Chabhair Dhaonnúil).

## Oiliúint ar theacht isteach

Is é is príomhchuspóir don oiliúint ar theacht isteach na rannpháirtithe a chur ar an eolas faoin tír óstach, iad a ullmhú don tréimhse gníomhaíochta agus don taithí a gheobhaidh siad tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Cuidíonn oiliúint ar theacht isteach leis na rannpháirtithe dul i dtaithí ar dhúshláin chultúrtha agus phearsanta. Soláthraítear deis léi do na rannpháirtithe aithne a chur ar a chéile agus líonra a thógáil. Ba cheart do rannpháirtithe treoraíocht a fháil freisin maidir le cosc coinbhleachtaí agus bainistiú géarchéime. Ba cheart iad a chur ar an eolas faoi iompraíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, iompraíocht a mholtar faoin gClár.

An tráth céanna, foghlaimíonn na rannpháirtithe scileanna cumarsáide tríd an seisiún oiliúna sin, agus gnéithe a bhaineann le foghlaim idirchultúrtha san áireamh. Cuidítear leo a bheith feasach go n-éilítear múnlaí éagsúla iompraíochta de thoradh

difríochtaí cultúrtha. Is tráthúil do na rannpháirtithe na míonna atá amach rompu a phleanáil san oiliúint seo, chun eolas a chur ar coincheapa agus próisis Youthpass agus a gcuspóirí pearsanta féin a fhorbairt dá dtréimhse gníomhaíochta, i gcomhréir le fealsúnacht foghlama seachfhoirmiúla an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Eagraíonn na Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna oiliúint ar theacht isteach le haghaidh rannpháirtithe fadtéarmacha trasteorann agus intíre. I gcás obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, beidh an oiliúint a sholáthraíonn an ósteagraíocht ar theacht isteach na rannpháirtithe i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta íosta a shonraítear sa tábla thíos.

Maidir le hoibrithe deonacha i ngníomhaíochtaí a mbaineann tréimhse níos lú ná 2 mhí leo, tá ar an ósteagraíocht nó ar an eagraíocht tacaíochta oiliúint a eagrú i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta íosta a shonraítear sa tábla thíos, cé gur féidir go mbeidh an tréimhse níos giorra.

### MEASTÓIREACHT MHEÁNTÉARMACH

Leis an meastóireacht mheántéarma tugtar deis do rannpháirtithe measúnú a dhéanamh ar a dtaithí go dtí sin agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, róil agus tacaíocht na hósteagraíochta agus ar a rannchuidiú féin. Soláthraítear leis an meastóireacht deis chun foghlaim ó thaithí gach duine agus cuireann sí ar chumas do na rannpháirtithe forbairtí agus/nó feabhsuithe breise ina ngníomhaíocht a phleanáil agus chun smaoineamh faoi cad a dhéanfaidh siad san fhadtéarma, nuair a bheidh a dtaithí thart. Ba cheart feasacht a mhúscailt ar an bpróiseas foghlama pearsanta leis an meastóireacht freisin, agus é s nascadh le príomhinniúlachtaí na foghlama ar feadh an tsaoil a úsáidtear in Youthpass nó chun Europass a bhunú. Tá an mheastóireacht mheántéarma éigeantach le haghaidh rannpháirtithe intíre freisin. Maidir le hobair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, ba cheart d'ósteagraíocht meastóireacht mheántéarma ar líne a eagrú i gcomhar le heagraíocht tacaíochta.

Tá sé fíor-riachtanach go ndeartar an t-imeacht mar chruinniú idir rannpháirtithe. Tarlaíonn sé ag tráth atá sách fada i ndiaidh a dteachta go bhfuil dóthain taithí ag na rannpháirtithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcás, ach ag tráth atá sách fada roimh dheireadh na tréimhse gníomhaíochta go bhfuil am ann fós go mbeidh siad in ann an cás a fheabhsú más gá.

### IMEACHTAÍ BLIANTÚLA

Is deis é imeacht an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun iar-rannpháirtithe, rannpháirtithe reatha agus rannpháirtithe féideartha in Obair Dheonach, i gCabhair Dhaonnúil, i bhFoirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta agus i dTionscadail Dlúthpháirtíochta a thabhairt le chéile. Eagraíonn na Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna an t-imeacht. D'fhéadfadh an t-imeacht a bheith ina chruinniú meastóireachta, ina chruinniú *alumni* agus/nó ina imeacht bolscaireachta. Tá sé sin tábhachtach mar dheis do dhaoine a chríochnaigh a ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta le bliain anuas go háirithe chun plé agus meastóireacht a dhéanamh ar a dtaithí agus an méid sin a roinnt le rannpháirtithe reatha agus féideartha. Mar cheann de cuspóirí an imeachta, déantar iarracht a chinntiú go bhfaigheann an Ghníomhaireacht Náisiúnta aiseolas ar na tionscadail, ar na heagraíochtaí rannpháirteacha, ar na socruithe praiticiúla agus ar an imprisean foriomlán ar rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí. Príomhcheist a bheidh ann le linn an imeachta - cén éifeacht foghlama a bhí ag an tréimhse gníomhaíochta ar an rannpháirtí. Níl sé éigeantach freastal ar an imeacht bliantúil, ach moltar go mór é a dhéanamh.

## Forbhreathnú ar an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta do rannpháirtithe agus d'iarrthóirí

| | Réamhimeachta | Ar theacht isteach | Meántéarma | Bliantúil |
|---|---|---|---|---|
| Oibrithe deonacha fadtéarmacha aonair trasteorann | Éigeantach (eagraithe ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (arna eagrú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna Réigiúnacha) | Éigeantach le haghaidh gníomhaíochtaí níos faide ná 6 mhí (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna Réigiúnacha) | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna Réigiúnacha) |
| Oibrithe deonacha fadtéarmacha aonair intíre | Roghnach (eagraithe ag ósteagraíocht) | Éigeantach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) | Éigeantach le haghaidh gníomhaíochtaí níos faide ná 6 mhí (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) |
| Oibrithe deonacha gearrthéarma aonair trasteorann | Éigeantach (eagraithe ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht) | Neamhbhainteach | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna Réigiúnacha) |
| Oibrithe deonacha gearrthéarma aonair intíre | Roghnach (eagraithe ag ósteagraíocht nó ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht) | Neamhbhainteach | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) |
| Oibrithe deonacha ar fhoirne oibre deonaí trasteorann | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht nó ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht nó ag eagraíocht tacaíochta) | Neamhbhainteach | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó SALTOnna Réigiúnacha) |
| Oibrithe deonacha ar fhoirne oibre deonaí intíre | Roghnach (eagraithe ag ósteagraíocht nó ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht nó ag eagraíocht tacaíochta) | Neamhbhainteach | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) |
| Tionscadail Dlúthpháirtíochta | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) |
| Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta | Éigeantach (eagraithe ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht) | Neamhbhainteach | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) |
| Oibrithe deonacha sa Chabhair | Éigeantach (eagraithe ag eagraíocht tacaíochta) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht) | Éigeantach (eagraithe ag ósteagraíocht agus ag eagraíocht tacaíochta) | Roghnach (Eagraithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dhaonnúil[81] | | | | |

[81] Ní mór do dhaoine óga ar mian leo a bheith rannpháirteach in Obair Dheonach sa Chabhair Daonnúil oiliúint shonrach bhreise a dhéanamh sula mbeidh siad incháilithe le bheith rannpháirteach.

## GNÓLACHTAÍ A BHFUIL COINNE LEO

| | |
|---|---|
| Oiliúint shonrach incháilitheachta le haghaidh oibrithe deonacha is iarrthóirí in Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil | Is é an toradh a bhfuil coinne leis go mbeidh inniúlacht ag oibrithe deonacha rannchuidiú le cabhair dhaonnúil atá bunaithe ar riachtanais agus ar phrionsabail a sholáthar, ag cur riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha san áireamh agus trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhféadfaidh cuidiú le sochaí inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chruthú. |
| Oiliúint réamhimeachta | Beidh an t-ullmhúchán réamhimeachta éagsúil de réir na gcleachtas oiliúna, na bhféidearthachtaí eagraíochtúla agus riachtanais an rannpháirtí. Mar sin féin, ba cheart a chinntiú leis an ullmhú réamhimeachta go bhfuil an méid seo a leanas fíor maidir le gach rannpháirtí sula n-imíonn sé:<br>▪ tá eolas aige ar choincheap an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ tá aithne aige ar na rannpháirtithe atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht, is é sin an ósteagraíocht agus an eagraíocht tacaíochta i ngníomhaíochtaí oibre deonaí, an meantóir, agus i gcás inarb infheidhme, an Ghníomhaireacht Náisiúnta/Feidhmiúcháin, Lárionaid Acmhainní agus an Coimisiún Eorpach;<br>▪ d'fhéach sé ar na doiciméid sa Phacáiste Eolais;<br>▪ spreagadh é chun tairbhiú de na deiseanna foghlama san Oiliúint Ghinearálta ar Líne;<br>▪ chuir sé a spreagthaí, a ionchais agus a údair imní in iúl agus rinne sé machnamh ar a spriocanna, agus spriocanna foghlama san áireamh;<br>▪ fuair sé eolas praiticiúil agus teicniúil iomchuí ar víosaí, ar chead cónaithe, ar a stádas dlíthiúil mar rannpháirtí, ar a árachas (cuir i gcás treoraíocht ar an mbealach leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, cárta atá éigeantach, a fháil roimh imeacht), ar airgead póca, agus ar an gcomhaontú ábhartha faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach;<br>▪ tuigeann sé an bhrí atá le foghlaim idirchultúrtha agus tá sé feasach ar an bpróiseas foghlama idirchultúrtha leanúnach;<br>▪ fuair sé treoraíocht nó leideanna ar a laghad ar bhainistiú géarchéime;<br>▪ tá sé feasach ar an ngné inbhuanaitheachta a bhaineann leis an gClár;<br>▪ tuigeann sé an tábhacht agus an áisiúlacht a bhaineann le haitheantas a fháil ar na torthaí foghlama aonair, go háirithe trí uirlisí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, cuir i gcás, Youthpass agus Europass.<br>Ba cheart modúil ar an bhfoghlaim teanga i dteanga na tíre óstaí nó sa teanga a úsáidtear i gcomhthéacs na gníomhaíochta a bheith mar chuid den oiliúint mura dtairgtear oiliúint teanga den sórt sin trí Thacaíocht Teanga ar Líne ná trí thacaíocht teanga. |
| Oiliúint ar theacht isteach | Beidh oiliúint ar theacht isteach éagsúil ag brath ar dhálaí náisiúnta, ar an bhfírinne agus ar chleachtais oiliúna. Mar sin féin, ba cheart a chinntiú leis an oiliúint sin go bhfuil an méid seo a leanas fíor maidir le gach rannpháirtí:<br>▪ tá sé feasach ar cheisteanna faoi víosaí, ceadanna cónaithe, a stádas dlíthiúil mar rannpháirtí, árachas, an comhaontú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus na doiciméid sa Phacáiste Eolais, agus bhí deis aige na ceisteanna sin a phlé;<br>▪ fuair sé eolas faoi dhul in oiriúint do thimpeallacht oibre eachtrannach, cearta agus oibleagáidí, teagmhálaithe úsáideacha chun cuidiú leis agus é ag socrú ann, etc.;<br>▪ tá eolas aige ar an gcóras bainistíochta árachais agus éileamh (doiciméadacht agus cleachtais árachais), agus tuigeann sé go maith gur éigeantach atá sé an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte a úsáid pé uair is féidir é a úsáid;<br>▪ tuigeann sé an tacaíocht atá ar fáil ón nGníomhaireacht Náisiúnta, ó SALTO agus ó |

| | |
|---|---|
| | EACEA;<br>▪ fuair sé eolas ar stair, staid pholaitiúil agus shóisialta na tíre óstaí, ar phríomhghnéithe a bhaineann le cultúr na tíre óstaí agus ar an mbealach le bheith rannpháirteach sa phobal áitiúil;<br>▪ tá sé feasach ar an mbealach chun aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí cultúrtha agus coinbhleachtaí;<br>▪ tá eolas aige ar an ról atá ag gach eagraíocht rannpháirteach sa ghníomhaíocht agus tuigeann sé a chearta agus a fhreagrachtaí féin;<br>▪ tá sé ar an eolas faoin iompraíocht inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chuireann an Clár chun cinn;<br>▪ bhí deis aige casadh le agus líonrú le rannpháirtithe eile;<br>▪ faigheann sé eolas bunúsach faoin Aontas Eorpach agus faoina bhearta agus a chláir i réimse na hóige;<br>▪ foghlaimíonn sé faoi na cuspóirí agus faoi phrionsabail an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ tuigeann sé cad atá i gceist le bheith i do rannpháirtí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;<br>▪ tuigeann sé an tábhacht agus an áisiúlacht a bhaineann le haitheantas a fháil ar na torthaí foghlama aonair, go háirithe trí uirlisí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, cuir i gcás, Youthpass agus Europass;<br>▪ shainaithin sé spriocanna foghlama soiléire agus smaointe le haghaidh a ghníomhaíochta.<br>I gcás inar ghá, ba cheart tacaíocht a thairiscint do rannpháirtithe i ndiaidh na Tacaíochta Teanga ar Líne chun measúnuithe agus cúrsaí teanga a dhéanamh. |
| Meastóireacht mheántéarmach | Beidh meastóireachtaí meántéarma éagsúil ag brath ar dhálaí náisiúnta, ar an bhfírinne agus ar chleachtais oiliúna. Mar sin féin, faoi dheireadh na meastóireachta, ba cheart na nithe a leanas a bheith bainte amach ag gach rannpháirtí:<br>▪ measúnú pearsanta ar a ghníomhaíocht go dtí seo agus machnamh ar a raon feidhme gníomhaíochtaí;<br>▪ taithí phearsanta chomhroinnte (scileanna agus inniúlachtaí nua a fhoghlaim, taithí ar a bheith páirteach i saol an phobail, maireachtáil laistigh de chultúr éagsúil, an teanga a úsáid);<br>▪ fadhbanna, deacrachtaí, coinbhleachtaí a bhí aige nó atá i ndán dó a shainaithint agus dá dheasca sin tacaíocht agus leideanna sásúla faighte aige ar na 'chéad chéimeanna eile' chun na fadhbanna sin a réiteach;<br>▪ d'oibrigh sé ar na gníomhaíochtaí a bhfuil sé rannpháirteach iontu a fheabhsú;<br>▪ fuair sé eolas agus treoraíocht ar dheiseanna a bhféadfadh sé a bheith rannpháirteach iontu i ndiaidh na tréimhse gníomhaíochta;<br>▪ thuig sé conas uirlisí aitheantais ar leibhéal an Aontais, cuir i gcás Youthpass agus Europass, a úsáid chun torthaí foghlama aonair a shainithint agus a dhoiciméadú;<br>▪ fuair sé eolas faoin Tuarascáil Rannpháirtí atá le comhlánú.<br>▪ |

| | |
|---|---|
| Imeacht bliantúil | Beidh na himeachtaí éagsúil ag brath ar dhálaí náisiúnta, ar an bhfírinne agus ar chleachtais oiliúna. Mar sin féin, faoi dheireadh an imeachta, ba cheart do gach rannpháirtí a chríochnaigh a ghníomhaíocht le bliain anuas meastóireacht a bheith déanta aige i dtéarmaí na ngnéithe a leanas:<br>▪ an comhar idir an rannpháirtí agus na heagraíochtaí rannpháirteacha, agus an tacaíocht phearsanta agus an maoirseacht a fuarthas;<br>▪ a rannchuidiú féin leis an ngníomhaíocht;<br>▪ an cur chuige oideolaíochta foriomlán agus a ghnóthais foghlama féin (pearsanta, gairmiúil, sóisialta), cuir i gcás a bheith feasach ar a inniúlachtaí agus scileanna pearsanta féin agus (más ábhartha) a Youthpass agus a Europass a chur i gcrích;<br>▪ a eolas méadaithe faoin Eoraip, na hathruithe ina mheon i leith na hEorpa agus an tuiscint níos mó atá aige ar éagsúlacht;<br>▪ taithí chomhroinnte lena phiaraí.<br>Thairis sin, d'fhéadfadh an t-imeacht a bheith:<br>▪ mar dheis chun rannpháirtithe féideartha agus eagraíochtaí rannpháirteacha casadh lena chéile, cuir i gcás rannpháirtithe a chuir Tionscadail Dlúthpháirtíochta chun feidhme;<br>▪ mar dheis chun an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus an tionchar atá aige a chur chun cinn trí theagmháil le páirtithe leasmhara, cinnteoirí agus leis na meáin;<br>▪ mar imeacht líonraithe chun tionscadail nua agus bealaí eile chun a dtaithí a úsáid a fhiosrú agus a fhorbairt;<br>▪ mar thaispeántas ar thionscadail rathúla;<br>▪ mar cheiliúradh ar dhlúthpháirtíocht agus céim chun cinn i dtreo athneartú phobal an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. |

## An Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta le haghaidh Eagraíochtaí – Conas a oibríonn sé?

Tá an méid seo a leanas sa Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta le haghaidh eagraíochtaí:

- oiliúint d'eagraíochtaí a bhfuil an Lipéad Cáilíochta acu, cuir i gcás le haghaidh obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, agus béim á cur ar eagraíochtaí agus baill foirne is nuatheachtaithe;
- imeacht bliantúil d'eagraíochtaí a bhfuil an Lipéad Cáilíochta acu, cuir i gcás le haghaidh obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil.

Tá Gníomhaireachtaí Náisiúnta freagrach as oiliúint den sórt sin a eagrú le haghaidh gach eagraíocht a bhfuil Lipéad Cáilíochta ina tír féin aici. Maidir le heagraíochtaí i dtríú tíortha agus nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, is iad na SALTOnna atá i gceannas ar an oiliúint. Maidir le heagraíochtaí atá rannpháirteach in obair dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, is é EACEA atá freagrach as oiliúint den sórt sin a eagrú. Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta/SALTOnna a chinneadh nach n-eagróidh siad oiliúint den sórt sin má tá ionstraimí eile i bhfeidhm chun monatóireacht agus cur chun feidhme maith a chinntiú.

Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta/SALTOnna roghnú na seisiúin uile nó cuid díobh a chur amach ar fhochonradh. Mar sin féin, ba cheart Gníomhaíochtaí Náisiúnta/SALTOnna fanacht rannpháirteach sna seisiúin a mhéid is féidir agus coinneáil i dteagmháil rialta leis na hoiliúnóirí.

Moltar d'eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu freastal ar na seisiúin sin.

### Oiliúint le haghaidh eagraíochtaí a bheith Lipéad Cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh acu

Ionas go n-éireoidh leis an tionscadal agus go mbeidh an taithí a fhaigheann gach duine atá páirteach dearfach agus tairbhiúil, ní mór tuiscint rímhaith ar phríomhluachanna agus ar phríomhghnéithe an Chóir a bheith ag eagraíochtaí atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus ar dámhadh Lipéad Cáilíochta orthu. Le linn na hoiliúna, díreoidh na heagraíochtaí sin ar na gnéithe a theastaíonn le haghaidh taithí dhearfach agus ar mhachnaimh faoin mbealach ar cheart cíoradh agus forbairt a dhéanamh ar a dtionscadal.

Ba cheart an méid seo a leanas a bhaint amach leis an oiliúint:

- tuiscint ar róil agus ar fhreagrachtaí gach eagraíochta a chinntiú;
- eolas praiticiúil agus teicniúil faoi bhainistíocht an tionscadail a thabhairt;
- feasacht a mhúscailt faoi na gnéithe tábhachtacha den chlár, cuir i gcás tacaíocht shonrach le haghaidh daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, uirlisí aitheantais ar leibhéal an Aontais amhail Youthpass agus Europass, Tacaíocht Teanga ar Líne, ról an mheantóra, etc.;
- an tacaíocht agus na huirlisí is gá a sholáthar chun meantóireacht cháilíochtúil a fhorbairt agus a dhéanamh;
- tacú le heagraíochtaí chun tionscadail cháilíochtúla a fhorbairt (roghnú comhpháirtithe agus rannpháirtithe, forbairt chúraimí na rannpháirtithe, bainistiú géarchéime, scaipeadh, etc.);
- deiseanna líonraithe agus forbartha comhpháirtíochta a sholáthar le haghaidh eagraíochtaí.

### Imeacht bliantúil de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

Ba cheart don imeacht bliantúil sin ionadaithe ó gach eagraíocht de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu a thabhairt le chéile d'fhonn taithí, smaointe agus cleachtais a roinnt, scéalta rathúla a thaispeáint agus líonraí/tógáil comhpháirtíochta a fhorbairt agus a atreisiú. Is deis atá san imeacht príomhluachanna agus príomhghnéithe an chláir a chur i gcuimhne do dhaoine. Anuas air sin, ligfear léi do mheasúnú a dhéanamh ar na deacrachtaí a bhíonn ag na heagraíochtaí agus na cúiseanna nach mbíonn roinnt eagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu gníomhach. Féadfar an t-imeacht sin a nascadh le himeacht de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh rannpháirtithe.

## An Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta do Mheantóirí – Conas a oibríonn sé?

Tá an Timthriall Oiliúna agus Meastóireachta do mheantóirí roghnach agus is é atá i gceist léi oiliúint a chur ar

mheantóirí a chuireann tacaíocht agus meantóireacht treisithe ar fáil do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oibre deonaí.

- Féadfaidh oiliúint do mheantóirí a bheith fisiceach, fíorúil nó d’fhéadfadh gníomhaíochtaí cumaisc a bheith san áireamh léi.

Tá Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus SALTOnna réigiúnacha freagrach as oiliúint den sórt sin a eagrú do mheantóirí de réir mar is gá agus d’fhéadfaidís cinneadh a dhéanamh cuid de na seisiúin nó iad uile a chur amach ar fochonradh. Mar sin féin, ba cheart do Ghníomhaíochtaí Náisiúnta/SALTOnna fanacht rannpháirteach sna seisiúin a mhéid is féidir agus coinneáil i dteagmháil rialta leis na hoiliúnóirí agus leis na meantóirí.

Ba cheart an méid seo a leanas a bhaint amach leis an oiliúint:

- tuiscint ar róil agus ar fhreagrachtaí gach meantóra a chinntiú;
- eolas praiticiúil agus teicniúil iomchuí a sholáthar faoi shaintréithe an chláir atá ábhartha d’oibrithe deonacha;
- a chinntiú go bhfuil a fhios ag meantóirí conas treoraíocht agus tacaíocht a sholáthar do na hoibrithe deonacha maidir leis an bhfoghlaim a fuair siad le linn a dtaithí a shainaithint;
- saincheisteanna folláine a bhrath a thagann chun cinn go minic sna gníomhaíochtaí oibre deonaí agus tacú leis na rannpháirtithe cabhair a aimsiú;
- treoraíocht a thairiscint le haghaidh meantóireacht treisithe do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu;
- deiseanna líonraithe a sholáthar do mheantóirí.

# MEANTÓIREACHT

## MEANTÓIREACHT I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRE DEONAÍ

Ba cheart tacaíocht phearsanta a sholáthar do gach rannpháirtí i ngníomhaíochtaí oibre deonaí trí mheantóireacht. Is éard atá i meantóireacht cruinnithe rialta idir an meantóir atá ceaptha ag an ósteagraíocht nó ag an eagraíocht tacaíochta agus an rannpháirtí, laistigh de agus lasmuigh den áit ina ndéantar an ghníomhaíocht. Ba cheart díriú sna cruinnithe sin ar fholláine na rannpháirtithe agus ba cheart treoraíocht agus tacaíocht a sholáthar iontu do na hoibrithe deonacha maidir leis an bhfoghlaim a fuair siad le linn a dtaithí a shainaithint. Díríonn meantóireacht ar an rannpháirtí aonair agus dá bhrí sin beidh ábhar agus minicíocht na gcruinnithe éagsúil ag brath ar na riachtanais aonair. Ábhair fhéideartha le haghaidh cruinnithe meantóireachta: folláine phearsanta, folláine san fhoireann, sástacht leis na cúraimí, praiticiúlachtaí, etc.

## MEANTÓIREACHT TREISITHE

Is éard atá i ‘Meantóireacht Treisithe’ próiseas meantóireachta a d’fhéadfadh go mbeadh gá leis chun tacú le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, mura bhfuil siad in ann gníomhaíocht a chur chun feidhm go neamhspleách nó le gnáthmheantóireacht ná tacaíocht teagaisc. Tá an cineál meantóireachta sin infheidhme maidir le gníomhaíochtaí oibre deonaí. Bíonn teagmháil níos dlúithe i gceist le Meantóireacht Treisithe chomh maith le cruinnithe níos minice agus níos mó ama a shannadh chun cúraimí a chur chun feidhme. Ráthaítear leis sin tacaíocht chéim ar chéim le haghaidh na rannpháirtithe le linn ghníomhaíochtaí an tionscadail agus lasmuigh d’uaireanta oibre chomh maith. Le Meantóireacht Treisithe cuirtear ar chumas na rannpháirtithe a mhéid neamhspleáchais agus is féidir a fháil, ag cur le cur chun feidhme rathúil an tionscadail dá réir sin.

# AITHEANTAS DO THORTHAÍ FOGHLAMA

## CAD ATÁ I GCEIST LE hAITHEANTAS DO THORTHAÍ FOGHLAMA?

Chun tacú le tionchar ghníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar fhorbairt phearsanta, oideachasúil, shóisialta, saoránachta agus ghairmiúil na rannpháirtithe, sainaithneofar agus déanfar doiciméadú ar na hinniúlachtaí (meascán d'eolas, scileanna agus meonta) arb é atá iontu cuspóirí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a fhaightear trí na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, go háirithe trí uirlisí aitheantas ar leibhéal an Aontais, cuir i gcás, Youthpass agus Europass.

### CÉ AIR A BHFUIL SÉ DÍRITHE?

Tairgtear sainaithint agus doiciméadacht torthaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla do rannpháirtithe (ar bhonn deonach) agus d'eagraíochtaí rannpháirteacha (éigeantach má iarrann an rannpháirtí é). Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh gach duine óg a ghlacann páirt in aon ghníomhaíocht de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh tairbhiú de phróiseas agus de dhearbhú a shainaithníonn agus a dhéanann doiciméadacht ar thorthaí foghlama aonair.

### CÉN CHAOI A nOIBRÍONN SÉ?

Tá gach duine óg a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i dteideal dul tríd an bpróiseas Europass agus dearbhú Youthpass a fháil ag deireadh an phróisis. Sainaithnítear in Youthpass na hinniúlachtaí a forbraíodh le linn an tionscadail agus déantar doiciméadacht orthu ann. Moltar cur chuige oideachasúil Youthpass a leabú ó thús an tionscadail agus é a úsáid le linn ghníomhaíochtaí an tionscadail mar uirlis chun cuidiú le rannpháirtithe a bheith níos feasaí ar a bpróisis agus torthaí foghlama agus machnamh agus measúnú a dhéanamh orthu. Ag brath ar chineál na riachtanais aitheantais agus na ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta aonair, féadfar uirlisí eile a úsáid freisin, Europass mar shampla.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Youthpass: https://www.youthpass.eu/ga/.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Europass: https://europa.eu/europass/ga.

# ÁRACHAS

## CAD AR CHEART A BHEITH AR EOLAS AGAT FAOI ÁRACHAS LE hAGHAIDH RANNPHÁIRTITHE?

Príomhghné amháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach is ea nach mór don rannpháirtí a bheith i dtimpeallacht shábháilte an t-am ar fad. Chun a ráthú go bhfuil an rannpháirtí i ngníomhaíochtaí oibre deonaí cumhdaithe i gcás imthosca gan choinne, ní mór na réimsí seo a leanas a bheith cumhdaithe:

- Cúraim leighis agus fiacla, toircheas agus breith clainne, timpiste agus dul chuig an ospidéal;
- Árachas saoil (árachas in aghaidh an riosca bháis);
- Míchumas buan;
- Dliteanas tríú páirtí;
- (agus dliteanas gairmiúil/corparáideach eagraíochtaí rannpháirteacha san áireamh i gcás inarb iomchuí);
- Árachas taistil;

Tacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach le cumhdach árachais, i gcás inar gá:

- tríd an árachas a sholáthraíonn an Coimisiún Eorpach (le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann);
- aisíocaíocht na gcostas atá nasctha leis an árachas (le haghaidh gníomhaíochtaí intíre).

## MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRASTEORANN

Ní mór do thairbhithe a chinntiú go bhfuil gach rannpháirtí i ngníomhaíocht trasteorann cláraithe i scéim árachais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Maidir le scéim árachais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, comhlánaítear léi an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte [82]le haghaidh cumhdach cúraim sláinte riachtanach ar an [83]gcoigríoch nó, i gcás inarb ábhartha, tairgtear cumhdach príomhúil léi. Soláthraíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach cumhdach árachais go háirithe, ón nóiméad a fhágann rannpháirtithe a n-áit chónaithe chun na tíre óstaí go dtí go bhfilleann siad abhaile tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chríochnú[84], mar a leanas:

- Soláthraítear cumhdach **comhlántach** ó árachas an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do rannpháirtithe atá incháilithe don Chárta Eorpach um Árachas Sláinte.
- Soláthraítear cumhdach **príomhúil** do rannpháirtithe:
  - nach bhfuil incháilithe don Chárta Eorpach um Árachas Sláinte;
  - nach bhfuil incháilithe don Chárta Eorpach um Árachas Sláinte saor in aisce (is é sin, gan chostas don rannpháirtí), nó rannpháirtithe nach bhfuil i dteideal mar gheall ar an gcreat rialála náisiúnta maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann siad nó mar gheall ar a gcás aonair,
  - a thagann ó thír nó a théann chuig tír nach bhfuil feidhm ag comhordú slándála sóisialta an Aontais inti.

Ní mór an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte a bheith i seilbh an rannpháirtí i ngníomhaíochtaí trasteorann sula sroicheann sé an tír óstach. Is cárta é sin lena dtugtar rochtain ar chúram sláinte, lena bhfuil tábhacht leighis agus arb é an stát a sholáthraíonn é, le linn fanacht shealadach in aon cheann de Bhallstáit an Aontais, agus san Íoslainn, i Lichtinstéin agus san Iorua, faoi na coinníollacha céanna agus ar an gcostas céanna (saor i dtíortha áirithe) le daoine faoi árachas sa tír sin faoi seach.

Tá eolas faoin gcumhdach agus faoin tacaíocht atá ar fáil tríd an árachas do rannpháirtithe, chomh maith le treoracha le haghaidh clárúcháin, ar fáil ar shuíomh gréasáin na an ghnólachta árachais.

82 Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gCárta Eorpach um Árachas Sláinte: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=559

84 Cuirfear deireadh leis an gcumhdach árachais d'oibrithe deonacha a chinneann nach bhfillfidh siad ar a dtír chónaithe tar éis a ngníomhaíochta oibre deonaí. Cumhdaíonn an t-árachas cóireálacha leighis leantacha freisin go dtí 2 mhí tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chríochnú.

## Le hAghaidh gníomhaíochtaí intíre

Má tá árachas pearsanta príobháideach de dhíth ar an rannpháirtí i bhfianaise an chreata rialála náisiúnta, ní mór do na heagraíochtaí rannpháirteacha árachas pearsanta a sholáthar don rannpháirtí, ar árachas é nach mór dó an cumhdach a thairiscint arb ionann é agus an cumhdach do ghníomhaíochtaí trasteorann, go háirithe cumhdach nach mbaineann leis an ngníomhaíocht. ar feadh a ré ar fad. Má tá gá leis an árachas príobháideach sin, féadfaidh an eagraíocht costais eisceachtúla a úsáid chun é a mhaoiniú.

Maidir le gníomhaíochtaí intíre, ní shainíonn an Coimisiún Eorpach formáid uathúil d'árachas dliteanais tríú páirtí, ná ní mholann sé gnólachtaí árachais sonracha. Is faoi eagraithe an tionscadail atá sé an polasaí árachais is oiriúnaí a lorg de réir an chineáil tionscadail a dhéantar agus na bhformáidí árachais atá le fáil ar an leibhéal náisiúnta. Níl sé riachtanach suibscríobh d'árachas tionscadalsonrach má bhíonn na rannpháirtithe cumhdaithe leis na polasaithe árachais atá ag na heagraithe tionscadail cheana féin.

## Árachas arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach

### Cé air a bhfuil sé dírithe?

Ní mór do gach rannpháirtí i ngníomhaíocht trasteorann a bheith cláraithe i scéim árachais an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh nó i gcóras sláinte náisiúnta na tíre óstaí. Comhlánaíonn an t-árachas cumhdach éigeantach an Chárta Eorpaigh um Árachas Sláinte agus/nó na gcóras slándála sóisialta náisiúnta nó cumhdaíonn sé 100 % de na costais a thabhaítear i gcásanna sonraithe.

### Cén chaoi a noibríonn sé?


Maidir le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi Thionscadail Dheonacha, tá an eagraíocht is tairbhí freagrach as bainistiú a tionscadail san uirlis TF a sholáthraíonn an Coimisiún Eorpach chun tionscadail a bhainistiú (Modúl do Thairbhithe). Ní mór don tairbhí an t-eolas uile faoin ngníomhaíocht a bhfuil na rannpháirtithe páirteach inti a ionchódú. Déantar na rannpháirtithe a chlárú go huathoibríoch sa scéim árachais tríd an gcóras agus ar bhonn an ionchuir eolais atá ann. Ní mór an clárú don árachas a dhéanamh roimh imeacht na rannpháirtithe; ní mór don tairbhí an t-eolas a ionchur sa chóras roimh thús na gníomhaíochta (2 sheachtain roimh ré, de ghnáth). Cumhdaíonn an clárú fad tréimhse na gníomhaíochta, agus laethanta taistil san áireamh. Ina theannta sin, tá an tairbhí freagrach as an eolas sa mhodúl tairbhí a choinneáil cothrom le dáta go háirithe maidir le dáta tosaigh agus dáta deiridh na gníomhaíochta, maidir leis an ionad, srl toisc go bhfuil an t-eolas sin nasctha leis an gcumhdach árachais. Maidir le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhoirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hObair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil, tá an eagraíocht is tairbhí freagrach as na rannpháirtithe a chlárú agus as sonraí gníomhaíochta (dáta tosaithe, dáta deiridh, suíomh) a chur isteach sna córais TF arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach nó ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin. Déanfar an t-eolas seo a aistriú go huathoibríoch chuig an soláthraí árachais[85].

Soláthraíonn an t-árachas cumhdach comhlántach ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte nó ar árachas ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ag rannpháirtithe. Ní mór Cárta Eorpach um Árachas Sláinte a bheith ina seilbh ag rannpháirtithe roimh imeacht dóibh. I gcásanna áirithe, nuair a fhágann rialacha náisiúnta nach bhfuil cumhdach faoin gCárta Eorpach um Árachas Sláinte ag oibrithe deonacha ar feadh ré na gníomhaíochta nó nuair a thagann rannpháirtí ón tír nó chuig an tír nach bhfuil feidhm ag comhordú slándála sóisialta an AE inti, cuirfidh an gnólacht árachais cumhdach iomlán ar fáil (féach thuas). Tá nithe eisiata agus uasteorainneacha ar leith ag baint leis an gcumhdach árachais agus tá sé i gceist leis déileáil le cúram práinneach agus riachtanach nach féidir a chur ar an méar fhada go dtí deireadh thréimhse na gníomhaíochta agus go dtí go bhfillfidh an rannpháirtí ar an mbaile.

Ar deireadh, ba cheart do rannpháirtithe agus eagraíochtaí a chur san áireamh gur scéim árachais phríobháidigh í. Mar sin de, moltar go láidir do rannpháirtithe agus eagraíochtaí dul i dteagmháil leis an árachóir sula dtabhaítear costas leighis, mar beidh sé in ann eolas a sholáthar don rannpháirtí faoi cibé an ndéanfar an t-éileamh a aisíoc agus i dtaobh an chaoi a dhéanfar é sin.

Mínítear sa tsreabhchairt próisis a leanann gach cumhdach árachais féideartha. Ní mór a thabhairt faoi deara, beag beann ar an ngníomhaíocht agus ar chineál an chlúdaigh árachais, go bhfuil an eagraíocht freagrach sa deireadh as a chinntiú go bhfuil árachas cuí ag an rannpháirtí.

[85] Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil faoin bpróiseas atá le leanúint a luaithe a dheonófar an tionscadal.


EHIC + árachas comhlántach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh
Tá
An bhfuil an rannpháirtí incháilithe do Chárta Eorpach um Árachas Sláinte (EHIC) saor in aisce?
Níl
An bhfuil sé de cheanglas ar an rannpháirtí clárú sa chóras sláinte náisiúnta?
Tá
Córas sláinte náisiúnta + árachas comhlántach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh
Níl
An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach árachas, cumhdach príomhúil
Is ea
An gníomhaíocht thrasteorann atá inti?
Ní hea
Fanann
Córas sláinte náisiúnta + dliteanas tríú páirtí
An bhfanann an rannpháirtí sa chóras sláinte náisiúnta?
Ní fhanann
Árachas pearsanta príobháideach + dliteanas tríú páirtí
Ní mór don eagraíocht an t-árachas a sholáthar, árachas a d'fhéadfaí a mhaoiniú mar chostas eisceachtúil


# TAIRSEACH AN CHÓIR DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPAIGH

Le Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh soláthraítear eolas Eorpach agus tíre faoi dheiseanna is inspéise do dhaoine óga ar mian leo a bheith páirteach i réimse na dlúthpháirtíochta. Soláthraítear leis ionad ilfhreastail do dhaoine óga agus eagraíochtaí ar mian leo a bheith páirteach sa Chór agus a bheith mar chuid de. Trí bhíthin na Tairsí is féidir le daoine óga cúrsaí oiliúna ar líne a dhéanamh, rochtain a fháil ar sheirbhísí eile agus, rud atá tábhachtach, pobal a fhorbairt de dhaoine óga atá ar aon intinn leo. Chun rochtain a fháil ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, gabh chuig: https://youth.europa.eu/solidarity. Níor cheart ach cuntas rannpháirtí amháin a bheith ag gach duine.

## CÉN CHAOI A NOIBRÍONN SÉ?

### DAOINE ÓGA AGUS EAGRAÍOCHTAÍ A THABHAIRT LE CHÉILE

Daoine óga — 17 mbliana d'aois ar a laghad — ar mian leo gabháil do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, claróidh siad sa Chóras Riaracháin agus Tacaíochta maidir le Socrúchán (PASS) ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Cuireann an Tairseach áit ar fáil do dhaoine óga a bhfuil suim acu i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus d'eagraíochtaí a thairgeann deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí den sórt sin dul i dteagmháil le chéile. Sa Tairseach, is féidir le heagraíochtaí a bhfuil Lipéad Cáilíochta acu deiseanna a fhógairt le haghaidh gníomhaíochtaí deonacha, cuardach a dhéanamh ar iarrthóirí cláraithe agus teagmháil a dhéanamh leo. Faigheann iarrthóirí cláraithe Uimhir Chlárúcháin Phearsanta uathúil, agus is féidir leo deiseanna a lorg agus spéis a léiriú iontu. Nuair a chuirtear an eagraíocht agus an t-iarrthóir cláraithe i dteannta a chéile, seolann an eagraíocht tairiscint chuig an iarrthóir cláraithe.




### POBAL A FHORBAIRT AGUS SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

Cuireann Tairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh seirbhísí breise ar fáil d'iarrthóirí cláraithe. Mar aon leis

an Oiliúint Ghinearálta ar Líne ar an Acadamh AE, féadfaidh iarrthóirí cláraithe tairbhiú de ghníomhaíochtaí forbartha pobail, eolas nuashonraithe trí nuachtlitreacha agus feidhmiúlachtaí úsáideacha eile atá á bhforbairt de réir a chéile. Is féidir le daoine óga atá cláraithe úsáid a bhaint as an aip shoghluaiste freisin, rud a chuireann ar a gcumas eispéiris a mhalartú agus a roinnt leis na daoine óga eile atá cláraithe sa Chór. Féadfaidh siad rannchuidiú ar bhealach suntasach leis an tsochaí trína rannpháirtíocht sa Líonra Dlúthpháirtíochta Eorpach (EuSN) nó i líonra EuroPeers, i measc líonraí eile.

# Cárta Óige an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

Tionscnamh comhpháirteach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, na hArd-Stiúrthóireachta um Oideachas agus Cultúr, na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr (EACEA) agus Chumann an Chárta Óige Eorpaigh (EYCA), is ea Cárta Óige an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do rannpháirtithe an Chóir (nó Cárta Eorpach an Oibrí Dheonaigh), agus seoltar amach Cárta Eorpach speisialta an Oibrí Dheonaigh chuig gach duine óg atá rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Tá sé d’aidhm ag Cárta Eorpach an Oibrí Dheonaigh:

- deis a thabhairt d’oibrithe deonacha sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach taitneamh a bhaint as na lascainí agus na deiseanna ar fad atá ar fáil trí scéim an Chárta Óige Eorpaigh chun cabhrú leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áitiúla agus iad a chomhtháthú ina bpobail óstacha;
- é a chur ar chumas oibrithe deonacha dul ag taisteal agus an Eoraip a thaiscéaladh le linn a seirbhíse agus ina diaidh. Beidh an cárta bailí ar feadh 18 mí, beag beann ar fhad eispéireas an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;
- rochtain a thabhairt do dhaoine óga ar líonraí eolais na gCártaí Óige Eorpacha náisiúnta agus eolas ardcháilíochta a fháil don óige;
- tacú le spiorad na hoibre deonaí agus an obair dheonach a chur chun cinn san Eoraip;
- féiniúlacht oibre deonaí Eorpach a fhorbairt agus mothú mar chuid de ghrúpa níos mó daoine óga gníomhacha;
- oibrithe deonacha a chur ar an eolas faoi dheiseanna a fhoilsítear trí Thairseach Eorpach na hÓige;
- tacú le heispéireas soghluaisteachta níos saibhrithe agus níos cuimsithí d’oibrithe deonacha an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus é a chur chun cinn trí chártaí óige;
- cur le hinfheictheacht chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus le híomhá dhearfach den obair dheonach san Eoraip trí chártaí óige.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Chárta Eorpach an Oibrí Dheonaigh, féach: https://eyca.org/volunteers-card: https://eyca.org/volunteers-card.

# Bearta tacaíochta eile

## Deimhniú rannpháirtíochta

Is deimhniú atá sa deimhniú rannpháirtíochta chun tacú le hinfheictheacht na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí oibre deonaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ag deireadh a ngníomhaíochta dlúthpháirtíochta, tá na rannpháirtithe i dteideal deimhniú rannpháirtíochta a fháil, arna eisiúint ar thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar choinníoll go dtugtar an ghníomhaíocht chun críche agus go bhfuil a dtuarascáil rannpháirtí curtha isteach ag na rannpháirtithe.

# COMHAONTUITHE

## COMHAONTUITHE IDIR COMHPHÁIRTITHE TIONSCADAIL

Moltar go láidir do gach eagraíocht rannpháirteach atá páirteach i dtionscadal de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh comhaontú inmheánach a shíniú eatarthu féin. Tá sé de chuspóir ag comhaontú den sórt sin freagrachtaí, cúraimí agus ranníocaíocht airgeadais a shainiú go soiléir do na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí. Is faoi na heagraíochtaí rannpháirteacha atá sé cinneadh a dhéanamh i gcomhpháirt maidir le conas a dhéanfar an deontas AE a dháileadh agus cé na costais a cumhdóidh sé.

Is príomhionstraim é comhaontú inmheánach chun comhar soladach agus rianúil a chinntiú i measc comhpháirtithe i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta agus chun coinbhleachtaí féideartha a sheachaint nó a bhainistiú. Go táscach, ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas ar a laghad ann:

- tagairt an chomhaontaithe deontais idir an eagraíocht rannpháirteach iarrthach agus an t-údarás deonúcháin;
- ainmneacha agus teagmhálaithe na n-eagraíochtaí rannpháirteacha go léir atá páirteach sna gníomhaíochtaí;
- ról agus freagrachtaí gach eagraíochta rannpháirtí; conas a roinnfear an deontas ón Aontas;
- rialacha mionsonraithe maidir le híocaíochtaí agus maidir le haistrithe buiséid i measc eagraíochtaí rannpháirteacha.

Cé go moltar go láidir an cleachtas seo chun leasanna gach comhpháirtí a chosaint, is doiciméad inmheánach i measc na gcomhpháirtithe é comhaontú den sórt sin fós. Más ann do chomhaontú den sórt sin, i gcás díospóidí idir comhpháirtithe a bhfuil tionchar acu ar an gcomhaontú deontais, féadfaidh an t-údarás deonúcháin é a iarraidh.

## COMHAONTUITHE LE RANNPHÁIRTITHE

Sula n-imíonn siad, ní mór do gach duine óg a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí deonacha aonair nó foirne a fhaigheann tacaíocht ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach comhaontú oibre deonaí a shíniú ag baint úsáid as an teimpléad a chuir an Coimisiún Eorpach ar fáil ina gcuimsítear na forálacha seo a leanas ar a laghad:

- cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa chomhaontú sin, fad agus suíomh an imscartha agus tuairisc ar na cúraimí a bheidh i gceist.
- tagairt do théarmaí árachas an rannpháirtí
- ranníocaíocht airgeadais ón gCór;
- na cúraimí a bheidh le déanamh le linn na gníomhaíochta;
- i gcás inarb iomchuí, tagairt do na ceanglais ábhartha imréitigh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

# VÍOSAÍ AGUS CEADANNA CÓNAITHE

D'fhéadfadh a bheith ar rannpháirtithe i dtionscadail de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh víosa a fháil chun fanacht ar an gcoigríoch i mBallstáit an Aontais agus i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bhfuil an ghníomhaíocht á óstáil aige. Tá gach eagraíocht rannpháirteach freagrach as a chinntiú go mbeidh na húdaruithe is gá (víosaí gearrfhanachta nó fadfhanachta nó ceadanna cónaithe) in ord sula ndéantar an ghníomhaíocht phleanáilte. Moltar go láidir na húdaruithe a iarraidh ar na húdaráis inniúla i bhfad roimh ré, ós rud é go bhféadfadh sé go mairfeadh an próiseas ar feadh roinnt seachtainí. Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin breis comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le víosaí, ceadanna cónaithe, slándáil shóisialta, etc. Tá faisnéis ghinearálta ar Thairseach Inimirce AE faoi cheadanna víosaí agus cónaithe i gcás fanacht gearrthéarmach agus fanacht fadtéarmach araon:

https://immigration-portal.ec.europa.eu/index_ga.

# CUID E – EOLAS d'IARRATASÓIRÍ

Iarrtar ar na hiarratasóirí ionchasacha uile[86] a bhfuil sé i gceist acu togra tionscadail a chur isteach chun tacaíocht airgeadais a fháil ón Aontas nó ó Lipéad Cáilíochta faoi Chór Dlúthpháirtíochta an Aontais, an roinn seo, a dréachtaíodh i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme den Rialachán Airgeadais, a léamh go cúramach[87].

Maidir leis na forálacha conarthacha agus airgeadais uile ag a bhfuil feidhm maidir leis na deontais a dhámhtar, cuirtear i láthair sna comhaontuithe deontais samplacha iad, ar comhaontuithe iad a chuirtear ar fáil le haghaidh tionscadail arna gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin (EACEA) i dTairseach an Aontais um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana[88] agus i gcás tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Náisiúnta ábhartha[89]. I gcás neamhréireachtaí leis an eolas a chuirtear i láthair sa Treoir seo, tá tosaíocht ag forálacha na gcomhaontuithe deontais ar fhorálacha Chuid E den Treoir seo. Tá go leor de na céimeanna a dtugtar tuairisc orthu agus an t-eolas a chuirtear ar fáil sa chuid seo ábhartha freisin d'eagraíochtaí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar Lipéad Cáilíochta.

Níl daoine aonair i dteideal tograí tionscadail a chur isteach faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, ach amháin daoine aonair a dhéanann iarratas thar cheann grúpa daoine óga (cúigear ar a laghad) ar mian leo tionscadal dlúthpháirtíochta a dhéanamh ("grúpaí daoine óga" anseo feasta).

# CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH?

Ní mór d'iarratasóirí cloí leis na ceithre chéim a bhfuil tuairisc orthu thíos chun iarratas a chur isteach maidir le tionscadal de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh:

1) Clárú. Ní mór do gach iarratasóir a bheith cláraithe mar a leanas:

   a. I gcás gníomhaíochtaí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, ní mór d'iarratasóirí, eintitis chleamhnaithe, agus comhpháirtithe comhlachaithe clárú ar an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana agus ní mór dóibh Cód Sainaitheantais Rannpháirtí (CSR) a fháil[90]. Eagraíochtaí/grúpaí a fuair cód cheana féin trína rannpháirtíocht i gcláir eile den Aontas Eorpach, ní mór dóibh clárú arís. Tá an CSR a fuair siad ón gclárú roimhe seo bailí chun iarratas a dhéanamh faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach;

   b. Maidir le gníomhaíochtaí atá bainistithe ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta, ní mór d'eagraíochtaí/grúpaí daoine óga clárú tríd an gcóras Cláraithe Eagraíochtaí le haghaidh Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[91] agus Sainaitheantas Eagraíochta a fháil. Eagraíochtaí/grúpaí daoine óga a fuair cód aitheantais den sórt sin cheana féin, ní gá dóibh clárú arís;

2) Comhlíontacht leis na critéir le haghaidh na Gníomhaíochta ábhartha a sheiceáil;

3) Na coinníollacha airgeadais a sheiceáil (ní bhaineann sé seo ach le hiarratais ar mhaoiniú, níl bhaineann sé leis an Lipéad Cáilíochta);

4) An fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a chur isteach.

---

86 grúpaí daoine óga a chur san áireamh i gcás Tionscadail Dlúthpháirtíochta atá comhshamhlaithe anseo thíos le 'heagraíochtaí'

87 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L 2024/2509, 26.0.2024. Tá Rialachán Airgeadais an Aontais le fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202402509

88 https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home

89 https://erasmus-plus.ec.europa.eu/contacts/national-agencies?facets__permanent%7Cfield_eac_topics=1964

90 Eolas sainordaitheach san fhoirm iarratais atá i gcód aitheantais rannpháirtí.

91 https://webgate.ec.europa.eu/erasmus-esc

# CÉIM 1: CLÁRAIGH AN EAGRAÍOCHT

Ní mór d’eagraíochtaí/ghrúpaí daoine óga a bhfuil baint acu le haon iarratas a bheith cláraithe agus a gcuid sonraí bunúsacha dlí agus airgeadais a sholáthar ar ardán Erasmus+ nó ar ardán an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh do thionscadail arna gcur faoi bhráid na nGníomhaireachtaí Náisiúnta nó ar an Tairseach um Rannpháirtithe a Chlárú do thionscadail arna gcur faoi bhráid na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (EACEA).

Nuair a bheidh an clárú curtha i gcrích, gheobhaidh an eagraíocht/grúpa aitheantas eagraíochta (i gcás ina gcuirtear iarratais faoi bhráid na gníomhaireachta náisiúnta) agus cód aitheantais rannpháirtí (i gcás ina gcuirtear iarratais faoi bhráid EACEA). Aitheantóir uathúil atá sa chód seo agus tá sé riachtanach chun iarratais a chur isteach. Cuireann sé ar chumas na heagraíochta/an ghrúpa foirmeacha iarratais ar líne a líonadh isteach ar bhealach níos éasca (is é sin trí uimhir an chóid a chur isteach ar an bhfoirm, léireofar go huathoibríoch san fhoirm an t-eolas go léir a sholáthair an eagraíocht/grúpa ag céim an chlárúcháin).

Tabhair faoi deara nach gá d’eagraíochtaí/ghrúpaí daoine óga a ghlac páirt cheana féin i ngníomhaíochtaí de chuid Erasmus+ agus de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus a bhfuil CAR acu clárú arís chun iarratas a dhéanamh ar an leibhéal díláraithe. Sannadh aitheantas eagraíochta go huathoibríoch agus is féidir é a fháil tríd an gcuardach ar ardán Erasmus+ agus ar ardán an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a úsáid.

I gcás grúpaí daoine óga, áfach, ó 2026 ar aghaidh, ní mór fianaise a thabhairt ar fhoirmiú an ghrúpa trí fhoirm chlárúcháin a dhéanfaidh baill an ghrúpa a shíniú i measc a chéile. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá leis na sínithe ar an bhfoirm chlárúcháin a fhíordheimhniú go hoifigiúil, más ceanglas de chuid an údaráis deonúcháin é sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a chinntiú. Grúpaí atá ann cheana agus atá cláraithe sa Chóras Clárúcháin Eagraíochta cheana féin, is gá dóibh an fhoirm comhaontaithe shínithe a uaslódáil ina bpróifíl sa Chóras chun bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh mar ghrúpa neamhfhoirmiúil daoine óga le haghaidh gníomhaíochtaí faoi **Ghlao 2026** agus as sin amach.

## CÁ HÁIT AR FÉIDIR CLÁRÚ?

**I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta**, chun clárú ar an gcóras cláraithe ar líne den chlár Erasmus+ agus den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní mór don duine atá ina ionadaí d’eagraíocht (nó do ghrúpa neamhfhoirmiúil daoine óga) na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:

- Cruthaigh cuntas ar ‘EU Login’ (mura bhfuil cuntas cheana féin ag an duine atá ina ionadaí don eagraíocht/do na heintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu). Is féidir cuntais nua 'EU Login’ a chruthú ar an suíomh gréasáin seo a leanas:
- https://webgate.ec.europa.eu/cas/;
- Dul isteach ar an gcóras cláraithe ar líne do Erasmus+ agus don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach https://webgate.ec.europa.eu/erasmus-esc agus clárú thar ceann na heagraíochta nó an ghrúpa dá ndéanann siad ionadaíocht.

Níor cheart don eagraíocht ná don ghrúpa daoine óga clárú níos mó ná aon uair amháin. Gheobhaidh an eagraíocht/grúpa daoine óga Aitheantas Eagraíochta nuair a bheidh an clárú próiseáilte. Chun bheith cláraithe, ní mór don ghrúpa daoine óga foirm chlárúcháin a chur isteach trí úsáid a bhaint as an teimpléad a chuirtear ar fáil lena ndeimhnítear gur thoiligh na comhaltaí leis an ngrúpa a bhunú.

Ach an Sainaitheantas Eagraíochta a chur isteach san fhoirm, uaslódálfar go huathoibríoch an t-eolas uile a sholáthair an eagraíocht ag céim an chlárúcháin agus léireofar é san fhoirm.

Má dhéanann an t-eintiteas céanna clárúcháin iolracha ar Shainaitheantas Eagraíochta agus má úsáideann an t-eintiteas céanna Sainaitheantais Eagraíochta iolracha, d’fhéadfaí é sin a cháiliú mar mhífhaisnéis faoi Rialachán Airgeadais an Aontais agus a fhágáil go bhféadfadh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an t-eintiteas a dhíchur ó na nósanna imeachta dámhachtana lena mbaineann.

Mar chuid den phróiseas clárúcháin, ní mór d’iarratasóirí Foirm Aitheantais a uaslódáil sa Chóras Clárúcháin

Eagraíochtaí, foirm ar féidir a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá trí chineál foirme aitheantais ar fáil, ag brath ar an gcineál iarratasóra (daoine nádúrtha, cuideachtaí príobháideacha nó comhlachtaí dlí poiblí).

Tá an fhoirm aitheantais faoi réir ráiteas príobháideachais agus fíoróidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta ina dhiaidh sin í.

**I gcás Gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin**, chun clárú ar an tairseach 'Maoiniú agus Deiseanna Tairisceana', ní mór don duine atá ina ionadaí d'eagraíocht na céimeanna seo a leanas a dhéanamh:

- Cuntas a chruthú ar 'EU Login' (mura bhfuil cuntas ag an duine atá ina ionadaí don eagraíocht cheana féin). Is féidir cuntais nua 'EU Login' a chruthú ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://webgate.ec.europa.eu/cas/;
- Faigh rochtain ar an Tairseach um Chlárú https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home agus cláraigh thar ceann na heagraíochta. Tá Treoraíocht agus Ceisteanna Coitianta le fáil ar an tairseach.

Ní gá don eagraíocht clárú ach aon uair amháin. Nuair atá an clárú próiseáilte, gheobhaidh an t-iarratasóir Cód Aitheantais Rannpháirtí[92]. Is aitheantóir uathúil 9 ndigit é an Cód Aitheantais Rannpháirtí a bhfuil gá leis chun iarratais a chur isteach. Déanann sé níos éasca don iarratasóir é an fhoirm iarratais a líonadh isteach (is é sin, tríd an uimhir Chóid Aitheantais Rannpháirtí a chur isteach san fhoirm, taispeánfar go huathoibríoch san fhoirm an t-eolas uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil ag an gcéim chlárúcháin).

I gcás iarratais ó chuibhreannas, ba cheart do gach comhalta den chuibhreannas an Fhoirm Aitheantais a sholáthar. Mar sin féin, ní gá na sonraí bainc a sholáthar ach i gcás an chomhordaitheora amháin. Ní mór an fhoirm a líonadh isteach maidir leis an tír ina bhfuil an banc, fiú amháin má tá an t-iarratasóir cláraithe go hoifigiúil i dtír eile.

I gcás deontais os cionn EUR 60 000, d'fhéadfaí go mbeadh ar iarratasóirí doiciméid shonracha a uaslódáil chun cruthúnas a thabhairt ar a n-acmhainn airgeadais. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an roinn 'Critéir Roghnúcháin' thíos.

# CÉIM 2: COMHLÍONTACHT AN TIONSCADAIL LE CRITÉIR AN CHLÁIR A SHEICEÁIL

Agus a dtionscadal á bhforbairt acu agus sula gcuireann siad isteach ar thacaíocht ón Aontas Eorpach, ní mór d'eagraíochtaí rannpháirteacha/ghrúpaí daoine óga a fhíorú go gcloíonn an tionscadal leis na critéir seo a leanas: inghlacthacht, incháilitheacht, eisiamh, roghnú agus dámhachtain.

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Ní mór iarratais a sheoladh tráth nach déanaí ná an sprioc-am chun iarratais a chur isteach mar a léirítear sa ghlao.

Ní mór do na hiarratais a bheith inléite agus inrochtana.

Ní mór iarratais a bheith líonta isteach ina n-iomláine agus na codanna agus na hiarscríbhinní sainordaitheacha uile iontu. Ní féidir ach amháin earráidí cléireachais a cheartú tar éis an sprioc-ama chun iarratas a chur isteach arna iarraidh sin don ghníomhaireacht bainistíochta le haghaidh cásanna a bhfuil údar cuí leo.

**Le haghaidh Gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta**, ní mór iarratais a chur isteach **go leictreonach** trí na foirmeacha atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh agus ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta.

[92] Eolas sainordaitheach san fhoirm iarratais atá i gcód aitheantais rannpháirtí.

**I gcás gníomhaíochtaí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin**, ní mór iarratais a chur isteach **go leictreonach** trí Thairseach an Aontais um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana. Ní mór iarratais (lena n-áirítear iarscríbhinní agus doiciméid tacaíochta) a chur isteach agus úsáid á baint as na foirmeacha a sholáthraítear sa Chóras Aighneachta Tairiscintí.

Ní mór na tograí a bheith iomlán agus ní mór an t-eolas a iarrtar a bheith iontu, chomh maith leis na hiarscríbhinní riachtanacha agus

na doiciméid tacaíochta go léir:

- Foirm Iarratais Cuid A — ina bhfuil eolas riaracháin faoi na rannpháirtithe (comhordaitheoir, tairbhithe agus eintitis chleamhnaithe amach anseo) agus buiséad coimrithe an tionscadail (le líonadh isteach go díreach ar líne);
- Foirm Iarratais Cuid B — ina bhfuil tuairisc theicniúil ar an tionscadal (le híoslódáil ón gCóras Ríomhaighneachta Tairsí, le líonadh isteach agus, ina dhiaidh sin, le tiomsú agus le hath-uaslódáil).

Tá iarratais teoranta do 40 leathanach le haghaidh glaonna le haghaidh deontais ar luach íseal (EUR 60 000 nó níos lú); 70 leathanach le haghaidh na nglaonna uile eile. Tá teorainn 40 leathanach ar líon na leathanach don iarratas ar Lipéad Cáilíochta sa Chabhair Dhaonnúil. Ní chuirfidh meastóirí aon leathanach breise san áireamh.

## CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Úsáidtear na critéir incháilitheachta chun a chinneadh cibé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear don iarratasóir páirt a ghlacadh i nglao ar thograí agus togra le haghaidh gníomhaíochta a chur isteach.

Le bheith incháilithe, ní mór do ghníomhaíochtaí agus do thionscadal cloí leis na critéir incháilitheachta go léir a bhaineann leis an nGníomhaíocht faoina bhfuil an togra á chur isteach. Más rud é nach gcomhlíonann an t-iarratas na critéir sin ag céim an iarratais, diúltófar dó gan meastóireacht bhreise. Tabhair faoi deara nach mór coinníollacha incháilitheachta a chomhlíonadh i gcaitheamh ré an tionscadail, agus ní díreach ag am sínithe an deontais. Má dhealraíonn sé ag céim an chur chun feidhme nó ag céim na tuarascála deiridh nár comhlíonadh na critéir sin, nó nach raibh rabhthas ag gníomhú i gcomhréir leo a thuilleadh, féadfar a mheas go bhfuil na gníomhaíochtaí a rinneadh neamh-incháilithe, agus féadfar nach mór an deontas AE a dámhadh don tionscadal i dtosach a thabhairt ar ais don údarás deonúcháin.

Tá tuairisc i gCuid B agus i gCuid C den treoir ar na critéir incháilitheachta shonracha a bhfuil feidhm acu maidir le gach ceann de na Gníomhaíochtaí.

## CÚISEANNA LE DIÚLTÚ d'IARRATAS

Is féidir diúltú d'iarratas ar fhorais éagsúla, mar a shonraítear sa Treoir seo nó i ndoiciméad sonrach glao, más infheidhme. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach iarratasóir a dhiúltú i gcoitinne i gcás nós imeachta um dhámhachtain más fíor an méid seo a leanas[93]::

a) tá an t-iarratasóir i staid eisiaimh (féach an roinn faoi Eisiamh thíos);

b) thug an t-iarratasóir bréagléiriú ar an eolas atá ina cheanglas mar choinníoll le páirt a ghlacadh sa nós imeachta, nó mhainnigh sé an t-eolas sin a sholáthar[94];

c) má bhí baint ag an iarratasóir cheana le doiciméid a ullmhú a úsáideadh i nós imeachta dámhachtana agus gur sáraíodh leis sin prionsabal na córa comhionainne, saobhadh iomaíochta san áireamh, agus nach féidir an méid sin a leigheas ar shlí eile[95].

Thairis sin, is féidir iarratas a dhiúltú ar fhorais eile, an méid seo a leanas san áireamh, ach gan bheith teoranta dó:

- neamhinghlacthacht (iarratas a chur isteach tar éis an sprioc-ama, Sainaitheantas Eagraíochta neamhbhailí, foirm

[93] Airteagal 143 de Rialachán Airgeadais an Aontais

[94] Mar shampla, má mhaíonn iarratasóir go bhfuil leibhéal áirithe fóntacht nó taca airgeadais aige nach bhfuil dáiríre, mar shampla, figiúirí ioncaim a bhoilsciú nó bréagléiriú a thabhairt ar infhaighteacht cistí, nó má mhaítear go bréagach go bhfuil taithí nó saineolas aige i réimse nó earnáil ábhartha chun na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh.

[95] Mar shampla, má ghlac iarratasóir páirt roimhe sa ghlao ar thograí a dhréachtú, nó má fhostaíonn an t-iarratasóir duine/má tá nasc eile aige le duine a ghníomhaigh mar shaineolaí chun meastóireacht a dhéanamh ar a iarratas ar dheontas, agus nár dhearbhaigh sé coinbhleacht leasa.

iarratais neamhiomlán, doiciméid riachtanacha in easnamh…);

- gan critéir incháilitheachta na Gníomhaíochta a chomhlíonadh;
- cur i bhfeidhm smachtbhannaí nó beart sriantach;
- acmhainneacht airgeadais neamhleor;
- acmhainn oibríochtúil neamhleor;
- gan na critéir dhámhachtana a chomhlíonadh;
- ní chomhlíonann an ghníomhaíocht atá beartaithe prionsabail na neamh-aisghníomhaíochta nó toirmeasc ar mhaoiniú dúbailte[96].

## BEARTA SRIANTACHA AN AONTAIS

Tá feidhm ag srianta agus smachtbhanna speisialta maidir le heintitis áirithe (mar shampla, eintitis atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais arna nglacadh faoi Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)). Eintitis atá ainmnithe ar liosta smachtbhannaí agus/nó atá faoi réir bearta sriantacha mar a liostaítear ar www.sanctionsmap.eu[97] , níl siad incháilithe chun páirt a ghlacadh in aon cháil, cuir i gcás, mar thairbhithe, eintitis chleamhnaithe, comhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí nó faighteoirí tacaíochta airgeadais do thríú páirtithe (más ann dóibh). Eintitis eile atá faoi Rialachán Uimh. 833/2014,[98] ní fhéadfaidh siad páirt a ghlacadh ach amháin má cheadaítear dóibh faoi choinníollacha an ghlao agus ar choinníoll go ndeonaíonn an t-údarás deonúcháin eisceacht dóibh faoi Airteagal 5l, mír 2, pointe e), arb é is cuspóir dó sin tacú le malartuithe soghluaisteachta do dhaoine aonair agus le teagmhálaithe duine le duine.

## COINBHLEACHT LEASA AR LEIBHÉAL GNÍOMHAITHE AIRGEADAIS

Is ann do choinbhleacht leasa i gcás ina gcuirtear as d'fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil na bhfeidhmeanna atá ag gníomhaí airgeadais nó duine eile, dá dtagraítear thíos, ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, le cúrsaí mothúcháin, le coibhneas polaitiúil nó náisiúnta, le leas eacnamaíoch nó le haon leas pearsanta eile, díreach nó indíreach. Gníomhaithe airgeadais de réir bhrí Rialachán Airgeadais an Aontais agus daoine eile, lena n-áirítear údaráis náisiúnta ar aon leibhéal, a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht dhíreach, indíreach nó chomhroinnte, lena n-áirítear gníomhartha ullmhúcháin chuige sin, iniúchóireacht nó rialú, ní dhéanfaidh siad aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh coinbhleacht a chothú idir a leasanna féin agus leasanna an Aontais. Déanfaidh siad bearta iomchuí freisin chun coinbhleacht leasa a thoirmeasc sna feidhmeanna a bhfuil siad freagrach astu agus chun aghaidh a thabhairt ar chásanna as a bhféadfaí coinbhleacht leasa a thuiscint.

Measann an Coimisiún go bhfuil na heintitis seo a leanas i staid coinbhleacht leasa, nó go bhféadfaidís a bheith i staid coinbhleacht leasa, agus dá bhrí sin, go bhfuil siad incháilithe — nó go bhféadfaidís a bheith incháilithe — chun bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí cláir:

- Údaráis Náisiúnta atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar Ghníomhaireachtaí Náisiúnta agus ar chur chun feidhme chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina dtír féin, ní féidir leo iarratas a dhéanamh ar aon Ghníomhaíocht, ná páirt a ghlacadh in aon Ghníomhaíocht, a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta in aon tír, ach féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht (mar iarratasóirí nó mar chomhpháirtithe) i nGníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin nó AS EAC ach amháin má eisiatar a leithéid go sainráite le haghaidh na Gníomhaíochta lena mbaineann (mar a léirítear i gCuid B den Treoir).
- Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó, i gcás nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach shainiúil ag an nGníomhaireacht

[96] Féach thíos an roinn maidir le Prionsabail a bhaineann le deontais ón Aontas, chomh maith le hAirteagal 194 den Rialachán Airgeadais.

[97] Tabhair do d'aire go bhfuil an liosta oifigiúil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus, i gcás coinbhleachta, go bhfuil tosaíocht ag inneachar liosta na hIrise sin ar inneachar Léarscáil Smachtbhannaí an Aontais (https://www.sanctionsmap.eu).

[98] Féach Airteagal 5/ de Rialachán (AE) 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine:

(1) Beidh toirmeasc ar thacaíocht dhíreach nó indíreach, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais nó aon sochar eile faoi chlár agus conarthaí náisiúnta an Aontais, Euratom nó na mBallstát de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a sholáthar dóibh seo a leanas:

(a) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis; (b) do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo.

(2) Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas: e) malartuithe soghluaisteachta do dhaoine aonair agus teagmhálaithe duine le duine.

Náisiúnta, eintitis dhlítheanacha ar cuid díobh í an Ghníomhaireacht Náisiúnta[99], ní féidir leo iarratas a dhéanamh ar aon Ghníomhaíocht a chuirtear chun feidhme tríd an Treoir seo, ná páirt a ghlacadh inti.

- Struchtúir agus líonraí a shainaithnítear nó a ainmnítear i gClár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh nó in aon Chlár Oibre Bliantúil de chuid an Choimisiúin a ghlactar chun Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a chur chun feidhme, ar struchtúir agus líonraí iad atá á n-óstáil ag an eintiteas dlítheanach atá ina óstach ar an nGníomhaireacht Náisiúnta freisin, ní fhéadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar aon Ghníomhaíocht, ná páirt a ghlacadh inti, arna bainistiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta in aon tír, ach féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht (mar iarratasóirí nó mar chomhpháirtithe) i nGníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin nó ag AS EAC ach amháin má eisiatar a leithéid go sainráite le haghaidh na Gníomhaíochta lena mbaineann (mar a léirítear i gCuid B den Treoir seo). Ní mór dóibh a bheith in ann a léiriú nach bhfuil coinbhleacht leasa ag baint leo, toisc go nglacann siad bearta réamhchúraim nó toisc go bhfuil deighilt shoiléir leasanna ann mar thoradh ar a n-eagrúchán inmheánach. Thairis sin, ní mór costais agus ioncaim gach tionscadail nó gníomhaíochta dá ndámhtar cistí ón Aontas Eorpach a shainaithint. Is í an institiúid a bhfuil siad ag seoladh iarratais chuici ) (an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin nó AS EAC, de réir mar is iomchuí) a dhéanfaidh an cinneadh lena ndeimhneofar nach bhfuil staid choinbhleachta iarbhír ag baint leo.
- 

Eintitis dhlítheanacha atá ina n-óstach do Ghníomhaireachtaí Náisiúnta ach a bhíonn ag déileáil le gníomhaíochtaí eile laistigh nó lasmuigh de shainchúram chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, mar aon le heintitis atá cleamhnaithe leis na heintitis dhlítheanacha sin, ní féidir leo iarratas a dhéanamh ar aon Ghníomhaíocht, nó páirt a ghlacadh in aon Ghníomhaíocht, arna bainistiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta in aon tír. Mar sin féin, féadfaidh siad i bprionsabal iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht i nGníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin nó AS EAC ach amháin má eisiatar a leithéid go sainráite le haghaidh na Gníomhaíochta lena mbaineann (mar a thugtar le fios i gCuid B den Treoir). Sa chás sin, ní mór dóibh a léiriú nach bhfuil coinbhleacht leasa ag baint leo toisc go bhfuil bearta réamhchúraim á nglacadh acu nó toisc go bhfuil deighilt shoiléir leasanna ann mar thoradh ar a n-eagrúchán inmheánach (mar shampla, deighilt íosta cuntas, deighilt línte tuairiscithe agus cinnteoireachta, bearta chun rochtain ar eolas faoi phribhléid a chosc). Thairis sin, ní mór costais agus ioncaim gach tionscadail nó gníomhaíochta dá ndámhtar cistí ón Aontas Eorpach a shainaithint. Is í an institiúid a bhfuil siad ag seoladh iarratais chuici (an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin nó AS EAC), faoina freagracht agus faoina cuntasacht féin, a dhéanfaidh an cinneadh lena n-admhófar go bhfuil dearbhú leormhaith ann nach bhfuil coinbhleacht leasa iarbhír ag baint leo.

## Critéir maidir le heisiamh

## An córas luathbhraite agus eisiaimh (EDES)

An córas luathbhraite agus eisiaimh (EDES), arna bhunú ag an gCoimisiún chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a threisiú agus chun bainistíocht fhónta airgeadais a chinntiú, tá feidhm aige maidir le gach duine ar mian leis páirt a ghlacadh in aon cheann de na Gníomhaíochtaí sa treoir seo. Tá an córas ceaptha chun sláine na gcistí ón Aontas agus úsáid cheart na gcistí ag daoine aonair nó eagraíochtaí a ghlacann páirt sa chlár a chinntiú. Tá feidhm ag na rialacha mionsonraithe a leagtar amach maidir leis an gcóras luathbhraite agus eisiaimh i Rialachán Airgeadais an Aontais.

I gcomhréir le hAirteagal 137(2) de Rialachán Airgeadais an Aontais, faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, beidh feidhm ag an gcóras luathbhraite agus eisiaimh maidir leis an méid seo a leanas:

a) rannpháirtithe agus faighteoirí;

b) eintitis a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir nó an tairgeoir brath ar a gcumas nó fochonraitheoirí conraitheora;

c) aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais i gcás ina gcuirfear an buiséad chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) agus Airteagal 157(4) ar bhonn eolais faoinar tugadh fógra i gcomhréir le hAirteagal 158(7);

d) ráthóirí;

e) urraitheoirí amhail dá dtagraítear in Airteagal 26;

f) úinéirí tairbhiúla agus aon chleamhnaí de chuid an eintitis eisiata dá dtagraítear in Airteagal 138(6);

[99] Féach Airteagal 27 (1) a) de Rialachán Erasmus+.

g) daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 138(5), an chéad fhomhír, pointí (a) go (c).

Tá an méid sin gan dochar d'Airteagal 157(7) agus do na rialacha a leagtar síos i gcomhaontuithe ranníocaíochta leis na hÚdaráis Náisiúnta, i gcás daoine nó eintitis a fhaigheann cistí ón Aontas i gcás ina gcuirtear an buiséad chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c).

I gcás gníomhaíochtaí a bhainistíonn Gníomhaireachtaí Náisiúnta, is faoin nGníomhaireacht Náisiúnta atá sé a mheas cé acu atá staid eisiaimh ann nó nach bhfuil mar a thugtar tuairisc air in Airteagal 138 de Rialachán Airgeadais an Aontais. Nuair a shuíonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta go bhfuil staid eisiaimh ann, bunaithe ar chlárúchán sa chóras luathbhraite agus eisiaimh nó i gcomhréir lena dlí náisiúnta i gcás ina bhfuil an staid eisiaimh bunaithe ar bhreithiúnas críochnaitheach nó ar chinneadh riaracháin críochnaitheach, cuirfidh sí an t-iarratasóir amach as an nós imeachta dámhachtana. Ba cheart an deis a thabhairt don iarratasóir barúlacha a chur isteach mar fhreagairt ar an gcinneadh sin lena gcuirtear amach as nós imeachta dámhachtana é, agus ba cheart é a chur ar an eolas faoi na modhanna sásaimh riaracháin agus bhreithiúnaigh atá ar fáil chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Féadfaidh an Coimisiún an t-eolas sin a úsáid freisin chun clárú an eintitis sa chóras luathbhraite agus eisiaimh a thionscnamh i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais.

Tabharfaidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta fógra don Choimisiún gan mhoill faoi chásanna inar suíodh calaois agus neamhrialtachtaí agus faoina n-obair leantach ina leith, chomh maith le haon fhaisnéis a bhaineann le cásanna amhrasta calaoise nó éillithe nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## Cásanna eisiaimh agus cinntí maidir le heisiamh

Iarratasóirí atá faoi réir cinneadh ón Aontas maidir le heisiamh nó atá i gceann de na staideanna eisiaimh seo a leanas lena gcuirtear urchosc orthu maoiniú a fháil ón Aontas, ní féidir leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cláir[100]:

a) tá an duine nó an t-eintiteas ina fhéimheach, faoi réir nósanna imeachta dócmhainneachta nó imeachtaí foirceanta, tá a shócmhainní á riaradh ag leachtaitheoir nó ag cúirt, tá sé i gcomhshocraíocht le creidiúnaithe, tá a ghníomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí, nó tá sé in aon chás analógach a eascraíonn as nós imeachta den chineál céanna dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta;

b) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ag sárú a chuid oibleagáidí i ndáil le cánacha a íoc nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

c) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an t-iarratasóir ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin nó caighdeáin eiticiúla infheidhme na gairme lena mbaineann an t-iarratasóir a shárú, nó go raibh sé i mbun aon iompair éagóraigh a bhfuil tionchar aige ar a inchreidteacht ghairmiúil i gcás ina léirítear leis an iompar sin intinn éagórach nó mórfhaillí, lena n-áirítear, go háirithe, aon cheann de na nithe seo a leanas:

   (i) thug sé bréagléiriú go calaoiseach nó go faillíoch ar fhaisnéis a bhfuil gá léi chun a fhíorú nach bhfuil foras eisiaimh ann nó chun critéir roghnúcháin nó incháilitheachta a chomhlíonadh nó i bhfeidhmiú an ghealltanais dhlíthiúil;

   (ii) chuaigh sé i mbun comhaontú le daoine nó eintitis eile chun iomaíocht a shaobhadh;

   (iii) cearta maoine intleachtúla a shárú;

   (iv) tionchar míchuí a imirt nó iarracht tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta chun cistí de chuid an Aontais a fháil trí theacht i dtír, trí mhífhaisnéis, ar choinbhleacht leasa lena mbaineann aon ghníomhaí airgeadais nó duine eile, dá dtagraítear in Airteagal 61(1) den Rialachán Airgeadais;

   (v) rinne sé iarracht teacht ar fhaisnéis rúnda a d'fhéadfadh buntáistí míchuí a thabhairt dó sa nós imeachta um dhámhachtain;

   (vi) gríosú chun idirdhealaithe, fuatha nó foréigin a dhírítear ar ghrúpa daoine nó ar bhall de ghrúpa nó gníomhaíochtaí comhchosúla atá in aghaidh na luachanna ar a bhfuil an tAontas

[100] Féach Airteagail 138 agus 143 de Rialachán Airgeadais AE 2024/2509: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202402509

fothaithe a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, má imríonn mí-iompar den sórt sin tionchar ar ionracas an duine nó ar ionracas an eintitis, a dhéanann difear diúltach, nó a bhfuil riosca nithiúil ann go ndéanfadh sé difear diúltach, do chomhlíonadh an ghealltanais dhlíthiúil;

d) suíodh le breithiúnas críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach in aon cheann díobh seo a leanas:

(i) calaois;

(ii) éilliú;

(iii) iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil;

(iv) sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta;

(v) cionta sceimhlitheoireachta nó cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, nó na cionta sin a ghríosú, cabhrú leo, iad a neartú nó féachaint leis na cionta sin a dhéanamh;

(vi) saothar leanaí nó cionta eile a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine;

e) gur léirigh an duine nó an t-eintiteas easnaimh mhóra maidir leis na príomhoibleagáidí a chomhlíonadh a bhaineann le gealltanas dlíthiúil a chomhlíonadh arna mhaoiniú ag an mbuiséad, agus gur eascair aon cheann de na torthaí seo a leanas as:

(i) foirceannadh luath an ghealltanais dhlíthiúil;

(ii) d'eascair cur i bhfeidhm damáistí leachtaithe nó pionóis chonarthacha eile as; nó;

(iii) fuair oifigeach údarúcháin, OLAF nó an Chúirt Iniúchóirí na heasnaimh sin amach tar éis seiceálacha, iniúchtaí nó imscrúduithe;

f) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go ndearna an duine nó an t-eintiteas neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[101];

g) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur chruthaigh an duine nó an t-eintiteas i ndlínse eile agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó oibleagáidí dlíthiúla eile i ndlínse a oifige cláraithe, a riaracháin lárnaigh nó a phríomháite gnó;

h) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach gur cruthaíodh eintiteas leis an intinn dá dtagraítear i bpointe (g).

(i) chuir an t-eintiteas nó an duine in aghaidh imscrúdaithe, seiceála nó iniúchta arna dhéanamh ag oifigeach údarúcháin nó ag a ionadaí nó ag a iniúchóir, ag OLAF, ag OIPE nó ag an gCúirt Iniúchóirí, d'aon ghnó agus gan údar cuí.

Thairis sin, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas a eisiamh sna cásanna seo a leanas102:

a) tá duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chomhalta de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an duine nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 137(2), nó ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe maidir leis an duine nó leis an eintiteas sin, i gceann amháin nó níos mó de na staideanna dá dtagraítear in Airteagal 138, mír 1, pointí (c) go (i);

b) tá duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an iarratasóra dá dtagraítear in Airteagal 137(2) i gceann amháin nó níos mó de na staideanna dá dtagraítear in Airteagal 138, mír 1, pointe (a) nó pointe (b);

c) tá duine nádúrtha atá fíor-riachtanach i leith na dámhachtana nó i leith chur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil i gceann amháin nó níos mó de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 138, mír 1, pointí (c) go (i).

Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 138(3), féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach **duine nó eintiteas a eisiamh go sealadach** gan moladh ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 145, i gcás ina mbeadh

[101] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

[102] Airteagal 138(5) de Rialachán Airgeadais an Aontais

garbhaol tromchúiseach ann do leas airgeadais an Aontais dá nglacfadh sé páirt i nós imeachta dámhachtana nó dá roghnófaí é chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Sna cásanna sin, tarchuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cás láithreach chuig an bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 145 agus déanfaidh sé cinneadh críochnaitheach tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an moladh ón bpainéal a fháil.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin an t-eolas seo a leanas a fhoilsiú, ar eolas é a bhaineann leis an eisiamh agus, i gcás inarb infheidhme, an pionós airgeadais sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (i) d'Airteagal 138, mír 1 thuas:

- ainm an duine nó an eintitis lena mbaineann;
- an staid eisiaimh;
- fad thréimhse an eisiaimh agus/nó méid an phionóis airgeadais.

In éagmais breithiúnas críochnaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, cinneadh riaracháin críochnaitheach sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (i) d'Airteagal 138 mír 1 thuas, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas a eisiamh ar bhonn réamhaicmiú sa dlí maidir le hiompraíocht dá dtagraítear sna pointí sin, ag féachaint d'fhíorais bhunaithe nó do thorthaí eile atá i moladh ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 145 den Rialachán Airgeadais.

Beidh an méid seo a leanas sna fíorais agus sna torthaí dá dtagraítear thuas go háirithe:

(a) fíorais a suíodh i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe a rinne OIPE, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, an Chúirt Iniúchóirí, OLAF nó an t-iniúchóir inmheánach, nó aon seiceáil, iniúchadh nó rialú eile a rinneadh faoi fhreagracht oifigigh údarúcháin de chuid institiúid AE, de chuid oifige Eorpaí nó de chuid ghníomhaireacht AE nó chomhlacht AE;

(b) cinntí riaracháin neamhchríochnaitheacha, cinntí ar féidir go n-áireofar orthu bearta araíonachta arna ndéanamh ag an gcomhlacht maoirseachta inniúil atá freagrach as fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chaighdeáin na heitice gairmiúla;

(c) fíorais dá dtagraítear i gcinntí ó dhaoine agus eintitis a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c);

(d) cinntí ón gCoimisiún maidir le sárú dhlí iomaíochta an Aontais nó ó údarás inniúil náisiúnta maidir le sárú dhlí iomaíochta an Aontais nó dlí iomaíochta náisiúnta.

## Forálacha Ginearálta

Tá feidhm ag na critéir eisiaimh uile maidir leis na heagraíochtaí rannpháirteacha ar fad faoi ghníomhaíochtaí uile chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

Éilítear ar na hiarratasóirí uile a dhearbhú cé acu atá nó nach bhfuil siad i staid eisiaimh amháin nó níos mó faoi láthair agus cé acu atá nó nach bhfuil bearta feabhais déanta cheana féin acu chun staid den sórt sin a cheartú[103]. Chun na críche sin, ní mór dóibh, in éineacht leis an iarratas ar dheontas, dearbhú ar onóir a chur isteach nach bhfuil staid eisiaimh ann, agus go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin chomh maith[104]. Sa bhreis ar an dearbhú a sholáthraíonn an príomhiarratasóir (comhordaitheoir), ní mór do na comhthairbhithe (más ann) an dearbhú atá á éileamh a chur isteach freisin.

Cibé uair a iarrfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach agus i gcás inar gá sin chun a chinntiú go leanfar an nós imeachta mar is cuí, soláthróidh an t-iarratasóir fianaise nach bhfuil staid eisiaimh ann. Na nithe ar féidir leis an oifigeach údarúcháin atá freagrach glacadh leo mar fhianaise iomchuí, ag brath ar an staid eisiaimh atá i gceist, cuimsítear leo[105] sliocht rinneadh le déanaí sa taifead breithiúnach, nó doiciméad coibhéiseach arna eisiúint le déanaí ag údarás breithiúnach nó riaracháin ina thír bhunaíochta, deimhniú arna eisiúint le déanaí ag údarás inniúil na tíre bunaíochta, ráiteas faoi mhionn arna dhéanamh os comhair údarás breithiúnach nó nótaire nó

[103] Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir leis na daoine ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta nó rialaithe i ndáil leis na hiarratasóirí, a n-úinéirí tairbhiúla agus i gcás inarb iomchuí, fochonraitheoirí.

[104] I gcomhréir le hAirteagal 199(1)(b) de Rialachán Airgeadais an Aontais, agus i gcomhréir le Airteagal 139(1) de Rialachán Airgeadais an Aontais (Dearbhú agus fianaise nach bhfuil staid eisiaimh ann).

[105] Féach Airteagal 139 (2) agus (3) de Rialachán Airgeadais an Aontais.

ráiteas sollúnta arna dhéanamh os comhair údarás riaracháin nó comhlacht gairmiúil cáilithe i dtír bhunaíochta an iarratasóra.

## CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Trí chritéir roghnúcháin, déanann an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin measúnú ar acmhainn airgeadais agus oibríochtúil an iarratasóra chun an tionscadal a bheartaítear a chur i gcrích. Fíorófar an acmhainn airgeadais agus oibríochtúil bunaithe ar anailís ar an eolas san iarratas ar dheontas, sa Dearbhú ar onóir atá curtha i gceangal leis an iarratas, agus doiciméid tacaíochta, más gá[106] . Ainneoin mhéid an deontais a iarradh, féadfaidh an ghníomhaireacht ábhartha a iarraidh ar an iarratasóir doiciméid agus eolas breise a chur isteach i gcomhréir leis na forálacha thíos.

### ACMHAINN AIRGEADAIS

Ciallaíonn acmhainn airgeadais go bhfuil foinsí maoiniúcháin ag na hiarratasóirí atá cobhsaí agus sásúil chun a ngníomhaíochtaí a choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse ar lena linn a dhámhtar an deontas, agus chun bheith rannpháirteach i maoiniú na ngníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, ní mór an t-eolas is gá a bheith san iarratas ar dheontas chun léiriú a thabhairt ar acmhainneacht airgeadais na n-iarratasóirí chun an ghníomhaíocht nó an clár oibre atá beartaithe a dhéanamh. Ní mór acmhainneacht leordhóthanach a bheith ag eagraíochtaí a ghlacann páirt i roinnt tionscadal chun na tionscadail uile a chur chun feidhme. Más gá, féadfar fíorú a dhéanamh ar acmhainneacht airgeadais i gcás eintitis chomhlachaithe.

Beidh an fíorú acmhainneachta airgeadais bunaithe ar tháscairí neodracha airgeadais, ach cuirfear gnéithe eile san áireamh leis freisin, cuir i gcás, spleáchas ar mhaoiniú ón Aontas agus easnamh agus ioncam i mblianta roimhe. Eintitis atá faoi réir torthaí a bhaineann le neamhrialtachtaí tromchúiseacha nó calaois, meastar go huathoibríoch nach bhfuil a n-acmhainneacht airgeadais leordhóthanach agus diúltófar dóibh.

Ní fhíorófar acmhainneacht airgeadais má dhiúltaítear do thogra ar aon fhoras eile nó má tá aon chritéar sainordaitheach eile ina leith gan comhlíonadh.

Eintitis dhíolmhaithe

An fíorú acmhainneachta airgeadais, ní bheidh feidhm aige maidir leis na heintitis seo a leanas[107]:

- na daoine nádúrtha sin a bhfuil tacaíocht oideachais á fáil acu;
- na daoine nádúrtha sin is mó atá thíos leis, cuir i gcás, daoine dífhostaithe agus dídeanaithe, agus atá ag fáil tacaíocht dhíreach;
- comhlachtaí poiblí, agus eagraíochtaí de chuid na mBallstát san áireamh;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- daoine nó eintitis atá ag cur isteach ar lacáistí ráta úis agus ar fhóirdheontais táillí ráthaíochta arb é is cuspóir do na lacáistí agus na fóirdheontais sin cumas airgeadais tairbhí a neartú nó ioncam a ghiniúint;
- mura mó ná EUR 15 000 an deontas arna iarraidh[108].

Doiciméid atá ina gceanglas

Gach iarratasóir, ní mór dó dearbhú ar onóir a sholáthar lena ndeimhnítear, i measc nithe eile, go bhfuil an acmhainneacht airgeadais aige chun an tionscadal a chur chun feidhme. Roinn shonrach den fhoirm iarratais atá sa dearbhú sin ar onóir.

I gcás iarrataí ar dheontas ón Aontas os cionn EUR 60 000 a chuireann eintitis isteach nach bhfuil díolmhaithe óna n-acmhainneacht airgeadais a fhíorú mar a leagtar amach thuas, chomh maith leis an dearbhú ar onóir, ní mór do na hiarratasóirí na doiciméid seo a leanas a chur isteach, arna iarraidh sin dóibh agus sa chás sin amháin[109], trí

[106] Airteagal 201(4) de Rialachán Airgeadais an Aontais

[107] Airteagal 201 (5) de Rialachán Airgeadais an Aontais

[108] I gcás iarratasóirí ar dheontais suas le EUR 15 000, tá an t-iarratasóir díolmhaithe ón bhfíorú acmhainneachta airgeadais agus, dá bhrí sin, ní foras ann féin le diúltú é gan acmhainneacht airgeadais leordhóthanach a fhéindearbhú. Mar sin féin, ní mór do gach iarratasóir, gan beann ar luach an deontais a ndearnadh iarratas air, an Dearbhú ar onóir a chur isteach toisc go gcumhdaítear leis go leor critéir thábhachtacha eile. I gcás gach iarratais ar dheontais ó EUR 15 001 go EUR 60 000, fíoraítear an acmhainneacht airgeadais ar bhonn an fhéindearbhaithe dá bhforáiltear sa Dearbhú ar onóir agus níl gá le haon doiciméid tacaíochta eile chun na críche sin. Faoi Airteagal 277(8) de Rialachán Airgeadais an Aontais, ón gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ar aghaidh, ní bheidh gá le Dearbhú ar onóir le haghaidh iarratais suas le EUR 15 000.

[109] Le haghaidh suas leis na 3 bliana airgeadais is déanaí.

Thairseach Cistiúcháin agus Tairiscintí an Aontais (Clár na Rannpháirtithe — an táb 'Acmhainneacht airgeadais') /an Córas Clárúcháin Eagraíochta:

- Cuntas brabúis agus caillteanais an iarratasóra;
- an clár comhardaithe;
- doiciméid agus fíorúcháin oifigiúla eile, má iarrtar iad.

I gcás ina mbainfidh an t-iarratas le deontas le haghaidh gníomhaíocht a sáraíonn méid an deontais sin EUR 750 000, de bhreis ar an méid thuas, féadfar tuarascáil iniúchóireachta a chuir iniúchóir seachtrach formheasta ar fáil a iarraidh i gcás ina bhfuil fáil uirthi, agus i ngach cás inar ceanglas de chuid dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta é gur gá iniúchóireacht reachtach a dhéanamh, lena ndeimhneofar na cuntais le haghaidh suas leis na 3 bliana airgeadais is déanaí a bhfuil fáil orthu[110].

Mura bhfuil tuarascáil iniúchóireachta ar fáil agus mura ceanglas í, soláthróidh an t-iarratasóir féindearbhú, agus é sínithe ag a ionadaí údaraithe, ina ndeimhnítear bailíocht a chuntas le haghaidh suas leis na 3 bliana airgeadais is déanaí a bhfuil fáil orthu.

I gcás eintiteas nach féidir leo na doiciméid a luaitear thuas a sholáthar toisc gur eintitis nua-chruthaithe iad, féadfar dearbhú airgeadais/sonraí airgeadais nó dearbhú árachais ina sonraítear rioscaí airgeadais an iarratasóra a chur in ionad na ndoiciméad thuas.

**I gcás gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin**: Féach freisin ar na 'Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dlítheanach, Ceapadh agus Measúnú LEAR ar Acmhainneacht Airgeadais'[111].

I gcás togra a chuirtear isteach thar ceann cuibhreannas comhpháirtithe, i gcás ina mbeadh amhras ar an nGníomhaireacht Náisiúnta nó ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin faoi acmhainn airgeadais an chuibhreannais, ba cheart di measúnú riosca a dhéanamh agus d'fhéadfaí na doiciméid chéanna atá léirithe thuas a iarraidh ar na heagraíochtaí rannpháirteacha de thoradh an mheasúnaithe sin. Tá an méid sin infheidhme gan beann ar an méid a dheonaítear.

Ní mór d'eagraíochtaí na doiciméid sin a uaslódáil ar Thairseach Mhaoiniúcháin agus Tairiscintí an Aontais (táb - Clár na Rannpháirtithe – 'Acmhainneacht airgeadais') / Córas Clárúcháin Eagraíochtaí tráth a gclárúcháin (féach an roinn 'Céim 1: An eagraíocht a chlárú' thuas), faoin spriocdháta a shonraítear sa ghníomhaíocht shonrach nó nuair a théann seirbhísí bailíochtaithe an Aontais Eorpaigh i dteagmháil leo chun iarraidh ar an iarratasóir na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur ar fáil. I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú go díreach ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, seolfar an iarraidh sin tríd an gcóras teachtaireachtaí atá leabaithe sa chóras ábhartha.

I gcás ina gcuirtear iarratas isteach thar ceann cuid mhaith eagraíochtaí, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin a chinneadh, tar éis measúnú riosca a dhéanamh, gan ach acmhainneacht airgeadais an chomhordaitheora/phríomhiarratasóra a sheiceáil[112]. Má tá amhras ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin faoi acmhainneacht airgeadais na n-eagraíochtaí atá ag glacadh páirte sa togra, féadfaidh sí na doiciméid tacaíochta a iarraidh ó eagraíochtaí áirithe nó ó na heagraíochtaí uile atá ag glacadh páirt sa togra chun a n-acmhainneacht airgeadais a fhíorú.

Tá an measúnú airgeadais bailí i bprionsabal ar feadh 18 mí tar éis dháta dúnta na tréimhse cuntasaíochta is déanaí arna measúnú. Má dhéanann an rannpháirtí iarratas ar dheontas eile le linn na tréimhse sin, ní iarrfar na doiciméid airgeadais arís. Mar sin féin, más ann d'fhoras a bhfuil údar cuí leis le bheith in amhras faoin acmhainneacht airgeadais nó, i gcás gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, má thagann athrú ar na Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dlítheanach, Ceapadh agus Measúnú LEAR ar Acmhainneacht Airgeadais[113] idir an dá linn, féadfar measúnú nua a thionscnamh fiú roimh dheireadh na 18 mí.

**I gcás na ngníomhaíochtaí uile,** gan beann ar mhéid an deontais, is féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta i

[110] Airteagal 199 (1) de Rialachán Airgeadais an Aontais
[111] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/rules-lev-lear-fca_en.pdf
[112] Airteagal 201(5) de Rialachán Airgeadais an Aontais
[113] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/rules-lev-lear-fca_en.pdf

gcónaí iarraidh ar an iarratasóir eolas atá in easnamh a sholáthar nó doiciméid tacaíochta a shoiléiriú.

Más rud é, tar éis anailís a dhéanamh ar na doiciméid atá luaite thuas, go gcinneann an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin go bhfuil an acmhainn airgeadais lag, ansin féadfaidh sí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- córas freagrachta airgeadais feabhsaithe a éileamh, is é sin, freagracht chomhpháirteach agus leithleach le haghaidh na gcomhthairbhithe uile nó dliteanas comhpháirteach agus leithleach eintiteas cleamhnaithe;
- iarraidh ar an gcuibhreannas duine eile a chur in ionad an chomhordaitheora/tairbhí;
- a chinneadh réamh-mhaoiniú a thabhairt a íocfar ina thráthchodanna;
- an réamh-mhaoiniú a ísliú;
- cinneadh a dhéanamh ráthaíocht bhainc/institiúide airgeadais a éileamh le haghaidh íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin (amháin nó níos mó) nó;
- cinneadh a dhéanamh gan réamh-mhaoiniú a thabhairt.

Mura leor an acmhainn airgeadais, diúltóidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin don iarratas.

## ACMHAINN OIBRÍOCHTÚIL

Ciallaíonn acmhainn oibríochtúil go bhfuil na hinniúlachtaí gairmiúla agus na cáilíochtaí is gá ag na hiarratasóirí chun an tionscadal a bheartaítear a chur i gcrích. Ní mór an t-eolas, na cáilíochtaí agus na hacmhainní cuí a bheith ag na hiarratasóirí chun na tionscadail a chur chun feidhme agus rannchuidiú a dhéanamh (agus taithí shásúil i dtionscadail de mhéid agus de chineál inchomparáide san áireamh).

Ag brath ar an measúnú riosca, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an oibleagáid a tharscaoileadh maidir le hacmhainn oibríochtúil comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí de chuid na mBallstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a fhíorú.

**Maidir le Gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta**, ní mór d'iarratasóirí dearbhú ar onóir a sholáthar lena ndeimhnítear go bhfuil an acmhainn oibríochtúil acu chun an tionscadal a chur chun feidhme. I gcás an Lipéid Cáilíochta, déanfar an acmhainn oibríochtúil a mheas de réir cheisteanna ábhartha na foirme. De bhreis air sin, más gá san fhoirm iarratais agus más mó an deontas ná EUR 60 000, féadfar a iarraidh ar iarratasóirí *curriculum vitae* (CV) na bpríomhphearsana atá páirteach sa tionscadal a chur isteach chun a dtaithí ghairmiúil ábhartha a léiriú, sin nó doiciméid tacaíochta eile a chur isteach, mar shampla, na doiciméid seo a leanas:

- Liosta foilseachán atá ábhartha maidir leis an bpríomhfhoireann (i gcás inarb infheidhme);
- Liosta críochnaitheach tionscadal agus gníomhaíochtaí roimhe seo a cuireadh i gcrích agus a bhaineann leis an réimse beartais nó leis an ngníomhaíocht shonrach seo.

Féadfaidh an t-eolas sin a bheith ábhartha agus a bheith á mheasúnú an tráth céanna freisin faoin gcritéar dámhachtana 'Cáilíocht' i ndáil le gníomhaíochtaí áirithe a ndéanfar measúnú orthu i gcomhthéacs an iarratais tionscadail shonraigh.

Ní fhíorófar acmhainn oibríochtúil má dhiúltaítear do thogra ar aon fhoras eile nó má tá aon chritéar sainordaitheach eile ina leith gan comhlíonadh.

I gcás amhrais[114], féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta foinsí eile eolais a úsáid freisin, ar nós torthaí iniúchtaí roimhe sin, aiseolas ó bhainistíocht tionscadal roimhe sin nó tionscadal atá ann faoi láthair (agus ó Ghníomhaireachtaí Náisiúnta chomh maith), tuarascálacha ar chuairteanna monatóireachta nó eolas ó shuíomh gréasáin na heagraíochta nó ó phróifílí na meán sóisialta chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainn oibríochtúil agus ar an gcumas í a fháil. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta doiciméid tacaíochta agus eolas breise a iarraidh freisin chun an t-eolas atá san iarratas a fhíorú (amhail CVanna na bpríomhdhaoine atá páirteach sa tionscadal chun a dtaithí ghairmiúil ábhartha a léiriú).

Eintitis dá bhfuil an oibleagáid a n-acmhainn oibríochtúil a fhíorú tarscaoilte ag an oifigeach údarúcháin freagrach, measfar go mbeidh dea-acmhainn oibríochtúil acu agus anailís á déanamh ar na critéir roghnúcháin le haghaidh an chuibhreannais.

[114] Tá feidhm ag an méid sin maidir le haon mhéid deontais, ar choinníoll nach bhfuil an t-iarratasóir díolmhaithe.

I gcás cuibhreannas atá eagraithe thart ar chomhordaitheoir, ceanglófar ar an eintiteas sin fianaise a sholáthar ar na scileanna riaracháin agus bainistíochta sa réimse ábhartha ós rud é go mbeidh siad sin riachtanach chun an tionscadal a chomhordú, monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus í a thuairisciú. Mura léiríonn an t-eintiteas atá ainmnithe mar chomhordaitheoir le haghaidh an togra go bhfuil na scileanna sin aige, féadfar diúltú don togra.

Anuas air sin, ní mór taithí bliana ar a laghad a bheith ag iarratasóirí faoin snáithe 'Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta' le haghaidh Lipéad Cáilíochta don phríomheagraíocht ar ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme le bheith incháilithe mar iarratasóirí. Cuirfear san áireamh mar thaithí ábhartha de réir bhrí an chlásail seo taithí roimh chumaisc nó athruithe struchtúracha cosúla ar eintitis phoiblí.

Déanfar na coinníollacha thuas a fhíorú bunaithe ar an iarratas (agus eolas maidir le rannpháirtíocht roimhe seo an iarratasóra sa chlár Erasmus+ 2014–2020 agus i gclár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh san áireamh) agus ar na doiciméid a cuireadh isteach sa Chóras Clárúcháin Eagraíochta. Iarratasóirí nach soláthraíonn an t-eolas a iarrtar san fhoirm iarratais, nó nach soláthraíonn eolas breise go tráthúil, arna hiarraidh sin don Ghníomhaireacht Náisiúnta, féadfar diúltú dóibh. Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh chun an t-eolas a chuimsítear san iarratas a fhíorú.

Gan beann ar mhéid an deontais, is féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta i gcónaí iarraidh ar an iarratasóir eolas atá in easnamh a sholáthar nó doiciméid tacaíochta a shoiléiriú.

Iarratasóirí nach soláthraíonn an t-eolas a iarrtar san fhoirm iarratais, nó nach soláthraíonn eolas breise go tráthúil, arna hiarraidh sin don Ghníomhaireacht Náisiúnta, féadfar diúltú dóibh.

Má mheastar nach sásúil an acmhainn oibríochtúil, diúltófar don iarratas.

**Maidir le Gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin**, déanfar measúnú ar an acmhainn oibríochtúil i gcomhthráth leis an gcritéar dámhachtana 'Cáilíocht', ar bhonn inniúlacht agus thaithí na n-iarratasóirí agus a bhfoirne tionscadail, agus acmhainní oibríochtúla (de chineál daonna, teicniúil agus eile) san áireamh, nó go heisceachtúil, ar bhonn na mbeart atá beartaithe chun an inniúlacht agus an taithí sin a fháil faoin am a gcuirfear tús le cur chun feidhme an chúraim.

Meastar go bhfuil acmhainn oibríochtúil shásúil ag na hiarratasóirí nuair a chomhlíontar na ceanglais lena dtagraítear don acmhainn oibríochtúil a leagtar síos sa ghlao atá ann faoi láthair ar thograí.

Beidh ar iarratasóirí a n-acmhainn a léiriú tríd an eolas seo a leanas san Fhoirm Iarratais (Cuid B):

- próifílí ginearálta (cáilíochtaí agus taithí) na mball foirne atá freagrach as an tionscadal a bhainistiú agus a chur chun feidhme;
- tuairisc ar chomhpháirtithe an chuibhreannais;
- liosta de thionscadail atá maoinithe ag an Aontas le 4 bliana anuas.

## CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Leis na critéir dhámhachtana, ceadaítear don Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na dtograí tionscadal agus na n-iarratas ar Lipéad Cáilíochta a chuirtear isteach i bhfianaise na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí a leagtar amach i gcreat an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus i bhfianaise na dtorthaí a bhfuil coinne leo;
- deontais a dhámhachtain do thionscadail a mhéadaíonn, a oiread is féidir, éifeachtacht fhoriomlán an chistiúcháin ón Aontas nó na Lipéad Cáilíochta le haghaidh eagraíochtaí.

Ní dhéanfar measúnú ar chritéir dhámhachtana má dhiúltaítear do thogra ar aon fhoras eile nó má tá aon chritéar sainordaitheach eile ina leith gan comhlíonadh.

I gcás Tionscadail Dlúthpháirtíochta agus Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta, cuirfear san áireamh le haghaidh maoiniúcháin na tograí sin nár diúltaíodh dóibh ar fhorais eile agus a bhain amach na tairseacha cáilíochta aonair agus an tairseach cháilíochta fhoriomlán, laistigh de theorainneacha an bhuiséid atá ar fáil.

Cuirfear an chuid eile de na tograí ar liosta ionadaithe, má chuirtear buiséad breise ar fáil (i gcás inarb infheidhme) nó diúltófar dóibh.

Tá tuairisc i gCodanna B agus C den Treoir seo ar na critéir dámhachtana a bhfuil feidhm acu maidir le gach ceann de na Gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme tríd an Treoir seo.

# CÉIM 3: NA COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS A SHEICEÁIL

## CINEÁLACHA DEONTAIS

Maoineofar tromlach na ndeontas i bhfoirm costas aonaid (foirmeacha simplithe deontas). Formheasadh úsáid na gcineálacha deontais sin faoi Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh leis na Cinntí lena n-údaraítear úsáid costas aonaid faoi Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh 2021–2027[115]. I gcomhréir leis na cinntí sin, leis an modheolaíocht a úsáidtear chun foirmeacha simplithe na ndeontas agus a leibhéil a bhunú, cinntítear go n-urramófar prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus go ndéanfar prionsabal an chómhaoinithe, agus an prionsabal nach ndéanfar aon mhaoiniú dúbailte, a chomhlíonadh go réasúnach.

Féadfaidh an deontas a bheith sna foirmeacha seo a leanas[116]:

- aisíocaíocht ar chéatadán de na costais inaisíoctha arna thabhú go hiarbhír: mar shampla na costais eisceachtúla chun costais a bhaineann le víosaí a chumhdach;
- aisíocaíocht ar bhonn costais aonaid, lena gcumhdaítear catagóirí sonracha áirithe de chostais incháilithe a shainaithnítear go soiléir roimh ré faoi threoir méid in aghaidh an aonaid: mar shampla, tacaíocht eagraíochtúil le haghaidh Tionscadail Oibre Deonaí;

Cuidíonn an cineál sin deontais le hiarratasóirí méid an deontais arna iarraidh a ríomh go héasca agus pleanáil airgeadais réalaíoch an tionscadail a éascú. Le fáil amach cén cineál deontais a chuirtear i bhfeidhm ar gach mír mhaoinithe faoi gach Gníomhaíocht faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chuimsítear leis an Treoir seo, féach an colún 'sásra maoiniúcháin' sna táblaí 'rialacha maoiniúcháin is infheidhme agus costais incháilithe'.

## NA PRIONSABAIL A BHAINEANN LE DEONTAIS ÓN AONTAS EORPACH AGUS FORÁLACHA EILE

### NEAMH-AISGHNÍOMHAÍOCHT

Ní fhéadfar aon deontas ón Aontas a dhámhachtain go cúlghabhálach le haghaidh tionscadail atá críochnaithe cheana féin.

Ní fhéadfar deontas ón Aontas a dhámhachtain le haghaidh tionscadal a tosaíodh cheana ach amháin i gcás inar féidir leis an iarratasóir a léiriú, gur gá tús a chur leis an tionscadal sular síníodh an comhaontú deontais. I gcásanna den sórt sin, níor cheart na costais incháilithe ar mhaoiniú a bheith tabhaithe roimh an dáta faoina gcuirtear isteach an t-iarratas ar dheontas[117].

Má chuireann an t-iarratasóir tús leis an tionscadal a chur chun feidhme sula sínítear an comhaontú deontais, déantar sin ar riosca an iarratasóra.

### AIGHNEACHTAÍ/TOGRAÍ IOMADÚLA

I bprionsabal, féadfaidh eintitis incháilithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus páirt a ghlacadh i d*tograí difriúla tionscadail* faoin nglao céanna. Féadfaidh siad iarratas a dhéanamh faoi ghlaonna éagsúla freisin. Liostaítear rialacha sonracha thíos maidir le tograí comhionanna nó an-chosúil a chuirtear isteach sa ghlao céanna, ar mhaithe le héifeachtúlacht, cothroime agus soiléireacht a áirithiú sa phróiseas maoiniúcháin agus chun

115 https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/esc/guidance/unit-cost-decision_esc_en.pdf
https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/unit-cost-decision-travel_en.pdf

116 Cinneadh lena n-údaraítear cnapshuimeanna, costais aonaid agus maoiniú ar ráta comhréidh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí um thionscadail oibre deonaí agus dlúthpháirtíochta faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach: https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/reference-documents-resources_ga

117 I gcásanna eisceachtúla agus i gcomhréir leis an mbunús dlí, féadfaidh costais a bheith incháilithe le haghaidh maoiniúcháin más rud é gur tabhaíodh iad roimh an dáta a dhéantar an t-iarratas ar dheontas, má fhoráiltear amhlaidh sa Chinneadh Maoiniúcháin.

maoiniú dúbailte a chosc.

I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta:

- I gcás ina gcuirfidh an t-iarratasóir céanna na hiarratais tionscadail chéanna nó iarratais tionscadail an-chosúil isteach chuig na Gníomhaireachtaí Náisiúnta céanna nó chuig Gníomhaireachtaí Náisiúnta éagsúla, ní fhéadfar ach togra amháin a ghlacadh agus meastóireacht a dhéanamh air; iarrfar ar an iarratasóir na tograí eile a tharraingt siar (nó diúltófar dóibh).
- I gcás ina gcuireann iarratasóirí éagsúla iarratais atá beagnach comhionann nó atá cosúil le chéile faoi bhráid na Gníomhaireachta Náisiúnta céanna nó Gníomhaireachtaí Náisiúnta éagsúla, beidh siad uile faoi réir measúnú sonrach agus is féidir go ndiúltófar iad uile.
- Féadfar tograí a athrú agus a chur isteach arís suas chomh fada leis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach.

**I gcás Gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin**, féadfaidh iarratasóirí níos mó ná togra amháin a chur isteach, a mbainfidh gach ceann díobh le tionscadal éagsúil, faoin nglao céanna (agus féadfar maoiniú a dhámhachtain dóibh). Féadfaidh eagraíochtaí a bheith rannpháirteach i níos mó ná togra amháin. ACH: más ann do níos mó ná togra amháin le haghaidh tionscadail atá an-chosúil lena chéile, ní dhéanfar ach togra amháin a ghlacadh agus a mheas; iarrfar ar na hiarratasóirí na tograí eile a tharraingt siar (nó diúltófar dóibh).

Thairis sin, chun cinntiú go mbeidh rochtain ar mhaoiniú ann do raon leathan eagraíochtaí, rud a fhágfaidh go mbeidh an clár cuimsitheach agus inrochtana, tugtar rialacha sonracha maidir le teorannú isteach sa Treoir seo, lena socraítear líon uasta tograí éagsúla ar féidir le heintiteas aonair cur isteach orthu nó páirt a ghlacadh iontu faoin nglao céanna nó sa bhabhta céanna i gcás gníomhaíochtaí áirithe. Is é is aidhm do bhearta den sórt sin a chinntiú go ndáilfear cistí níos leithne agus ar bhealach níos cothroime, rud a fhágfaidh go mbeidh tuilleadh eintiteas nuathagtha agus speictream rannpháirtithe níos leithne in ann tairbhiú den chlár. Sonraítear na rialacha maidir leis na teorainneacha sin, más infheidhme, i gcritéir incháilitheachta na ngníomhaíochtaí sa Treoir seo.

### INNEACHAR BUNAIDH AGUS ÚDARTHACHT

Cearta maoine intleachtúla agus úrnuacht na hoibre a chuirtear isteach, tá siad le hurramú faoi chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. I ngach iarratas ar thionscadail agus lipéid cháilíochta, ní mór inneachar bunaidh a bheith ann, atá údaraithe ag an iarratasóir nó ag eagraíochtaí comhpháirtíochta nó comhaltaí cuibhreannais atá ag cur isteach go comhpháirteach ar dheontas. I gcás ina ndéantar tagairt d'inneachar tríú páirtí, ní mór cearta maoine intleachtúla a shannadh agus a aithint mar is cuí. Mura gcomhlíontar na critéir sin mar gheall ar ghníomhartha bradaíola, fágtar go bhfuil togra neamh-incháilithe lena chur san áireamh. Is staid eisiaimh atá ann faoi Rialachán Airgeadais an Aontais má dheimhnítear gur sáraíodh cearta maoine intleachtúla[118]. Dá bhrí sin, is faoi iarratasóirí atá sé a chinntiú gur togra bunaidh atá ina dtograí tríd síos, go luaitear na foinsí uile mar is cuí, agus go gcomhlíonfar na rialacha is infheidhme maidir le maoin intleachtúil agus treoirlínte eitice chun riosca an diúltaithe a sheachaint.

Má táthar ag cuimhneamh ar uirlisí intleachta saorga giniúnaí (IS) a úsáid chun an t-iarratas a ullmhú, ba cheart a fhios a bheith ag na hiarratasóirí go bhféadfadh bradaíl a bheith ann, ba cheart dóibh an t-iarratas a mheas go cúramach chun a oiriúnacht agus a cruinneas a chinntiú, agus go gcomhlíontar rialacháin maidir le maoin intleachtúil leis, agus gur inneachar bunaidh atá ann.

Moltar go láidir d'iarratasóirí gan brath ar eintitis nó ar dhaoine aonair seachtracha chun an t-iarratas a dhréachtú. Is amhlaidh é sin ós rud é, chun cur chun feidhme cáilíochtúil na ngníomhaíochtaí a chinntiú, tá an próiseas lena gceaptar iarratas agus lena ndéanann an t-iarratasóir agus eagraíochtaí rannpháirteacha eile, más ann, machnamh ar na gnéithe difriúla atá i dtogra, fíor-riachtanach, agus rannchuidíonn an próiseas sin le fothú acmhainneachta na n-eagraíochtaí sin. Thairis sin, déanann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na tograí uile a scagadh go huathoibríoch chun maoiniú dúbailte agus rioscaí bradaíola a bhrath. Má bhraitear ar eintitis sheachtracha chun cuidiú leis an iarratas a dhréachtú, is mó an riosca go mbeidh easpa úrnuachta ann, go háirithe má chabhraíonn na heintitis sheachtracha le hiarratasóirí féideartha

[118] Airteagal 138(1) c) iii) de Rialachán Airgeadais an Aontais

eile chomh maith. Má bhíonn inneachar an iarratais comhchosúil le tionscadal atá maoinithe cheana féin nó atá le maoiniú, ginfear tuarascáil maidir le cosúlachtaí criticiúla lena gcuirfear i dtábhacht céatadán na cosúlachta le tograí eile. In éagmais údar cuí a bheith tugtha ag an iarratasóir, d'fhéadfaí diúltú don togra má bhraitear cosúlachtaí den sórt sin.

Chomh maith leis sin, ní chumhdaítear leis na deontais costais a bhaineann le seirbhísí eagraíochtaí nó daoine aonair seachtracha a fhostú chun an t-iarratas nó aon tuarascáil ina dhiaidh a dhréachtú toisc go meastar gur croíchúraimí iad sin nach féidir a chur ar fochonradh. Dá bhrí sin, ní féidir aon eagraíocht eile ná daoine aonair seachtracha a íoc ná a chúiteamh ar bhealach eile as an iarratas nó aon tuarascáil ina dhiaidh a dhréachtú, ós rud é nach n-aisíocfar na costais sin ná ní mheasfar mar chostais incháilithe iad faoi théarmaí an deontais.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an t-iarratas a dhíchur ón bpróiseas roghnúcháin nó tionscadal/Lipéad Cáilíochta dáfa a fhoirceannadh ag aon tráth má chinneann an Ghníomhaireacht gur sáraíodh cearta maoine intleachtúla nó go bhfuil ráitis a soláthraíodh sa Dearbhú ar onóir bréagach.

### MAOINIÚ CARNACH AGUS TOIRMEASC AR MHAOINIÚ DÚBAILTE

I gcás gach tionscadail, ní dhámhfar ach aon deontas amháin ón mbuiséad d'aon tairbhí amháin.

Tionscadal ar tugadh ranníocaíocht dó faoin gClár, féadfar ranníocaíocht a thabhairt dó freisin ó chlár eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha gach cláir ábhartha de chuid an Aontais maidir lena ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an tionscadal. Ní rachaidh an maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána an tionscadail[119].

Níor cheart, in aon chúinse, na costais chéanna a mhaoiniú faoi dhó ó bhuiséad an Aontais. Chun riosca an mhaoinithe dhúbailte a sheachaint, ní mór don iarratasóir a dhearbhú nach bhfuair a eagraíocht aon deontas eile ón Aontas le haghaidh an tionscadail shonraigh agus gealltanas a thabhairt freisin go dtabharfar fógra faoi aon deontas ón Aontas amach anseo a bhaineann leis an tionscadal sonrach agus faoi aon deontas oibriúcháin ón Aontas a thabharfar dá eagraíocht. Seiceálfar é sin tríd an Dearbhú ar onóir.

### AN PRIONSABAL NEAMHBHRABÚIS

Ní bheidh sé de chuspóir ná d'éifeacht ag deontas a mhaoinítear ó bhuiséad an Aontais brabús a dhéanamh faoi chuimsiú an tionscadail a bheidh á dhéanamh ag an tairbhí[120]. Sainítear brabús mar bharrachas, arna ríomh tráth a n-íocfar an t-iarmhéid, fáltas i leith chostais incháilithe an tionscadail, nuair atá na fáltais teoranta do dheontas an Aontais agus don teacht isteach arna ghiniúint ag an tionscadal nó clár oibre sin[121]. Níl feidhm ag an bprionsabal neamhbhrabúis maidir le deontais a sholáthraítear i bhfoirm costas aonaid, cnapshuime nó maoinithe ar ráta comhréidh maidir le gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, ná maidir le hiarrataí ar dheontais nach mó iad ná EUR 60 000[122].

I gcás ina ndéantar brabús, beidh an Coimisiún i dteideal an céatadán den bhrabús a aisghabháil a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis na costais incháilithe arna dtabhú iarbhír ag an tairbhí agus an tionscadal á dhéanamh.

Chun críche an brabús a ghintear leis an deontas a ríomh, ní chuirfear san áireamh cómhaoiniú i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil.

[119] Féach Airteagal 29(4) den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

[120] Airteagal 195 de Rialachán Airgeadais an Aontais.

[121] Chuige sin, tá na fáltais teoranta don ioncam a ghineann an tionscadal. Dá bhrí sin, is é atá sa bhrabús (nó sa chaillteanas) mar a shainmhínítear thuas an difríocht idir:
méid an deontais a nglactar leis go sealadach agus an t-ioncam arna ghiniúint leis an ngníomhaíocht, agus na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí.
Ina theannta sin, i gcás ina ndéantar brabús, déanfar é a aisghabháil i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais. Beidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin i dteideal céatadán an bhrabúis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhír, agus an ghníomhaíocht á déanamh, a ghnóthú. Soláthrófar soiléirithe breise ar ríomh an bhrabúis le haghaidh gníomhaíochtaí dá bhfuil deontais i bhfoirm aisíocaíocht cion sonraithe de chostais incháilithe.

[122] Airteagal 195(3) de Rialachán Airgeadais an Aontais.

### CÓMHAOINIÚ

Beidh réamh-mhaoiniú mar chuid de na deontais. Dá thoradh sin, na hacmhainní is gá chun an tionscadal a chur i gcrích, ní tríd an deontas amháin a chuirfear ar fáil iad. Féadfar cómhaoiniú a chur ar fáil i bhfoirm acmhainní an tairbhí féin, i bhfoirm ioncaim a gineadh leis an tionscadal, nó i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe.

Nuair a sholáthraítear deontas ón Aontas i bhfoirm ranníocaíochta le costas aonaid — is amhlaidh atá i gcás fhormhór na nGníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo — áirithíonn an Coimisiún prionsabail an neamhbhrabúis agus an chómhaoinithe le haghaidh na Gníomhaíochta ina hiomláine roimh ré nuair a shainíonn sé rátaí nó céatadáin na n-aonad, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidh sin. Glactar leis tríd is tríd go gcloítear leis na prionsabail neamhbhrabúis agus chómhaoinithe sa chás sin agus, dá bhrí sin, ní gá d'iarratasóirí údar a thabhairt leis na costais a tabhaíodh leis an tionscadal.

Mar sin féin, beidh íocaíocht an deontais bunaithe ar an aisíocaíocht ar bhonn cnapshuimeanna, costais aonaid nó maoiniú ar ráta comhréidh gan dochar do cheart rochtana ar thaifid reachtúla na dtairbhithe. I gcás ina nochtar le seiceáil nó le hiniúchadh nár tharla an t-imeacht ginte (mar shampla ní dhéantar gníomhaíochtaí an tionscadail mar a fhormheastar ag céim an iarratais, ní ghlacann rannpháirtithe páirt sna gníomhaíochtaí etc.) agus go ndearnadh íocaíocht mhíchuí leis an tairbhí i bhfoirm deontais bunaithe ar an íocaíocht ar bhonn ranníocaíochta le costais aonaid, cnapshuimeanna, nó maoiniú ar ráta comhréidh, beidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta i dteideal suas le méid an deontais a ghnóthú. Mar an gcéanna, mura bhfuil cáilíocht chuí ag baint leis na gníomhaíochtaí a dhéantar, féadfar an deontas a laghdú i bpáirt nó ina iomláine fiú más rud é go ndearnadh na gníomhaíochtaí agus go bhfuil siad incháilithe.

Ina theannta sin, chun críocha staidrimh agus monatóireachta, féadfaidh an Coimisiún Eorpach suirbhéanna a dhéanamh ar shamplaí de thairbhithe a bhfuil mar aidhm leo cainníochtú a dhéanamh i leith na gcostas iarbhír a thabhaítear i dtionscadail a chistítear bunaithe ar an aisíocaíocht ar bhonn ranníocaíochta le costais aonaid, cnapshuimeanna nó maoiniú ar ráta comhréidh.

## RIALACHA MAIDIR LE hINCHÁILITHEACHT COSTAS

Chun bheith incháilithe, ní mór na costais agus an ranníocaíocht a bheith i gcomhréir leis na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach sa chomhaontú deontais agus mar a léirítear thíos:

### COSTAIS INCHÁILITHE:

#### COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA INCHÁILITHEACHTA

1) I gcás costas iarbhír/fíorchostas:

- ní mór don tairbhí iad a thabhú i ndáiríre;
- ní mór iad a thabhú le linn fad an chur chun feidhme a bhunaítear sa chomhaontú deontais, cé is moite de na costais a bhaineann le tuarascálacha críochnaitheacha agus deimhnithe iniúchóireachta, ar costais iad a d'fhéadfaí a thabhú ina dhiaidh sin;
- ní mór iad a dhearbhú faoi cheann de na catagóirí buiséid a leagtar amach sa chomhaontú deontais;
- ní mór iad a thabhú i dtaca leis an tionscadal ar a dtugtar tuairisc sa chomhaontú deontais agus de réir mar is gá chun an tionscadal a chur chun feidhme;
- ní mór iad a bheith in-sainaitheanta agus infhíoraithe, go háirithe taifead a bheith déanta orthu i dtaifid chuntasaíochta an tairbhí agus iad a bheith cinntithe de réir chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme na tíre ina bhfuil an tairbhí bunaithe agus de réir ghnáthchleachtais an tairbhí i ndáil le cuntasaíocht chostála;
- ní mór na ceanglais is infheidhme maidir le cánacha, saothar agus leas sóisialta a chomhlíonadh leo;
- tá siad réasúnach, tá bonn cirt leo agus comhlíonann siad le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe maidir le barainneacht agus éifeachtúlacht.

2) I gcás ranníocaíochtaí le costais aonaid:

- ní mór iad a dhearbhú faoi cheann de na catagóirí buiséid a leagtar amach sa chomhaontú deontais;
  (i) ní mór do na haonaid a bheith:

- in úsáid nó á dtáirgeadh iarbhír ag an tairbhí le linn na tréimhse cur chun feidhme;
- riachtanach maidir le cur chun feidhme an tionscadail agus

(ii) ní mór líon na n-aonad a bheith inaitheanta agus infhíoraithe, agus taifid agus doiciméadacht a bheith ann chun tacú leo, más féidir;

#### SAINCHOINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA

### COSTAIS DHÍREACHA

Is iad na costais dhíreacha incháilithe le haghaidh an tionscadail, agus aird chuí á tabhairt ar na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach thuas, na costais is féidir a shainaithint mar chostais shonracha atá nasctha go díreach le feidhmíocht an tionscadail, agus is féidir a shannadh dó go díreach dá bhrí sin. I dteannta na gcostas incháilithe díreach a léireofar sa ghlao ar thograí, meastar go bhfuil na catagóirí seo a leanas incháilithe freisin:

- costais maidir le ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin a thaisceann tairbhí an deontais, i gcás ina n-éilíonn an Ghníomhaíocht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin an ráthaíocht sin;
- costais a bhaineann le deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus tuarascálacha fíorúcháin oibríochtúla i gcás ina n-éileoidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta na deimhnithe nó na tuarascálacha sin chun tacú leis na hiarrataí ar íocaíochtaí;
- costais dímheasa, i gcás ina ndéanann an tairbhí iad a thabhú iarbhír.

Ní mór a bheith in ann próisis inmheánacha an tairbhí maidir le cuntasaíocht agus iniúchadh na costais agus an t-ioncam a dhearbhaítear a réiteach go díreach leis na ráitis chuntasaíochta chomhfhreagracha agus le doiciméid tacaíochta.

### CÁIN BHREISLUACHA (CBL)

Cáin bhreisluacha (CBL) in-asbhainte agus neamh-in-aisíoctha, is costas incháilithe í faoin reachtaíocht náisiúnta CBL[123] is infheidhme. An t-aon eisceacht a bhaineann leis sin ná gníomhaíochtaí nó idirbhearta ina bhfuil stáit, údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile páirteach mar údaráis phoiblí[124].

Níl feidhm ag an Treoir maidir le CBL le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Féadfar eagraíochtaí ó thíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár a dhíolmhú ó chánacha (agus CBL san áireamh), ó dhleachtanna agus ó mhuirir, más rud é gur síníodh comhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus an tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gclár ina bhfuil an eagraíocht bunaithe.

## COSTAIS NEAMH-INCHÁILITHE

Ní mheasfar gur costais incháilithe iad na costais seo a leanas:

- costais nó ranníocaíochtaí nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i gCuid B den Treoir seo;
- costais a bhaineann le toradh ar chaipiteal agus díbhinní atá íoctha ag tairbhí;
- fiachas agus muirir seirbhíse fiachais;
- forálacha maidir le caillteanais nó fiacha;
- ús dlite;
- caillteanais malairte airgeadra;
- costais bhainc a ghearrann banc an tairbhí ar aistrithe ón údarás deonúcháin;
- caiteachas iomarcach nó meargánta;
- CBL in-asbhainte nó in-aisíoctha (agus CBL san áireamh a íocann comhlachtaí poiblí ag feidhmiú mar údarás poiblí dóibh) (féach mír thuas maidir le Cáin Bhreisluacha);
- costais arna dtabhú nó ranníocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme le linn comhaontú

[123] Sna Ballstáit, aistrítear Treoir 2006/112/CE maidir le CBL leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le CBL.
[124] Féach airteagal 13(1) den Treoir.

deontais a bheith ar fionraí;

- ranníocaíochtaí comhchineáil ag tríú páirtithe;
- costais a dhearbhaíonn an tairbhí agus a chuimsítear le tionscadal nó le clár oibre eile a fhaigheann deontas ón Aontas Eorpach;
- costais nó ranníocaíochtaí atá dearbhaithe an tairbhí faoi dheontais eile de chuid an Aontais (nó deontais arna ndámhachtain ag Ballstát den Aontas Eorpach, ag tír nach Ballstát den Aontas Eorpach í nó ag comhlacht eile a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme), ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- má chomhcheanglaítear an deontas tionscadail le deontas oibriúcháin a bheidh á reáchtáil le linn na tréimhse céanna agus más féidir leis an tairbhí a léiriú nach gcumhdaíonn an deontas oibriúcháin aon chostas (díreach nó indíreach) de chuid an deontais tionscadail;
- costais nó ranníocaíochtaí le haghaidh baill foirne riaracháin náisiúnta (nó réigiúnaigh/áitiúil), le haghaidh gníomhaíochtaí ar cuid de ghnáthghníomhaíochtaí an riaracháin iad (is é sin, nach ndéantar mar gheall ar an deontas amháin);
- costais nó ranníocaíochtaí (go háirithe taisteal agus cothú) le haghaidh baill foirne nó ionadaithe institiúidí, chomhlachtaí nó ghníomhaireachtaí an Aontais;
- i gcás trealamh ar cíos nó ar léas, costais aon rogha ceannaigh ag deireadh thréimhse an léasa nó an chíosa;
- costais a bhaineann le cuntais bhainc a oscailt agus a fheidhmiú (agus costais san áireamh, arna ngearradh ag banc an tairbhí, as aistrithe a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta/nó ón nGníomhaireacht).

### FOINSÍ MAOINITHE

Ní mór don iarratasóir an ranníocaíocht ó fhoinsí eile seachas an deontas ón Aontas Eorpach a léiriú san fhoirm iarratais. Féadfaidh cómhaoiniú díreach a bheith i bhfoirm acmhainní an tairbhí féin nó i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú páirtithe, mar shampla. Más rud é, tráth na tuarascála críochnaithí agus na hiarrata ar íocaíocht an iarmhéid, go bhfuil fianaise ann go bhfuil barrachas ann, féach na ranna thuas maidir le Neamhbhrabús agus Cómhaoiniú agus na forálacha comhaontaithe deontais ábhartha).

Ní mheastar go bhfuil ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe ina bhfoinse fhéideartha chómhaoinithe.

# CÉIM 4: AN FHOIRM IARRATAIS A LÍONADH ISTEACH AGUS A CHUR ISTEACH

Chun deontas ón Aontas Eorpach a iarraidh faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ní mór d'iarratasóirí úsáid a bhaint as na foirmeacha sonracha le haghaidh gach Gníomhaíochta atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, na nGníomhaireachtaí Náisiúnta nó na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin (féach an nasc seo a leanas: https://youth.europa.eu/solidarity/contacts_en).

## AN PRÓISEAS IARRATAIS

#### FOIRMEACHA IARRATAIS

Ceanglaítear ar iarratasóirí a n-iarratas a chur isteach ar líne chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin iomchuí leis an bhfoirm leictreonach cheart agus gach iarscríbhinn a iarrtar a chuimsiú. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach sa phost, le seirbhís cúiréireachta, facs nó ríomhphost.

**I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta,** ní mór iarratais (agus iarscríbhinní agus, más ábhartha agus más gá, doiciméid tacaíochta san áireamh) a chur isteach **go leictreonach** trí na foirmeacha iarratais atá le fáil sa rannán Deiseanna ar shuíomh gréasáin Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[125]. Chun breis eolais a fháil faoin bpróiseas le hiarratais a chur isteach, féach na treoracha do Erasmus+ agus don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach atá le fáil ag https://wikis.ec.europa.eu/display/NAITDOC.

[125] Téigh chuig na foirmeacha iarratais tríd an roinn Deiseanna ar leathanach Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag https://webgate.ec.europa.eu/erasmus-esc/index/.

**I gcás gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr**, ní mór iarratais a chur isteach **go leictreonach** tríd an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana i dtaca leis an nGlao ábhartha ar thograí[126]. Ní mór iarratais (lena n-áirítear iarscríbhinní agus doiciméid tacaíochta) a chur isteach agus úsáid á baint as na foirmeacha a sholáthraítear sa Chóras Aighneachta Tairiscintí. Ní mór d'iarratasóirí an fhoirm a líonadh isteach i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, ach ba cheart achomaireacht/achoimre an tionscadail a bheith i mBéarla i gcónaí. Le haghaidh breis eolais maidir leis an bpróiseas chun iarratas a chur isteach (agus gnéithe TF san áireamh), téigh chuig an Lámhleabhar ar Líne atá le fáil ag:

https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/guidance/om_en.pdf

I gcás tionscadail arna gcur isteach ag cuibhreannas, cuireann an comhordaitheoir aon iarratas amháin isteach le haghaidh an tionscadail thar ceann na gcomhaltaí uile.

Ní mór an t-iarratas a chur isteach chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin lena mbaineann. I gcásanna ina bhfuil iarratas curtha isteach ag an iarratasóir chuig Gníomhaireacht Náisiúnta eile seachas an ceann atá i gceannas ar an nglao comhfhreagrach ar thograí, déanfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta an t-iarratas a atreorú chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta cheart.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach sa phost, le seirbhís cúiréireachta, facs nó ríomhphost.

### CLOÍGH LEIS AN SPRIOC-AM

Ní mór an t-iarratas a chur isteach faoin sprioc-am a leagtar amach le haghaidh gach Gníomhaíochta. Sonraítear na sprioc-amanna chun tionscadail a chur isteach le haghaidh gach Gníomhaíochta i gCodanna B agus C, 'Critéir Incháilitheachta', den Treoir seo.

***Nota Bene*:**
**Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Náisiúnta, gan beann ar lá an sprioc-ama, bíonn an sprioc-am chun foirmeacha leictreonacha a chur isteach socraithe i gcónaí ag 12:00:00 (meán lae am na Bruiséile).**

**Le haghaidh gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin agus a chumhdaítear sa Treoir seo, i gcomhréir le ceanglais na Tairsí um Dheiseanna Maoiniúcháin agus Tairisceana (TDCT) de chuid an Choimisiúin, is é an sprioc-am chun tograí a chur faoi bhráid EACEA 17:00:00 (am na Bruiséile).**

Iarratasóirí atá bunaithe i dtíortha i gcrios ama eile, ba cheart dóibh an difríocht ama a chur san áireamh go cúramach ionas nach ndiúltófar dá n-iarratas.

## TREOIR MAIDIR LE hUIRLISÍ INTLEACHTA SAORGA GINIÚNAÍ A ÚSÁID LE hAGHAIDH AN TOGRA A ULLMHÚ

Agus breithniú á dhéanamh ar uirlisí intleachta saorga giniúnaí a úsáid le haghaidh togra a ullmhú, tá sé ríthábhachtach a bheith cúramach agus machnamh cúramach a dhéanamh. Ba cheart do na hiarratasóirí an t-ábhar a ghintear le hintleacht saorga a athbhreithniú agus a bhailíochtú go críochnúil chun a oiriúnacht agus a chruinneas, chomh maith lena chomhlíonadh le rialacháin maidir le maoin intleachtúil, a chinntiú. Tá na hiarratasóirí freagrach go hiomlán as ábhar an togra (fiú na codanna sin a tháirgeann an uirlis intleachta saorga) agus ní mór dóibh a bheith trédhearcach i dtaobh na n-uirlisí intleachta saorga a úsáideadh agus conas a úsáideadh iad a nochtadh.

Go sonrach, ceanglaítear ar iarratasóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cruinneas, bailíocht agus oiriúnacht an ábhair agus aon luanna a ghineann an uirlis intleachta saorga a fhíorú agus aon earráid nó neamhréireacht a cheartú.
- Liosta a sholáthar de na foinsí a úsáidtear chun ábhar agus luanna a ghiniúint, lena n-áirítear iad siúd a ghineann an uirlis intleachta saorga. Luanna a sheiceáil faoi dhó lena chinntiú go bhfuil siad cruinn agus go ndéantar tagairt

[126] Téigh chuig na foirmeacha iarratais trí rannán Thairseach an Aontais um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana maidir le Glaonna ar thograí https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/calls-for-proposals

cheart dóibh.

- A bheith ar an eolas faoin bhféidearthacht go mbeadh bradaíl ann i gcás ina bhféadfadh sé gur atáirgeadh téacs substaintiúil ó fhoinsí eile leis an uirlis intleachta saorga. Seiceáil na foinsí bunaidh lena chinntiú nach bhfuil bradaíl á déanamh agat ar obair duine eile.
- Teorainneacha na huirlise intleachta saorga a aithint agus an togra á ullmhú, rud a chuimsíonn an fhéidearthacht go mbeadh neamhchlaontacht, earráidí agus bearnaí eolais ann.

# CÉARD A THARLAÍONN TAR ÉIS AN tIARRATAS A CHUR ISTEACH?

Déantar meastóireacht ar gach iarratas a fhaigheann na Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin.

## AN NÓS IMEACHTA MEASTÓIREACHTA

Déantar measúnú ar thograí tionscadail ar bhonn na gcritéar a thuairiscítear sa Treoir seo, agus ar an mbonn sin amháin. Is é an t-oifigeach údarúcháin a chinneann an t-ord ina measfar na critéir.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas:

- seiceáil a dhéanamh chun a fhíorú go gcomhlíonann an t-iarratas na critéir maidir le hinghlacthacht, incháilitheacht agus roghnú;
- measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na heagraíochtaí rannpháirteacha na critéir dhámhachtana (ach amháin i gcás iarratas ar dheontas faoi Thionscadail Oibre Deonaí). I bhformhór na gcásanna, déantar an measúnú cáilíochta sin le tacaíocht ó shaineolaithe neamhspleácha. Agus measúnú á dhéanamh acu, tabharfar tacaíocht do shaineolaithe le treoirlínte atá forbartha ag an gCoimisiún; nuair is ann dóibh, cuirfear na treoirlínte sin ar fáil ar shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin agus na nGníomhaireachtaí atá freagrach as na tionscadail a bhainistiú;
- fíorú a dhéanamh nach bhfuil riosca maoiniúcháin dhúbailte ag baint leis an togra. Más gá, déantar an fíorú sin i gcomhar le Gníomhaireachtaí eile nó le páirtithe leasmhara eile.

Má dhiúltaítear do thogra ar aon cheann de na forais thuasluaite nó má tá aon cheann de na critéir shainordaitheacha ina leith gan comhlíonadh, ní dhéanfar meastóireacht ar na critéir eile.

Ceapfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin coiste meastóireachta chun bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas roghnúcháin iomlán. Bunaithe ar an measúnú a dhéanfaidh an coiste meastóireachta — le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha más gá — roghnóidh agus bunóidh an ghníomhaireacht ábhartha liosta de thionscadail atá beartaithe le haghaidh dámhachtain deontais.

Maidir le gach gníomhaíocht a chumhdaítear leis an Treoir seo, le linn an phróisis meastóireachta, féadfar a iarraidh ar iarratasóirí eolas breise a sholáthar nó na doiciméid tacaíochta a cuireadh isteach mar chuid den iarratas a shoiléiriú, ar choinníoll nach n-athraítear an togra go substaintiúil mar thoradh ar an eolas ná ar an soiléiriú sin. Tá údar ar leith le heolas agus soiléirithe breise i gcás earráidí cléireachais soiléire a bheith déanta ag an iarratasóir, nó sna cásanna sin – maidir le tionscadail a mhaoinítear trí chomhaontuithe iltairbhithe – ina bhfuil aon cheann amháin nó níos mó d'fhoirmeacha aontachais na gcomhpháirtithe in easnamh (maidir le comhaontuithe iltairbhithe, féach an roinn 'comhaontú deontais' thíos).

## CINNEADH CRÍOCHNAITHEACH

Ag deireadh an phróisis meastóireachta, déanann an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin cinneadh maidir leis na tionscadail a dtabharfar deontas dóibh ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

- an liosta rangaithe arna mholadh ag an gcoiste meastóireachta (i gcás Tionscadail Dlúthpháirtíochta agus Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta);
- an buiséad atá ar fáil d'aon Ghníomhaíocht ar leith.

Tar éis dheireadh an phróisis roghnúcháin, ní sheoltar comhaid an iarratais ná an t-ábhar a ghabhann leo ar ais chuig an iarratasóir, gan beann ar thoradh an phróisis.

# FÓGRA MAIDIR LE TORTHAÍ

Léirítear an féilire táscach chun fógra a thabhairt maidir le torthaí roghnúcháin faoi gach Gníomhaíocht sa roinn 'Sprioc-amanna saolré tionscadail agus módúlachtaí íocaíochta' thíos. Cuirfear na hiarratasóirí uile ar an eolas faoi thoradh na meastóireachta trí litir maidir le toradh na meastóireachta.

Iarratais rathúla, tabharfar cuireadh dóibh le haghaidh ullmhú deontais; cuirfear cinn eile ar an liosta ionadaithe nó diúltófar dóibh. Ní gealltanas foirmiúil maoiniúcháin atá i gceist le cuireadh le haghaidh ullmhú deontais. Beidh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta nó ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin seiceálacha éagsúla a dhéanamh ó thaobh an dlí de fós sula ndámhfar an deontas: bailíochtú eintiteas dlítheanach, acmhainneacht airgeadais, seiceáil maidir le heisiamh, etc. I gcás gníomhaíochtaí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin, iarrfar ar iarratasóirí sonraí airgeadais a n-eagraíochta a chur isteach agus LEAR a cheapadh.

Má chreideann iarratasóir go raibh locht ar an bpróiseas meastóireachta, is féidir leis **gearán** a chur isteach (de réir na sprioc-amanna agus na bpróiseas a leagtar amach sa litir fógra faoi thoradh na meastóireachta). Féadfaidh gearáin a chuirtear isteach go leictreonach a bheith faoi réir teorainneacha carachtar. Tabhair faoi deara, maidir le fógraí nár osclaíodh laistigh de 10 lá tar éis an tseolta, go meastar go bhfuarthas rochtain orthu agus go ndéanfar sprioc-amanna a áireamh ón oscailt/rochtain (féach freisin Téarmaí agus Coinníollacha na Tairsí Cistiúcháin agus Tairiscintí).

# CÉARD A THARLAÍONN NUAIR A FHORMHEASTAR AN tIARRATAS?

## COMHAONTÚ DEONTAIS

Má roghnaítear tionscadal le haghaidh deontas ón Aontas faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, síneofar comhaontú deontais idir an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin agus an t-iarratasóir. Gheobhaidh an t-iarratasóir an comhaontú deontais, lena shíniú agus lena chur ar ais chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin; tá an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin ar an bpáirtí deiridh le síniú. Beidh an t-iarratasóir ina thairbhe de dheontas ón Aontas Eorpach tar éis don dá pháirtí an deontas a shíniú, agus féadfar tús a chur leis an tionscadal[127]. Ag brath ar an gcineál Gníomhaíochta, féadfar comhaontuithe deontais a bheith i bhfoirm comhaontuithe le haon tairbhe amháin, inarb é an t-iarratasóir an tairbhí aonair, nó comhaontuithe iltairbhithe, inarb iad na heagraíochtaí comhpháirtíochta go léir na tairbhithe den chomhaontú. Is é an comhordaitheoir (an príomhiarratasóir) a shíníonn an comhaontú iltairbhithe, agus is é an comhordaitheoir sin an pointe teagmhála aonair don Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin. Gach eagraíocht eile atá rannpháirteach i dtionscadal mar chomhthairbhithe, áfach, síníonn siad foirm aontachais chun an fhreagracht as gníomhú mar chomhordaitheoir a thabhairt don chomhordaitheoir. Ba cheart foirmeacha aontachais gach comhpháirtí a sholáthar don chomhordaitheoir ag céim an iarratais. Má sholáthraítear na foirmeacha aontachais sin ina dhiaidh sin, ní mór iad a chur ar fáil faoin tráth a shínítear an comhaontú deontais ar a dhéanaí.

Léirítear an féilire táscach chun comhaontuithe deontais a fháil faoi gach Gníomhaíocht sa chuid 'Sprioc-amanna saolré tionscadail agus módúlachtaí íocaíochta' thíos.

## MÉID AN DEONTAIS

Ní hionann glacadh le hiarratas agus gealltanas go ndámhfar maoiniú cothrom leis an méid a d'iarr an t-iarratasóir. Féadfar an maoiniú a iarradh a laghdú ar bhonn na rialacha airgeadais sonracha a bhaineann le Gníomhaíocht ar leith.

I gcás ina ndámhtar deontas i mbabhta roghnúcháin áirithe ní hionann é sin agus teidlíocht le haghaidh babhtaí ina dhiaidh sin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur uasmhéid atá i méid an deontais a fhoráiltear sa chomhaontú agus nach féidir é a mhéadú, fiú má iarrann an tairbhí méid níos mó. I gcás Tionscadail Oibre Deonaí, más í an Ghníomhaireacht Náisiúnta an t-údarás deonúcháin, d'fhéadfaí méid an deontais atá beartaithe leis an gcomhaontú, má fhormheasann an Ghníomhaireacht Náisiúnta amhlaidh trí bhíthin leasú, a mhéadú ach úsáid a bhaint as chúlchiste teagmhasach chun costais eisceachtúla/tacaíocht chuimsiúcháin agus/nó aonaid bhreise a chumhdach tar éis cleachtadh athdháileacháin (i gcás inarb infheidhme).

Ní mór na cistí arna n-aistriú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta nó ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin a shainaithint laistigh den chuntas nó den fhochuntas a léirigh an tairbhí le haghaidh íocaíocht an deontais.

**Maidir le gníomhaíochtaí arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin** - tá feidhm ag na socruithe maidir le Tuairisciú agus maidir le hÍocaíochtaí a chuirtear i láthair sa Chomhaontú Deontais Samplach atá foilsithe ar an Tairseach 'Maoiniú agus Deiseanna Tairisceana'.

127 Maidir le heisceachtaí ón riail seo, féach an roinn 'neamh-aisghníomhaíocht' sa chuid seo den Treoir.

# PRÓISIS ÍOCAÍOCHTA

Ag brath ar chineál na Gníomhaíochta, ar fhad an chomhaontaithe deontais agus ar an measúnú ar an riosca airgeadais, bíonn tionscadail a dtacaítear leo faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoi réir próisis íocaíochta éagsúla.

Ach amháin i gcás na chéad íocaíochta réamh-mhaoiniúcháin, déanfar íocaíochtaí nó gnóthuithe eile ar bhonn na hanailíse ar thuarascálacha nó ar iarrataí íocaíochta arna gcur isteach ag an tairbhí (foilseofar teimpléid le haghaidh na ndoiciméad sin le linn na bliana ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta nó na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin).

Tá tuairisc anseo thíos ar na próisis íocaíochta a chuirtear chun feidhme faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

## ÍOCAÍOCHT RÉAMH-MHAOINIÚCHÁIN

Aistreofar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin chuig an tairbhí laistigh de 30 lá tar éis an dáta a shíníonn an páirtí deiridh den dá pháirtí an comhaontú deontais, agus i gcás inarb ábhartha, nuair a fhaightear aon ráthaíocht airgeadais iomchuí (féach an roinn 'ráthaíocht airgeadais' thíos). Tá sé i gceist leis an réamh-mhaoiniú cúlchnap a chur ar fáil don tairbhí. Féadfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an chéad íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a roinnt ina tráthchodanna. Féadfaidh siad a chinneadh freisin an réamh-mhaoiniú a laghdú nó gan aon réamh-mhaoiniú a íoc, más rud é go meastar nach bhfuil acmhainn airgeadais an tairbhí sásúil.

## ÍOCAÍOCHTAÍ RÉAMH-MHAOINIÚCHÁIN EILE

Faoi Ghníomhaíochtaí áirithe, aistreofar an dara híocaíocht réamh-mhaoiniúcháin – agus an tríú híocaíocht i gcásanna áirithe – chuig an tairbhí laistigh de 30 lá féilire tar éis na hiarrataí ar íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin breise a bheidh curtha isteach ag an tairbhí a bheith faighte aige, nó laistigh de 60 lá féilire má tá tuarascáil ar dhul chun cinn ag gabháil leis an iarratas ar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin. Féadfar na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin breise sin a iarraidh nuair a bheidh 70 % ar a laghad den íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin roimhe sin caite. I gcás ina léirítear sa ráiteas maidir le húsáid na n-íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin roimhe sin gur úsáideadh níos lú ná 70 % de na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin roimhe sin chun costais an tionscadail a chlúdach, déanfar méid an réamh-mhaoiniúcháin nua atá le híoc a laghdú faoi na méideanna nár úsáideadh den réamh-mhaoiniú roimhe sin.

## TUARASCÁIL THRÉIMHSIÚIL AR DHUL CHUN CINN/TUARASCÁIL THEICNIÚIL

Faoi Ghníomhaíochtaí áirithe, iarrfar ar thairbhithe tuarascáil eatramhach a chur isteach chomh maith le tuarascáil ar dhul chun cinn/tuarascáil theicniúil ina dtugtar cuntas ar staid chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus - i gcásanna áirithe - gabhann na tuarascálacha sin leis an iarraidh ar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin bhreise. Ní mór na tuarascálacha tréimhsiúla agus na tuarascálacha ar dhul chun cinn/tuarascálacha teicniúla a chur isteach faoin sprioc-am a léirítear sa chomhaontú deontais.

## ÍOCAÍOCHT NÓ GNÓTHÚ AN IARMHÉID

Déanfar méid na híocaíochta críochnaithí atá le híoc leis an tairbhí a bhunú ar bhonn tuarascáil chríochnaitheach atá le cur isteach faoin sprioc-am a léirítear sa chomhaontú deontais. Más rud é a) nach gcuirtear na himeachtaí lena ngintear an deontas chun feidhme nó go gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach éagsúil ná mar a bhí beartaithe; nó b) gurb ísle na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhír ná na costais a bhí beartaithe ag céim an iarratais, nó c) nach bhfuil cáilíocht na ngníomhaíochtaí/na n-aschur a rinneadh ard go leor, féadfar an maoiniú a laghdú go comhréireach nó, i gcás inarb infheidhme, éileofar ar an tairbhí aon mhéid breise a fuarthas cheana mar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a aisíoc.

Faoi Ghníomhaíochtaí áirithe, is féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin 100 % den deontas a dámhadh a aistriú trí na tráthchodanna réamh-mhaoiniúcháin. Sna cásanna sin, níl íocaíocht

an iarmhéid dlite. Mar sin féin, más rud é – ar bhonn tuarascáil deiridh atá le cur isteach ag an tairbhí faoin sprioc-am a léirítear sa chomhaontú deontais – a) nach gcuirtear chun feidhme na himeachtaí lena ngintear an deontas nó go gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach atá éagsúil lenar beartaíodh; nó b) gurb ísle na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhír ná na costais a bhí beartaithe ag céim an iarratais, nó c) nach bhfuil cáilíocht na ngníomhaíochtaí/na n-aschur a rinneadh ard go leor, éileofar ar an tairbhí aon mhéid breise a fuarthas cheana mar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a aisíoc.

Eiseofar an íocaíocht deiridh laistigh de 60 lá féilire tar éis dháta fála na tuarascála críochnaithí.

Chun eolas breise a fháil, tá na módúlachtaí mionsonraithe maidir le híocaíocht atá infheidhme i leith gach Gníomhaíochta le fáil sa roinn 'Sprioc-amanna saolré tionscadail agus módúlachtaí íocaíochta' thíos.

# SPRIOC-AMANNA SAOLRÉ TIONSCADAIL TÁSCACHA AGUS MÓDÚLACHTAÍ ÍOCAÍOCHTA

Tabhair faoi deara gur mar eolas ginearálta a thugtar na dátaí táscacha sa tábla thíos agus nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil i gceist leo do Ghníomhaireachtaí Náisiúnta ná don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin. Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann leis na módúlachtaí íocaíochta a chuirtear i láthair thíos, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirfear chun feidhme go ginearálta iad, ach féadfar foráil a dhéanamh maidir le socruithe éagsúla sa chomhaontú deontais ag brath ar chás ar leith na heagraíochta is iarratasóir (ag brath ar an acmhainn airgeadais, mar shampla). I gcás ganntanas leithreasuithe AE le haghaidh bliain airgeadais ar leith, féadfar leibhéil na chéad íocaíochta réamh-mhaoiniúcháin a laghdú a thuilleadh.

| | Sprioc-amanna saolré tionscadail | | | Módúlachtaí íocaíochta | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Dáta táscach an fhógra maidir le cinneadh dámhachtana | Dáta táscach chun an comhaontú deontais a shíniú | Dáta na híocaíochta deiridh/na hiarrata ar aisíocaíocht an iarmhéid | Líon na n-íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin | Tuarascáil eatramhach (theicniúil) | Gnáthráta na ndeontas arna soláthar ag céimeanna éagsúla |
| Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta | | | | | | |
| Lipéad Cáilíochta | 2 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |
| Tionscadail Oibre Deonaí | 3 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | 6 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | Laistigh de 60 lá féilire tar éis dháta fála na tuarascála deiridh ag an nGníomhaireacht Náisiúnta | 1 | Roghnach | Réamh-mhaoiniú: 80 %<br>Iarmhéid: 20 % |
| Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta | 6 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | 9 mí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | Laistigh de 60 lá féilire tar éis dháta fála na tuarascála deiridh ag EACEA | 1 | Líon | Réamh-mhaoiniú: 80 %<br>Iarmhéid: 20 % |
| Tionscadail Dlúthpháirtíochta | 3 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | 4 mí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | Laistigh de 60 lá féilire tar éis dháta fála na tuarascála deiridh ag an nGníomhaireacht Náisiúnta | 1 | Líon | Réamh-mhaoiniú: 80 %<br>Iarmhéid: 20 % |

| Rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Lipéad Cáilíochta | 6 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Neamhbhainteach |
| Obair Dheonach sa Chabhair Dhaonnúil | 6 mhí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | 9 mí tar éis an sprioc-am chun iarratas a chur isteach | Laistigh de 60 lá féilire tar éis dháta fála na tuarascála deiridh ag EACEA | 1 | Líon | Réamh-mhaoiniú: 80 %<br>Iarmhéid: 20 % |

# FORÁLACHA TÁBHACHTACHA EILE

## LUACHANNA AN AONTAIS, MÍ-IOMPAR GAIRMIÚIL TROMCHÚISEACH, COINBHLEACHT LEASA

Ní mór do na hiarratasóirí a bheith ar an eolas má dhámhtar an deontas orthu, go gcuirtear d'oibleagáid leis an gcomhaontú deontais ar na páirtithe lena mbaineann an tionscadal a dhéanamh i gcomhréir leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus leis an dlí náisiúnta, an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais is infheidhme maidir le prionsabail eiticiúla. Le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta, ní mór do na tairbhithe gealltanas a thabhairt go gcloífidh siad le luachanna an Aontais agus a chinntiú go n-urramófar iad (cuir i gcás, meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus cearta an duine, cearta mionlach san áireamh). I gcás ina sárófar na luachanna sin, féadfaidh an t-údarás deonúcháin an deontas a laghdú nó a aisghabháil agus an comhaontú deontais a fhoirceannadh.

Gríosú chun idirdhealaithe, fuatha nó foréigin a dhírítear ar ghrúpa daoine nó ar bhall de ghrúpa nó gníomhaíochtaí comhchosúla atá in aghaidh na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE[128], tá an gríosú sin nó na gníomhaíochtaí sin do-ghlactha agus ní luíonn siad le luachanna ná cuspóirí an chláir, cibé acu a tharlaíonn na gníomhaíochtaí sin roimh chur chun feidhme an tionscadail, lena linn, nó ina dhiaidh. I gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais, is féidir iompar den sórt sin a cháiliú mar fhoras eisiaimh ó chistí ón Aontas, i gcás inar suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin is infheidhme nó caighdeáin eiticiúla na gairme lena mbaineann an duine nó an t-eintiteas a shárú, nó trí dhul i mbun aon iompar éagórach a bhfuil tionchar aige ar inchreidteacht ghairmiúil an duine nó an eintitis i gcás ina léirítear intinn éagórach nó mórfhaillí le hiompar den sórt sin[129]. Ní féidir le heintitis eisiata cistí ón Aontas a fháil[130].

Ba cheart do na hiarratasóirí tabhairt faoi deara, tar éis don deontas a bheith dáfa agus an comhaontú deontais a bheith sínithe, nach mór dóibh na bearta uile a dhéanamh chun aon choinbhleacht leasanna a chosc, ar coinbhleacht í lena bhféadfaí cur chun feidhme neamhchlaonta agus oibiachtúil an chomhaontaithe a chur i mbaol ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, le cúrsaí mothúchánacha, le cleamhnacht pholaitiúil nó náisiúnta, le leas eacnamaíoch nó le haon leas eile, díreach nó indíreach. Ní mór dóibh fógra foirmiúil a thabhairt don údarás deonúcháin gan mhoill más rud é go bhfuil aon chás ann atá ina choinbhleacht leasa, nó ar dócha go dtiocfaidh coinbhleacht leasa as, agus ní mór dóibh na bearta is gá a ghlacadh láithreach chun an cás sin a réiteach. Féadfaidh an t-údarás deonúcháin a fhíorú gurb iomchuí na bearta arna nglacadh agus féadfaidh sé ceanglas a fhorchur go ndéanfaí bearta breise faoi sprioc-am sonraithe. An oibleagáid chéanna aon chás coinbhleachta leasa a chosc, tá feidhm aici maidir le fochonraitheoirí.

Ar an iomlán, ní mór do na heagraíochtaí rannpháirteacha an tionscadal a chur chun feidhme mar a thugtar tuairisc uirthi ina n-iarratas agus forálacha an chomhaontaithe deontais á gcomhlíonadh acu, chomh maith le coinníollacha an ghlao, na caighdeáin cháilíochta is infheidhme, mar aon leis na hoibleagáidí dlíthiúla uile faoin dlí náisiúnta, faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais is infheidhme.

## RÁTHAÍOCHT AIRGEADAIS

Má mheastar nach leor an acmhainn airgeadais, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin a cheangal ar aon tairbhí dá dámhadh deontas is mó ná EUR 60 000 ráthaíocht a thaisceadh roimh ré, chun na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin a theorannú. Féadfar an ráthaíocht sin a iarraidh le haghaidh suas leis an méid céanna den íocaíocht nó de na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin.

---

128 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:12012M002

129 Airteagal 138 (1) c) vi) de Rialachán Airgeadais an Aontais

130 Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach an roinn maidir le critéir eisiaimh

Is é is cuspóir don ráthaíocht sin ceangal a chur ar bhanc nó institiúid airgeadais gníomhú mar urrús comhthaobhach neamh-inchúlghairthe nó mar ráthóir céadéilimh d'oibleagáidí an tairbhí a eascraíonn as an gcomhaontú deontais.

Banc formheasta nó institiúid airgeadais fhormheasta atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach a sholáthróidh an ráthaíocht airgeadais sin, in euro. I gcás ina bhfuil an tairbhí bunaithe i dtír nach bhfuil san Aontas, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin a chomhaontú go soláthróidh banc nó institiúid airgeadais atá bunaithe sa tír sin an ráthaíocht, má mheasann sí go soláthraíonn an banc nó an institiúid airgeadais slándáil airgeadais choibhéiseach agus saintréithe coibhéiseacha leo sin a sholáthraítear i mBallstát den Aontas.

Féadfar ráthaíocht chomhpháirteach tríú páirtí, nó roinnt ráthaíochtaí tríú páirtí ó na heagraíochtaí rannpháirteacha ar páirtithe den chomhaontú deontais céanna iad, a chur in ionad na ráthaíochta sin.

Déanfar an ráthaíocht a scaoileadh nuair a dhéanfar an réamh-mhaoiniú a ghlanadh de réir a chéile in aghaidh íocaíocht eatramhach nó íocaíocht an iarmhéid leis an tairbhí, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú deontais. I gcás ina bhfuil íocaíocht an iarmhéid i bhfoirm gnóthaithe, scaoilfear an ráthaíocht tar éis fógra a thabhairt don tairbhí nó leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm go sainráite go dtí an íocaíocht chríochnaitheach agus, más i bhfoirm gnóthaithe atá an íocaíocht chríochnaitheach, go dtí 3 mhí tar éis fógra a bheith tugtha do thairbhí faoin nóta dochair.

## FOCHONRAITHEOIREACHT AGUS DÁMHACHTAIN CONARTHA SOLÁTHAIR

I bprionsabal, ceadaítear méid teoranta seirbhísí a chur ar fochonradh ar choinníoll nach gcumhdaítear leis sin príomhghníomhaíochtaí ar a mbraitheann baint amach chuspóirí an tionscadail go díreach. Go hiondúil, ní féidir cúraimí a dhéanann an comhordaitheoir faoin gcomhaontú deontais a chur ar fochonradh[131]. Féadfaidh an tairbhí dul i muinín fochonraitheoireachta le haghaidh gníomhaíochtaí nach príomhghníomhaíochtaí iad, mar shampla, seirbhísí teicniúla sonracha, ar cuid de chúraimí na gníomhaíochta iad agus a éilíonn scileanna speisialaithe (scileanna a bhaineann leis na réimsí dlí, cuntasaíochta, cánach, acmhainní daonna, TF, srl.) nó conarthaí cur chun feidhme. Dá bhrí sin, na costais a thabhaíonn an tairbhí le haghaidh seirbhísí den chineál sin, féadtar iad a mheas mar chostais incháilithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir ar fad eile a dtugtar tuairisc orthu sa chomhaontú deontais, cuir i gcás, an luach is fearr ar airgead agus gan coinbhleacht leasa a bheith ann.

I gcás ina n-éilítear soláthar earraí, oibreacha nó seirbhísí ar mhaithe le cur chun feidhme an tionscadail (conradh cur chun feidhme), ní mór do thairbhithe an conradh a dhámhachtain ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, is é sin an tairiscint lena mbaineann an luach is fearr ar airgead, nó, de réir mar is iomchuí don tairiscint lena mbaineann an praghas is ísle, agus a chinntiú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann agus go gcoinnítear an doiciméadacht i gcás iniúchta.

I gcás conradh cur chun feidhme ar mó a luach ná EUR 60 000, féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin rialacha speisialta a fhorchur ar an tairbhí, i dteannta na rialacha dá dtagraítear sa mhír roimhe. D'fhoilseofaí na rialacha speisialta sin ar shuíomhanna gréasáin na nGníomhaireachtaí Náisiúnta agus na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin.

## EOLAS AR NA DEONTAIS A DHÁMHTAR

I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus leis an gceanglas maidir le poiblíocht ex-post, ní mór eolas ar fhaighteoirí na gcistí ón Aontas a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin, na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin agus/nó na nGníomhaireachtaí Náisiúnta le linn an chéad leath den bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais dár dámhadh iad.

Féadfar an t-eolas a fhoilsiú freisin ar aon mheán iomchuí eile, lena n-áirítear Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

[131] I gcás comhlachtaí poiblí, féadfaidh comhordaitheoirí méid áirithe dá gcúraimí a tharmligean de réir an chomhaontaithe deontais d'eintiteas ag a bhfuil 'údarú le riar'.

Foilseoidh na Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an t-eolas seo a leanas:

- ainm agus ceantar an tairbhí;
- méid an deontais a dámhadh;
- cineál agus cuspóir na dámhachtana.

Ach iarraidh réasúnaithe agus chuí-réasúnaithe a fháil ón tairbhí, déanfar an foilsiú a tharscaoileadh i gcás inar baol nochtadh an t-eolas sin do chearta agus saoirsí na ndaoine lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na dtairbhithe.

Maidir le sonraí pearsanta lena dtagraítear do dhaoine nádúrtha, bainfear an t-eolas arna fhoilsiú 2 bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar dámhadh na cistí. Beidh an rud céanna i bhfeidhm maidir le sonraí pearsanta a léirítear i dteidil oifigiúla daoine dlítheanacha (mar shampla comhlachas nó cuideachta a bhfuil ainmneacha na mbunaitheoirí mar theideal air).

Ní údaraítear na heagraíochtaí is tairbhí chun an cineál sin eolais a fhoilsiú i ndáil le daoine óga atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

## INFHEICTHEACHT AN MHAOINITHE ÓN AONTAS

Ceanglais shonracha maidir le hinfheictheacht an tionscadail, comhroinnt thorthaí an tionscadail agus tionchar an tionscadail, chomh maith leis an oibleagáid poiblíocht a chinntiú le haghaidh gach tionscadail dá dtugtar deontas, sonraítear iad sna glaonna/gníomhaíochtaí áirithe agus sna comhaontuithe deontais áirithe.

Ní mór do na tairbhithe aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Aontais Eorpaigh i ngach cumarsáid nó foilseachán, i cibé foirm nó i cibé meán, an t-idirlíon san áireamh, agus tráth a gcuirtear chun feidhme na gníomhaíochtaí a bhfuil an deontas á úsáid lena n-aghaidh[132].

Ní mór an méid sin a dhéanamh de réir na bhforálacha a chuimsítear sa ghlao agus sa chomhaontú deontais. Féadfar deontas an tairbhí a laghdú mura gcomhlíontar na forálacha sin ina n-iomláine.

## SEICEÁLACHA, INIÚCHTAÍ AGUS MONATÓIREACHT

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin agus/nó an Coimisiún Eorpach seiceálacha agus iniúchtaí teicniúla agus airgeadais a dhéanamh i ndáil le húsáid an deontais.

I gcás ina dtagann saincheisteanna chun cinn i dtionscadal áirithe nó le haghaidh rannpháirtí ar leith (saincheisteanna ó thaobh na hacmhainne oibríochtúla nó na hacmhainneachta airgeadais, mar shampla), d'fhéadfadh sé gur ghá monatóireacht níos grinne a dhéanamh orthu agus bearta a dhéanamh mar a thugtar tuairisc orthu sa chomhaontú deontais. Is é is cuspóir don mhonatóireacht sin cuidiú leis na tairbhithe riosca a bhainistiú sa chaoi nach dtiocfaidh sé chun cinn agus gur féidir an tionscadal a thabhairt i gcrích go rathúil. Féadfaidh an t-údarás deonúcháin taifid reachtúla an tairbhí a sheiceáil freisin chun measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar mhaoiniú cnapshuime, maoiniú costas aonaid, nó maoiniú ar ráta comhréidh. Geallfaidh an tairbhí, le síniú a ionadaí dhlíthiúil, cruthúnas a chur ar fáil gur úsáideadh an deontas i gceart. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, na Gníomhaireachtaí Náisiúnta agus/nó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó comhlacht arna shainordú acu, seiceáil a dhéanamh ar an úsáid a baineadh as an deontas tráth ar bith suas le 5 bliana, nó suas le 3 bliana i gcás deontais nach mó ná EUR 60 000. Dá bhrí sin, coimeádfaidh na tairbhithe taifid, doiciméid tacaíochta bhunaidh, taifid staidrimh agus doiciméid eile a bhaineann leis an deontas i rith na tréimhse sin.

Tá tuairisc ar na forálacha mionsonraithe a bhaineann le seiceálacha agus iniúchtaí sa chomhaontú deontais.

[132] Tá treoirlínte an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh maidir le sainaitheantas físeach le fáil ag https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/communication_en

## MEASÚNÚ RIOSCA AGUS MONATÓIREACHT

Tá an measúnú riosca ina chuid bhunúsach de dheontais ón Aontas a bhainistiú, toisc go gcuidíonn sé le cistí poiblí a choimirciú, rath tionscadail a fheabhsú agus cuntasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn. Tá sé ina chomhpháirt chriticiúil den phróiseas iarratais ach oiread le bainistiú na dtionscadal arna maoiniú ag an Aontas, agus cuidíonn sé lena chinntiú go leithdháiltear agus go n-úsáidtear cistí go héifeachtach, go héifeachtúil, agus i gcomhréir leis na beartais agus na rialacháin ábhartha.

Is minic a éilítear ar iarratasóirí rioscaí a shainaithint agus a mhaolú agus a n-iarratais á n-ullmhú acu. Tá an méid sin ábhartha ag céim roghnaithe na dtionscadal freisin. Le Rialachán Airgeadais an Aontais ceadaítear don oifigeach údarúcháin, i roinnt cásanna, oibleagáid a tharscaoileadh nó doiciméid bhreise a iarraidh ar iarratasóir bunaithe ar a mheasúnú riosca. Éilítear ar na hiarratasóirí plean bainistíochta riosca a chur i láthair i gcás gníomhaíochtaí áirithe freisin, agus i gcás inarb amhlaidh sin, tá an plean féin ina chuid den mheastóireacht a dhéantar ar an tionscadal. Ar deireadh, monatóireacht riosca a bhaineann leis an tairbhí agus leis an tionscadal, reáchtáiltear é sin le linn chur chun feidhme an tionscadail i gcomhthéacs seiceálacha, athbhreithnithe, iniúchtaí nó imscrúduithe a dhéantar faoi chomhaontú deontais áirithe.

## COMHAR AGUS CUR CHUN FEIDHME COMHSHEASMHACH AN CHLÁIR TRÍ CHÓRAS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE A ÚSÁIDEANN AN COIMISIÚN, EACEA AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ NÁISIÚNTA

Chun a chinntiú go gcuirfear an Clár chun feidhme go comhsheasmhach ar fud na dtíortha rannpháirteacha uile[133] agus go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais[134], maidir leis an eolas a bhaineann leis an iarratasóir, an t-iarratas, comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta agus eisiaimh agus na measúnuithe gaolmhara ar an acmhainneacht airgeadais agus acmhainn oibríochtúil, agus eolas ábhartha eile, lena gcuimsítear tionscadail a maoiníodh roimhe sin agus, má dhámhtar an deontas, eolas a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail, agus aon mhonatóireacht threisithe air sin, is féidir rochtain ar an méid sin uile a chur ar fáil do dhaoine údaraithe den Choimisiún Eorpach, EACEA, agus de na Gníomhaireachtaí Náisiúnta i gcomhthéacs an roghnúcháin agus na dámhachtana, chosc an mhaoinithe dhúbailte, na monatóireachta, agus cásanna eile i gcomhthéacs na rialuithe maoirseachta agus na seiceálacha príomha de bhun an Rialacháin maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Tá an rochtain uile ar eolas faoi réir rialacha maidir le Sonraí Pearsanta a chosaint, ar rialacha iad a shonraítear thíos.

Maidir le EACEA, is féidir rochtain ar shonraí a chur ar fáil tríd an Tairseach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana i gcomhréir leis na ráitis príobháideachais is infheidhme[135]. Maidir le heolas a chomhroinnt idir EACEA agus na Gníomhaireachtaí Náisiúnta, ní mór forálacha na Meabhrán Tuisceana a síníodh eatarthu a chomhlíonadh ina leith.

## LEASANNA AIRGEADAIS AN AONTAIS A CHOSAINT

Déanann an Coimisiún bearta iomchuí lena chinntiú, nuair a chuirtear tionscadail arna maoiniú faoin Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun feidhme, go gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. San áireamh leis sin, déantar rialuithe maoirseachta maidir le gníomhartha agus gníomhaíochtaí an Chláir, arna mbainistiú ag na gníomhaireachtaí náisiúnta, déantar na ceanglais íosta a shocrú maidir leis na rialuithe a dhéanann na gníomhaireachtaí náisiúnta agus na comhlachtaí iniúchóireachta neamhspleácha, déantar sonraí a phróiseáil mar a thugtar tuairisc air thíos, agus bíonn dlúthchomhar ann leis na gníomhaireachtaí náisiúnta atá freagrach as na rialuithe príomha maidir le

[133] Féach Airteagal 128 de Rialachán Airgeadais an Aontais, chomh maith le hAirteagal 24 agus 29(4) den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.
[134] Féach go háirithe Airteagal 194 de Rialachán Airgeadais an Aontais maidir le toirmeasc ar mhaoiniú dúbailte.
[135] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/common/ftp/privacy-statement_en.pdf

tairbhithe deontais[136].

Ní mór iarratasóirí ar dheontais a thuiscint go gceanglaítear ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais, comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus deonóidh sé, mar choinníoll leis na cistí a fháil, na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb iomchuí, do na húdaráis náisiúnta ábhartha, chun gur féidir leo a gcúraimí féin a chur i gcrích go hiomlán[137].

## COSAINT SONRAÍ

Na sonraí pearsanta a áirítear san fhoirm iarratais nó sa chomhaontú/chinneadh deontais, próiseálfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin, nó an Coimisiún Eorpach iad i gcomhréir le:

- Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.
- In ord tánaisteach agus díreach sa mhéid nach mbíonn feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 – an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS nó Rialachán AE 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) nó ag an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint sonraí i gcás nach bhfuil feidhm ag RGCS (tíortha nach Ballstáit den Aontas iad).

Mura léirítear gur ceisteanna roghnacha iad, tá freagraí an iarratasóra ar na ceisteanna san fhoirm iarratais riachtanach chun meastóireacht agus próiseáil bhreise a dhéanamh ar an iarratas ar dheontas i gcomhréir leis an Treoir don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Déanfaidh an roinn nó an tAonad atá freagrach as clár deontais ábhartha an Aontais (eintiteas ag gníomhú mar rialaitheoir sonraí) sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche sin agus chun na críche sin amháin. Féadfar sonraí pearsanta a aistriú ar bhonn riachtanais amháin chuig tríú páirtithe a rannpháirtíonn sa mheastóireacht ar iarratais nó i nós imeachta bainistithe an deontais, gan dochar d'aistriú chuig na comhlachtaí atá i gceannas ar chúraimí monatóireachta agus iniúchóireachta i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh nó chuig comhlachtaí a bhfuil sainordú acu meastóireachtaí a dhéanamh ar an gClár nó ar aon cheann ar bith dá Ghníomhaíochtaí. Go sonrach, chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, féadfar sonraí pearsanta a chur chuig na seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha, chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, chuig an bPainéal um Neamhrialtachtaí Airgeadais nó chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise nó chuig oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus a aistriú idir oifigigh údarúcháin de chuid an Choimisiúin agus na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin. Beidh ceart rochtana ag an iarratasóir ar a shonraí pearsanta agus beidh an ceart aige na sonraí sin a cheartú.  I gcás coinbhleachtaí; tá ceart cúláraigh ag an iarratasóir freisin tráth ar bith chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Cuimsítear eolas breise maidir le próiseáil sonraí pearsanta sa chomhaontú deontais.

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, tá fógra príobháideachais mionsonraithe le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus áirítear leis eolas teagmhála maidir le haon cheist a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta.

Le haghaidh gníomhaíochtaí atá bainistithe ag na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin:

https://erasmus-plus.ec.europa.eu/erasmus-and-data-protection

Le haghaidh gníomhaíochtaí atá bainistithe ag EACEA:

https://ec.europa.eu/research/participants/data/support/legal_notice/h2020-ssps-grants-sedia_en.pdf

Faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh arna mbainistiú ag na Gníomhaireachtaí Náisiúnta nó an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, déantar iarratasóirí — agus, más eintitis dhlítheanacha iad, daoine atá ina gcomhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an iarratasóra sin nó daoine ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe maidir leis an iarratasóir sin, nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an

[136] Airteagal 27 den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach
[137] Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais

iarratasóra sin — a chur ar an eolas go bhféadfaidh Oifigeach Údarúcháin na Gníomhaireachta a gcuid sonraí pearsanta (ainm, céadainm más duine nádúrtha é, seoladh, foirm dhlíthiúil agus ainm agus céadainm na ndaoine ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe, más duine dlítheanach é) a chlárú sa Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), i gcás ina mbeidís i gceann de na cásanna a luaitear i Rialachán Airgeadais an Aontais (AE, Euratom) 2024/2509.

## CEADÚNAS OSCAILTE AGUS CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

Is éard is ceadúnas oscailte ann bealach inar féidir le húinéir saothair cead a thabhairt do dhaoine eile an acmhainn a úsáid. Tá ceadúnais oscailte dhifriúla ann de réir raon na gceadanna a deonaíodh nó na dteorainneacha a forchuireadh agus tá saoirse ag na tairbhithe an ceadúnas sonrach a chuirfear i bhfeidhm maidir lena shaothar a roghnú. Ní mór ceadúnas oscailte a bheith comhlachaithe le gach acmhainn a tháirgfear.

Ní aistriú cóipcheart ná Ceart Maoine Intleachtúla (CMI) atá i gceist le ceadúnas oscailte. Leanfaidh tairbhithe de bheith ina sealbhóirí cóipchirt ar na hábhair a tháirgeann siad agus is féidir leo iad a úsáid mar is mian leo. Is é an t-aon cheanglas atá ar thairbhithe deontais ná acmhainní oideachais (nó doiciméid agus meáin eile arna dtáirgeadh ag an tionscadal) a chur ar fáil go héasca trí cheadúnais oscailte. Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, ní mór do cheadúnais, ar a laghad, cearta úsáide agus, go hidéalach, cearta comhroinnte agus oiriúnaithe a dheonú. Is féidir le tairbhithe a dtorthaí tionscadail a thráchtálú freisin agus léiríonn taithí go dtagann infheictheacht as rochtain oscailte agus féadfaidh siad úsáideoirí leasmhara a spreagadh chun an leagan clóite nó ábhar fisiceach, doiciméad nó meáin a cheannach.

# IARSCRÍBHINN I – GLUAIS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **Duine tionlacain** | Duine fásta ar aois 18 mbliana ar a laghad a bhíonn ag tionlacan rannpháirtithe a bhfuil níos lú deiseanna acu (go háirithe rannpháirtithe faoi mhíchumas) i ngníomhaíocht, chun a sábháilteacht a chinntiú, tacaíocht agus cúnamh breise a sholáthar dóibh, agus cuidiú le foghlaim éifeachtach an rannpháirtí le linn an eispéiris. |
| **Gníomhaíocht** | Sraith cúraimí a chuirtear i gcrích mar chuid de thionscadal. Sainmhínítear gníomhaíocht ag an suíomh céanna, an fráma ama céanna agus an raon feidhme céanna. |
| **Eintiteas cleamhnaithe** | Féadfar iad seo a leanas a mheas mar Eintitis Chleamhnaithe (i gcomhréir le hAirteagal 190 de Rialachán Airgeadais an Aontais):<br>— eintitis arb iad an tairbhí aonair;<br>— eintitis a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus nach dtagann faoi cheann de na staideanna dá dtagraítear in Airteagail 138(1) agus 143(1) agus a bhfuil nasc acu leis an tairbhí, go háirithe nasc dlíthiúil nó nasc caipitil, ar nasc é nach bhfuil teoranta don tionscadal ná nár bunaíodh chun críche a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin.<br>I gcás ina gcomhlíonann roinnt eintiteas na critéir le deontas a dhámhachtain dóibh agus gur eintiteas amháin iad i dteannta a chéile, féadfar déileáil leis an eintiteas sin mar an tairbhí aonair, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh i gcás inar bunaíodh an t-eintiteas go sonrach chun críche chur chun feidhme an tionscadail a bheidh le maoiniú leis an deontas.<br>Mura bhforáiltear a mhalairt sa ghlao ar thograí, féadfaidh eintitis atá cleamhnaithe le tairbhí páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme an tionscadail, fad a chomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:<br>(a) sainaithnítear na heintitis lena mbaineann sa chomhaontú deontais;<br>(b) cloífidh na heintitis lena mbaineann leis na rialacha is infheidhme don tairbhí faoin gcomhaontú deontais i dtaca leis an méid a leanas:<br>(i) incháilitheacht na gcostas nó na coinníollacha lena spreagtar íocaíocht;<br>(ii) cearta seiceálacha agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag OLAF agus ag an gCúirt Iniúchóirí.<br>Féadfar glacadh leis na costais arna dtabhú ag na heintitis sin mar chostais incháilithe a tabhaíodh iarbhír nó féadfar iad a chumhdach le cnapshuimeanna, costais aonaid agus maoiniú ar ráta comhréidh. |

| | |
|---|---|
| **Iarratasóir** | Duine nádúrtha nó eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, a bhfuil iarratas curtha isteach aige le linn nós imeachta um dhámhachtain deontas, agus aon eagraíocht rannpháirteach nó grúpa neamhfhoirmiúil daoine óga san áireamh.<br><br>Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar bhonn aonair nó thar ceann eagraíochtaí eile atá páirteach sa tionscadal. Sa chás deiridh sin, sainítear an t-iarratasóir mar chomhordaitheoir freisin.<br><br>I gcás gníomhaíochtaí atá á mbainistiú ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin EACEA, is iad na hiarratasóirí na heintitis sin a bheidh ina dtairbhithe agus ina n-eintitis chleamhnaithe sa Chomhaontú Deontais, má mhaoinítear a n-iarratas. |
| **Sprioc-am le haghaidh iarratas** | An dáta deiridh chun an fhoirm iarratais a chur isteach chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta nó Feidhmiúcháin le bheith incháilithe. |
| **Comhpháirtí comhlachaithe** | Eagraíochtaí rannpháirteacha a rannchuidíonn le cur chun feidhme cúraimí/gníomhaíochtaí tionscadail sonracha nó a thacaíonn le cur chun cinn agus inbhuanaitheacht an tionscadail, ach nach meastar, a mhéid a bhaineann le gnéithe bainistíochta conarthacha, gur tairbhithe iad, agus nach bhfaigheann aon mhaoiniú ón gclár mar chuid den tionscadal (níl an ceart acu costais a ghearradh ná ranníocaíochtaí a éileamh). Ní chuirtear san áireamh iad chun críocha incháilitheachta, agus ní gá dóibh CAR a bhailíochtú. |
| **Tairbhí** | Duine nádúrtha nó eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, lena bhfuil comhaontú deontais sínithe. I gcás ina bhfuil roinnt tairbhithe ann (i gcomhaontuithe iltairbhithe), is féidir ‘comhthairbhithe’ a ghairm díobh freisin.<br><br>Is féidir an comhaontú deontais a shíniú go díreach nó trí fhoirm/sainordú aontachais. |
| **Glao ar thograí** | Cuireadh a fhoilsíonn an Coimisiún nó a fhoilsítear thar a cheann chun togra le haghaidh Gníomhaíochta a chur i láthair, roimh sprioc-am áirithe, a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí atá le saothrú agus a chomhlíonann na coinníollacha riachtanacha. Foilsítear glaonna ar thograí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith C) agus/nó ar shuíomhanna gréasáin/tairseacha ábhartha de chuid an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta Náisiúnta nó na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin. |
| **Deimhniú rannpháirtíochta** | I gcomhthéacs an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, is doiciméad é seo a eisítear d’aon duine a chríochnaigh gníomhaíocht de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Deimhnítear leis gur fhreastail an rannpháirtí ar an ngníomhaíocht agus, i gcás inarb infheidhme, a thorthaí foghlama. |
| **Earráid Chléireachais** | Mionbhotún nó neamhaire a dhéantar de thaisme i ndoiciméad lena n-athraítear a chiall, amhail earráid chló nó focal, frása nó fíor a chur isteach nó a fhágáil ar lár de thaisme. |
| **Cóiste** | Duine acmhainne nach ball den ghrúpa é agus a thacaíonn le daoine óga chun a dtionscadal a ullmhú, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh air. |
| **Cómhaoiniú** | An prionsabal faoinar gá don tairbhí cuid de chostais tionscadail a dtacaíonn an tAontas Eorpach leis a iompar, nó faoinar gá cuid de na costais a íoc trí ranníocaíochtaí seachtracha seachas an deontas ón Aontas. |

| | |
|---|---|
| **Cuibhreannas** | Dhá eagraíocht rannpháirteacha nó níos mó a thagann le chéile chun togra a chur isteach agus chun tionscadal a chur chun feidhme agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith. Síníonn gach eagraíocht rannpháirteach an conradh, nó ceann amháin díobh atá údaraithe go cuí ag na heagraíochtaí eile. |
| **Comhordanáidí** | Eagraíocht rannpháirteach a chuireann isteach ar dheontas thar ceann cuibhreannas eagraíochtaí comhpháirtíochta. Sa bhreis ar a bheith ina thairbhí é féin, tá oibleagáidí speisialta ar an gcomhordaitheoir mar a fhoráiltear sa comhaontú deontais. |
| **Gníomhaíocht trasteorann** | Gníomhaíocht atá ar siúl i dtír eile seachas an tír ina bhfuil cónaí ar an rannpháirtí go dlíthiúil. |
| **Bunaithe** | Meastar go bhfuil eagraíocht nó comhlacht bunaithe sa suíomh ina bhfuil sé faoi réir dlínse chun críoch dlíthiúil agus cánach. Cinntear é sin de ghnáth bunaithe ar chomhlíonadh coinníollacha náisiúnta áirithe lena gceadaítear d'eagraíocht nó comhlacht mar sin aitheantas foirmiúil a fháil óna údaráis náisiúnta. I gcás grúpa daoine óga, meastar go bhfuil na héifeachtaí coibhéiseacha ag cónaí dlíthiúil agus cónaí chun críoch cánach a ionadaí dhlíthiúil (a 'lárionad leasa'[138]) chun críoch incháilitheachta do dheontas Cóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.<br><br>Ní ghlacfar le háiteanna cónaí tánaisteacha ná ceadanna tánaisteacha chun na críche sin. |
| **Ballstáit den Aontas Eorpach agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár** | Tíortha san Aontas Eorpach agus tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, a bhfuil Gníomhaireacht Náisiúnta bunaithe acu atá rannpháirteach go hiomlán sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Tá an liosta de na Ballstáit den Aontas agus de na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár le fáil i gCuid A den Treoir seo, sa roinn 'Cé a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach?'. Tá comhaontú sínithe leis an Aontas ag tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, de bhun Airteagal 13 den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. |
| **Acadamh an Aontais** | Is mol ar líne faoi úinéireacht an Aontais é ina bhfaightear eolas ón mbunfhoinse, acmhainní oideachais ar ardchaighdeán agus léargais luachmhara, arna léiriú go díreach ag institiúidí an Aontais, le haghaidh daoine aonair a mbaineann a gcuid oibre le réimse na gníomhaíochta. Is é is aidhm dó an tuiscint fhurasta agus réidh orthu, agus cur chun feidhme rathúil bheartais an Aontais a éascú thar raon leathan réimsí. Is é misean Acadamh an Aontais timpeallacht foghlama nua-aimseartha agus mhealltach a chur ar fáil inar féidir cáilíocht chur i bhfeidhm an eolais maidir le cúrsaí an Aontais a chothú agus a fheabhsú ar bhealach simplí, cliste agus spreagúil. |
| **Europass** | Le hardán Europass ar líne, gníomhaíocht de chuid an Chláir Oibre Eorpaigh do Scileanna, soláthraítear uirlisí gréasán-bhunaithe agus eolas do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí maidir le deiseanna foghlama, creataí cáilíochtaí agus cáilíochtaí, treoraíocht, faisnéis scileanna, uirlisí féinmheasúnaithe agus doiciméadacht scileanna agus cáilíochtaí, agus nascacht le deiseanna foghlama agus fostaíochta.<br><br>Leis an ardán Europass tairgtear uirlisí agus bogearraí freisin chun tacú le dintiúir atá sínithe go digiteach, mar a fhógraítear sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach. Idirnascann an t-ardán le foinsí sonraí náisiúnta le haghaidh deiseanna foghlama agus bunachair sonraí nó cláir cáilíochtaí náisiúnta. |

[138] I gcás amhrais, féach Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 le haghaidh gnéithe lena gcinntear áit chónaí

| | |
|---|---|
| **Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS)** | Is cárta saor in aisce é sin lena dtugtar rochtain ar chúram sláinte, a bhfuil tábhacht leighis ag baint leis agus arb é an stát a sholáthraíonn é, le linn fanacht sealadach in aon cheann de 27 dtír an Aontais, san Íoslainn, i Lichtinstéin agus san Iorua, faoi na coinníollacha céanna agus ar an gcostas céanna (saor i dtíortha áirithe) le daoine faoi árachas sa tír sin. Tá tuilleadh eolais faoin gcárta agus faoi conas é a fháil le fáil ag<br><br>http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=559 |
| **An Líonra Dlúthpháirtíochta Eorpach (EuSN)** | Is pobal óige é an Líonra Dlúthpháirtíochta Eorpach (EuSN) a théann siar go dtí earrach 2019. Tá siad aontaithe trí leas agus fís chomhroinnte chun líonra Eorpach a chruthú ina n-oibríonn gach duine le chéile chun taithí rannpháirtithe óga an Chóir a fheabhsú. |
| **EuroPeers** | Daoine óga atá sa ghrúpa EuroPeers a bhfuil taithí Eorpach faighte acu faoi chláir óige de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar mian leo é a roinnt lena bpiaraí. Is ambasadóirí iad don chlár Erasmus+ Youth, don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus do scéimeanna náisiúnta eile a chuidíonn le daoine óga bogadh timpeall na hEorpa i gcomhair oibre agus foghlama.<br><br>Eagraíonn EuroPeers a gcuid imeachtaí féin nó tugann scoileanna, oifigí leasa óige nó ionaid chultúrtha cuireadh chun labhartha dóibh. Go hiomlán ar bhonn deonach. |
| ***Force majeure*** | Aon chás nó teagmhas lena gcuirtear cosc ar eagraíochtaí agus ar dhaoine aonair a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí an tionscadail. Ní mór an cás nó an teagmhas sin a bheith neamh-intuartha, eisceachtúil agus gan neart ag na páirtithe air. Ní féidir an *force majeure* a bheith de thoradh earráide nó faillí na n-eagraíochtaí nó na rannpháirtithe eile a bhfuil baint acu leis an tionscadal, agus ní mór a chruthú nach raibh neart air, d'ainneoin an dícheall cuí uile a fheidhmiú. Maidir leis an sainmhíniú beacht agus na coinníollacha beachta, ba cheart do thairbhithe deontais tagairt a dhéanamh dá gcomhaontú deontais. |
| **Oiliúint Ghinearálta ar Líne** | Sraith modúl oiliúna do na hiarrthóirí cláraithe agus do na rannpháirtithe a roghnaíodh le haghaidh gníomhaíochta, soláthraítear í ar ardán Acadamh an Aontais Eorpaigh agus le fáil trí thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh |
| **Taisteal glas** | Taisteal ina n-úsáidtear modh iompair íseal-astaíochtaí le haghaidh leath den aistear fillte ar a laghad, mar shampla, bus, traein, rothar nó roinnt gluaisteán. Measfar taisteal ar bhád a bheith ina thaisteal glas má chuirtear in éineacht le modhanna iompair íseal-astaíochtaí eile é. |

| | |
|---|---|
| **Grúpa daoine óga** | Grúpa de cheathrar daoine óga ar a laghad (18–30 bliain d'aois) nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ar choinníoll go mbeidh d'inniúlacht dhlítheanach ag ionadaí a ngrúpa oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh ar láimh thar a gceann.<br>Ní mór an grúpa a bheith cláraithe agus bailíochtaithe sa Chóras Clárúcháin Eagraíochta. Chun críoch clárúcháin, ní mór foirm chlárúcháin a bheidh sínithe idir baill an ghrúpa a bheith ann mar fhianaise ar chruthú an ghrúpa. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis na sínithe ar an bhfoirm chlárúcháin a fhíordheimhniú go hoifigiúil, más ceanglas de chuid an údaráis deonúcháin é sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a chinntiú. Grúpaí atá ann cheana agus atá cláraithe sa Chóras Clárúcháin Eagraíochta cheana féin, is gá dóibh an fhoirm chlárúcháin shínithe a uaslódáil ina bpróifíl sa Chóras chun bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh mar ghrúpa neamhfhoirmiúil daoine óga le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Ghlao 2026 agus as sin amach.<br>Chun críoch an tsimplithe, comhshamhlaítear iad le daoine dlítheanacha (eagraíochtaí, institiúidí srl.) sa Treoir seo agus tagann siad faoi choincheap eagraíochtaí rannpháirteacha le haghaidh gníomhaíochtaí inar féidir leo a bheith rannpháirteach. |
| **An eagraíocht óstach** | An eagraíocht a chumhdaíonn an raon iomlán gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta a óstáil, agus forbairt cláir de ghníomhaíochtaí an duine óig agus treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt don rannpháirtí i gcaitheamh na gcéimeanna go léir de réir mar is iomchuí san áireamh. |
| **Gníomhaíocht maidir le cabhair dhaonnúil** | Gníomhaíocht a thacaíonn le hoibríochtaí iar-ghéarchéime fadtéarmacha sa chabhair dhaonnúil i dtríú tíortha, a bhfuil sé beartaithe léi cúnamh riachtanaisbhunaithe a sholáthar arb é is aidhm leis beatha a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil i gcás géarchéimeanna de dhéantús an duine nó tubaistí nádúrtha, agus áirítear uirthi oibríochtaí cúnaimh, fóirithinte agus cosanta le linn géarchéimeanna daonnúla atá fós ar siúl nó ina ndiaidh, bearta tacaíochta chun rochtain ar dhaoine i ngátar a chinntiú agus chun saorshreabhadh cúnaimh a éascú, agus bearta arb é is aidhm leo an ullmhacht maidir le tubaistí agus laghdú riosca tubaistí a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus acmhainneacht pobal atá leochaileach nó buailte le tubaiste a neartú ionas go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna agus teacht astu. |
| **Gníomhaíocht intíre** | Gníomhaíocht atá ar siúl sa tír céanna ina bhfuil cónaí ar an rannpháirtí go dlíthiúil. |
| **Foghlaim neamhfhoirmiúil** | Foghlaim mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laethúla a bhaineann leis an obair, an teaghlach nó an fhóillíocht, ar foghlaim í nach bhfuil eagraithe ná struchtúrtha i dtéarmaí cuspóirí, ama nó tacaíochta foghlama; agus d'fhéadfadh sé a bheith neamhbheartaithe ó thaobh an fhoghlaimeora de. |
| **Eagraíocht idirnáisiúnta** | Eagraíochtaí arna mbunú de comhaontuithe idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí arna mbunú ag eagraíochtaí den sórt sin mar a shonraítear in Airteagal 159 de Rialachán Airgeadais an Aontais. Déantar na heagraíochtaí seo a leanas a chomhshamhlú mar eagraíochtaí idirnáisiúnta: Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge; Cónaidhm Idirnáisiúnta de chuid Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. |
| **Príomhinniúlachtaí** | An tacar bunúsach sin d'eolas, de scileanna agus de mheonta a theastaíonn ó gach duine ar mhaithe le sásamh pearsanta agus féinfhorbairt, saoránacht ghníomhach, cuimsiú sóisialta agus fostaíocht, mar a thugtar tuairisc air i Moladh 2018/C 189/01 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. |

| | |
|---|---|
| **Torthaí foghlama** | Ráitis ar a bhfuil ar eolas ag an rannpháirtí, ar an tuiscint atá aige, agus ar a bhfuil ar a chumas a dhéanamh ar chur i gcrích próisis foghlama, a shainmhínítear i dtéarmaí eolais, scileanna agus inniúlachta. |
| **Eintiteas dlíthiúil** | Duine nádúrtha nó duine dlítheanach a cruthaíodh mar eintiteas dlítheanach agus a aithnítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta, dlí an Aontais nó an dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 200(2) de Rialachán Airgeadais an Aontais. |
| **Ionadaí arna Cheapadh ag Eintiteas Dlítheanach (LEAR)** | Maidir le gníomhaíocht a bhainistíonn an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr, i gcomhthráth le bailíochtú eagraíochta i gClár na Rannpháirtithe, ní mór dá hionadaí dlíthiúil/dá hionadaithe dlíthiúla Ionadaí Ceaptha ag Eintiteas Dlítheanach (LEAR) a ainmniú. Tá ríthábhacht le ról LEAR: nuair atá sé bailíochtaithe ag an gCoimisiún, beidh LEAR údaraithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>▪ an t-eolas dlíthiúil agus airgeadais faoin eagraíocht a bhainistiú;<br>▪ cearta rochtana daoine san eagraíocht a bhainistiú (seachas ar leibhéal an tionscadail);<br>▪ ionadaithe ar son na heagraíochta a cheapadh chun comhaontuithe deontais a shíniú go leictreonach ('Sínitheoirí Dlíthiúla' - LSIGN) nó ráitis airgeadais ('Sínitheoirí Airgeadais' - FSIGN) tríd an Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'.<br>Tugtar soiléiriú ar na céimeanna uile le haghaidh an bhailíochtaithe LEAR sa Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'. |
| **Suíomh** | Suíomh ina reáchtáiltear gníomhaíochtaí oibre deonaí le haghaidh líon sonrach oibrithe deonacha. Ní bheidh pearsantacht dhlítheanach ag an suíomh atá éagsúil ó phearsantacht dhlítheanach na hósteagraíochta. Mar réamhshocrú, meastar príomhsheoladh na hósteagraíochta mar an chéad suíomh ach is féidir le heagraíochtaí oibrithe deonacha a dhearbhú agus a óstáil i mbreis is aon suíomh amháin. |
| **Obair dheonach fhadtéarmach** | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí a mhaireann 60 lá nó níos mó, gan laethanta taistil san áireamh. |
| **Ball den ghrúpa neamhfhoirmiúil a chuireann tionscadal i bhfeidhm** | Faoi Thionscadail Dlúthpháirtíochta, tugtar baill an ghrúpa ar dhaoine óga a chuireann an tionscadal i bhfeidhm. |
| **An Ghníomhaireacht Náisiúnta** | Comhlacht atá i gceannas ar bhainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chláir ar an leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtríú tír nó nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár. Féadfaidh Gníomhaireacht Náisiúnta amháin nó níos mó a bheith i ngach tír. |
| **Údarás Náisiúnta** | Údarás atá i gceannas ar mhonatóireacht agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht an Chláir ar leibhéal náisiúnta i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár. Féadfaidh Údarás Náisiúnta amháin nó níos mó a bheith i ngach tír. |
| **Eagraíocht is nuatheachtaí** | Aon eagraíocht rannpháirteach nach bhfuair tacaíocht roimhe seo in aon chineál gníomhaíochta lena dtacaíonn an Cór. |
| **Foghlaim sheachfhoirmiúil** | Foghlaim a dhéantar trí ghníomhaíochtaí foghlama pleanáilte agus a mbíonn tacaíocht foghlama de shaghas éigin i gceist léi, ach nach cuid í den chóras oideachais fhoirmiúil agus oiliúna foirmiúla. |

| | |
|---|---|
| **Rannpháirtí** | Duine óg atá cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, agus atá iomlán rannpháirteach i dtionscadal agus a d'fhéadfadh cuid de mhaoiniú an Aontais Eorpaigh a fháil a bhfuil sé i gceist leis íoc as a gcostais rannpháirtíochta (go háirithe costais taistil agus chothaithe). |
| **Rannpháirtí ag a bhfuil deiseanna níos lú** | Daoine a mbíonn bacainní orthu i gcomparáid lena bpiaraí ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, tíreolaíocha nó sláinte, ar chúiseanna a bhaineann lena gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna eile amhail míchumas agus deacrachtaí oideachais nó ar chúis ar bith eile, cuir i gcás na cúiseanna sin as a n-eascraíonn idirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. |
| **Eagraíocht rannpháirteach** | Aon eagraíocht nó grúpa daoine óga a bhfuil baint aici le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Ag brath ar an ról atá acu sa tionscadal, féadfaidh eagraíochtaí rannpháirteacha a bheith ina n-iarrthóirí, ina gcomhpháirtithe nó ina gcomhpháirtithe comhlachaithe. |
| **Eagraíocht chomhpháirtíochta** | I ngníomhaíochtaí arna mbainistiú ag Gníomhaireachtaí Náisiúnta, eagraíocht atá rannpháirteach sa tionscadal ach nach dtéann i mbun ról an chomhordaitheora. |
| **Cuairt ullmhúcháin** | Cuairt pleanála ar an tír óstach roimh thosú ar ghníomhaíocht oibre deonaí. Is é cuspóir na cuairte na gníomhaíochtaí sin a ullmhú agus a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ar ardchaighdeán, go ndéantar muinín agus tuiscint agus comhpháirtíocht dhaingean a chothú leo idir na heagraíochtaí agus na rannpháirtithe. |
| **Tionscadal** | Tacar comhleanúnach gníomhaíochtaí a ndeartar agus a n-eagraítear iad chun cuspóirí agus torthaí sainithe a bhaint amach. |
| **Cáilíocht** | Toradh foirmiúil ar phróiseas measúnaithe agus bailíochtaithe a fhaightear nuair a chinneann comhlacht inniúil go bhfuil torthaí foghlama bainte amach ag duine aonair go caighdeáin ar leith. |
| **Lipéad Cáilíochta** | Nós imeachta lena gcinntítear, maidir leis na heagraíochtaí ar mian leo rochtain shimplithe a bheith acu ar mhaoiniú faoi ghníomhaíocht de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, go gcomhlíonfaidh siad sraith caighdeán agus íoscheanglas. Ag brath ar an gcineál eagraíochta agus/nó ar an tír ina bhfuil an eagraíocht iarrthach suite, is í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin, an Ghníomhaireacht Náisiúnta nó Ionad Acmhainní SALTO a chuireann an Lipéad Cáilíochta i bhfeidhm. Is éard atá i gceist le dámhachtain Lipéid Cáilíochta an chéad chéim i nós imeachta tíolactha iarratais ina bhfuil dhá chéim, ar nós imeachta é a bhaineann le deontais áirithe agus nach spreagtar leis dámhachtain láithreach maoiniúcháin faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. |
| **Iarrthóir Cláraithe** | Duine idir 17 agus 35 bliana d'aois atá cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh chun spéis a léiriú i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta ach nach bhfuil rannpháirteach fós i ngníomhaíocht dlúthpháirtíochta. |
| **Obair dheonach ghearrthéarmach** | Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oibre deonaí a mhaireann suas go dtí 59 lá, gan laethanta taistil san áireamh. |
| **Gníomhaíocht dlúthpháirtíochta** | Gníomhaíocht chuimsitheach ardcháilíochta a thugann aghaidh ar shaincheisteanna tábhachta sochaíocha trí obair dheonach, thionscadail dlúthpháirtíochta nó ghníomhaíochtaí líonraithe i réimsí éagsúla, cuir i gcás i réimse na cabhrach daonnúla a dhéantar faoi chuimsiú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. |

| | |
|---|---|
| **Tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár** | Is é atá i gceist le tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár tíortha nach bhfuil comhaontú sínithe acu leis an Aontas de bhun Airteagal 13 den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. De bhun Airteagal 14 den Rialachán sin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo chun leas an Aontais, féadfaidh eintitis dhlítheanacha tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5 agus san obair dheonach dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Níl aon Ghníomhaireacht Náisiúnta bunaithe sna tíortha sin. An liosta de thríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár ar féidir lena n-eintitis dhlítheanacha iarratas a dhéanamh sa Ghlao, leagtar amach é i gCuid A den Treoir seo sa roinn 'Cé a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach?'. Is é an t-oifigeach údarúcháin dhéanann an cinneadh, ar bhonn cás ar chás, deontas a dhámhachtain do na heintitis sin, agus aird á tabhairt ar an mbonn cirt atá le leas an Aontais. |
| **Uirlisí trédhearcachta agus aitheantais an Aontais** | Ionstraimí a chuidíonn le páirtithe leasmhara torthaí foghlama agus cáilíochtaí a thuiscint, a léirthuiscint agus, más iomchuí, a aithint ar fud an Aontais Eorpaigh. |
| **Bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla** | Próiseas deimhnithe ag comhlacht údaraithe gur shealbhaigh duine torthaí foghlama arna dtomhas in aghaidh caighdeán ábhartha agus cuimsítear leis na ceithre chéim shainiúla seo a leanas:<br>▪ Eispéiris ar leith duine aonair a shainaithint trí idirphlé;<br>▪ Doiciméadacht chun eispéiris an duine a dhéanamh infheicthe;<br>▪ Measúnú foirmiúil ar na heispéiris sin;<br>▪ Deimhniú thorthaí an mheasúnaithe lena bhféadfaí cáilíocht pháirteach nó cáilíocht iomlán a bhaint amach. |
| **Ionad** | An suíomh fisiciúil ina ndéantar gníomhaíocht. |
| **Spriocanna na hÓige** | Forbraíodh na Spriocanna Eorpacha don Óige faoi chuimsiú Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh. Leis na spriocanna sin sainaithnítear réimsí trasearnála lena ndéantar difear do shaol daoine óga agus tarraingítear aird ar dhúshláin.<br>https://europa.eu/youth/strategy_en |
| **Straitéis i leith na hÓige** | Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 leagtar amach Creat le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige, bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 maidir le páirt a thabhairt do dhaoine óga, ceangail a dhéanamh leo agus iad a chumhachtú. Faoin gcroíréimse a bhaineann leis an rannpháirtíocht, is é is aidhm do Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht daoine óga a áirithiú ar bhealach atá suntasach, sibhialta, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus polaitiúil. Leis an Straitéis cothaítear rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, tacaítear le rannpháirtíocht shóisialta agus rannpháirtíocht saoránach agus is é is aidhm di a chinntiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí.<br>https://ec.europa.eu/youth/policy/youth-strategy_en |

| | |
|---|---|
| **Youthpass** | An uirlis Eorpach chun feabhas a chur ar aithint torthaí foghlama daoine óga agus oibrithe óige atá rannpháirteach i dtionscadail a dtacaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach leo. Is é atá i gceist le Youthpass a) deimhnithe ar féidir le rannpháirtithe iad a fháil; agus b) próiseas sainithe lena dtacaítear le daoine óga agus eagraíochtaí óige machnamh a dhéanamh ar na torthaí foghlama ó thionscadal. Tá Youthpass ina chuid freisin de straitéis níos leithne de chuid an Choimisiúin arb é is aidhm dó aithint na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus na hoibre óige san Eoraip agus lastall di a fheabhsú. |

# IARSCRÍBHINN II – RANNPHÁIRTÍOCHTAÍ IOLRACHA

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na meascáin fhéideartha de na gníomhaíochtaí atá ar fáil do rannpháirtithe. Déan tagairt le do thoil do cholún 1 (i liath) mar an chéad ghníomhaíocht a rinne rannpháirtí agus na colúin ina dhiaidh sin mar na gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin. Tugtar tuairisc ar na rialacha incháilitheachta le haghaidh gach cineál gníomhaíochta sa roinn ábhartha den treoir seo.

Níor cheart tréimhse níos faide ná 12 mhí a bheith sa tréimhse ama iomlán a chaith duine óg i ngníomhaíochtaí oibre deonaí de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus níor cheart forluí a bheith i gceist leis na gníomhaíochtaí a dhéantar. Cuirfear na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoi obair dheonach Erasmus+ nó faoin tSeirbhís Dheonach Eorpach san áireamh sa tréimhse iomlán 12 mhí atá ceadaithe. Ní áirítear Tionscadail Dlúthpháirtíochta sa teorainn ama 12 mhí.

| **An Ghníomhaíocht a rinneadh** | Gníomhaíocht ghearrthéarmach - obair dheonach aonair (trasteorann nó intíre) | Foirne oibre deonaí (Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíocht a san áireamh) | Obair dheonach fhadtéarmach aonair trasteorann | Obair dheonach fhadtéarmach aonair intíre | Tionscadal Dlúthpháirtíochta | Obair dheonach aonair sa chabhair dhaonnúil | Foirne oibre deonaí sa chabhair dhaonnúil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Obair dheonach fhadtéarmach aonair trasteorann | ✓ | ✓ | X (eisceacht: dara gníomhaíocht do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu nó cásanna a bhfuil údar cuí leo) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Gníomhaíocht ghearrthéarmach - obair dheonach aonair (trasteorann nó intíre) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Foirne oibre deonaí (Foirne Oibre Deonaí i Réimsí Ardtosaíochta san áireamh) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Obair dheonach fhadtéarmach aonair intíre | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tionscadal Dlúthpháirtíochta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Obair dheonach aonair sa chabhair dhaonnúil | ✓ | ✓ | X (eisceacht: dara gníomhaíocht do dhaoine óga ar lú na deiseanna | ✓ | ✓ | X | ✓ |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | atá acu nó cásanna a bhfuil údar cuí leo) | | | | |
| Foirne oibre deonaí sa chabhair dhaonnúil | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

# IARSCRÍBHINN III – SONRAÍ TEAGMHÁLA

**An Coimisiún Eorpach - An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas agus Cultúr (AS EAC)**
https://youth.europa.eu/solidarity_ga

**An Coimisiún Eorpach - An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Oideachas agus Cultúr (EACEA)**
https://www.eacea.ec.europa.eu/grants/2021-2027/european-solidarity-corps_ga

**Gníomhaireachtaí Náisiúnta**
https://youth.europa.eu/solidarity/organisations/contact-national-agencies_ga